

**Bunmhúinteoirí a oiltar thar lear agus
an Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge**

le

Seán Mac Sheáin – Mac Eochaidh

Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge
An Roinn Teanga, Turasóireachta agus Fáilteachais

Tráchtas trí thaighde curtha faoi bhreithniú le haghaidh
Máistreachta Ealaíon

2011

á thairiscint don Dr Fionnuala Ní Chinnéide

Admhálacha

Gabhaim buíochas ó chroí le triúr ban. Ní fhéadfaí an tráchtas seo a scríobh gan iad: Dolores Gilhooley, a spreag chun oibre mé, An Dr Fionnuala Ní Chinnéide, mo Stiúrthóir Taighde agus Áine, mo bheanchéile.

Bhí a lán daoine eile a chabhraigh liom. Gabhaim buíochas leo. Tá buíochas faoi leith tuillte leis ag Liam Suipéil (Bainisteoir Choláiste na Rinne) agus Tara Grassick (Coláiste na Rinne), An Bráthair S. P. Ó Nualláin (Baile Átha Cliath), Micheál ó Máirtín (Cill Chainnigh), Tomás ó hAodha (Loch Garman), Micheál Ó Drisleáin (Port Láirge), Liam Prút (Baile Átha Cliath), mo chomhghleacaithe a oibríonn le lucht SCG, foireann na hOifige SCG (MIE), Margaret Richards agus Mary O'Brien (WIT); Maria McCarthy, Patricia Burke agus Nora Hegarty (Leabharlann an WIT), Mary Fenton agus an Dr John Wall (WIT); Charles Wilson agus Bárbara Alemany Barcelo (Benidorm na Spáinne), Stiúrthóirí Ionad Oideachais ar fud na tíre, iadsan a raibh agallaimh agam leo agus atá ainmnithe sa tráchtas lena gcead, lucht SCG na bliana 2008 (157 acu), a d'fhreagair mo cheistiúchán le cabhair ó Theagascóirí SCG ar fud na tíre, mo rang SCG sa WIT i 2007-2008 a ghlac páirt sa suirbhé píolótach agus mo ranganna SCG ar chúrsaí Gaeltachta 2007-2008 i gColáiste na Rinne a d'fhreagair an ceistiúchán.

Is iad na bunmhúinteoirí a oiltear thar lear agus an Ghaeilge, ábhar mo thráchtais. Tá súil agam go gcabhróidh a bhfuil anseo leo ina saoil mar oideachasóirí, ó thaobh na Gaeilge de ach go háirithe agus leosan go léir (lucht SCG) a raibh baint agam le blianta anuas i gcathair Phort Láirge agus i gColáiste na Rinne.

Clár Ábhar

GIORRUITHE	7
LIOSTA TÁBLAÍ	8
LIOSTA FIGIÚIRÍ	9
AGUISÍNÍ	10
RÁITEAS AN ÚDAIR	11
COIMRIÚ	12
CAIBIDIL 1 RÉAMHRÁ	13
1.0 RÉAMHRÁ	13
1.1 RÉASÚNAÍOCHT	13
1.2 AIDHMEANNA AGUS CUSPÓIRÍ AN TAIGHDE	14
1.3 DEACRACHTAÍ A GHABHANN LEIS AN TAIGHDE	15
1.4 AN TAIGHDEOIR	16
1.5 EAGRÚ AN TRÁCHTAIS	17
1.6 ACHOIMRE	18
CAIBIDIL 2 STÁDAS OIFIGIÚIL AGUS STÁDAS RÉALAÍOCH NA TEANGA	19
2.0 RÉAMHRÁ	19
2.1 STÁDAS NA TEANGA	20
2.1.1 <i>Bunreacht na hÉireann; Airteagal a hocht</i>	20
2.1.2 <i>Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003)</i>	20
2.1.3 <i>Ráiteas i leith na Gaeilge</i>	22
2.1.4 <i>Léiriú ar Chúlra na Teanga i gCúrsaí Oideachais</i>	23
2.1.5 <i>Eagrais, Comhairlí agus Coimisiún a bunaíodh chun an Ghaeilge a chur chun cinn.</i> 24	
2.1.6 <i>An Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus múineadh na Gaeilge</i>	25
2.1.7 <i>An Phoblacht, Tuaisceart Éireann agus an Ghaeilge</i>	27
2.1.8 <i>Céimeanna sábháilteachta teanga</i>	28
2.1.9 <i>Gaelscoileanna</i>	28
2.1.10 <i>Coláistí Samhraidh</i>	30
2.1.11 <i>Gaeilge sa Státseirbhís</i>	31
2.1.12 <i>Polasaí an Rialtais</i>	32
2.1.13 <i>Tuarascáil / Straitéis 20 bliain 2010</i>	33
2.1.14 <i>Oiliúint Múinteoirí</i>	36
2.1.15 <i>Suim múscaílte sa teanga arís in ainneoin athruithe sa tsochaí</i>	37
2.1.16 <i>Stádas neamhghnách na Gaeilge</i>	38
2.2 ACHOIMRE	39

CAIBIDIL 3. AN GHLUAISEACHT CHUN CÁILITHE MAR BHUNMHÚINTEOIRÍ..	40
3.0 RÉAMHRÁ	40
3.1 STAIR NA HÍARCHÉIME OIDEACHAIS IN ÉIRINN	41
3.2 ROGHNÚ IARRTHÓIRÍ DON CHÚRSA IARCHÉIME OIDEACHAIS IN ÉIRINN	42
3.2.1 <i>Na hAgallaimh Iontrála don Chúrsa Iarchéime in Éirinn</i>	43
3.3 COLÁISTE HIBERNIA / SLÍ CHÁILITHE EILE	45
3.4 IMEACHT IARCHÉIMITHE THAR LEAR.....	46
3.5 AN CÚRSA IARCHÉIME SA BHREATAIN.....	47
3.5.1 <i>Filleadh na mBunmhúinteoirí Cáilithe ar Éirinn.</i>	49
3.5.2 <i>Turraing na mBunmhúinteoirí a oiltear thar lear</i>	51
3.5.3 <i>An Chabhair Oifigiúil atá ar fáil ag Nua-bhunmhúinteoirí i Scoileanna na Poblachta</i>	52
3.5.3.1 <i>Meantóirí Scoile</i>	53
3.6 SOCRUITHE NUA OIFIGIÚLA 2010.	54
3.6.1 <i>Caighdeán na Gaeilge agus an Próifíl Bheartas Oideachais Teanga (PBOT)</i>	57
3.7 ACHOIMRE	59
CAIBIDIL 4 MIONTEANGACHA	60
4.0 RÉAMHRÁ	60
4.1 COMUNIDAD VALENCIANA.....	60
4.1.1 <i>Cáilíocht agus Scrúduithe Teanga</i>	61
4.1.2 <i>Na Leibhéil</i>	62
4.2. EUSKERA I GCEANTAR THIAR THEAS NA FRAINCE.	64
4.2.1 <i>Cúrsaí Oideachais sa bhFrainc</i>	67
4.2.2 <i>Oiliúint Bunmhúinteoirí in iardheisceart na Fraince sa cheantar Basque</i>	68
4.3. CYMRU.....	69
4.3.1 <i>Cainteoirí Cymraeg</i>	70
4.3.2 <i>Comparáid le hÉirinn</i>	71
4.3.3 <i>Bunscolaíocht trí Cymraeg</i>	71
4.4 ACHOIMRE.....	72
CAIBIDIL 5 MODHEOLAÍOCHT	75
5.0 RÉAMHRÁ	75
5.1 SLITE TAIGHDE MODHEOLAÍOCHTA.....	75
5.1.1 <i>Taighde Cainníochtúil</i>	76
5.1.2 <i>Taighde Cáilíochtúil</i>	76
5.2 BAILÍOCHT AGUS IONTAOFACHT SA PHRÓISEAS TAIGHDE	77
5.3 ATHBHREITHNIÚ NA LITRÍOCHTA	77
5.4 SUIRBHÉ PÍOLÓTACH	79
5.4.1 <i>An Ceistiúchán</i>	80
5.4.2 <i>Dearadh an Cheistiúcháin</i>	80

5.4.3	<i>Deacrachtaí maidir le dáileadh an cheistiúcháin</i>	82
5.4.4	<i>Cúrsaí Eitice</i>	83
5.4.5	<i>Anailís Torthaí</i>	84
5.5	SÉ AGALLAMH.....	84
5.6	FÍRICÍ Á LORG.....	87
5.7	TORTHAÍ OIFIGIÚLA SCRÚDUITHE: AN SCRÚDÚ LE HAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAELGE 2006-2010.....	88
5.8	ACHOIMRE.....	88
CAIBIDIL 6 TORTHAÍ TAIGHDE		89
6.0	RÉAMHRÁ.....	89
6.1	SUIRBHÉANNA.....	89
6.1.1	<i>Suirbhé Píolótach</i>	89
6.1.2	<i>Suirbhé ar 157 bunmhúinteoirí</i>	89
6.2.	ACHOIMRE.....	112
CAIBIDIL 7 DÍOSPÓIREACHT FAOI THORTHAÍ AN TAIGHDE		113
7.0	RÉAMHRÁ.....	113
7.1	CAIGHDEÁN GAEILGE IARCHÉIMITHE A THÉANN THAR LEAR.....	113
7.2	AN SCG FÉIN: ATHRUITHE Á LORG.....	115
7.3	TREOIR.....	116
7.4	CABHAIR D'IARCHÉIMITHE AGUS DO BHUNMHÚINTEOIRÍ A OILTEAR THAR LEAR.....	118
7.5	AIMHRIALTACHT I DTAOBH NA TEANGA AG NA HÚDARÁIS.....	119
7.6	MIONTEANGACHA NEAMHFHORLEATHANA AGUS A BHFUIL LE FOGHLAIM AGAINN UATHU 121.....	
7.7	ACHOIMRE.....	123
CAIBIDIL 8 LÉIRMHEAS AR NA HAGALLAIMH		124
8.0	RÉAMHRÁ.....	124
8.1	NA DAOINE AR CUIREADH AGALLAIMH ORTHU.....	125
8.2	LÉIRMHEAS AR NA HAGALLAIMH.....	126
8.2.1	<i>A raibh le rá ag iarchéimithe faoina dtaithe ag agallaimh</i>	127
8.3	SEIFTEANNA CHUN IARCHÉIMITHE A CHOIMEÁD SA BHAILE AGUS A CHÁILIÚ ANSEO MAR BHUNMHÚINTEOIRÍ.....	128
8.4	AN CHABHAIR ATÁ AR FÁIL AG BUNMHÚINTEOIRÍ A OILEADH THAR LEAR Ó THAOBH MÚINEADH NA GAEILGE.....	130
8.5	AN EASPA BÉIME AR AN NGAEILGE AGUS NA NUA-BHUNMHÚINTEOIRÍ SEO.....	131
8.6	CAITHFEAR NA BUNMHÚINTEOIRÍ SEO A MHOLADH.....	132
8.7	ACHOIMRE.....	133
CAIBIDIL 9 TORTHAÍ SCRÚDUITHE SCG 2006-2010		134
9.0	RÉAMHRÁ.....	134

9.1	TORTHAÍ SCRÚDITHE SCG 2006 – 2010 MEÁNMHARCANNA SCRÚDITHE	134
9.2	TORTHAÍ SCRÚDITHE SCG AGUS NA MIC LÉINN A DTEIPEANN ORTHU SNA SCRÚDITHE SIN	137
9.3	ACHOIMRE.....	138
CAIBIDIL 10 IMPLEACHTAÍ AGUS MOLTAÍ.....		140
10.0	RÉAMHRÁ	140
10.1	SRIANTA AN TAIGHDE	140
10.2	AN FHADHB	141
10.3	A BHFUL FAIGHTE AMACH - CAIGHDEÁN ÍSEAL NA GAEILGE I MEASC IARCHÉIMITHE 141	
	<i>10.3.1 An fhadhb a réiteach anseo</i>	<i>142</i>
10.4.	CEARTA LEANAÍ BUNSCOILE I LEITH NA GAEILGE.....	142
10.5	AN SCRÚDÚ LE HAGHAIDH CÁILÍOCHTA FÉIN	143
10.6	AN SCG AGUS AN NUA-SCRÚDÚ OCG	144
10.7	ACHOIMRE.....	145
LEABHAREOLAÍOCHT		146
AGUISÍNÍ.....		160

Giordruithe

B. Ed.	Bachelor of Education
CLIL	Content and Language Integrated Learning
DEIS	Delivering Equality of Opportunity in School
LEPP	Language Education Policy Profile
MIE	Institiúid Oideachais Marino
OCG	Oiriúnú le hAghaidh Cailíochta sa Ghaeilge
PBOT	Próifíl Bheartas Oideachais Teanga
PCSP	Primary Curriculum Support Programme
PDST	Professional Development Service for Teachers
PGCE	Postgraduate Certificate in Education
PGDE	Postgraduate Diploma in Education
PPDS	Primary Professional Development Service
SCG	An Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge
SDPS	School Development Planning Service
WIT	Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge

Liosta Táblaí

Tábla 1	Iarchéimithe a d'imigh thar lear chun cáilithe mar bhunmhúinteoirí	46
Tábla 2	Bunmhúinteoirí a thug faoin SCG 2005-2009	51
Tábla 3	Suirbhé 2005 Cainteoirí <i>Valenciano</i>	61
Tábla 4	Cainteoirí <i>Euskera</i>	66
Tábla 5	Cainteoirí Gaeilge	67
Tábla 6	Cainteoirí <i>Cymraeg</i>	71
Tábla 7	Torthaí Scrúduithe Meánmharc Páipéar 1 - Teanga	135
Tábla 8	Torthaí Scrúduithe Meánmharc Páipéar 2 - Litríocht	135
Tábla 9	Béaltriall 2006-2010 Meánmharc	136
Tábla 10	Cluastuiscint 2006-2010 Meánmharc	137
Tábla 11.	Torthaí Scrúduithe 2006-2010: Páipéar 1.	206
Tábla 12.	Torthaí Scrúduithe 2006-2010: Páipéar 2	207
Tábla 13.	Torthaí Scrúduithe 2006-2010: Béaltriall.	208
Tábla 14	Torthaí Scrúduithe 2006-2010: Cluastuiscint	209

Liosta Figiúirí

6.1	Torthaí an Teastais Shóisearaigh i nGaeilge	92
6.2	Torthaí Ghaeilge Ardleibhéil na hArdteistiméireachta	93
6.3	Torthaí Ghaeilge na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal	94
6.4	Tréimhsí ar Chúrsaí Samhraidh sa Ghaeltacht	95
6.5	Léiriú ar do chuid Gaeilge ó 0 go 10	96
6.6	Ar bhain tú Céim Ollscoile amach ó choláiste in Éirinn?	97
6.7	Cén céim?	98
6.8	Cáilíochtaí eile seachas céim?	99
6.9	Ag comhlíonadh riachtanas iontrála B.Ed.	100
6.10	Cén fáth nár chomhlíon tú riachtanais iontrála?	101
6.11	Cár oileadh mar bhunmhúinteoir tú?	102
6.12	Céard é do chaighdeán Gaeilge anois?	105
6.13	Postanna Scoile anois?	106
6.14	Cad a chabhródh leat anois mar mhúinteoir?	108
6.15	Taithí i leith na Gaeilge sa bhunscoil?	109
6.16	Gaeilge ag dul isteach sa mheánscoil?	110
6.17	Gaeilge sa mheánscoil?	111
6.18	Aois agus Mná/Fir	112

AGUISÍNÍ

Aguisín A	Ceistiúchán	161
Aguisín B	Na hAgallaimh	172
Agallaimh A	Aodán Mac Suibhne MIE	172
Agallaimh B	S. P. Ó Nualláin Iarstiúrthóir MIE	177
Agallaimh C	Proinnsiasa ní Chathasaigh Meantóir Scoile	184
Agallamh D	Anita ní Fhoghlú mac léinn MIE	186
Agallamh E	Joanne Whelan mac léinn Coláiste Hibernia	189
Agallamh F	Niamh Foskin mac léinn Coláiste Aberystwyth	191
Aguisín C	Torthaí Scrúduithe SCG 2006-2010	197
Aguisín D	Léiriú ar ghnéithe de scrúduithe 2006-2010	207
Aguisín E	Cóip de litir chuig teagascóirí SCG ag obair in ionaid oideachais.	211
Aguisín F	Cóip de litir chuig stiúrthóirí ionad oideachais faoin gceistiúchán	212
Aguisín G	Cóip de litir chuig teagascóirí faoin gceistiúchán	213
Aguisín H	Le caoinhead freagróirí	214

Ráiteas an Údair

Fógraím nár cuireadh an tráchtas seo faoi bhreithniú mar chleachtadh le haghaidh céime san institiúid seo nó in aon institiúid nó ollscoil eile. Is mse údar an tráchtais.

Aontaím go bhfuil cead ag an leabharlann an tráchtas a thabhairt amach ar iasacht nó é a chóipeáil, má iarrtar a leithéid.

Síniú: _____

Dáta: _____

Coimriú

Seo tráchtas faoi stair oideachais iarchéimithe a théann thar lear d'fhonn a gcáilithe mar bhunmhúinteoirí. Tá soiléiriú ar a bhfuil le déanamh acu ar a slí chun cáilithe óna mbunscolaíocht féin ar aghaidh, go gcasann siad ar Éirinn ag lorg oibre inár mbunscoileanna. Lorgaíonn an staidéar na fáthanna go dtéann na hiarchéimithe Éireannacha seo chun na Breataine go bliantúil ar an gcéad dulsíos agus na himpleachtaí a ghabhann leis seo i dtaobh múineadh na Gaeilge inár mbunscoileanna.

Rinneadh an staidéar le cabhair ó theagascóirí Gaeilge, le 157 d'iarchéimithe ar fud na tíre a d'fhill go hÉirinn tar éis cáiliú sa Bhreatain, le hoideachasóirí coláiste oideachais in Éirinn, le mic léinn coláistí oiliúna oideachais éagsúla in Éirinn agus sa Bhreatain agus le meantóir bunscóile. Tráchtar ar bhunmhúinteoirí anseo agus a ngluaiseacht chun cáilithe. Rinneadh comparáid idir stádas na teanga anseo agus stádas mionteangacha Eorpacha eile, faoi bhunscolaíocht sna tíortha lena mbaineann siad agus i dtaobh na dteangacha neamhfhorleathana sna tíortha sin ach go háirithe.

Feictear ó thorthaí an staidéir gur gá a thuilleadh iniúchta a dhéanamh faoi roghnú iarratasóirí ar chúrsaí oiliúna oideachais anseo in Éirinn, ar an gcúrsa iarchéime ach go háirithe. Tá pointí tábhachtacha i gceist maidir le stádas na mbunmhúinteoirí a oiltear thar lear. Níl aon mheasúnú déanta fós ar thurraing na mbunmhúinteoirí seo ar an gcóras oideachais nó ar an nGaeilge agus ar mhúineadh na Gaeilge, inár mbunscoileanna. Tá páirt lárnach ag páistí a ranganna agus cearta na bpáistí iontu, de réir an Bhunreachta agus gach a léirítear ann faoin teanga.

Cinntítear ón staidéar go bhfuil ceisteanna tábhachtacha ag baint leis an stádas seo. Tá fadhbanna le réiteach ag an rialtas agus ag údaráis oideachais faoina ndualgais i leith na teanga, faoina ndualgais i leith na bpáistí inár mbunscoileanna agus i leith na mbunmhúinteoirí áirithe seo a oiltear thar lear.

Caibidil 1 Réamhrá

1.0 Réamhrá

Baineann an tráchtas seo le cáiliú iarchéimithe mar bhunmhúinteoirí sa Bhreatain agus anseo in Éirinn. Lorgaítear na fáthanna go dtéann iarchéimithe Éireannacha chun na Breataine le cáilíocht mar bhunmhúinteoirí a bhaint amach agus na himpleachtaí a ghabhann leis seo. Is léiriú é go háirithe, orthu siúd ina measc a roghnaíonn filleadh go hÉirinn i ndiaidh a gcáilithe sa Bhreatain, chun poist bhuana mar bhunmhúinteoirí a bhaint amach sa chóras oideachais bunscoile anseo. Tá cáiliú i leith na teanga riachtanach dóibh san agus déantar comparáid idir stádas oifigiúil agus stádas réalaíoch na teanga i gcomparáid le stádas teangacha i dtíortha eile.

1.1 Réasúnaíocht

Níl aon taighde déanta nó aon litríocht ar fáil go dtí seo i dtaobh bunmhúinteoirí a oiltear thar lear agus a dturraing ar chóras bunscoile na tíre seo. Is iarracht é an tráchtas seo ar an bhfolús sin a líonadh. Tá an-tionchar ag bunmhúinteoirí i ngach gné den chóras oideachais anseo in Éirinn, i gcúrsaí Gaeilge, ach go háirithe. Baineann an t-iniúchadh seo go dlúth lena stair oideachais bunscoile agus meánscoile. Tá sé bainteach lena stádas i leith na Gaeilge agus le múineadh agus foghlaim na Gaeilge i gcoitinne.

Bíonn ar bhunmhúinteoirí a cháilítear thar lear riachtanais cháilithe faoi leith a bhaint amach sa Ghaeilge ar fhilleadh go hÉirinn dóibh, sula n-aithnítear mar bhunmhúinteoirí láncháilithe iad sa chóras oideachais anseo. Glaoitear An Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (SCG) ar an bpróiseas cáilithe sin a eagraítear trí Institiúid Oideachais Marino (MIE). Tá an t-iniúchadh seo an-tábhachtach mar go bhfuil páirt lárnach ag na bunmhúinteoirí óga seo go huimhriúil sa chóras oideachais in Éirinn. Thug 3,200 iarratasóirí (bunmhúinteoirí a cáilíodh thar lear - 639 ar an meán go bliantúil) faoin Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge idir 2006 agus 2010. Thug 630 díobh seo faoin Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge i 2008, an bhliain a rinneadh an taighde seo – sin 43.2 % de bhunmhúinteoirí cáilithe na bliana sin (Oifig an SCG, 2010). Tá an

tslí chun cáilithe dóibh mar bhunmhúinteoirí láncháilithe Éireannacha fíorthábhachtach i mórán slite. Lorgáítear an chúis go n-imíonn na hiarchéimithe seo thar lear in aon chor le haghaidh a gcáilithe mar bhunmhúinteoirí. An é nach gcomhlíonann siad na riachtanais iontrála do na coláistí oideachais anseo? An bhfuil srian chomh mór sin á choimeád ar uimhir na mac léinn a nglactar leo sna coláistí oideachais anseo in Éirinn? Tá gá le bunmhúinteoirí oilte agus láncháilithe chun an Straitéis 20 Bliain a fógraíodh i mbliana (2010) a chur i gcrích. Sin an fáth go bhfuil an taighde agus an t-iniúchadh seo ar siúl, chun stádas bunmhúinteoirí i leith na Gaeilge a léiriú dóibh san go háirithe atá freagrach i leith a n-oiliúna ; don Roinn Oideachais agus Scileanna a fhostaíonn iad, do Chomhordaitheoir an SCG agus údaráis MIE a bhfuil cúram na scrúduithe SCG orthu, do na teagascóirí a thugann faoi ranganna chun cabhrú le bunmhúinteoirí a fhilleann ón mBreatain iad féin a cháiliú ó thaobh na Gaeilge de. Cuireann an tráchtas seo béim ar easnaimh sa chóras SCG gur cheart iad a shárú láithreach. Muna ndéantar a leithéid ní fhéadfar gealltanais a thabhairt go bhféadfaidh bunmhúinteoirí a oiltear thar lear a ndualgais maidir le múineadh na Gaeilge a chomhlíonadh go héifeachtach. Tá córas cáilithe ann ach tá sé lochtach. Ina theannta san, tá cur síos ar stádas oifigiúil agus stádas réalaíoch na teanga mar chúla. Tráchtar ar stádas mionteangacha i dtíortha eile mar chomparáid. Tá sé mar aidhm, An Chomhairle Múinteoireachta a spreagadh chun athchóirithe i dtaobh an chórais cháilithe agus bunmhúinteoirí a ghríosadh i leith na teanga.

1.2 Aidhmeanna agus Cuspóirí an Taighde

Aidhm

Is í aidhm an taighde seo ná iniúchadh a dhéanamh ar bhunmhúinteoirí a oileadh thar lear. Déanfar a stair oideachais, a n-oiliúint agus a dtaithí mar bhunmhúinteoirí a ríomh. Déanfar é seo i gcomhthéacs stádais oifigiúil agus stádais réalaíoch na teanga.

Cuspóirí an Taighde

1. Chun stádas oifigiúil agus stádas réalaíoch na teanga a léiriú mar chúlra an taighde, faoi oiliúint, faoi mhúineadh agus faoi mhúinteoirí na teanga, ina chomhthéacs stairiúil.
2. Chun cinnteacht agus soiléiriú a bhaint amach faoi na fáthanna go dteastaíonn ó iarchéimithe Éireannacha (mic léinn SCG/OCG) nó gur gá bealach timpeallánach a ghlacadh orthu féin le haghaidh a gcáilithe mar bhunmhúinteoirí sa Phoblacht, fiú amháin mic léinn le hArdleibhéal Gaeilge Ardeistiméireachta nó Céad Ealaíona Ollscoile sa Ghaeilge.
3. Chun comparáid a dhéanamh idir stádas teanga agus cáiliú bunmhúinteoirí anseo in Éirinn – lucht SCG go speisialta - agus stádas teanga agus cáiliú bunmhúinteoirí i gceantair eile san Eoraip ina bhfuil teangacha neamhfhorleathana - trí athbhreithniú na litríochta, féachaint cad a fhéadfaimid a fhoghlaim uathu san.
4. Chun moltaí a chur os comhair na Roinne Oideachais agus Scileanna, na gCumann Múinteoirí agus an phobail i gcoitinne, a chuirfeadh bealach/bealaí eile oiliúna ar fáil do bhunmhúinteoirí, dóibh san a oiltear thar lear ach go háirithe.

1.3 Deacrachtaí a ghabhann leis an Taighde

Níor scríobhadh faoi ábhar an tráchtais seo - bunmhúinteoirí a oileadh thar lear agus an Ghaeilge - cheana. Níor scríobhadh aon rud faoin gcóras a bhaineann le cáiliú bunmhúinteoirí thar lear nó a stádas anseo sa chóras oideachais bunscoile nuair a fhilleann siad. Ba chonstaic é an easpa litríochta faoin ábhar. Cabhraíonn an taighde seo chun an folús seo a líonadh. Iniúchtar cúlra an chórais faoina bhfostaítear bunmhúinteoirí a oiltear thar lear, i leith na teanga ach go háirithe. Tráchtar ar stádas mionteangacha Eorpacha eile. Nocht freagraí na bhfreagróirí sa cheistiúchán a cuireadh os a gcomhair a dtaithí i leith na Gaeilge ón Teastas Sóisearach ar aghaidh. Bhí sé soiléir ón gceistiúchán gur mhothaigh roinnt mhaith acu easnamhach i leith eolas agus múineadh na Gaeilge. Cinntíodh ansin go gcuirfí agallaimh ar léachtóirí coláistí oideachais a bhíonn ag déileáil leosan atá ar a slí chun cáilithe anseo nó thar lear mar bhunmhúinteoirí, ar na mic léinn

féin agus orthu san a chabhraíonn le bunmhúinteoirí nuacháilithe. Bhí sé i gceist scéal iomlán na mac léinn seo a ríomh.

Bhí idirchumarsáid le déanamh trí Oifig an SCG in MIE chun ainmneacha teagascóirí SCG agus seoltaí na n-ionad oideachais ar fud na tíre ina raibh ranganna SCG ar siúl, a aimsiú. Fuarthas cead stiúrthóirí na n-ionad, cead na dteagascóirí agus cead tuairisceoirí faoi fhreagairt an cheistiúcháin. Ní raibh deacracht ar bith anseo.

1.4 An Taighdeoir

Chun iniúchadh agus léiriú a dhéanamh ar an ábhar áirithe seo tá taithí ar leith ag teastáil. Is múinteoir cáilithe bunscoile agus meánscoile mé. Tá an Teastas Dá-Theangach, An Ceardteastas Gaeilge, Baitsiléireacht Ealaíona agus an tArdteastas Oideachais agam. Tá an-taithí agam ar an nGaeilge, ar mhúineadh na Gaeilge agus ar mhúineadh ábhar eile trí Ghaeilge le breis is tríocha bliain. Bhí mé im scrúdaitheoir do Bhéaltríail Gaeilge na hArdteistiméireachta ar feadh cúig bliana agus fiche. Táim fós mar Fheitheoir Scrúduithe Stáit. Bhí mé i mo Ardmháistir le fada ar chúrsaí samhraidh Gaeltachta i gCúil Aodha in Iarthar Chorcaí agus i gCarna i gConamara. Bhí mé mar Stiúrthóir agus Ardmháistir ar Choláiste Samhraidh Gaeltachta i mBéal Átha an Ghaorthaidh in Iarthar Chorcaí ar feadh deich mbliana. Bhí rang ceardteastais agam in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge gur cuireadh deireadh leis an gcáilíocht sin. I láthair na huaire tá rang d'iarrthóirí SCG (An Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge) agam. Táim mar theagascóir ar chúrsaí aitheanta Gaeltachta SCG i gColáiste na Rinne i gContae Phort Láirge, mar scrúdaitheoir do Bhéaltríail an SCG, mar Fheitheoir Scrúduithe SCG agus mar Fheitheoir Scoile SCG le hInstitiúid Oideachais Marino a eagraíonn na scrúduithe sin. B'ionadaí ar feadh tréimhsí gearra mé i mbunscoileanna an oirdheiscirt agus mar ionadaí meánscoile ar feadh tréimhsí fada sa cheantar céanna. Tá cáilíochtaí aitheanta agam mar mhúinteoir TEFL agus níos mó ná tríocha bliain caite agam mar mhúinteoir agus mar Ardmháistir ar choláistí samhraidh TEFL. Tá an-chuid athruithe feicthe agam (i gcúrsaí oideachais go háirithe), ó thosaigh mé mar bhunmhúinteoir ranga 3B le 60 buachaill i rangsheomra an-mhór ina raibh 60 eile i rang a 4A. Ceapaim, de bharr fad agus éagsúlacht mo thaithí mar mhúinteoir ar thrí leibhéal agus mo shuim,

ach go háirithe, in oiliúint bunmhúinteoirí, go bhfuil mé láncháilithe chun tabhairt faoi thaighde den chineál seo.

1.5 Eagrú an Tráchtais

I gCaibidil a Dó tráchtar ar stádas oifigiúil agus ar stádas réalaíoch na teanga in Éirinn ó bhunú an stáit agus ó fógraíodh Bunreacht na hÉireann 1937 agus taispeántar go bhfuil aimhrialacht i gceist maidir leo.

I gCaibidil a Trí tá cuntas ar an ngluaiseacht chun cáilithe ag bunmhúinteoirí anseo agus thar lear. Tá cur síos ar na riachtanais iontrála agus ar na hagallaimh iontrála le haghaidh iarratasóirí do na cúrsaí iarchéime ocht mí dhéag sna coláistí oiliúna oideachais anseo in Éirinn, ar an gcúrsa iarchéime Hibernia in Éirinn agus ar chúrsaí iarchéime sa Bhreatain ar a bhfreastalaíonn iarchéimithe Éireannacha. Tugtar léiriú ó thaobh na Gaeilge de, ar cháiliú na mbunmhúinteoirí a oileadh thar lear, tríd an Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge, nuair a fhilleann siad ar Éirinn. Mar aon leis seo tá cur síos ar an gcabhair atá ar fáil ag nua-bhunmhúinteoirí bunscoile ón Roinn Oideachais agus Scileanna, ó chuiditheoirí/ chomhairleoirí scoile agus ó mheantóirí scoile.

I gCaibidil a Ceathair tugtar léargas ar stádas mionteangacha Eorpacha eile i gcomparáid le stádas na Gaeilge agus cúrsaí oideachais bunscoile anseo. Is iad na mionteangacha atá i gceist ná *Valenciano* i *gComunidad Valenciana*, *Euskera* (teanga na mBasque) in iardheisceart na Fraince agus *Cymraeg* i *gCymru*. Tá léiriú anseo ar a stádais mar theangacha neamhfhorleathana agus ar mhúineadh na dteangacha sin ina scoileanna.

I gCaibidil a Cúig tá cuntas ar an modheolaíocht a úsáideadh. Tá léiriú ar fhadhbanna a bhí le sárú le hOifig an Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (SCG) in Institiúid Oideachais Marino (MIE). Ina theannta seo tá léiriú ar chúrsaí eitice agus ar conas a socraíodh gur iarrthóirí scrúduithe SCG na bliana 2008 a bheadh i gceist i bhfreagairt an cheistiúcháin. Ina theannta tá cuntas ar conas a eagraíodh an ceistiúchán féin. Léirítear conas a lorgaíodh cead ó Stiúrthóirí Ionad Oideachais agus ó Theagascóirí SCG sna hionaid sin chun an ceistiúchán a dháileadh ar

mhic léinn SCG 2008. Tráchtar ar sheoladh amach agus ar bhailiú na gceistiúchán arís ó na hionaid oideachais le haghaidh anailíse.

I gCaibidil a Sé insítear faoin suirbhé píolótach, torthaí an cheistiúcháin féin agus torthaí na Scrúdaithe le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge ó 2006 go 2010. Cuireadh agallaimh ar shaineolaithe oideachais, mic léinn coláistí oideachais agus ar mheantóir scoile agus tá léirmheas orthu siúd sa chaibidil seo (tá nótaí faoi na hagallaimh sna hagusíní).

I gCaibidil a Seacht tá díospóireacht faoina bhfuil faighte amach agus ar conas mar a chabhraigh torthaí an cheistiúcháin agus na hagallaimh chun cuspóirí an taighde a bhaint amach.

I gCaibidil a hOcht tá léiriú ar impleachtaí agus ar mholtaí a eascraíonn as a bhfuil fiosraithe agus scrúduithe, i dtaobh iarrthóirí ar chúrsaí oiliúna bunmhúinteoirí don SCG agus go háirithe i dtaobh a gcaighdeán sa Ghaeilge. Tá a n-oiliúint i dtaobh na Gaeilge i gceist go mór agus tráchtar ar chórais a fhéadfaí a cheapadh chun freastal agus cabhrú leo ina saoil scoile.

1.6 Achoimre

Cuirtear in iúl anseo an easpa litríochta faoi ábhar an tráchtais agus na cúiseanna go dteastaíonn nó go mbíonn ó iarcheimithe Éireannacha triall thar lear le d'fhonn a gcáilithe mar bhunmhúinteoirí. Tá géarghá na cúiseanna céanna a iniúchadh chun teacht ar chinnteacht agus chun iad a shoiléiriú, de bhrí go bhfilléann an chuid is mó de na bunmhúinteoirí seo ar ais chun a bheith ag obair sa chóras bunscoile anseo. Tá a stair oideachais agus go háirithe a n-oiliúint i leith na Gaeilge i gceist go mór. Tá stádas oifigiúil agus réalaióch na teanga chomh maith leis an ngluaiseacht chun cáilithe ag bunmhúinteoirí in Éirinn mar chúlra sa tráchtas, maraon le stádas oifigiúil agus réalaióch teangacha neamhforleathana Eorpacha eile. Moladh léiriú a thabhairt ar stair oideachais agus ar thaithí an taighdeora chun a thaispeáint go bhfuil an taighdeoir seo láncháilithe chun an t-ábhar i gceist a ríomh.

Caibidil 2 Stádas Oifigiúil agus Stádas Réalaíoch na Teanga

2.0 Réamhrá

Tráchtar anseo ar an gcomhthéacs ina múintear Gaeilge in Éirinn. Tá an comhthéacs antábhachtach i leith ábhar an tráchtais seo. Tugtar léargas stairiúil ar pholasaí agus reachtaíocht rialtais ó bhunú an Stáit. Dírítear ar na hiarrachtaí a deineadh le déanaí ar stádas réalaíoch na teanga a fheabhsú i dtreo go mbeadh sé comhionann leis an stádas oifigiúil agus le rúin reachtaíochta. Tabharfaidh an léargas seo cúlra trína bhféadfaí iniúchadh níos doimhne a dhéanamh ar ár gcóras oideachais. Léireoidh an t-iniúchadh seo i) comhthéacs ábhar an tráchtais: bunmhúinteoirí a oileadh thar lear agus an Ghaeilge ii) oiliúint bunmhúinteoirí agus iii) stádas na teanga sna bunscoileanna agus turraing fáis na nGaelscoileanna.

Cé go bhfuil tacaíocht láidir rialtais ag an nGaeilge go hoifigiúil i gcomparáid le mionteangacha Eorpacha eile, tá an stádas réalaíoch difriúil. Ag an am céanna tá méadú ar líon na nGaelscoileanna agus is ábhar dóchais é sin. Tugann an léargas sa chaibidil seo ar stádas oifigiúil agus stádas réalaíoch na teanga hipitéis trína bhféadfaí easnaimh inár gcóras oideachais a aimsiú. Déanfar é seo tríd an suirbhé a deineadh le cabhair bunmhúinteoirí a oileadh thar lear.

Tá léiriú neamhiomlán anseo ar stair agus ar chúlra na teanga i gcúrsaí oideachais ach go háirithe. Nochtaítear iarrachtaí rialtais agus dílseoirí teanga tríd na blianta chun cuspóirí Bunreacht 1937 a chur i gcrích. Tá tagairtí cuí i leith reachtaíochta nua leis i) Acht na dTeangacha Oifigiúla (Comhionannas) 2003; ii) An Ráiteas i leith na Gaeilge 2006 agus iii) An Straitéis 20 Bliain i leith na Gaeilge 2011.

2.1 Stádas na Teanga

2.1.1 Bunrecht na hÉireann; Airteagal a hocht

Ó thaobh reachtaithe de, tá stádas na Gaeilge difriúil ar fad ó stádas mionteangacha eile na hEorpa de bhrí go bhfuil an Ghaeilge préamhaithe agus daingnithe inár mBunrecht.

1. Os í An Ghaeilge an teanga náisiúnta is í an príomhtheanga oifigiúil í.
2. Glactar leis an Sacs-Bhéarla mar theanga oifigiúil eile.’ (Bunrecht na hÉireann: Airteagal a hOcht)

Is é an Bunrecht i dtús áite a chinntíonn ár ndualgais i leith na teanga nuair a léiríonn sé go lom gurb í an Ghaeilge ár bpríomhtheanga oifigiúil, cé go bhfuilimid sásta, de réir an Achta, glacadh leis an mBéarla mar theanga eile. Ní fhéadfaí trácht ar bhunmhúinteoirí mar sin, a oiltar thar lear, gan stádas na Gaeilge in Éirinn agus san Aontas Eorpach a ríomh. Léiríonn Bunrecht na hÉireann in Airteagal a hOcht mar ba chóir do shaoránaigh glacadh lenár bpríomhtheanga. Is léir ag an am céanna go gcaithfí an Bunrecht a athbhreithniú toisc go bhfuil na focail ‘an teanga náisiúnta’ débhríoch. Tá stádas na teanga aimhrialta leis; *‘Ireland is almost universally English speaking with no recorded remaining monolingual speakers of Irish’* (Ó Laoire, 2005 l.252)

2.1.2 Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003)

Neartaíodh le fíordhéanaí a bhfuil ráite anseo sa Bhunrecht le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (2003). Seo Acht Oireachtais na hÉireann a craobhscaoileadh i 2003, a bhfuil sé de chuspóir aige meas a chothú don Ghaeilge agus don Bhéarla mar theangacha oifigiúla (mar a léirítear i mBunrecht 1937) chun comhstádas a chothú i ngnáthúsáid na dteangacha sin, i gcúrsaí oifigiúla an stáit go háirithe - san Oireachtas féin, le linn cumarsáide leis an bpobal, nuair atá seirbhísí á gcur ar fáil don phobal trí institiúid agus comhluchtaí stáit. Seo an chéad Acht ó 1922 a chinntíonn go gcuirfí seirbhísí ar fáil don phobal trí Ghaeilge agus trí Bhéarla trí shocraithe éagsúla oifigiúla.

Tá cur síos san acht ar na dualgais a bhaineann le feidhmiú an Achta. Cinntíodh na dualgais trí rialacha nua a leagan síos agus cuireadh síos feidhmeanna agus dualgais an Choimisinéara Teanga féin, maidir leis an Acht. Luadh go bhfuil an Coimisinéir ann chun a chinntiú go gcuirfí gach rud a bhí ráite san Acht i bhfeidhm ó 2006 (Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003). Is monatóir nó *ombudsman* é, le neamhspleáchas iomlán chun go bhféadfadh an pobal brath air. Tá sé deacair a rá go cinnte cé chomh dáiríre is atá an rialtas maidir le feidhmiú Achta nuair a admhaíonn an Coimisinéir Teanga i ndeireadh 2010 go raibh ciorrú 37.5% ar a fhoireann oifige féin agus nach bhfuil leibhéal cuí foirne aige chun dualgais iomlána na hoifige a chomhlíonadh go hiomlán (Ó Cuirreáin, 2010a).

Is í An Roinn Oideachais agus Scileanna, tríd an gComhairle Múinteoireachta a ghníomhaíonn polasaithe rialtais i leith na teanga i gcúrsaí oideachais. Is iad oifigigh na Roinne, mar shampla, a leagann síos na coinníollacha agus na riachtanais iontrála trína roghnaítear miocléinn ár gcoláistí oiliúna oideachais. Tugann an Bunreacht agus reachtaíocht rialtais cúram na teanga dóibh. Má tá caighdeán na Gaeilge le hardú, déanfar trí oideachas é agus bheimis ag súil le hardchaighdeán sa Roinn Oideachais agus Scileanna. I láthair na huaire, tá caighdeán na Gaeilge sa Roinn fíorlag. Dúirt an Coimisinéir teanga leis, maidir le comhlíonadh dualgas an Achta, nach raibh/nach bhfuil go leor foirne san Roinn Oideachais agus Scileanna chun a chinntiú go bhféadfadh an Roinn sin a ngnóthaí a chur ar fáil don phobal trí Ghaeilge. I 2005 ní raibh ach 3% d'fhoireann na Roinne sin ábalta seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge. Léirigh suirbhé (Ó Cuirreáin, 2010b) le déanaí gur thit an líon foirne sin 50% le cúig bliana anuas. Níl ach 1.5% d'oifigigh na Roinne Oideachais agus Eolaíochta anois atá in ann seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge chomh maith le Béarla. Deir an Coimisinéir Teanga go bhfuil a leithéid de staitistic scanrúil. Tá sé soiléir go bhfuil ganntanas foirne sa Roinn sin, i dteannta le ranna stáit agus oifigí rialtais eile atá in ann seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge. Ní haon ionadh é mar sin go raibh 700 gearán ag a oifig i 2009-2010 a bhain le fadhbanna le seirbhísí stáit a fháil trí Ghaeilge. Mhol an Coimisinéir don chúigear saineolaithe a bhí ag gabháil don Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge (roimh 2009) go gcaithfí an fhadhb seo a leigheas trí ghníomh a chinnteodh athchothromú comhaltaí foirne le Gaeilge chun freastal ar sheirbhísí poiblí. Bhí sé le rá aige féin gur ghlac siad san lena moladh agus gur mhol siad (ina dtuairisc 2009) scéim earcaíochta a cheapadh a bheadh i bhfabhar daoine inniúla dátheangacha (Ó Cuirreáin, 2010a). Bhí sé soiléir ón méid a bhí le rá ag an gCoimisinéir Teanga go mbeadh sé

dodhéanta Acht na dTeangacha Oifigiúla a bhain le húsáid na Gaeilge sa státseirbhís a fheidhmiú i gceart muna ndéanfaí é seo (ibid.). Léirigh Ó Cuirreáin na pointí céanna seo leis an *Irish Times* (Márta, 2011) agus dúirt go mbeadh moltaí dearfacha aige do Roinn na Gaeltachta agus don Rialtas maidir le hathruithe chun feabhais a dhéanamh ar fheidhmiú an Achta.

Tá macallaí faoi chaighdeán na Gaeilge le sonrú go forleathan. Teipeann go leanúnach ar níos mó ná an ceathrú cuid de Ranna agus Oifigí Rialtais, an leibhéal seirbhíse trí Ghaeilge a chur ar fáil do chustaiméirí (Ó Muirí, 2011) Luadh leis i dTuarascáil Bhliantúil an Choimisinéara Teanga 2010 gur theip ar 28% de chomhlachtaí poiblí an leibhéal seirbhíse is bunúsaí a chur ar fáil trí Ghaeilge ar an teileafón. Bhí 43% de na comhlachtaí poiblí a bhí in ann seirbhís cheart a chur ar fáil trí Ghaeilge ar an teileafón. Bhí 29% eile a rinne iarracht ach nár éirigh leo a ndualgais a chomhlíonadh go hiomlán maidir leis seo. Luaitear in áit eile sa tráchtas seo an chúis a bhaineann leis an easpa cumais agus leis an do-éifeachtacht seo. Ag an am céanna, ní féidir a rá go bhfuil easpa suime maidir leis an nGaeilge i measc an phobail dá gcomhlíonfaí aidhmeanna an Achta. Feidhmíonn suíomh gréasáin oifige an Choimisinéara Teanga mar fhoinsé eolais agus tá sé le rá go raibh 769,791 amas nó ‘hit’ ar an suíomh gréasáin idir Eanáir 2010 agus Nollaig 2010 agus 98,911 cuairteanna éagsúla (Ó Cuirreáin, 2010a).

2.1.3 Ráiteas i leith na Gaeilge

Lean reachtaíocht Acht na dTeangacha Oifigiúla i 2003 Ráiteas ón Taoiseach ar son an Rialtais. Athrú fíorthábhachtach i stair na teanga agus i stair na tíre an Ráiteas seo i leith na Gaeilge (2006) a tháinig trí bliana i ndiaidh Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003). Luadh an dátheangachas mar pholasaí stáit don chéad uair go hoifigiúil, ag géilleadh go hoscailte nach bhféadfaí uaimhian scríbhneoirí an Bhunreachta 1937 a chur i gcrích. Deir Ó Laoire (2005) ‘gur chothabháil agus athchóiriú a bhí i gceist roimhe sin’. Mar sin, tá le feiceáil ó thús, dearcadh oifigiúil, tnúthánach an Oireachtais agus stádas réalaíoch na teanga.

2.1.4 Léiriú ar Chúlra na Teanga i gCúrsaí Oideachais

Is léiriú an chuid seo den tráchtas ar phríomhghnéithe de stair na teanga ó bhunú an stáit i leith, ar chúrsaí oideachais - oideachas bunscoile go príomha. Deir Harris (2005) nach raibh an Ghaeilge á múineadh ach i 25% de bhunscoileanna roimh 1922. Ach, ó bhunú an stáit nua, tosaíodh ar pholasaí a raibh sé d'aidhm aige clár dátheangach nó clár tumoideachais – dá bhféadfaí a leithéid – a fheidhmiú, i mbunscoileanna na tíre. B'í aidhm an Rialtais ó 1922 an Ghaeilge a bheith mar mheán teagaisc i ngach ábhar. Leagadh síos i ngach curaclam bunscoile gur cheart go mbeadh an Ghaeilge mar an t-aon mheán teagaisc ábhar agus an t-aon mheán ag gnáthimeachtaí bunscoile ins na céad trí bliana ag dalta bunscoile. Bhí deontais níos airde ar fáil do dhaltaí a mhúiní trí Ghaeilge agus cóimheas níos ísle idir páistí agus múinteoirí ins na scoileanna céanna (Harris, 2008). 'Gaelú' an náisiúin a bhí i gceist - bhí an Ghaeilge á múineadh *'to bolster the government's aim of fostering an Irish-speaking identity on behalf of the nation'* (Ó Laoire, 2005 1.265). Bhi sé i gceist an teanga a athchóiriú ins na scoileanna agus í a chothú sa Ghaeltacht (Ó Laoire, 2007).

D'éirigh go maith le 'Gaelú' bunscoileanna ó 1920-1950 go dtí go raibh an Ghaeilge mar mheán teagaisc i mbeagnach 50% de bhunscoileanna (Romaine, 1997). Bhí an t-idirdhealú le feiceáil ins na meánscoileanna leis. Tugadh deich marcanna breise d'iarrthóirí Stáit a d'fhreagair páipéir scrúdaithe na Roinne Oideachais trí Ghaeilge de réir rialacha na Roinne Oideachais céanna (An Roinn Oideachais, (1924). B'ábhar éigeantach í an Ghaeilge ins na meánscoileanna féin. Bhí sé riachtanach pas a fháil sa Ghaeilge chun go mbronnfaí teastas scrúduithe ar iarrthóir.

Bunaíodh coláistí ullmhúcháin d'iarrthóirí ar chúrsaí oiliúna oideachais. Thug na seacht gcoláistí ullmhúchán sin ceithre bliana breise oideachais trí Ghaeilge do na céadta mac léinn, a glacadh isteach ins na coláistí oideachais ina dhiaidh sin mar ábhar múinteoirí. Go dtí gur dúnadh ar fad i 1926 iad, chuir mic léinn na gcoláistí seo bonn le polasaí na Gaeilge ins na bunscoileanna agus sa tslí sin thacaigh siad le polasaí an rialtais. Níor thaitin an brú seo le húdaráis roinnt scoileanna. Muna mbeifí ag coimeád rialacha na Roinne i leith múineadh na teanga ní thabharfaí deontais. Sin mar a bhí agus sin mar atá i láthair na huair.

Bhí ról lárnach ag an gcóras oideachais in athshealbhú agus leathnú na teanga (Coady & Ó Laoire, 2002) mar ó 1922 bhí sé riachtanach Gaeilge a bheith agat i ngach gné den riarachán poiblí (Romaine, 1997). Bhí Gaeilge riachtanach sa Státseirbhís ó 1925 le scrúdú scríofa faoi leith agus béaltrial d'iarthóirí a bhí ag lorg postanna ann ó 1931. Bhí inniúlacht sa Ghaeilge riachtanach le haghaidh iontrála sa státseirbhís, ins na Gardaí agus san arm (Ó Laoire, 2005).

Bhíothas ag iarraidh an Ghaeilge a athshealbhú go húdarásach mar theanga labhartha náisiúnta trí bhrú ó 1922. Polasaí aonteangach a bhí ann idir 1922 agus 1960 agus léiríonn figiúirí gur tháinig athrú suntasach ar an scéal. Luann Ó Riagáin (1997) gur méadaíodh ar lucht labhartha na Gaeilge ar fud na tíre. De réir CSO (2006) ba chainteoirí Gaeilge 18% den daonra i 1926. Ach i 2006 ba chainteoirí Gaeilge (daoine os cionn 3 bliana d'aois san áireamh) iad 42.4% (1650,982) den daonra iomlán (3,990,863). Ba mhéadú an-mhór é seo. Níor fhreagair 2.44% (97,327) an cheist faoi Ghaeilge. Taispeánann na figiúirí seo go raibh ag éirí leis an rialtas líon lucht labhartha na Gaeilge a mhéadú.

2.1.5 Eagrais, Comhairlí agus Coimisiún a bunaíodh chun an Ghaeilge a chur chun cinn.

Bunaíodh Gael Linn i 1953 agus lorgaíodh tacaíocht an Rialtais le haghaidh tionscnamh nua pleanála a chur i gcrích. Bhí sé seo le déanamh trí fhaisnéis ar chluichí peile. D'éirigh go seoigh leis na tionscnaimh de réir Ó Laoire (2005) trí dhaltaí a chur chun na Gaeltachta ar scoláireachtaí trí mhí, comhlucht a bhunú chun scannáin ghearra trí Ghaeilge a léiriú, drámaíocht trí Ghaeilge a spreagadh, ceol traidisiúnta Gaelach a thaifeadh agus a chur ar fáil don phobal agus tionscail a bhunú sa Ghaeltacht. Ach d'ainneoin obair Gael Linn ins na caogaidí agus na seascaidí, bhí ábhair theangeolaíochta agus chultúrtha ag géilleadh do riachtanais a bhain le cúrsaí eacnamaíochta, cúrsaí bochtanais agus imirce.

Ceapadh An Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge 1958 chun an Ghaeilge a athshealbhú agus chun scéimeanna a cheapadh chun a leithéid a chur i gcrích. Anois don chéad uair léirigh an Coimisiún sintéis a bhain le dearcadh agus mothúcháin i dtaobh na teanga agus bhí ar an Rialtas polasaí athnuachana a cheapadh. Bhí claonadh ann anois tábhacht na scoile in athshealbhú na

Gaeilge a laghdú - a mhalairt ar fad ar pholasáí an Rialtais roimhe sin (Ó Laoire, 2005). Foilsíodh Paipéar Bán 1965 ar ar glaoth ‘Athbheochan na Gaeilge -: *The Restoration of the Irish Language* mar fhreagra ar na 288 moltaí ón gCoimisiún um Athbheochan na Gaeilge 1958 agus admhaíodh stádas láidir an Bhéarla taobh amuigh den Ghaeltacht cé gur chóir go mbeadh an Ghaeilge i dtús áite agus go ndéanfaí gach iarracht í a chur chun cinn ó thaobh cumarsáide:

Irish must have primary place as the national language and every effort will be made to extend and intensify its use. Nevertheless for a considerable time ahead, English will remain the language chiefly used outside the Gaeltacht for various purposes; (White Paper, 1965: 1. 10).

2.1.6 An Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus múineadh na Gaeilge

Mar aon leis na páipéir scríofa Ardteistiméireachta tosaíodh ar bhéaltriall Ardteistiméireachta sa Ghaeilge i 1960. B’shin dul chun cinn suntasach. Ach, má bhí dul chun cinn ansin, bhí cúlú i leith na teanga sa bhliain chéanna. Céim ar aghaidh ach ansin céim siar a bhí ann. Bhí sé aisteach gur cuireadh ciorclán amach sa bhliain díreach céanna, 1960, ón Roinn Oideachais inar léiríodh go raibh sé de cheart ag an múinteoir múineadh trí mheán na Gaeilge nó an Ghaeilge a mhúineadh mar ábhar (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta 1960). Bhí rogha anois ag múinteoir an Ghaeilge a mhúineadh mar ábhar cosúil le haon ábhar eile seachas mar theanga.

Luann Ó Duibhir (2009) ceithre cúiseanna le meath na Gaeilge tríd na blianta: i) dúnadh na gcoláistí ullmhúcháin i 1926 a chuir iarratasóirí chuig na coláistí oiliúna oideachais, ii) deireadh leis an riail a chinntigh go múinfí gach ábhar trí Ghaeilge sna ranganna naíonán, iii) Tuarascáil Mhic Conmara (1966) a dhearbhaigh go raibh tionchar díobhálach á dhéanamh ar chumas foghlama daltaí a bhí á mhúineadh trí mheán na Gaeilge agus iv) deireadh le hoiliúint bunmhúinteoirí trí Ghaeilge (1960) sna coláistí oiliúna oideachais sa Phoblacht.

Bunaíodh Comhairle na Gaeilge i 1970, áfach, chun athbhreithniú a dhéanamh ar an nGaeilge agus mar chomhairle Rialtais i dtaobh ghníomhaithe polasaí i leith na teanga Gaeilge. Dhírigh sé aire an Rialtais ar dhátheangachas (Ó Laoire, 2005) agus bhí athrú polasaithe le sonrú. Polasaí aonteach a bhí ann ó 1922-1960 agus bhí soiléiriú polasaithe leis, ó 1970 ar aghaidh. Coimeádadh Riail na Gaeilge - sé sin Gaeilge éigeantach - ins na scoileanna agus d’ullmhaigh

Comhairle na Gaeilge páipéar ar dhátheangachas. Scríobh an tOllamh Máirtín Ó Murchú *Urlabhra agus Pobal, Language and Community* i 1970 faoi bhunchoincheapa teangeolaíochta agus dhátheangachas agus faoi stádas na teanga. Thuig Comhairle na Gaeilge, de bharr moltaí Uí Mhurchú, go mbainfidís a gcuspóirí amach trí pholasaí an dátheangachais seachas polasaí aonteangach.

It became clear to Comhairle na Gaeilge following Ó Murchú's elaboration of a stable bilingualism, that their desired aim could be brought about, not by shifting to a monolingual Irish situation but by a situation whereby Irish would be a partner with English in a bilingual situation (Ó Laoire, 2005 l. 269).

Léirigh Tuarascáil *Implementing a Language Policy* (1972) moltaí le haghaidh gníomhaithe an pholasaí nua dhátheangachais. Ba iad na príomh-mholtaí ná go mbunófaí Bord na Gaeilge chun úsáid na Gaeilge a leathnú ar fud na tíre, go mbunófaí Údarás na Gaeltachta chun déileáil le cúrsaí Gaeltachta agus go mbeadh an dá bhord seo faoi Roinn nua – Roinn na Gaeilge. Ag an am céanna, áfach, i 1973 cuireadh in iúl nár ghá pas sa Ghaeilge sa Mheánteistiméireacht ná san Ardeistiméireacht a thuilleadh chun Teastas a fháil. B'shin athrú suntasach ó riail a bhí ann ó 1933. Dúirt an tAire Oideachais sa Dáil gurbh é ceann de na fachtóirí ba mhó ba chúis leis an naimhdeas i leith na teanga ná an riail a deir go bhfuil pas sa Ghaeilge riachtanach chun Teastas a bhaint amach san Ardeistimeireacht nó sa Mheánteistiméireacht (Burke, 1973).

Ní raibh Comhairle na Gaeilge sásta leis seo, mar a léirigh siad i *Towards an Irish Language Policy* (Ó Laoire, 2005). I 1976 luaigh An Roinn Oideachais go raibh titim thromchúiseach i gcaighdeán agus i ndearcadh múinteoirí bunscoile i leith na Gaeilge ó 1974 go 1975. Dúirt Tuarascáil na Roinne go raibh an-chuid múinteoirí neamhinniúil ar labhairt na Gaeilge, go raibh dearcadh naimhdeach ag mic léinn coláistí oiliúna i leith na Gaeilge agus go raibh úsáid na Gaeilge easnamhach ins na rangsheomraí (An Roinn Oideachais 1976). I 1975 socraíodh nár ghá eolas faoin nGaeilge chun bheith mar Státseirbhíseach (Ciorclán 43/75). I 1978 bunaíodh Roinn na Gaeilge. Bhí Bord na Gaeilge (a raibh de chuspóir aige an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga bheo agus mar mheán cumarsáide) agus Údarás na Gaeltachta (a bhainfeadh le cúrsaí Gaeltachta) le bheith faoi cheannas na Roinne nua.

I 1983 d'fhoilsigh Bord na Gaeilge *An Action Plan for Irish* – Plean Straitéise Deich mBliana, toisc inní faoi mheathlú na teanga sa Ghaeltacht agus an Ghaeilge mar theanga phobail a bheith i gcontúirt. Luadh go raibh ceannaireacht agus freagarthacht ón Rialtas riachtanach maidir le haon phleanáil teanga agus straitéis a bhí i gceist. Luadh sonraí a bhain le hoiliúint múinteoirí agus an Ghaeilge, cúrsaí inseirbhíse sa Ghaeilge do mhúinteoirí, forbairt náiscoilleana agus Gaelscoilleana agus easnaimh a bhí ann maidir le forbairt na teanga mar mheán cumarsáide i measc an phobail. Sa bhliain chéanna, áfach, cuireadh deireadh leis an scrúdú le haghaidh Cheardteastas na Gaeilge. Ionann san agus a rá nár ghá Gaeilge a thuilleadh ag múinteoirí dara leibhéal (nár úsáid an Ghaeilge mar chuid dá gcúraimí) chun go nglacfaí mar mhúinteoirí ar an dara leibhéal iad (Ciorclán 22/00, 1999).

2.1.7 An Phoblacht, Tuaisceart Éireann agus an Ghaeilge

I 1999 bunaíodh Foras na Gaeilge in ionad Bhord na Gaeilge chun an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud na hÉireann uile (sa Phoblacht agus i dTuaisceart Éireann). Má tharlaíonn sé, áfach, go mbeidh polasaí comónta ar an dtaobh ó thuaidh agus ar an dtaobh ó dheas den teorainn amach anseo, de bharr an phróisis síochána, beidh impleachtaí doimhne do chúrsaí oideachais sa Phoblacht (Coady & Ó Laoire, 2002). San idirbheartaíocht idir an Phoblacht agus Tuaisceart Éireann – sa Phróiseas Síochána, tá polasaí teanga Uile Éireann le bunú, cinnte. Nuair a tharlóidh sé sin nascfar dhá staid le chéile – stádas amháin ina bhfuil an Ghaeilge mar chuid den chlár náisiúnaíoch agus stádas eile – stádas na Poblachta ina bhfuil an Ghaeilge ina hiarchéim náisiúnaíoch. Cé go bhfuil an Ghaeilge níos láidre sa Phoblacht ná sa Tuaisceart, d'fhéadfadh sé a tharlú go dtabharfaí spreagadh polaitiúil teanga don Phoblacht nó go gcabhródh stádas na Gaeilge sa Tuaisceart le maolú ar pholasaí teanga na Poblachta. Tá rud eile i gceist – is ábhar roghnach í an Ghaeilge sa Tuaisceart i gcúrsaí oideachais ach is ábhar éigeantach sa Phoblacht í (Ó Riagain, 1997).

Bhí sé deacair agus tá sé deacair sochaí aonteangach nó dhátheangach a bhaint amach toisc an t-éileamh atá ar theangacha idirnáisiúnta mar an Béarla agus an Fhraincis. Tá an reachtaíocht againn in Éirinn ceart go leor ach mar a deir Strubell (1999) ní féidir teanga a shlánú trí

reachtaíocht. Ní féidir daoine ‘a pholasú’. Ní féidir brath ina iomlán ar fheachtais rialtais nó ar fheachtais pholaitíochta chun teanga a shábháil. Dúirt sé gurbh ar mhuintir Catalonia atá an dualgas an teanga a chaomhnú agus a choimeád.

2.1.8 Céimeanna sábháilteachta teanga

Tá céimeanna cinnte i gceist maidir le sábháilteacht teanga. Caithfear a chinntiú go múintear agus go gcleachtaítear an teanga ins na scoileanna - sé sin - go mbeadh tarchur idirghiniúnach ann. Muna múintear teanga, téann sí i laige agus faigheann sí bás. Maraon leis sin tá an chumhacht agus dea-thoil an phobail riachtanach. Ní féidir an teanga a dhaingniú agus a chur ar aghaidh ó ghlúin go glúin gan chúnamh na gclann. Ag an am céanna ní féidir brú a chur orthu, mar tógann tuismitheoirí a gclann ina slí phríobháideach féin (Strubell, 1999). Tá bá agus tacaíocht agus comhoibriú an chomhluidair máguaird riachtanach, chun an dátheangachas agus labhairt na Gaeilge a chur chun cinn. Ní hamháin san ach tá comhaontú polaitíochta ar leibhéal náisiúnta i dtaobh na teanga, riachtanach leis (Harris, 2008). Ba chuspóir é ag Bord na Gaeilge, an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga bheo. Luaigh an Bord easnaimh maidir le háiseanna agus struchtúir agus ceantair ina bhféadfadh daoine teacht le chéile chun cumarsáid a bheith acu trí Ghaeilge. Deir Harris (2008) nach gcloistear an Ghaeilge mar theanga cumarsáide ach go hannamh taobh amuigh den Ghaeltacht agus mar sin go bhfuil an córas oideachais fíorthábhachtach i ngach rud a dhéantar chun é seo a chúiteamh taobh amuigh den Ghaeltacht.

2.1.9 Gaelscoileanna

Bhí feabhas ag teacht ar an scéal. Bhí 4% de bhunscoileanna na tíre ag teagasc trí Ghaeilge i 1930 agus 12% i 1940. Cé go ndeir Harris (2002) gur tháinig meath ar oideachas dhátheangach agus ar oideachas trí Ghaeilge, tháinig borradh ar Gaelscoileanna ó 1974 toisc éileamh tuismitheoirí. I 1975-1976 bhí 14 Gaelscoileanna sa tír ach faoi 1999-2000 bhí 144 ann (Coady & Ó Laoire, 2002). B’iontach ar fad fás na nGaelscoileanna.

Is é an ghluaiseacht Gaelscoile an ghluaiseacht is mó agus is rathúla de na gluaiseachtaí Eorpacha a bhaineann le cláracha tumoideachais teangacha agus a thugann spreagadh do tionscnaimh tumoideachais eile ar fud na hEorpa, mar shampla, Gaeilge na hAlban, Gaeilge Mhanainn ar Oileán Mhanainn, *Euskera* in iardheisceart na Fraince agus sa Spáinn, *Occitan* i nDeisceart na Fraince, gleannta na hIodáile, agus Gleann Aran na Spáinne, *Catalan* sa Spáinn agus Briotáinis i mBriotáin na Fraince (An tÚdarás Scoileanna, 2010).

Féachtar ar fhás agus ar fhorbairt Gaelscoileanna mar chlaonadh nua oideachais seachas casadh ón réamhchóras (Ó Riagain, 1997). De réir leagan amach Churaclam na Gaeilge ní ghlactar go bhfuil difríocht idé-eolaíoch idir scoileanna sa Ghaeltacht, scoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna ina múintear na hábhair eile trí Bhéarla ó thaobh bealaí oibre, modhanna múinte agus araile. Glactar leo/glacann An Roinn Oideachais leo mar ‘scoileanna’ – é sin go beacht. Bhí am ann leis, mar a luadh cheana anseo, nuair a bhí cóimheas múinteora le mic léinn fábrach do Ghaelscoileanna ach ón mbliain 1990 tá an cóimheas céanna faoi réim ins na bunscoileanna go léir, toisc brú láidir ó Chumann Múinteoirí Éireann (Coady & Ó Laoire, 2002). Ní theastaíonn ón gCumann aon aitheantas nó bá nó pribhléid ar leith a bheith ag aon scoil sa tír. Tá míbhuntáistí ar leith ag baint leis an mborradh nua Gaelscoileanna seo de réir roinnt múinteoirí bunscoile. Deirtear go bhfuil Gaelscoileanna ag mealladh daltaí a bhfuil dearcadh dearfa acu i leith na Gaeilge. Fágann seo bearna mhór agus easpa suime ins na scoileanna eile (*Foinse*, Bealtaine 2010).

Rud eile, cé go luaitear an dátheangachas mar pholasaí náisiúnta, tá tarraingt siar ar pholasaithe oideachais agus tacaithe i leith scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán teagaisc. Ní aithníonn an Roinn Oideachais agus Scileanna go bhfuil difríocht shuntasach oideolaíoch idir mhúineadh na teanga mar ábhar churaclaim agus í a bheith mar mheán múinteoireachta. Rud eile is féidir a rá, ná go bhfuil tarraingt siar suntasach i leith na Gaeilge, go bhfuil stádas idéalach na Gaeilge curtha i leataobh i bhfábhar na Gaeilge mar ghnáthábhar curaclaim (Coady & Ó Laoire, 2002). Is iad na príomh fachtóirí a bhaineann le múineadh na Gaeilge ó 1973 ná mí-oiriúnacht nuachúrsaí toisc gur tábhachtach ó thús cleachtadh agus úsáid na Gaeilge, ní hamháin i ranganna foirmiúla, ach go teagmhasach agus d’aon ghnó, i rith an lae go léir. Tá an Curaclam Nua ann ach ní dócha gur leor na modhanna múinte agus na háiseanna nua chun an scéal a leigheas ó

thaobh úsáide agus ardú caighdeáin na teanga i gcoitinne. Tá 3.5 uaire (íosmhéid) in aghaidh na seachtaine leagtha síos do mhúineadh na Gaeilge sa Churaclam Nua. Go minic, ní mhúintear aon Ghaeilge lasmuigh de na 3.5 uaire sin ag am áirithe i rith an lae. Ní mhúintear Gaeilge ag amanna eile ach le dea-thoil an mhúinteora. Ba fachtóir i gcónaí agus is fíorfachtóir fós é, múineadh agus cleachtadh na Gaeilge lasmuigh de na ranganna Ghaeilge (Harris, 2002).

Tá sé spéisiúil leis go bhfuil diúltaithe ag An Roinn Oideachas agus Scileanna aitheantas a bhronnadh ar sheacht gcinn d'iarratais le haghaidh Gaelscoileanna nua timpeall na tíre a bhí le bunú (Meán Fómhair, 2010) agus níor tugadh aitheantas d'aon Ghaelscoil nua ó 2008 (*Irish Times* 19.07.2010). I gcás Ráth Tó na Mí, mar shampla, luaigh an tAire Oideachais i ndiaidh mionanailíse nach dtabharfaí aitheantas do Ghaelscoil nua toisc nár leor an fás déimeagrafach sa cheantar, cé go ndeir comhairle bhunaithe na Gaelscoile go bhfuil 30 mac léinn cláraithe do gach bliain ó 2011 go 2014 i gceantar Ráth Tó (ibid).

2.1.10 Coláistí Samhraidh

Tá 50 coláistí Samhraidh faoi lán seoil i mí an Mheithimh, mí Iúil agus mí Lúnasa ar a bhfreastalaíonn c. 25,000 daltaí gach bliain ar feadh trí seachtainí (An Roinn Gnóthaí, Pobail agus Gaeltachta, 2010). Is ceann de na spriocanna atá ag an Roinn a eagraíonn na cúrsaí seo ná an Ghaeilge a chur chun cinn agus a chothú. Bunaíodh Scéim na bhFoghlaimoírí Gaeilge i 1972 in áit dhá scéim eile a bhí á riaradh ag Roinn na Gaeltachta ó 1956 agus ag an Roinn Oideachais roimhe sin. Ó bunaíodh Coláiste na Mumhan i mBéal Átha an Ghaorthaidh i gContae Chorcaí i 1903, tá líon na gColáistí Samhraidh ag dul ó neart go neart.

Tá ceithre aicme dhifriúla i gceist le cúrsaí: i) do oidí bunscoile, oidí iarbhunoideachais agus mic léinn na gcoláistí oideachais; ii) do dhaoine ocht mbliana déag d'aois ar a laghad. iii) oiliúint do chinnirí (do na coláistí Samhraidh ina mbíonn daoine óga 10-19) os cionn ocht mbliana déag d'aois ar bhliain an chúrsa. iv) Tá sé spéisiúil go mbaineann an ceathrú cúrsa le daoine idir 10-19 – cúrsaí ar ar fhreastail 70 as 157 de na bunmhúinteoirí (a d'fhreagair an ceistiúchán) a thug faoin SCG i 2008 agus iad i mbunscoileanna nó i meánscoileanna. Toisc gur imigh an 157

iarchéimithe chun na Breataine le haghaidh a gcáilithe ní raibh seans acu freastal mar a rinne mic léinn na gcoláistí oideachais in Éirinn, ar chúrsa mar i) thuas – go dtí gur thug siad faoin SCG agus na trí seachtainí dlite i gColáiste Gaeltachta.

Braitheann an líon daoine óga (10-19) a fhreastalaíonn ar na coláistí, ar thuismitheoirí agus ní ar scoileanna nó ar an gcóras oideachais. Tá cumann/eagras ann – ‘Ógras’ a thugann tacaíocht do pháistí agus daoine óga idir 8-19 an Ghaeilge a úsáid mar ghnáththeanga labhartha agus a dhéanann iad a ghríosadh agus a spreagadh dá réir. Tá 35 de na grúpaí seo timpeall na tíre a bhfuil a n-imeachtaí go léir trí Ghaeilge (An tÚdarás Gaelscoileanna, 2010). Tá cumarsáid a bheag nó a mhór ar siúl taobh amuigh den chóras oideachais mar a loirg Bord na Gaeilge, Comhairle na Gaeilge, Roinn na Gaeilge, Foras na Gaeilge agus Boird eile nach iad, cé gur daoine óga amháin atá i gceist. Mar sin, tá ár dtodhchaí agus todhchaí na teanga i seilbh an aosa óig.

2.1.11 Gaeilge sa Státseirbhís

Cé gurb í an Ghaeilge príomhtheanga oifigiúil na hÉireann agus polasaí na héigeantachta i gceist inár scoileanna (maidir le daltaí) chúlaimar go hoifigiúil, ó riachtanais atá dlite ar cheantair eile le teangacha forleathana. I gCiorclán 43/75 chuir an tAire Oideachais is Eolaíochta deireadh leis an riail a dúirt gur ghá Gaeilge a bheith i gceist le haghaidh iontrála sa Státseirbhís (Ciorclán 43/75). Tá sé fós i gceist le haghaidh ardú céime i ranna éagsúla Stáit cé gur luaigh an Coimisinéir Teanga nach bhfuil rialacha an chórais á gcoimeád ag leath d’oifigí agus oifigh an rialtais féin maidir lena gcomórtais inmheánacha le haghaidh ardú céime. (Ó Cuirreáin, 2005). D’aontaigh Bord na Gaeilge leis an dearcadh céanna i 1986 nuair a luaigh sé gurb amhlaidh a bhí tarraingt siar ar thacaíocht agus ar cheadú an Stáit i leith na Gaeilge sa Státseirbhís ag na céimeanna is airde cumhachta agus cáilithe (Bord na Gaeilge 1986)

Níl an smaoineamh céanna ag an mBord Breatnaise faoi éigeantacht i *gCymru* agus atá againne ó thaobh éigeantachta i leith na Gaeilge sa Státseirbhís nó i gcóras oideachais na hÉireann. Tá claonadh againn imeacht ó pholasaí na héigeantachta i leith na teanga mar a leiríodh i 1975 mar

shampla, ach ní mar sin atá sé i *gCymru*. Tá mórán ag brath ar an gcóras oideachais – ar mhúinteoirí scoile ach go háirithe agus admhaíonn saineolaithe i *gCymru* ag an am céanna gurbh é...’*the policy of quiet coercion*’ (May, 2000 l. 131) an polasaí is fearr. Deir sé go bhfuil mórán na ndaoine sásta i gcoitinne le Cymraeg éigeantach ins na scoileanna: ‘*the notion of language compulsion with formal education appears to be more readily acceptable by the majority of language speakers*’ (ibid).

2.1.12 Polasaí an Rialtais

Tá sé spéisiúil ó thaobh na staire de gur trí Ghaeilge a bhí imeachtaí na Chéad Dála in Áras an Ardmhéara i mBaile Átha Cliath ar an 21ú lá d’Eanáir 1919. Ceapadh ceathrar an lá céanna chun dul i mbun aistriúcháin agus nuair a fógraíodh Saorstát Éireann ar an 22ú lá d’Eanáir 1919, ceapadh foireann chun doicimeid a phróiseáil agus taifead a dhéanamh ar imeachtaí na Dála i nGaeilge agus i mBéarla. Tá Rannóg an Aistriúcháin ag obair sa Dáil ó shin i leith ag aistriú gach a ndeirtear as Gaeilge sa Dáil go Béarla agus ag aistriú na reachtaíochta go Gaeilge.

Tá sé spéisiúil go luaitear i gcéad tuarascáil bhliantúil an Choimisinéara Teanga (2004) ar fheidhmiú Achta na dTeangacha Oifigiúla (2003) gur thug Oifig na nDíospóireachtaí i dTithe an Oireachtais le fios, go raibh níos lú ná 1% de na díospóireachtaí sa Dáil agus sa Seanad as Gaeilge sa bhliain 2003-2004. Cé gur eisigh an tOireachtas Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003), an Ráiteas i leith na Gaeilge (2006) agus An Straitéis 20 bliain don Ghaeilge, níl an Rialtas páirteach ina bhfeidhmiú praiticiúil go dtí seo. Mar sin féin, is ceann de mhór-ráitis thábhachtacha na linne seo é, Ráiteas i Leith na Gaeilge (2006) agus is ar mhúinteoirí bunscoile agus orainn go léir atá na dualgais a bhaineann lena bhfeidhmiú agus tá a n-oiliúint siúd i múineadh na teanga ríthábhachtach. Ag eisiúint an ráitis ag an Nollaig 2006 dúirt an Taoiseach:

The aim of 20th century Government policies was to reinstate Irish as the main language spoken by the people, but the Government now plan to focus firmly on the practical development of a bilingual society where as many people as possible use both Irish and English with equal ease (Ráiteas i Leith na Gaeilge 2006).

Tá an Ráiteas seo tábhachtach de bhrí go neartaíonn sé polasaí an Rialtais i leith an dátheangachais. Dhearbhaigh Rialtas na hÉireann tacú le forbairt agus caomhnú na Gaeilge sa Ráiteas seo. Chinntigh an Rialtas go n-úsáidfí an Ráiteas seo mar bhunchloch do ghníomhaíochtaí chun leasa na Gaeilge agus go gcuirfí straitéis fiche bliain os comhair an phobail bunaithe ar thrí chuspóir déag (Ráiteas i Leith na Gaeilge, 2006 l. 5).

Dírítear sa tráchtas seo ar cuspóir a chúig ach go háirithe. I gcuspóir a cúig deimhníonn an Rialtas go múinfí an teanga ó leibhéal bunscoile go leibhéal na hArdteistiméireachta agus go gcuirfí airgead ar fáil d'fhorbairt phroifisiúnta múinteoirí, maraon le téacsleabhair oiriúnacha agus go mbeadh achmhainní ar fáil chun tacú le modhanna nua teagaisc agus foghlama (Ráiteas i Leith na Gaeilge, 2006). Baineann an cuspóir seo go dlúth le hoiliúint agus le cáiliú múinteoirí sa Phoblacht.

Cé go mbaineann an Bunreacht (1937) go dlúth le bunú an Stáit agus le huaimhianta a mbunaitheoirí, tá Airteagal a hOcht tnúthánach seachas a bheith praiticiúil agus cé go bhfuil Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003) agus an Ráiteas i leith na Gaeilge (2006) nua-aoiseach tá/bhí géarghá leis an Straitéis 20 bliain ó thaobh praiticiúlachta de.

2.1.13 Tuarascáil / Straitéis 20 bliain 2010

Fógraíodh Tuarascáil faoi Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge ar dtús i Feabhra 2009. Bhí cúram agus coimisiúnú na tuarascála ag An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Fostaíodh foireann idirnáisiúnta de shaineolaithe teanga trí chomórtas oscailte agus fógraíodh an cháipéis seo i ndiaidh taighde idirnáisiúnta agus machnamh. Baineann an tuarascáil le cúram agus athbheochan teanga agus le ról an dátheangachais i saol an lae inniu. Seo an tuarascáil is iomláine agus is cuimsithí a fógraíodh riamh i dtaobh na Gaeilge ó bhunú an Stáit. Tá an tuarascáil stairiúil agus leithleach de bhrí go dtráchtar ar gach gné de shaol an phobail: cúrsaí oideachais, riarachán, seirbhísí pobail, na meáin, teicneolaíocht, stádas oifigiúil na Gaeilge, agus an saol eacnamaíochta, mar aon leis na tionscnaimh atá le ceapadh agus an phleanáil atá le déanamh chun cuspóir na straitéise a bhaint amach. Is é an cuspóir sin ná go mbeadh 250,000

duine ag baint úsáide as an nGaeilge mar ghnáth-theanga laethúil faoi 2028. Tráchtann an straitéis ar bhunús agus ar chuspóir seo na straitéise, ar fachtóirí éagsúla a bhaineann leis agus ar ghníomhú na straitéise. Baineann an tuarascáil go dlúth le hathbhreithniú agus le hathbheochan na teanga i dteannta le príomh-mholtaí agus moltaí tánaisteacha faoi iomlánú moltaí agus teorice le haghaidh straitéise fadaimsearach, 'sé sin, sraith bealaí a mholadh, a spreagfaidh foghlaim agus úsáid na Gaeilge.

Ach, mar atá ráite cheana, is ar chuspóirí a bhaineann le cúrsaí oideachais agus ar bhunoideachas go príomha a dhírítear sa tráchtas seo. Luann Ráiteas an Rialtais i Leith na Gaeilge (2006) gurb iad aidhmeanna pholasaí an Rialtais i leith na Gaeilge 1) úsáid agus eolas ar an nGaeilge a mhéadú mar theanga phobail ar bhonn céimnithe 2) a chinntiú go bhfuil an oiread saoránach agus is féidir dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla agus 3) an Ghaeltacht a neartú mar phobal labhartha Gaeilge agus chomh maith leis sin, líon na dteaghlach, atá ina gcónaí laistigh den Stát a bhfuil an Ghaeilge mar theanga laethúil acu, a mhéadú.

Moltar páirt-tumadh sa Ghaeilge a bheith ar fáil do gach dalta ag tosú le rang na naíonán. Moltar forbairt ghairmiúil chuimsitheach do gach múinteoir chun tacú leis an gclár páirt-tumtha. Moladh leis ábhair agus acmhainní a chur ar fáil do chláir pháirt-tumtha, tacaíocht a thabhairt don chóras lán-tumoideachais agus gníomhaíochtaí a chur ar fáil do pháistí lasmuigh d'am scoile.

Moltar Gaeilge ghairmiúil mar ábhar i gcoláistí oiliúna múinteoirí. Moltar chomh maith go múinfear ábhair eile, seachas Gaeilge, trí mheán na Gaeilge ins na coláistí céanna agus go gcinnteofar go dtabharfar gach cabhair do mhúinteoirí a n-eolas faoin nGaeilge, faoi litríocht na Gaeilge agus faoi staid shochtheangeolaíocht na Gaeilge a leathnú. Moltar leis, Cúrsa Baitsiléara Oideachais trí Ghaeilge a bheith ar fáil, cúrsa nach bhfuil ar fáil in aon choláiste oiliúna oideachais i láthair na huaire.

Moladh eile atá ann ná go gceapfaí Aire na Gaeilge, go mbunófaí scéimeanna chun Gaeilge a chur chun cinn i Ranna Stáit agus sa Statseirbhís i gcoitinne. Deir an Coimisinéir Teanga gur dúshlán anois é an Straitéis a neartú agus a chur i bhfeidhm go cuí agus go hiomlán (Ó Cuirreáin, 2010a) Moltar curaclam nua Gaeilge do bhunscoileanna, meánscoileanna agus don tríú leibhéal. Lorgáítear go mbeadh meastóireacht chaighdeánach náisiúnta cluastuisceana agus cainte i

mbunscoileanna agus i meánscoileanna. Tá cur síos ar scéimeanna a fhéadfaí a chur i gcrích agus ar chúrsaí a fhéadfaí a reachtáil agus ar sheirbhísí tacaíochta eile.

Ceann de na rudaí is spéisiúla sa straitéis seo ná go luaitear agus go lorgáítear agus go moltar cúrsaí réamhsheirbhíse agus inseirbhíse sa Ghaeilge chun go sroichfeadh múinteoirí caighdeán sa Ghaeilge atá riachtanach le haghaidh múinteoireachta ranga. Moltar breis ama sa Ghaeltacht d'ábhar oidí sna coláistí oideachais. Luaitear go mbeadh an Ghaeilge ghairmiúil ina croí-ábhar ins na coláistí oiliúna oideachais agus na cúrsaí staidéara fochéime ar siúl. Ba cheart leis go múiní réimse ábhar eile trí Ghaeilge seachas an Ghaeilge féin. Luaitear clár mar Erasmus do mhic léinn trína bhféadfaidís iad féin 'a chumasú le clár acadúil leathnaithe Gaeilge' trí thréimhse a chaitheamh i gceantar Gaeltachta agus go meallfaí mic léinn le hardchumas sa Ghaeilge trí thionscnaimh nua (l. 19). Séard a bheadh i gceist ná scéim scoláireachta a bhunú do mhúinteoirí ar mian leo tréimhsí a chaitheamh sa Ghaeltacht ag cur feabhais ar a gcuid Gaeilge.

Tá easpa suntasach sa Straitéis i dtaobh iarrthóirí ar chúrsaí oideachais do bhunmhúinteoirí ins na colaistí oiliúna. Seachas fiche faoin gcéad d'áiteanna sna coláistí oideachais a chur ar leataobh d'iarrthóirí Gaeltachta agus d'iarrthóirí ar ard-chaighdeán Gaeilge, ní thráchtar faoi riachtanais le haghaidh iontrála ins na coláistí sin ó thaobh na Gaeilge, seachas a rá gur cheart a chinntiú go sroichfeadh múinteoirí an caighdeán ard atá riachtanach, i dtreo is go mbeidís muiníneach as a n-éifeachtacht. Cé go n-oiltear iad siúd i ngach gné den oideachas tá a n-oiliúint easnamhach ó thaobh na Gaeilge dhe mar a luaitear ins an suirbhé sa tráchtas seo.

2.1.14 Oiliúint Múinteoirí.

Tá a lán ag brath ar an gcóras oiliúna do bhunmhúinteoirí. Cé go bhfuil athruithe molta ag An Roinn Oideachais agus Scileanna i dtaobh cláracha oiliúna do mhúinteoirí agus béim á chur ar chláracha eolaíochta agus teanga, níl aon rud cinnte ráite faoi mhúineadh na Gaeilge sa Straitéis 20 Bliain. Tá an Tuarascáil faoi Straitéis 20 bliain seo ar fáil agus glactha anois (2010) ag An Aire Oideachais agus Eolaíochta. Tá comhlánú agus gníomhú na Tuarascála ag brath, dar ndóigh, ar shuim, ar dhúthracht, ar dháiríreacht agus ar ghníomhú an rialtais a bhíonn nó a bheidh i gcumhacht, ar na Ranna Stáit agus ar an Státseirbhís go háirithe. Tá todhchaí na teanga éiginnte, doiléir. Tá sé seo glan i gcoinne moltaí na Tuarascála. Ach tá ceist éigeantachta na Gaeilge san Ardeistiméireacht go mór faoi chaibidil fós. Ó eisíodh na ráitis thuasluaite, tá an rialtas ag seasamh le stádas na Gaeilge mar chroí-ábhar sa churaclam (maraon leis an mBéarla agus leis an Matamaitic) don Ardeistiméireacht.

Deir Furlong (2011) go bhfuil brú anois orainn, nuachláracha tumoideachais a cheapadh agus a chur ar fáil a thabharfadh bunsráitheanna teoiriciúla agus rianúlachta do mhúinteoirí teanga Éireannacha, a chabhródh leo an Ghaeilge féin a mhúineadh agus í a bheith mar mheán teagaisc ag an am céanna. Má dhéantar san, bainfear úsáid as cleachtais fhóna, mar aon le modhanna agus straitéisí a bhaineann le múineadh agus foghlaim teangacha eile.

Deir an rialtas go bhfuil dearcadh réalaíoch acu agus go bhforbróidh siad straitéis i leith na teanga. Deir siad go mbeidís ag tosú le hathchóiriú na teanga ins na bunscoileanna. Luaitear caighdeán íseal na Gaeilge i measc bunmhúinteoirí. Déanfaidh siad athchóiriú maidir leis an nGaeilge ar an dara leibhéal agus cuirfidh siad deireadh le haon saghas éignithe i leith na teanga (Oifig Fhine Gael, 2010). Deir Páirtí an Lucht Oibre go bhfuil sé de chuspóir acu fóram le haghaidh díospóireachta ar thodhchaí na Gaeilge mar theanga labhartha a bhunú ina mbeidh gach teascóg den tsochaí páirteach. Cinnteoidh siad go gcomhlíonfar gach a bhfuil leagtha síos in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Tabharfaidh an Rialtas tacaíocht chun an Ghaeilge a chur chun cinn do gach gné de chúrsaí oideachais ó thaobh oiliúint múinteoirí de, ach go háirithe (Oifig Pháirtí an Lucht Oibre, 2010). Ní féidir mórán a chur i gcrích dar ndóigh, gan chomhbhá,

dea-mhéin agus comhoibriú Chumann Múinteoirí Náisiúnta Éireann, foirne coláistí oiliúna agus ollscoile, príomhoidí agus gnáthmhúinteoirí, boird bhainistíochta agus tuismitheoirí.

2.1.15 Suim múscaillte sa teanga arís in ainneoin athruithe sa tsochaí

Ach i gcoitinne, is céim ar aghaidh í seachas cúlú agus tréigean na teanga go bhfuil suim múscaillte sa teanga arís agus go bhfuil níos mó cainte is díospóireachta fúithi. Tá ré nua dúshlánach eacnamaíochta tagtha chugainn atá ag déanamh scrios ar gach rud is ansa linn, gach uile ghné dár n-institiúidí agus dár gclannstrúctúir féin, agus is deacair déileáil leis nó bheith réidh chuige. Tá dúshlán á thabhairt faoi nithe ar nós náisiúin, creidimh agus tradisiún agus óg agus sean ag gluaiseacht ar bhealach nach raibh á dhéanamh acu cheana agus tá sochaí an duine daonna ag dul trí athruithe nach bhfuil siad réidh chucu. (Straitéis 20 Bliain i Leith na Gaeilge, 2010 l. 39) Má éiríonn leis an Rialtas tosú ar an obair de réir moltaí na tuarascála, feicfidimid ré nua athbheochana teanga. Cuimhnimis leis go bhfuil ár gcomharsana – tíortha eile an Aontais Eorpaigh linn agus báuil linn inár n-iarrachtaí ar son sochaí ilteangaí -: ‘...An tAontas Eorpach san áireamh, áit a bhfuil straitéisí don ilteangachas á gcur chun cinn go gníomhach.’ (ibid, l.39) Tá polasaí oifigiúil teanga mar chúram ar gach stát. Ag an am céanna, is é dearcadh agus fonn An Aontais Eorpaigh sa chás seo ná go mbeadh saoránaigh An Aontais Eorpaigh ilteangach. Ag trácht ar chuspóirí agus ar phrionsabail, luaitear gur cheart go réiteodh grúpaí éagsúla lena chéile go teangeolaíoch, go nglacfaí le mionteangacha agus le teangacha éagsúla réigiúnacha le hurraim agus le meas. Deir an Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha agus Mionlaigh gur chóir go mbeadh an meas agus an urraim chéanna mar chuspóir oideachais agus gur cheart go molfaí go mbeadh na cuspóirí díreach céanna ag na meáin:

The parties undertake to promote by appropriate measures, mutual understanding between all the linguistic groups of the country and in particular the inclusion of respect and understanding and tolerance in relation to minority or regional languages among the objectives of education and training provided within their countries and encouragement of the mass media to pursue the same objectives. (An Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha agus Mionlaigh, 1992, Art. 7, cuid 2).

Tugadh stádas *Treaty Language* don Ghaeilge – teanga oifigiúil na hÉireann, i 1973. Glacadh leis an nGaeilge go hoifigiúil mar an t-aonú teanga is fiche de theangacha An Aontais Eorpaigh i 2005. Glacadh leis an nGaeilge mar *an official working language* an Aontais ar an 1ú lá d'Eanáir 2007.

2.1.16 Stádas neamhghnách na Gaeilge.

Luaitear i nDaonáireamh na hÉireann 2002 go bhfuil cumas labhartha na Gaeilge ag 42% den daonra agus gur teanga laethúil cumarsáide ag 3% de dhaonra na tíre í (Ráiteas i Leith na Gaeilge 2006). Is léir gurb í an Ghaeilge an teanga is lú úsáid go huimhriúil i measc teangacha oifigiúla an Aontais. Mar is léir anseo tá stádas an-neamhghnách agus an-difriúil ag an nGaeilge i gcomhthéacs teangacha eile An Aontais Eorpaigh, toisc gurb í céad teanga na hÉireann de réir Bunreacht í ach, go fírinneach agus go réalaíoch, ní gnáth-theanga labhartha na tíre ar chor ar bith í, mar tá léirithe cheana anseo.

Admhaíonn Hindley (1990) gur theanga ar leith í an Ghaeilge sa mhéid go n-aithnítear mar chéad theanga oifigiúil an Stait í cé nach labhraíonn ach mionlach í. Deir sé go bhfuil ról na Gaeilge srianta de bhrí go bhfuil a príomhaíocht siombalach seachas réalaíoch.

Is léir, mar sin, go bhfuil difríocht shuntasach idir stádas na Gaeilge agus stádas teangacha neamhghnách An Aontais Eorpaigh, mar go réalaíoch, cé go n-aithnítear go hoifigiúil í mar theanga oifigiúil na hÉireann, is teanga neamhghnách go neamhoifigiúil í! Admhaíonn Colin Williams féin, saineolaí teanga agus duine a bhí ar an bhfoireann saineolaithe a cheap Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, go bhfuil staid dhébhrioch na teanga neamhghnách agus aisteach go leor. Luann sé stádas aisteach na Gaeilge – gurb í an Ghaeilge céadteanga oifigiúil an Stait cé go labhraíonn móramh an phobail Béarla (Williams, 2000).

2.2 Achoimre

Tá difríocht shuntasach idir stádas oifigiúil agus stádas réalaitoch na teanga. B'í aidhm an rialtais ó 1922 an Ghaeilge a bheith mar mheán teagaisc do gach ábhar. Deineadh iarracht an náisiún a Ghaelú trí bhrú agus d'éirigh go maith leis an bpolasaí ar dtús. Ach, faoi 1958 bhí scéimeanna á gceapadh chun an teanga a athshealbhú. Ó 1970 cinneadh ar pholasaí dátheangach le Béarla agus Gaeilge a bheith ar comhchéim. Tháinig borradh ar Ghaelscoileanna i rith an ama sin, go dtí go raibh 144 díobh ann faoi 2000. Thug an fhorbairt sin ardú meanman do Ghaeilgeoirí. Thaispeáin fás na nGaelscoileanna nach raibh muintir na hÉireann réidh cúl a thabhairt leis an teanga. Ach ag an am céanna, bhí cúlú oifigiúil rialtais i leith na teanga. De réir ciorclán rialtais 1973 níor ghá pas a fháil i nGaeilge na Meánteistiméireachta nó i nGaeilge na hArdeistiméireachta chun pas d'fháil sna scrúduithe Stait sin. Cuireadh deireadh i 1975 leis an riail a dúirt go gcaithfeadh Gaeilge a bheith acu siúd ar mhian leo bheith mar státseirbhísigh agus i 1999 cuireadh deireadh leis an riail a dúirt go gcaithfeadh gach meánmhúinteoir nó aon mhúinteoir a bhí ag obair faoi choiste gairmoideachais, an Ceardteastas sa Ghaeilge a bheith aige/aici. Trí thuarascáil an Choimisinéara Teanga, a ceapadh de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003), taispeánadh go soiléir nach bhféadfadh an ceathrú cuid de Ranna agus oifigí Stáit, leibhéal seirbhíse trí Ghaeilge a chur ar fáil do chustaiméirí. Ach is cúis áthais fós nach bhfuil titim sna huimhreacha ó bhunscoileanna agus meánscoileanna a chaitheann tréimhse trí seachtainí i gceann de na 50 coláistí Samhraidh Gaeltachta go bliantúil. Dheimhnigh an rialtas leis trín Ráiteas i Leith na Gaeilge (2006) go gcabhródís le forbairt phroifisiúnta múinteoirí maraon le téacsleabhair oiriúnacha agus go mbeadh acmhainní ar fáil chun cabhrú agus chun tacú le modhanna nua teagaisc agus foghlama. Díríonn an Straitéis i leith na Gaeilge ar chúrsaí oideachais agus ar gach gné eile de shaol an phobail. Ceann de na pointí is suimiúla sa Straitéis ná go lorgáitear agus go moltar cúrsaí réamhsheirbhíse agus inseirbhíse chun go sroichfeadh múinteoirí caighdeán sa Ghaeilge atá riachtanach le haghaidh múinteoireachta ranga. Seo pointe a bhfuil tagairtí ar leith faoi i bhfreagraí an cheistiúcháin agus sna hagallaimh le hoideachasóirí.

Caibidil 3. An Ghluaiseacht chun cáilithe mar bhunmhúinteoirí.

3.0 Réamhrá

Sa chaibidil seo tá cur síos ar cháiliú bunmhúinteoirí a dteastaíonn uathu múineadh in Éirinn. Tá léiriú ar chúig ghrúpa agus ar an gcúrsa iarchéime ach go háirithe. Tugtar cuntas anseo, leis, faoi stair na hiarchéime agus faoi roghnú iarrthóirí don iarchéim oideachais trí na hagallaimh iontrála. Tá léiriú ar Choláiste Hibernia, coláiste príobháideach oideachais. Tráchtar faoi imeacht iarchéimithe thar lear, filleadh iarchéimithe atá cáilithe mar bhunmhúinteoirí go hÉirinn, an SCG agus a himpleachtaí agus turraing na mbunmhúinteoirí a oiltear thar lear ar an gcóras bunscoile. Tá cuntas faoin gcabhair atá ar fáil ag na nua-bhunmhúinteoirí seo sna bunscoileanna, socrúithe nua faoi oiliúint múinteoirí agus léiriú trín Phróifíl Bheartas Oideachais Teanga (PBOT) ar stádas na teanga faoi láthair sna scoileanna.

Cáilítear mic léinn sa Phoblacht, de ghnáth, mar bhunmhúinteoirí tríd an mBaitsiléireacht Oideachais i ndiaidh na hArdteistiméireachta. Baineann an córas cáilithe lena gcumas sa Ghaeilge cé go bhfuil riachtanais iontrála eile le sásamh acu. Má tá Ardleibhéal Gaeilge ag mic léinn san Ardteistiméireacht nó Céad Ealaíona ollscoile sa Ghaeilge acu, sásaíonn siad ceann antábhachtach de riachtanais iontrála na gcoláistí oiliúna oideachais anseo. D'fhéadfaí iad a ghlacadh isteach i gceann de na coláistí oiliúna oideachais in Éirinn i ndiaidh na hArdteistiméireachta, don Bhaitsiléireacht Oideachais (ar chúrsa trí bliana) nó níos déanaí, mar mhic léinn iarchéime (ar chúrsa ocht mí dhéag). Muna mbíonn an riachtanas iontrála seo i dtaobh na Gaeilge acu, ní fhéadfaí iad a ghlacadh mar mhic léinn in aon cheann de na coláistí oiliúna oideachais anseo, coláistí stáit nó coláistí príobháideacha. Caithfidh siad smaoineamh ansin ar chóras cáilithe eile - thar lear. Tá daoine éagsúla i gceist anseo:

- a) Na daoine a ghactar ar an gcúrsa trí bliana anseo in Éirinn le haghaidh na Baitsiléireachta Oideachais i ndiaidh na hArdteistimeireachta.

- b) Na mic léinn gur mhaith leo bheith ina mbunmhúinteoirí ach nach sásaíonn riachtanais na gcoláistí oiliúna oideachais anseo in Éirinn de bharr a dtorthaí san Ardteistiméireacht ó thaobh pointí de nó ó thaobh na Gaeilge de. Baineann roinnt mhaith acu san céim eile amach anseo nó thar lear ar a ngluaiseacht chun cáilithe mar bhunmhúinteoirí.
- c) Tá dream ann, gan riachtanais iontrála don iarchéim in Éirinn acu, nach smaoiníonn ar bhunmhúinteoireacht go dtí go mbaineann siad céim ollscoile amach anseo in Éirinn.
- d) Daoine eile a shásaíonn riachtanais iontrála na gcoláistí oiliúna oideachais in Éirinn ó thaobh na Gaeilge de. Tá seans eile acu, i ndiaidh céim de shaghas eile a bhaint amach, tabhairt faoin iarchéim ocht mí dhéag i gcoláiste oiliúna oideachais anseo. Éiríonn le méid áirithe díobh seo áit a fháil ar an gcúrsa iarchéime. Tá gá iniúchadh a dhéanamh ar an gcóras roghnaithe seo don iarchéim oideachais ós rud é gur theip ar 24 (13.5%) de lucht SCG na bliana 2008 (a d'fhreagair an ceistiúchán) áit a fháil ar an gcúrsa iarchéime sna coláistí oiliúna oideachais anseo.

3.1 Stair na hIarchéime Oideachais in Éirinn

Tá cúrsa Iarchéime Oideachais ann dóibh siúd a dteastaíonn uathu bheith mar bhunmhúinteoirí i mbunscoileanna na Poblachta. Tosaíodh ar an gcúrsa iarchéime bliana seo i 1960 i gColáiste Phádraig, Droim Conrach toisc go raibh gá le múinteoirí breise. Leath sé go Coláiste Oiliúna Carysfort agus go dtí Coláiste Mhuire gan Smál i Luimneach. Ní raibh a leithéid i gColáiste Mhuire Marino, i gColáiste Froebel ná i gColáiste Eaglais na hÉireann. Comhcheanglaíodh na coláistí oideachais leis na hOllscoileanna i 1975/76 agus coimeádadh an córas iontrála céanna a bhí ann don B.Ed., do mhic léinn aibí agus d'iarchéimithe. I 1976 d'iarr An tAire Oideachais agus Eolaíochta ar na coláistí oideachais eile, cúrsa iarchéime bliana a chur ar fáil freisin. Ghlac Coláiste Froebel agus Coláiste Oideachais Marino (MIE) leis an gcuireadh agus mar sin bhí cúrsa iarchéime ar siúl sna cúig coláistí – Coláiste Phádraig, Coláiste Carysfort, Coláiste Mhuire gan Smál i Luimneach, Coláiste Froebel agus Coláiste Oideachais Marino, ó Eanáir go Nollaig 1978. An príomhsmaoineamh a bhí ag An Roinn Oideachais is Eolaíochta ná folúntais múinteoirí

ins na bunscoileanna a líonadh. B'shin príomhghné an chúrsa iarchéime ag an am. Cuireadh deireadh leis an gcúrsa i 1978 mar bhí an iomad múinteoirí ar fáil. Laghdaíodh freisin ar an uimhir ar an gCúrsa Baitsiléara Oideachais.

Bhí caint ar insealbhú an chúrsa iarchéime i 1994 nuair a thuig An Roinn Oideachais agus Eolaíochta go mbeadh ganntanas múinteoirí ann arís. Mhol na coláistí go mbeadh cúrsa dhá bhliain i gceist an t-am seo. Mar chomhghéilleadh, socraíodh ar chúrsa ocht mí dhéag. Sin mar atá sé ó shin. Theastaigh ó Chumann Múinteoirí Éireann gur cúrsa ollscoile a bheadh ar fáil agus socraíodh é seo i dteannta leis an gclár don Bhaitiléireacht Oideachais a bhí ann cheana. Chiollaigh sé seo go mbeadh agus go mbíonn ar mhic léinn Choláiste Froebel agus Choláiste Oideachais Marino freastal ar Choláiste na Tríonóide lá amháin in aghaidh na seachtaine i rith an chúrsa. Cuireadh tús leis na cúrsaí nua seo i mí Eanáir 1996.

Foirne na gColáistí Oideachais a eagraíonn agus a riaráíonn na hagallaimh iontrála do na hiarchéimithe oideachais. Reachtáileann Coláiste Phádraig, Coláiste Froebel agus Coláiste Oideachais Marino i mBaile Atha Cliath agus Coláiste Mhuire gan Smál i Luimneach cúrsaí iarchéime oideachais ocht mí dhéag anois.

3.2 Roghnú Iarrthóirí don Chúrsa Iarchéime Oideachais in Éirinn

Glactar le céimí (ar leibhéal a hocht) mar iarrthóir a bhfuil ceann amháin de (a) nó (b) aige / aici:

- a) Tá Grád C nó níos airde in Ardleibhéal Gaeilge Ardeistiméireachta, Grád D nó níos airde I Matamaitic (Gnáthleibhéal nó Ardleibhéal), Grád C nó níos airde sa Bhéarla (Gnáthleibhéal) riachtanach d'iarrthóirí. Tá grádanna i gceist ó 1969 ar aghaidh.
- b) Tá onóracha i nGaeilge Ardeistiméireachta agus pas i mBéarla agus i Matamaitic riachtanach. Tá sé seo i gceist do dhaoine a thug faoin Ardeistiméireacht roimh 1969 nuair nach raibh ach an dá ghrád - Onóracha nó Pas - i gceist (Oifig Chláraithe Institiúid Oideachais Marino).

In ionad na gcáilíochtaí luaite cheana i nGaeilge, i mBéarla nó i Matamaitic, glactar agus glactar le pas i gCéad Ealaíon Ollscoile sa Ghaeilge in ionad an riachtanais Ardteistiméireachta/*General Certificate in Education/General Certificate in Secondary Education* sna hábhair sin (dóibh san ó na sé contaetha). I gcás na Gaeilge, glactar le Grád in ionad na scrúduithe Máithreánach (a bhí ann go dtí 1992) in ionad scrúduithe na hArdteistiméireachta *General Certificate in Education / General Certificate in Secondary Education*.

Mar aon leis sin glactar leis an Dioplóma sa Ghaeilge ó Choláiste Phádraig, Má Nuad, ó Choláiste Ollscoile Chorcaí, An Dioplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach ó Choláiste na hOllscoile, Gaillimh in ionad an riachtanais Ardteistiméireachta/*General Certificate in Education/General Certificate in Secondary Education*. I gcás na Matamaitice glactar le pas san ábhar sin sa scrúdú Maithreánach in ionad an riachtanais Ardteistiméireachta/*General Certificate in Secondary Education*. Dá réir sin, tá slite éagsúla cáilithe i gcás na Gaeilge, atá aitheanta le haghaidh iontrála ar an gcúrsa iarchéime oideachais anseo in Éirinn seachas an ghnáthshlí, slí na hArdteistiméireachta.

3.2.1 Na hAgallaimh Iontrála don Chúrsa Iarchéime in Éirinn

‘Tá ar iarratasóirí intofa tabhairt faoi agallamh i mBéarla is i mbéaltriail sa Ghaeilge ar an lá céanna. Braitheann gach rud ar an agallamh’. (Oifig an Chláraitheora, MIE, 2009) Ollúna Oideachais ó na coláistí éagsúla oideachais atá i mbun na n-agallamh. Tugtar an-chumhacht do ghnáthollaimh oideachais glacadh nó gan ghlacadh le hiarratasóirí. Cé go mbíonn teoracha cinnte scríofa ag na hagallóirí agus taithí mar ollúna ar an tríú leibhéal acu is post an-fhreagrach eile é seo. Reachtáiltear na hagallaimh i gColáiste Phádraig, Droim Conrach i mBaile Átha Cliath agus i gColáiste Mhuire gan Smál i Luimneach. Foireann Choláiste Phádraig, Droim Conrach a chuireann iarrthóirí faoin agallamh i mBéarla. Luaitear é seo mar is iad foirne na gcoláistí éagsúla a bhíonn i mbun na n-agallamh chun Gaeilge iarrthóirí a mheas. Má chuireann iarrthóirí síos gurb é Institiúid Oideachais Marino (MIE) a c(h)éad rogha, mar shampla, is

foireann ón gColáiste sin a bheidh i mbun an agallaimh sin. Is é cuspóir an agallaimh oiriúnacht an iarrthóra a mheas.

D'fhéadfaí an t-agallamh i mBéarla a bhunú ar chúrsaí reatha, ceantar áitiúil an iarrthóra, taithí ar scoil, mar aon le comhrá ar ealaín, ceol, drámaíocht, cúrsaí spóirt, léitheoireacht, taithí oibre agus caithimh aimsire.

Séard atá san agallamh trí Ghaeilge ná comhrá ar chúrsaí reatha agus ar leabhair atá léite ag an iarratasóir. Bíonn ar iarratasóir sliocht próis nó sliocht filíochta a léamh agus a mhíniú. Tá líofacht na Gaeilge fíorthábhachtach agus moltar do gach iarratasóir ullmhú chuige. Cuirtear marcanna na béaltrialach Gaeilge agus marcanna an agallaimh ghinearálta le chéile chun ord iontrála na n-iarrthóirí a mheas, chun caighdeán na n-iarrthóirí i labhairt na Gaeilge a mheas agus chun a chinntiú go mbeidh siad in ann an cúrsa iarchéime a leanúint go héifeachtach. Agallamh leathan ginearálta a bhíonn ann inar féidir ceisteanna a chur faoi shaol an iarrthóra, faoina n-áiteanna cónaithe, faoina gcúlra oideachais, faoi bhunmhúinteoireacht, a dtaithí oibre (mar bhunmhúinteoirí ach go háirithe), faoin nGaeilge agus an Ghaeltacht, a spéis i gcúrsaí reatha, spóirt, léitheoireachta, siamsaíochta, caithimh aimsire agus araile. Líofacht chainte atá á lorg anseo ach go háirithe agus luadh le hagallóirí a chinntiú go bhfuil na haimsirí éagsúla ag na mic léinn agus go mbeidís in ann ceisteanna iontu a fhreagairt. An príomhrud a bhaineann leis an agallamh seo ná a fháil amach an bhfuil an t-iarratasóir oiriúnach le haghaidh oiliúna mar bhunmhúinteoir.

San áit a ngnóthaíonn beirt iarratasóirí nó níos mó an t-iomlán céanna de phointí, cinnfear a n-áiteanna ar an ord fiúntais le roghnú randamach. Beidh dhá liosta ar leith d'ord fiúntais: liosta comónta amháin do choláistí Bhaile Átha Cliath agus liosta eile do Choláiste Mhuire gan Smál i Luimneach. Glactar mic léinn de réir oird fiúntais agus de réir rogha na gcoláistí.

Cuirtear agallamh ar gach duine atá intofa. Bhí 685 iarratas le haghaidh Teastas Iarchéime 2007-2008 mar shampla. Glaodh 675 chun agallaimh (bhí 12-15 nóiméad don agallamh Béarla agus 10-15 nóiméad don agallamh Gaeilge). Socraíodh go dtógfadh MIE 103 iarrthóirí, go dtógfadh Coláiste Phádraig 180 agus Coláiste Froebel 64 (Oifig an Chláraitheora, MIE, 2009). Glacadh le 347 ar fad. (Agallamh le Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Chláraitheora in Institiúid

Oideachais Marino, 2008). Mar sin bhí 328 (leath de na hiarrthóirí) a raibh Ardteistiméireacht Ardleibhéil sa Ghaeilge acu, ar theastaigh uathu dul le bunmhúinteoireacht, nár glacadh isteach i gColáistí Oiliúna Bhaile Átha Cliath – gan trácht ar Choláiste Mhuire gan Smál i Luimneach. Tá Coláiste Hibernia neamhspleách ón bpróiseas seo de bharr é bheith príobháideach. Ghlac an Coláiste sin le 325 mac léinn don chúrsa iarchéime 2007-2008.

3.3 Coláiste Hibernia / Slí Cháilithe Eile

Tá slí cháilithe eile ag iarchéimithe ó Ollscoileanna agus ó Choláistí Oideachais na Poblachta mar bhunmhúinteoirí, trí Choláiste Hibernia (bunaithe 2004) atá aitheanta ag Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna agus An Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá na riachtanais bhunúsacha iontrála céanna i gceist anseo (riachtanas na Gaeilge ach go háirithe) is atá ag na Coláistí Oiliúna Oideachais eile a bhfuil cúrsa iarchéime á thairiscint acu. Glaoitear Ard-Diplóma Ealaíona Oideachais ar an gcáilíocht atá ar fáil i ndiaidh 18 mí ina bhfuil 14 seachtainí dlite ar chleachtadh scoile mar aon le 3 seachtainí ar chúrsa Gaeltachta aitheanta.

Glactar le hiarchéimithe ar an gcúrsa iarchéime Hibernia chuile bhliain. Tá suas le 2,000 bunmhúinteoirí a cáilíodh i gColáiste Hibernia ag múineadh anois i mbunscoileanna na tíre. Tá cúrsa iarchéime Hibernia difriúil ó na cinn eile sa tslí go bhfuil meascán d'ábhar ar líne agus ranganna teagaisc i láthair a chéile. Sin an difríocht is mó a bhaineann leis an gcúrsa féin. Taobh amuigh den chúrsa nua-réabhlóideach seo is gné shuntasach eile gur féidir leis na hiarchéimithe ar an gcúrsa, postanna lánaimsearacha a bheith acu agus iad ag freastal ar an gcúrsa ag an am céanna. Freastalaíonn siad ar ranganna, seisiúin is cruinnithe ag an deireadh seachtaine agus i rith na laethanta saoire. Bíonn obair bhaile acu mar aon le tionscnaimh agus treoir tríd an idirlíon. Seo bunphrionsabal nó cuspóir faoi leith an choláiste. Tá cúrsa mar seo oiriúnach do dhaoine nach bhféadfadh freastal ar chúrsa iarchéime lánaimsearach, dála chúinsí doshéanta ar leith. Ina ráiteas oifigiúil bolscaireachta maíonn Coláiste Hibernia gur saineolaithe oilte cáilithe gach iarscoláire; go mbíonn siad láneolach faoi ábhar is dáileadh an churaclaim nua agus go mbíonn

siad tuisceanach faoi choincheapanna is teoiricí na gceithre gnéithe lárnacha seo: siceolaíocht an oideachais, fealsúnacht, socheolaíocht agus stair. (Cláraitheoir Choláiste Hibernia, 2009)

3.4 Imeacht iarchéimithe thar lear.

Tá cuntas agus táblaí anseo a léiríonn imirce iarchéimithe chun iad féin a cháiliú mar bhunmhúinteoirí. Muna féidir le hiarchéimithe riachtanais iontrála coláistí oiliúna oideachais anseo a shásamh i leith na Gaeilge, nó muna n-éiríonn leo áit a fháil ar chúrsa iarchéime in Éirinn is féidir leo iad féin a cháiliú thar lear mar bhunmhúinteoirí. Ní haon rud nua é seo. Is cuid den imirce oideachasúil é. Luann Lároifig an CAO (2008) gur imigh 14,931 mac léinn ar a mheán chuig ollscoileanna sa Bhreatain idir 2002-2007 le haghaidh céimeanna éagsúla. Taispeánann an tábla thíos cé mhéid a d'imigh chun na Breataine le haghaidh a gcáilithe mar bhunmhúinteoirí idir 2005 agus 2009 de réir Lároifig an CAO (2007):

Tábla 1: Iarchéimithe a d'imigh thar lear chun cáilithe mar bhunmhúinteoirí

Blianta	Uimhir mac léinn
2002-2003	640
2003-2004	863
2004-2005	1,049
2005-2006	1,038
2006-2007	941

3.5 An Cúrsa Iarchéime sa Bhreatain.

Tosaíodh ar an gCúrsa Iarchéime sa Bhreatain ins na caogaidí (Manchuin 1950) agus bhí sé faoi lánseol i 1967-1968. (Gilbert agus Blyth, 1983) Cuirtear iarratais iontrála tríd an *Graduate Teacher Training Agency* i Cheltenham i Gloucestershire ó Mheán Fómhair don bhliain dar gcionn. An chéad rud ba cheart a rá faoin gcúrsa iarchéime seo sa Bhreatain ná gur cúrsa bliana é. Taispeánfaidh an ceistiúchan sa tráchtas seo, go n-admhaíonn na bunmhúinteoirí a oiltear thar lear, ardchaighdeán na gcúrsaí ar fhreastail siad orthu sa Bhreatain. Cúrsa bliana atá ann ina gcaitheann siad níos mó seachtainí ar thaithí phraiticiúil múinteoireachta bunscoile i gcomparáid le mic léinn iarchéime coláistí oiliúna in Éirinn, a chaitheann tréimhsí níos lú ama ar thaithí múinteoireachta bunscoile cé go leanann cúrsaí iarchéime in Éirinn ocht mí dhéag. Tá na fíricí a bhaineann leis seo léirithe sa cheistiúchán.

An dara rud atá léirithe faoin iarchéim thar lear ná go bhfuil dhá aoisghrúpa daltaí i gceist. Eagraítear cúrsaí do mhúinteoirí/iarchéimithe a bhfuil sé i gceist acu bheith ag déileáil leis na blianta tosaigh (3-8) agus ceann eile dóibh san a bheidh ag múineadh ardranganna nó ranganna níos airde (7-11).

Glaitear an *Postgraduate Certificate in Education* ar an gcúrsa (An Teastas Céimithe Proifisiúnta Oideachais) agus, in Albain, glaitear *Postgraduate Diploma in Education* air (An Dioplóma Céimithe Proifisiúnta Oideachais). Baineann na rialacha céanna leis na cúrsaí iarchéime oideachais ar fud na Breataine. Táthar ag díriú aire anseo ar an gcúrsa iarchéime in Aberystwyth i gCymru mar shampla. In Éirinn, eagraítear cúrsa iarchéime amháin le haghaidh páistí bunscoile Rang na Naíonán go dtí Rang 6. Tá difríocht shuntasach idir na cúrsaí iarchéime sa Bhreatain. Bíonn rogha ag mic léinn iarchéime ansin de bhrí go bhfuil cúrsaí iarchéime ann dóibh san ar mhaith leo déileáil le páistí óga 3 – 8 nó iad san atá 7 – 11.

Cinntítear go gcaithfidh iarchéimithe Céim Onóracha Ollscoile sa Dara Grád ar a laghad a bheith acu in ábhar a bhfuil baint aige le bunmhúinteoireacht mar aon le hábhar ar leibhéal A sa Churaclam Náisiúnta. Tá Grád C nó níos airde ag teastáil i mBéarla, Matamaitic agus Eolaíocht san *General Certificate in Secondary Education* nó ar comhchéim leo. Bheadh taithí oibre bunscoile cabhrach mar aon le taithí le páistí i scéimeanna imeartha nó i gclubanna óige. Bíonn

agallamh i gceist mar atá in Éirinn. Lorgáítear an chúis gur mhaith leis an iarratasóir bheith ina m(h)úinteoir, go bhfuil suim aige/aici san obair, go bhfuil scileanna cumarsáide aige/aici mar aon le féith an ghrinn, go bhfuil sé/sí in ann gaol profisiúnta éifeachtach a bhunú le daltaí is le daoine fásta, go bhfuil sé/sí réidh chun foghlama is sásta comhairle a ghlacadh, go bhfuil sé/sí fuinniúil, buanseasmhach le teacht aniar le haghaidh an chúrsa iarchéime.

Tá sé soiléir ó na freagraí sa cheistiúchán a bhaineann leis an tráchtas seo (Ceist 12) go bhfuil sé níos fusa d'iarchéimithe go nglacfaí iad ar chúrsaí mar seo sa Bhreatain toisc go bhfuil an-chuid coláistí ann a thairgeann cúrsaí iarchéime oideachais. Tosaíonn na cúrsaí bliana sa bhFómhar agus oireann sé seo d'iarchéimithe Éireannacha a bhaineann céim amach i mí an Mheithimh. Bheadh orthu fanacht go mí Feabhra na bliana ina dhiaidh dá mbeidís ag freastal ar chúrsa iarchéime anseo in Éirinn a leanann ar feadh ocht mí dhéag. Rud eile a luadh a bhí tarraingteach agus tábhachtach ná go mbíonn deontais ar fáil thar lear d'iarchéimithe. Níl a leithéid ar fáil in Éirinn.

Ní bhíonn mórán teagmhála leis an nGaeilge ag na daoine seo, dar ndóigh ar feadh ceithre bliana ar a laghad, agus b'fhéidir níos mó. Nuair a fhilleann siad mar bhunmhúinteoirí cáilithe, tá fadhb acu. Tá siad easnamhach ó thaobh na Gaeilge dhe agus ó thaobh an chultúir Gaelaigh. Cén chaoi? Toisc nár oileadh iad sna coláistí oiliúna oideachais in Éirinn, ní raibh aon ionchur sa Ghaeilge ná sa chultúr Gaelach acu, ranganna sa Ghaeilge, ranganna i múineadh na Gaeilge, ranganna comhrá sa Ghaeilge nó cleachtadh eagraithe scoile faoi mhaoirseacht. Níl aon chur amach acu agus iad as láthair, ar mholtaí agus treoir oideachasóirí faoi conas an Ghaeilge a mhúineadh mar theanga agus ní mar ábhar agus ligean don teanga sní trí gach a múintear sa bhunscoil.

Is ábhar éigeantach í an Ghaeilge inár mbunscoileanna agus ar an dara leibhéal go dtí scrúdú na hArdteistiméireachta. Múintear chuile lá í, i mbunscoileanna náisiúnta na tíre agus tá sé dlite de gach oide bunscóile bheith cáilithe, ó thaobh na Gaeilge de go háirithe, chun í a mhúineadh. Tá na bunmhúinteoirí a oiltar anseo cáilithe dar ndóigh ó thaobh na Gaeilge de ach caithfidh bunmhúinteoirí a oiltar thar lear iad féin a cháiliú sa Ghaeilge ar fhilleadh go hÉirinn dóibh.

3.5.1 Filleadh na mBunmhúinteoirí Cáilithe ar Éirinn.

I 1996 tugadh aitheantas sealadach do bhunmhúinteoirí a oileadh thar lear ar choinníollacha áirithe a bhain leis an nGaeilge. Leanadh ar aghaidh leis an gcúrsa seo le hathruithe éagsúla (molta ag Cumann Múinteoirí Náisiúnta Éireann) ó bhliain go chéile go dtí gur mhol Cumann Múinteoirí Náisiúnta Éireann go mbunófaí eagrais amháin le haghaidh an Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge, rud a deineadh i 2005 nuair a d'iarr An Roinn Oideachas agus Scileanna ar Choláiste Mhuire Marino (MIE) glacadh le cúram an SCG. Mhol Coiste Aithbhreithnithe na Roinne Oideachais go ndéanfaí measúnú is leasuithe ó bhonn ar an SCG féin. Foilsíodh trí imleabhar chuige seo i Lúnasa 2004 – *Tuarascáil An Choiste Aithbhreithnithe, Siollabas Teanga agus Nósanna Imeachta*.

Ar fhilleadh nó ar theacht ar ais go hÉirinn do na bunmhúinteoirí nuacháilithe seo, bíonn orthu riachtanais i dtaobh na Gaeilge a chomhlíonadh, chun go nglacfaí leo mar bhunmhúinteoirí láncháilithe i gcóras oideachais bunscoile na hÉireann. Bíonn orthu déileáil leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, clárú leis an gComhairle Múinteoireachta atá i mbun cáilithe múinteoirí agus le hOifig an SCG in Institiúid Oideachais Marino (MIE). Bíonn ar na bunmhúinteoirí seo tabhairt faoin SCG (An Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge) chun aitheantas a fháil.

Tá siad in ann post sealadach nó post buan a ghlacadh i mbunscoil náisiúnta díreach ar fhilleadh nó ar theacht chun na tíre seo dóibh, má tá a leithéid ar fáil. Cuireann sé seo brú mór orthu ó thús ós rud é go bhfuil orthu, nuair a fhaigheann siad post scoile, an Ghaeilge a mhúineadh. Caithfidh siad é seo a dhéanamh gan chleachtadh nó taithí acu ar a leithéid a dhéanamh agus gan a bheith cáilithe ó thaobh na teanga de. Ón uair go nglacann siad post, tá orthu pas a fháil san SCG taobh istigh de thrí bliana. (Cúig bliana a bhí i gceist go dtí Nollaig 2009). Ní gá tabhairt faoin scrúdú iomlán in aon turas amháin. D'fhéadfaí tabhairt faoi na modúil éagsúla go dtí go mbíonn pas faighte acu ann taobh istigh de thrí bliana. Ina theannta san, bíonn ar iarrthóirí freastal ar thréimhse thrí seachtainí ar chúrsa aitheanta sa Ghaeltacht.

Cuirtear ranganna oíche/deireadh seachtaine ar fáil dóibh in ionaid múinteoirí agus in institiúidí oideachais eile ar fud na tíre mar ullmhúchán don SCG. In Institiúid Teicneolaíochta Phort

Láirge mar shampla, lean cúrsa ullmhúcháin SCG ina raibh 22 seisiún a lean trí huair an chloig, ó mhí Dheireadh Fómhair go dtí Seachtain na Cásca na bliana dár gcionn. Reachtaíltar An Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge i rith na seachtaine sin i gceithre ionad ar fud na tíre. Bítear ag súil go bhfreastalóidh na bunmhúinteoirí áirithe seo ar chúrsa aitheanta Gaeltachta thrí seachtainí sula dtugann siad faoin SCG. Bíonn na costais go léir a bhaineann le clárú don scrúdú, freastal ar chúrsa ullmhúcháin agus na trí seachtainí sa Ghaeltacht le híoc ag na bunmhúinteoirí seo gan fóirdheontas ar bith.

Tá leagan amach an chúrsa féin faoi chúram na Roinne Oideachais agus Scileanna ach tá leagan amach páipéirí, eagrú, imeachtaí, reachtáil na scrúduithe is ceartú páipéirí scrúduithe SCG faoi stiúradh Institiúid Oideachais Marino (MIE).

Séard atá san SCG, a leanann ar feadh trí lá, ná scrúdú ina bhfuil páipéar teanga, páipéar litríochta, scrúdú cluastuisceana agus béaltrial. I rith na bliana céanna bíonn cuairt chigire ó Institiúid Oideachais Marino ar rangsheomra gach iarrthóra chun a (h)inniúlacht sa Ghaeilge a mheas agus bíonn comhad tionscnaimh ar chultúr le hullmhú roimhré. Ar shroichint na céime seo dóibh, bíonn siad ar chomhchéim aitheantais de réir na Roinne Oideachais agus Scileanna, leo siúd a bhfuil trí bliana caite acu i gcoláiste oideachais anseo agus céim Baitsiléara Oideachais agus Diplóma Oideachais bainte amach acu. Tá léirmheastóireacht faoin SCG léirithe ó oideachasóirí, teagascóirí SCG agus na bunmhúinteoirí a oileadh thar lear agus a thugann faoin SCG, sna caibidilí ar Thorthaí Taighde (Caibidil 6) agus Díospóireacht faoi na Torthaí (Caibidil 7). Tá atriail SCG sa bhFómhar ar fáil dóibh san amháin go dteipeann orthu i SCG an Earraigh. Ní fios cé mhéid uair a thugann iarrthóirí faoi aon ghné den SCG go bhfaigheann siad pas ann. Feictear nach n-éiríonn le huimhir nó céadatán ard i scrúduithe an Earraigh agus go dteipeann fós ar uimhir shuntasach i ngach gné den SCG chuile bhliain. Tá léirmheastóireacht air seo i gCaibidil 6 (Torthaí Taighde) agus táblaí ina thaobh sna hagusíní.

3.5.2 Turraing na mBunmhúinteoirí a oiltear thar lear

Ní deacair a shamhlú ó na figiúirí a luaitear (Tábla 2), an tionchar is an turraing atá ag an dream suntasach ar a nglaoimid ‘lucht SCG’ ar an gcóras oideachais bunscoile.

Tábla 2 Bunmhúinteoirí a thug faoin SCG 2005-2009

Blianta	Uimhir mac léinn
2005	540
2006	780
2007	729
2008	630
2009	589

Deir An tAonad Staitisticí den Roinn Oideachais agus Scileanna (2008) agus an Chomhairle Múinteoireachta (2008) go bhfuil 24,902 múinteoirí bunscoile fostaithe inár mbunscoileanna ar 30 Meitheamh 2007, ag obair i 3,291 scoileanna le 457,889 daltaí. Glacadh 830 iarchéimithe isteach sa chóras gach bliain le trí bliana anuas, 500 gach bliain ó Choláiste Hibernia agus 330 ó na Coláistí Oiliúna Oideachais (Oifig Chláraithe An Chomhairle Mhúinteoireachta 29 d'Iúil 2008). Thug 630 faoin Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge i 2008. (Is iad san a d'fhreagair ceistiúchán an taighdeora). Ag caint faoi 2008, mar shampla, d'fhéadfaí a rá, gurbh iad lucht SCG 2008, 43% de na hiarchéimithe a glacadh isteach sa chóras bunscoile i 2008 – figiúr suntasach.

Ach tá difríocht idir an dá dhream, iarchéimithe a cáilíodh in Éirinn agus iarchéimithe a cáilíodh thar lear. Tá caighdeán an-éagsúla sa Ghaeilge ag na bunmhúinteoirí seo a oiltear thar lear agus iad scartha le tamall ó aon rud a bhain leis an nGaeilge nó leis an gcultúr Gaelach. Taispéannann sé seo an chabhair agus an tacaíocht phráinneach atá uathu i leith na Gaeilge.

3.5.3 An Chabhair Oifigiúil atá ar fáil ag Nua-bhunmhúinteoirí i Scoileanna na Poblachta

3.5.3.1 Cuiditheoirí / Advisors

Bunaíodh eagrais (1999) chun cabhrú le bunmhúinteoirí agus glaodh *PCSP* air (*Primary Curriculum Support Programme*). Bhí níos mó ná 200 ball foirne ag obair i 6 réigiún ar fud na tíre – cúpla duine le haghaidh ábhair scoile. I mí Meán Fómhair 2008, nascadh *PCSP* le *SDPS* (*School Development and Planning Service*) agus glaodh *PPDS* (*Primary Professional Development Service*) air ina raibh .c. 100 ball. Glaodh *Advisor* (Comhairleoir) ar gach ball. I mí Meán Fómhair 2010, nascadh eagrais bunscoile agus meánscoile le chéile agus glaodh *PDST* (*Professional Development Service for Teachers*) air. Níl ach 78 ball san eagrais seo. Glaoitear *Advisor* anois ar gach ball mar caithfidh na baill a bheith cumasach maidir le hábhair éagsúla anois. Tá na réigiúin chéanna ann agus baill faoi leith i ngach réigiún leis, do scoileanna *DEIS* (*Delivering Equality of Opportunity in School*) do scoileanna faoi mhíbhuntáiste.

Lorgaíonn scoil cabhair ón *PDST* trí iarratas a chur isteach ag deireadh na scoilbhliana don bhliain ina dhiaidh sin. Labhraíonn an *Advisor* ag cruinnithe foirne scoile, le grúpaí múinteoirí nó le múinteoirí indibhidiúla. Déanann sé/sí múnlóireacht ar mhodheolaíochtaí is ar ghníomhaíochtaí sa rangsheomra do ghrúpaí múinteoirí nó le múinteoirí indibhidiúla. Reachtálann an *Advisor* ceardlanna in ionaid múinteoirí i ndiaidh am scoile agus bíonn sé/sí réidh chun bheith i láthair má iarrtar air/uirthi, ag laethanta pleanála scoile. (*PDST*, 2011)

Tá míbhuntáiste mór ag baint leis an scéim. Tá *Advisors* gann ar an talamh. Caithfear coinne scoile a dhéanamh leo roimh dhúnadh oifigiúil na scoile i mí an Mheithimh chun go socrófaí coinní don scoilbhliain ina dhiaidh (cé gur féidir socrúithe nua a dhéanamh i dtús na scoilbhliana leis). Ní leor an chabhair seo in aon chor, i gcás nua-bhunmhúinteoirí go háirithe atá easnamhach maidir le múineadh na Gaeilge. Ach tá cabhair eile ar fáil do bhunmhúinteoirí nua ach go háirithe, is cuma cá hoiltear iad - an meantóir scoile.

3.5.3.1 Meantóirí Scoile

Bíonn cabhair ag teastail ó bhunmhúinteoirí a oiltear thar lear ag tosú ar a gcuid oibre i mbunscoileanna in Éirinn. Bíonn géarghá leis an gcabhair dóibh siúd, ní hamháin i leith gnáth imeachtaí scoile, imeachtaí ranga agus ábhair theagaisc ach i leith na Gaeilge ach go háirithe. Ceapadh post an mheantóra scoile chun freastal cuí, tuisceanach, leanúnach a dhéanamh orthu siúd a lorgaíonn an chabhair, pé áit a cáilíodh mar bhunmhúinteoirí iad – in Éirinn nó thar lear.

An buntáiste mór atá ag baint leis seo ná go mbaineann an scéim oifigiúil le múinteoir a cheaptar sa scoil féin chun cabhrú le comhleacaí/comhleacaithe sa scoil chéanna nó i scoil sa chomharsanacht. *‘The mentor is an experienced member of staff who offers personal, professional and pedagogical support to the newly qualified teacher in their first year’* (Burke, 2008 Réamhrá)

Níl dualgas ar scoil meantóir a bheith acu ach tugann An Roinn Oideachais agus Eolaíochta cuireadh do gach scoil bheith páirteach sa scéim. Ní post freagrach é post an mheantóra ó bhunús ach i roinnt scoileanna tarlaíonn sé gur post freagrach é. Post an-tábhachtach aguis atá an focal deireanach ag Príomhoide i roghnú an mheantóra.

While the role of the mentor is central to the induction of NQTs into the professional life of the school, the leadership of the principal and the co-operation of the whole staff play a huge role in supporting and scaffolding the newly qualified/s into the profession (ibid).

Múinteoir tuisceanach, le taithí cúig bliana atá ag teastáil. Cuireann príomhoide ainm ar aghaidh chun na Roinne agus glactar leis. Freastalaíonn an duine nua-thofa ar chúrsa seachtaine in ionad oideachais le meantóirí nua eile faoi stiúradh Comhordaitheora – *National Co-Ordinator – Primary Strand*. Mínítear an coincheap ar an gcúrsa, an chúis go bhfuil gá lena leithéid. Tugtar staitisticí ón Roinn Oideachais agus Scileanna ag an gcruinniú a léiríonn go bhfuil taighde déanta ar an ábhar. Léiríonn an t-eolas seo go n-éiríonn uimhir shuntasach de bhunmhúinteoirí as, i ndiaidh an chéad nó an dara bliain de bharr toscaí éagsúla. Bíonn caint faoi straitéisí, faoi phroifisiúntacht agus faoi na cleachtaithe is fearr. Idirdhéileáil agus idirghníomhaíocht idir meantóir agus an múinteoir óg, an *NQT, Newly Qualified Teacher*, a bhíonn i gceist. Níl ról ag príomhoide na scoile ach amháin má bhíonn cúrsaí sábháilteachta i gceist.

Braitheann a lán ar phearsantacht an mhúinteora óig. Má tá sé/sí sásta cabhair a lorg agus a ghlacadh, a admháil nach bhfuil na freagraí go léir aige/aici, gur easpa taithí is cúis lena lán dá bhotúin, go mb'fhéidir go bhfuil fadhb smachta aige/aici, go bhfuil meantóir ann chun cabhrú leis/léi tosú maith a dhéanamh mar gheall air, bheadh gach rud i gceart. Deir NPPTI Primary Strand (2009) gur comhartha nirt é cabhair a lorg

I rith na bliana, bheadh dhá lá ag an *NQT* (saor óna rang féin agus cead ag an scoil ionadaí a fhostú ina (h)áit le haghaidh forbartha proifisiúnta agus sé lá le haghaidh imeachtaí ionductaithe scoile. Bheadh seans aige/aici breathnú ar mhúinteoir eile nó ar an meantóir ag múineadh rang an *NQT*; breathnú ar an meantóir agus aiseolas a fhail uaidh ar chumas an *NQT* ina rang féin; bualadh leis an múinteoir teagmhála baile agus leis an múinteoir taca teangan. Bheadh seans leis ag an *NQT* breathnú ar an múinteoir achmhainne nó an múinteoir taca teanga ag deighleáil le daltaí indibhidiúla nó grúpaí ó rang an *NQT* lasmuigh dá rang féin. Bheadh am aige/aici pleanáil a dhéanamh leis an meantóir le haghaidh múineadh, le haghaidh foghlama agus le haghaidh mionteagaisc ar pholasaithe scoile.

Ag an am céanna, bheadh seans ag an meantóir bualadh leis an bhfoireann ionductaithe ag amanna socraithe roimhré agus déileáil leis an bhfoireann ionductaithe ar an bhfón nó trí ríomhphost. Mar sin, má tá an múinteoir óg comhoibritheach agus an meantóir lánbháúil thabharfaí an misneach agus an 'tosú maith' don nuamhúinteoir agus chuirfí ar bóthar a leasa é/i gan mhoill. Faoi láthair tá cabhair eile ar an tslí chuig múinteoirí - iad san le taithí agus iad san atá ag tosú.

3.6 Socruithe Nua Oifigiúla 2010.

Tá sé socraithe ag an gComhairle Múinteoireachta tabhairt faoi athbhreithniú an chórais oideachais agus tugadh réamhchomharthaí faoi seo le déanaí. Ba mhór an tógáil croí d'údaráis scoileanna agus do mhúinteoirí óga nua ach go háirithe aitheasc an Tánaiste agus Aire Oideachais, Máire ní Chochláin, Teachta Dála, ag an tríochadú Scoil Samhraidh MacGill sna Gleannta, Contae Thír Chonaill, ar 22ú Iúil 2010, agus impleachtaí an aithisc sin. Chuir sí in iúl

go bhfuil athruithe bunúsacha oideachais le déanamh sara fada – ag tús na scoilbhliana nua 2010-2011. Dúirt sí go mbeadh ar gach múinteoir bunscoile agus meánscoile tabhairt faoi chláracha insealbhaithe agus promhaidh. Tosaíodh an tionscnamh nua seo i Meán Fómhair 2010. Beidh níos mó measúnaithe agus cigireachta ar mhúinteoirí i gceist ann

Induction support for teachers at primary level is limited and has not involved the Principal and the teaching profession sufficiently ... our probationary process for teachers is also well below the optimum. At primary level it excludes any meaningful involvement of the employer -the management of the school ... the current system is therefore making a very limited contribution to teacher quality and reform is required (Coughlan, 2010).

Níl fíricí iomlána cinnte ar fáil fós faoi na cláracha insealbhaithe agus promhaidh seo ach go mbeidh siad faoi stiúradh na Comhairle Múinteoireachta. Reachtáilfear na cláracha ag ionaid mhúinteoireachta agus in ionaid éagsúla eile ar fud na tíre lasmuigh d'am scoile. Leanfar leo ar feadh 20 uair an chloig ó cheann ceann na bliana agus tabharfar tacaíocht ghairmiúil forbartha oiriúnach do mhúinteoirí nuacháilithe. Tuigeann an tAire go bhfuil gá le hathchóiriú. *'The reform is an important one that should assist teachers overcome challenges and problems they face in adjusting to the classroom dynamic'* (ibid.)

Tá an t-athchóiriú nua seo ón Aire agus ón Rialtas le moladh go hard cé go bhféadfadh an tréimhse ama, 20 uair an chloig atá luaite, bheith iomarbhách. Tá an t-athchóiriú atá beartaithe le moladh leis má bhíonn sé praiticiúil, in oiriúint do na múinteoirí nuacháilithe i gceist agus dóibh san go háirithe nach bhfuil dultha i dtaithí ar an gcóras oideachais anseo toisc iad a bheith scartha uaidh ar feadh tamaill – lucht SCG/OCG go háirithe. Feictear go bhfuil leasú curaclaim luaite ag an Aire leis, ach is ar na cláracha insealbhaithe agus promhaidh a dhírítear aire anseo agus ar na céadta múinteoirí óga atá fillte ón mBreatain Mhór le blianta anuas, a bhfuil cúnamh faoi leith uathu i leith na Gaeilge agus mhúineadh na Gaeilge ach go háirithe. Luaitear arís agus ní fhéadfá go leor béime a chur ar a bhfuil ráite cheana, sé sin, nár comhairlódh na múinteoirí óga seo – lucht SCG/OCG – faoi mhúineadh na Gaeilge. Níor fhreastail siad ar léachtaí faoi mhúineadh na Gaeilge. Níor mhúin siad rang Gaeilge faoi stiúradh feitheora ó Choláiste Oiliúna Oideachais. Ní fhaca a mórán mhúinteoir eile i bhfeighil nó ag mhúineadh rang Gaeilge.

Cabhróidh cláracha insealbhaithe agus promhaidh chun ardú meanman a thabhairt dóibh san atá fillte ón mBreatain agus chun breis suime a mhúscailt iontu i leith na Gaeilge ach go háirithe, rud

atá de dhíth ar roinnt mhaith acu go mór, toisc easpa eolais ar an teanga a bheith acu, de bharr a staire oideachais. Cothaíonn easpa eolais easpa muiníne agus cothaíonn easpa eolais agus easpa muiníne easpa suime. Tá sé deacair, de réir mo chuid taithí féin, suim múinteoirí óga, lucht SCG/OCG, sa Ghaeilge a spreagadh i láthair na huaire agus is minic a chuirtear an milleán ar an tslí a múineadh iad ins na bunscoileanna agus ins na meánscoileanna. Ag déileáil leo leis na blianta feictear go rómhínic iad a bheith fíorlag ag an nGaeilge labhartha agus scríofa, cé nach bhfuil sé fada ó d'fhreastail siad ar bhunscoileanna agus ar mheánscoileanna iad féin. Go minic is mó is suim leo post bunscoile a fháil ná machnamh a dhéanamh ar an bhfreagarthacht agus ar na himpleachtaí a ghabhann leis an bpost ó thaobh múinteoireachta de, i dtaobh na Gaeilge ach go háirithe.

Ach tá athruithe ag teacht ar fhorbairt phroifisiúnta bunmhúinteoirí in Éirinn a ardóidh caighdeán múinteoireachta bunscoile. Tá sé beartaithe de réir an Aire, Máire ní Chochláin cúrsa ceithre bliana don Bhaitisiléireacht Oideachais a bheith ann amach anseo in ionad na trí bliana atá i gceist faoi láthair agus roinnt mhaith ábhar acadúla a bhaint den churaclam. Bheadh sé i gceist staidéar litearthachta, uimhearthachta agus oideachais a chur ina n-áite (Coughlan, *Irish Times*, 18ú Feabhra 2011). Tá sé i gceist leis, cé nár luaigh an tAire ag an am é, go mbeadh dhá bhliain iarchéime ann in ionad ocht mí dhéag mar atá ann faoi láthair. Bhainfeadh sé seo go dlúth le pleananna iarchéimithe sa todhchaí toisc nach bhfuil ach bliain iarchéime i gceist fós sa Bhreatain.

Tá sé leagtha síos leis, ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (2010) go mbeidh socruithe nua i bhfeidhm i dtaobh bunmhúinteoirí a oiltear thar lear:

- 1) Glacadh i mbliana (2010) mar bhunmhúinteoirí cáilithe, agus i ndiaidh a gcáilithe tríd an SCG, le bunmhúinteoirí a raibh stádas an *NQT* acu ar fhilleadh go hÉirinn dóibh, sé sin, a raibh an bhliain phromhaidh mar bhunmhúinteoirí caite sa Bhreatain acu.
- 2) Beidh ar na daoine eile, (de réir na socruithe céanna) an móramh de ghnáth, a tháinig ar ais gan an bhliain *NQT* caite sa Bhreatain acu, riachtanais na bliana promhaidh a chomhlíonadh in Éirinn faoi threoir an chigire áitiúil.
- 3) Má théann iarrthóirí céime oideachais nó iarrthóirí iarchéime oideachais thar lear ó Mheán Fómhair 2011, le haghaidh a gcáilithe mar bhunmhúinteoirí, beidh orthu fanacht sa

Bhreatain go dtí go mbeidh riachtanais na bliana promhaidh comhlíonta acu. Beidh orthu, dar ndóigh, tabhairt faoin SCG/OCG nuair a fhilleann siad ar Éirinn. Ach nuair a fhaigheann siad pas i ngach gné den SCG, glacfar leo mar bhunmhúinteoirí láncháilithe de réir na Roinne Oideachais agus Scileanna anseo. Is aitheantas é seo ón Roinn go bhfuil sí sásta le heagrú na scrúduithe SCG agus nach gá cuairt eile ón gcigire áitiúil ar an nua-bhunmhúinteoir a oileadh thar lear. Ní fios fós na himpleachtaí a bheidh leis seo.

Is minic gearáin ó mhúinteoirí faoi athruithe sa chóras oideachais. Ceaptar nach lorgáítear a gcomhairle. Ní féidir leo a leithéid a rá sa chás seo. Tá cabhair agus comhairle á lorg anois ón gComhairle Múinteoireachta. Sheol an Chomhairle próiseas comhairle le déanaí mar gheall ar a dréachtpháipéar faoin *Continuum of Teacher Education* (2010) ina bhfuil dréachtpholasaithe faoi oiliúint múinteoirí, insealbhú, mar aon le forbairt ghairmiúil luath agus leanúnach. D'fháiltigh agus fáiltíonn An Chomhairle Múinteoireachta roimh aighneachtaí ó eagrais oideachais agus ón bpobal i gcoitinne agus bhí na haighneachtaí sin le bheith istigh faoi Mhárta 1, 2011.

3.6.1 Caighdeán na Gaeilge agus an Próifíl Bheartas Oideachais Teanga (PBOT)

Ullmhaíodh tuarascáil i leith na hÉireann le cabhair saineolaithe ón Aontas Eorpach agus glaodh Próifíl Bheartas Oideachais Teanga air. D'fhoilsigh Comhairle na hEorpa agus An Roinn Oideachais agus Eolaíochta anseo in Éirinn í.

Díreoidh an tráchtas seo ar ghné faoi leith den Phróifíl Bheartas Oideachais seo – ar mhúinteoirí ranga, ar oiliúint múinteoirí teanga, ar mhúineadh teanga agus lucht An Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (SCG). Luann *An Próifíl Bheartas Oideachais Teanga* fionnachtana na tíre maraon le polasaithe is tuairimí inglactha agus léirithe i ndoiciméid Chomhairle na hEorpa. Sa doiciméad seo, ríomhtar oideachas teanga ó anailís ar stádas láithreach na teanga, láidreachtaí agus gnéithe dearfacha, stádas na Gaeilge ar aghaidh go dtí stádas Teanga Iasachta agus an Béarla mar chéadteanga agus mar theanga bhreise. Tá a bhfuil le rá sa Phróifíl fíorthábhachtach i leith bunmhúinteoireachta in Éirinn. Neartaíonn sé an gá atá le hardú caighdeán, d'fhonn an Ghaeilge a chosaint agus a chaomhnú agus labhairt na teanga a chur chun cinn.

Tá deargriachtanas leis na cláracha insealbhaithe agus promhaidh atá molta ag An Aire Oideachais agus Scileanna (Ní Chochláin, 2010) mar a léirigh tuarascáil chuimsitheach a d'fhoilsigh An Rannóg Beartas Teanga de Chomhairle na hEorpa i Strasbourg agus An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (Comhairle na hEorpa, 2008). Mar a luann An Próifíl (PBOT/LEPP), tugann An Roinn Polasaí de Chomhairle na hEorpa cabhair do thíortha san Aontas Eorpach chun iniúchadh a dhéanamh ar a bpolasaithe féin le cabhair saineolaithe, d'fhonn díriú ar fhéidireachtaí sa todhchaí ar fhorbairt a bpolasaithe féin.

Ins na ráitis faoin mbunmhúinteoireacht, oiliúint bunmhúinteoirí agus faoi mhúineadh na Gaeilge go háirithe, cuirtear pointí suntasacha inníocha de bharr taighde os ár gcomhair: *'Over 20% of primary school teachers, including recent graduates declare themselves insufficiently competent to teach Irish well'* (PBOT 2.8.4). Faoi fhreagrachtaí institiúidí tríú leibhéal, luaitear go leagann údaráis i gColáistí Oiliúna bunmhúinteoirí an iomad béime ar thorthaí scrúduithe na hArdteistiméireachtacha agus nach ardchaighdeán é C3 (sé sin 55% - 59%) sa Ghaeilge le haghaidh iontrála i gColáiste Oiliúna do bhunmhúinteoirí. Tá sé soiléir ón taighde, chomh fada is a bhaineann sé le hoiliúint bunmhúinteoirí is meánmhúinteoirí, go bhfuil easpa éifeachta teanga coitianta go leor fiú i measc mac léinn a bhfuil céim acu sa Ghaeilge: *'As far as third level preparation for teachers of Irish, be it at primary or at post-primary levels, competence in the language is often low, even from graduates in Irish'* (PBOT, 2.8.5).

Baineann sé le foirne teagaisc bunscoileanna i gcoitinne. Luaitear gur chóir béim a leagan ar dtús ar fhorbairt phroifisiúnta múinteoirí teanga. Luadh agus athluadh le foireann Chomhairle na hEorpa gurb é staid na Gaeilge sa tsochaí agus sa chóras oideachais an t-ábhar inní is mó. Baineadh úsáid as frásaí mar *'gravely serious'* (PBOT, 2.3.1.) agus *'approaching melt-down'*, i leith na Gaeilge (Comhairle na hEorpa, 2008). Seo pointe a luann Ó Cuirreáin, An Coimisinéir Teanga, leis, nuair a deir sé go bhfuil an-chuid mí-shástachta ag baint le múineadh na Gaeilge ins na gnáth-bunscoileanna. Luann sé go gcaitheann dalta níos mó ná 1,500 uair an chloig ag foghlaim Gaeilge ach gur beag atá le sonrú dá bharr (Tuarascáil an Choimisinéara Teanga, 2004 l. 7). Tráchtann PBOT leis i dtaobh neamhdhaingne múinteoirí bunscoile faoina n-inniúlacht féin i leith na teanga agus an claonadh atá acu casadh ar mhodhanna traidisiúnta foirmiúla seachas bheith ag cothú labhairt na Gaeilge ina ranganna:

In primary schools especially, many teachers feel insecure with their own competence in Irish and tend to resort to a traditional and formal approach of the written language rather than to promote active oral practice in class (Comhairle na hEorpa, 2008: 2.3.2.).

3.7 Achoimre

Is maith an rud é go bhfuil cúrsaí iarchéime oideachais ann d'aon duine a shocraíonn ar a leithéid a bhaint amach i ndiaidh a c(h)éime bunaigh. Ní haon chabhair é, áfach, easnaimh riachtanas iarrthóirí i dtaobh na Gaeilge ach is iontach gur féidir le hiarchéimithe iad féin a cháiliú thar lear mar bhunmhúinteoirí ina n-éagmais. Tá bealach cáilithe níos achrunnaí acu san a théann thar lear ná mar atá acu san a oiltear sa bhaile. Ba cheart go dtuigfeadh údarais go bhfuil fadhbanna móra ag roinnt mhaith de na múinteoirí a oileadh in Éirinn agus ag múinteoirí a oileadh thar lear ach go háirithe, maidir le múineadh na Gaeilge. Tá turraing shuntasach ag bunmhúinteoirí a oiltear thar lear ar ár gcóras bunscoile ó thaobh uimhreacha de ach tá easnaimh ann maidir leis an gcabhair atá ar fáil do nua-bhunmhúinteoirí, i dtaobh na Gaeilge de.

Tá sé ró-luath impleachtaí socruithe nua atá sa chóras oideachais a mheas. Gealltar athruithe bunúsacha réabhlóideacha eile sa chóras oideachais i gcoitinne a bhfuil gá leo agus a chabhróidh go mór le bunmhúinteoirí, ní hamháin ó thaobh na Gaeilge de, ach i dtaobh na n-ábhar uile. Feictear sa chéad chaibidil eile cad tá le foghlaim againn ó mhionteangacha Eorpacha eile faoi athruithe a fhéadfaimis a dhéanamh inár gcóras oideachais féin.

Caibidil 4 Mionteangacha

4.0 Réamhrá

Tá comparáid á dhéanamh anseo idir an Ghaeilge agus teangacha neamhfhorleathana Eorpacha. Tá 90 mionghrúpaí Eorpacha gur féidir a roinnt de réir bunús teangeolaíochta (Coimisiún na hEorpa, 1996). Píocadh mionteangacha Eorpacha anseo a bhfuil roinnt mhaith cainteoirí acu agus atá faoi bhrú ag mórtheangacha na hEorpa/an domhain.

Píocadh *Valenciano* a labhraítear i gceantar Valencia na Spáinne atá faoi bhrú ag an Spáinnis. An dara teanga a phioc mé ná teanga na mBasque (*Euskera*) agus díríodh ar na cúigí Basque in iardheisceart na Fraince ina labhraítear *Euskera*, toisc go bhfuil siad faoi bhrú ag an bhFraincis, ceann de mhórtheangacha an domhain, sa tslí chéanna ina bhfuil an Ghaeilge faoi bhrú ag an mBéarla. An tríú teanga a píocadh ná teanga na Breataine Bige (*Cymru*), teanga Cheilteach eile, a labhraítear i gCymru atá faoi bhrú agus faoi scáth an Bhéarla leis. Píocadh na trí theanga seo, atá ina dteangacha comhoifigiúla san Aontas Eorpach ón seachtú lá de Bhealtaine, toisc éagsúlachtaí idir na teangacha seo agus an Ghaeilge. Tá an chomparáid á dhéanamh i gcomhthéacs stádais oifigiúil, stádais réalaíoch, stádais bunscolaíochta, stádais bunmhúinteoirí agus stádais oiliúna bunmhúinteoirí.

4.1 Comunidad Valenciana

Labhraítear *Valenciano* i gceantar Valencia na Spáinne, ar an gcósta thoir os comhair Oileán Bhailéaracha. Séard atá i gceist de réir *Institut Valencia d'Estadística* ná réigiún le daonra 4,163,161 ina bhfuil 4.6% de thalamh na Spáinne. Tá *Comunidad Valenciana* roinnte i dtrí cúigí ina bhfuil trí cinn de chathracha móra: Alicante le daonra 319,380 ; Valencia le 796,549 agus Castellón de la Plana le 167,455 agus is é Valencia an phríomhchathair. Aithnítear *Valenciano* maraon le *Gallego*, *Catalan* agus *Euskera* sa Spáinn mar theangacha neamhfhorleathana agus tá An Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha agus Mionlaigh (1992) sínithe ag an Spáinn. Tá conspóid ann faoi láthair agus le fada maidir leis an gceist cé acu an teanga faoi leith í nó canúint de *Catalan*, *Valenciano*. De réir *Ley Orgánica 5/1982/de Julio, Estatuto Autonomía de la Comunidad Valenciana, Artículo 6* (An Dlí agus Úsáid i dtaobh Oideachais trí Valenciano 1982, Airteagal 6) is é *Valenciano* teanga *Comunidad Valenciana* a bhfuil sé de cheart ag saoránaigh

Valencia bheith eolasach fúithi agus í a úsáid. Téann an *Generalitat* i mbannaí gnáthúsáide agus úsáide oifigiúla an dá theanga agus cinnteofar go múinfear an dá theanga. Ní dhéanfar aon idirdhealú idir iad siúd a labhraíonn ceachtar den dá theanga, *Valenciano* nó Spáinnis. Tabharfar ómós agus aitheantas le haghaidh slánaithe *Valenciano*. Is é Academia Valenciana a riarann gach a mbaineann leis an teanga *Valenciano* (*Artículo 6*). Tá tacaíocht ag *Valenciano*, ní hamháin ón gCairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha agus Mionlaigh (2009) ach ó rialtas láir na Spáinne. Ní hamháin go bhfuil cúltaca mar sin ag Éirinn ach tá stádas na Gaeilge níos láidre fós de bharr ár mBunreacht (Bunreacht na hÉireann, 1937), Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003) agus An Straitéis 20 Bliain (2011).

Deir Servei d'Investigacio i Estudis Sociolinguístics (1995) go bhfuil an uimhir is lú cainteoirí *Valenciano* sna cathracha móra – Valencia, Alicante agus Castellón de la Plana. Tá an suirbhé (2005) a rinne *Servei d'Investigacio i Estudis Sociolinguístics* spéisiúil mar sin, mar atá léirithe sa tábla thíos. Tá sé spéisiúil de bhrí gur cathracha atá i gceist. Dúirt níos mó ná leath de na daoine a ceistíodh (6,600) gur cainteoirí *Valenciano* iad (52% den daonra) agus níos suntasaí fós go ndúirt céadatán ard (39.5% den daonra) gur labhair siad *Valenciano* sa bhaile. Seachas *Valenciano* a labhairt eatarthu féin, labhraíonn an chuid is mó de na daoine a úsáideann sa bhaile í, lena gcairde (33% den daonra). Ag an am céanna, ó thaobh úsáid na teanga de go hoifigiúil, agus ag déileáil le gnáthghnóthaí an lae, tá 18.8% den daonra a dúirt go n-úsáideann siad sna siopaí í. Seo mar a léiríodh na figiúirí ata i gceist:

Tábla 3. Suirbhé 2005 Cainteoirí *Valenciano*

Uimhir a ceistíodh	Cainteoirí <i>Valenciano</i> sa bhaile	Cainteoirí V.le cairde	Cainteoirí V. Sna siopaí & ollmhargaí
6,600	39.5%	33%	18.8%

(*Generalitat Valenciana* 2005)

4.1.1 Cáilíocht agus Scrúduithe Teanga

Is féidir le haon mhúinteoir i *gComunidad Valenciana* a cáilíodh roimh 1980 – nuair a tháinig an dlí seo (Estatuto de Autonomía / An Reacht Neamhspleáchais) i bhfeidhm, leanúint ar aghaidh

ag múineadh trí Spáinnis ach is buntáiste é ina rólanna mar oideachasóirí do mhúinteoirí, go gcáileofaí i *Valenciano* iad. Tá sé níos fusa leis, do mhúinteoirí le *Valenciano*, post a fháil ná mar atá do mhúinteoirí gan *Valenciano*. Tá cáilíocht ag gach múinteoir a thosaigh roimh 1982 óna gcuid staidéara ar scoil agus in ollscoil ach is féidir le haon duine leis, a cáilíodh roimh 1980 mar mhúinteoir nó le haon mhúinteoir a thagann ó cheantair éagsúla eile sa Spáinn é/í féin a cháiliú ó thaobh *Valenciano* de, trí fhreastal ar choláiste, institiúid nó scoil oíche. Tá an Teastas Dátéangach ar fáil sna coláistí oideachais in Éirinn leis. Cé go bhfuil mic léinn cáilithe ó thaobh Gaeilge de, ar chríochnú a n-oiliúint i gColáiste Oiliúna dóibh, is deimhniú breise oifigiúil an cháipéis seo go bhfuil an faighteoir / múinteoir in ann agus cáilithe, ábhair a theagasc trí Ghaeilge.

Ba bhuntáiste é dá mbeadh breis pá nó mealladh ar fáil do mhúinteoirí a cháileofaí mar seo mar a dhéantar i g*Comunidad Valenciana*. Thabharfadh sé spreagadh do mhúinteoirí, do mhúineadh trí Ghaeilge agus don Ghaeilge i gcoitinne. De ghnáth is Éireannaigh (fillte ón mBreatain i ndiaidh a gcáilithe mar bhunmhúinteoirí) iad móramh na ndaoine a thugann faoin SCG chuile bhliain. I gcás na Spáinne de, tagann daoine go *Comunidad Valenciana* ó áiteanna eile leis, chun tabhairt faoin scrúdú i *Valenciano*, ó Murcia agus Abecete ach go háirithe, áiteanna dar ndóigh ina labhraítear Spáinnis ach atá gan teanga réigiúnach. Tá bord teanga ar a nglaoítear *Junta Cualificadora* i g*Comunidad Valenciana* i gceannas ar na scrúduithe teanga trína gcáilítear múinteoirí sa teanga *Valenciano*. Tá trí leibhéal ann: Nivel *Inicial* (Bonnleibhéal), Nivel *Intermedio* (Meánleibhéal) agus Nivel *Superior* (Ardleibhéal).

4.1.2. Na Leibhéal

Tá scrúdú bliantúil amháin (ar leibhéal éagsúla) i gceist, mar atá againne i gcás an SCG, cé go bhfuil atriail SCG i Mí Meán Fómhair. Bíonn na scrúduithe comónta céanna ann agus ar na leibhéal chéanna ar fud *Comunidad Valenciana*. Tá sé seo difriúil ón nós Éireannach. Níl ach leibhéal amháin teanga in Éirinn trína gcáilítear múinteoirí a oileadh go proifisiúnta i dtír eile, an Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge. Ach, tá trí chúrsa / trí leibhéal ann do mhúinteoirí freisin mar atá i dtaobh *Valenciano: Beatha Teanga* (Ó Madáin, 2005), do thosaitheoirí; *Í a*

Labhairt (Whelton & Mac Suibhne, 2008) cúrsa idirmheánach agus *Cóir Ghaoithe* (Whelton & Mac Suibhne, 2006) do lucht SCG.

Tá a bpolasaithe oideachais sa Spáinn ag na ceantair Catalonia, Valencia agus na hOileáin Bhailéaracha. De réir *An tAcht faoi Pholasáí Teangeolaíoch 1/1998* caithfidh mic léinn sa cheantar sin Valenciano a fhoghlaim agus an teanga a bheith acu, fiú iad san nach mbaineann leis an gceantar sin ó thús. Tá cúrsa oideachais eagraithe leis an mbéim ar dhátheangachas (Caistílis / Spáinnis agus Valenciano) mar atá in Éirinn (le Gaeilge agus Béarla) Ach tá polasaithe agus eiseamláirí oideachais difriúla i gceist maidir le teangacha i gceantair éagsúla. I gceantair áirithe is é an Caistílis / an Spáinnis an phríomhtheanga múinteoireachta ina bhfuil *Valenciano* mar ábhar éigeantach sa chóras céanna. I gceantair eile, is é *Valenciano* an phríomhtheanga múinteoireachta ina bhfuil Caistílis / Spáinnis mar ábhar éigeantach sa chóras. I gceantair eile fós is é *Valenciano* an phríomhtheanga dóibh san nár tógadh le *Valenciano* agus Castilian / Spáinnis mar ábhar ón tríú bliain bunscoile. Tá na trí córais éagsúla seo suimiúil de bhrí go gcaithfidh gach córas acu a chinntiú agus a chruthú go bhfuil scoileanna dhátheangacha chomh maith le scoileanna aonteangacha acu ina gceantair éagsúla. Tá dúshlán ann, mar sin, do gach córas oideachais. Ag an am céanna, caithfidh gach córas acu, é féin a oiriúnú don nuachomhshaoil ilteangach ilchultúrtha atá ann le teacht inimirceach le teangacha eile isteach sna córais oideachais éagsúla seo (Moreno 2008).

Freastalaíonn páistí ar bhunscoileanna ó sé bliana d'aois go dtí dhá bhliain déag d'aois. Tosaímid anseo in Éirinn ag ceithre bliana d'aois de ghnáth. Nuair a thagann páistí chun na scoile i gceantar *Comunidad Valenciana* bíonn rogha acu *Valenciano* nó Spáinnis a bheith acu mar mheán múinteoireachta. *'The right to use and to receive education in Valenciano is guaranteed'* (*Estatuto de Autonomía Artículo 6 / An Reachta Neamhspleáchais Airteagal 6 1982*). Má roghnaíonn tuismitheoir gur trí Spáinnis a mhúinfear a p(h)áiste, déanfar é, cé go mbeidh *Valenciano* mar ábhar éigeantach ar an gcuraclam aige / aici pé scéal é. Tá ar gach scoil bheith in ann áiseanna a chur ar fáil i dtreo is gur féidir le páiste staidéar a dhéanamh ar gach ábhar trí *Valenciano* más mian le tuismitheoirí go ndéanfaí é seo. Tá sé dlite ar scoil é seo a dhéanamh má iarrtar é. Mar sin, tá sruthanna (*lineas*) éagsúla sna scoileanna dóibh san atá á múineadh trí Spáinnis nó trí *Valenciano*. Níl a leithéid againn in Éirinn. Tá ár gcóras oideachais difriúil ar fad

maidir leis seo. Cé go ndeir Airteagal 2 agus 3 de Bhunreacht na hÉireann (agus Comhréiteach Aoine an Chéasta) go gcaomhnófaí cearta gach saoránach go cothrom, ní chaitear le daltaí bunscoile mar a dhéantar i *gComunidad Valenciana*. Níl a leithéid againn agus ‘líne Ghaelach’. Má tá bunscolaíocht iomlán trí Ghaeilge ó aon pháiste ina c(h)eantar féin níl a leithéid ar fáil. Caithfidh an páiste freastal ar bhunscoil lán-Ghaelach má tá a leithéid insroichte. Tá sé spéisiúil, corraitheach agus inmíoch nach féidir linn sampla *Comunidad Valenciana* a leanúint sa chás seo cé go bhfuil Gaeilge ag gach múinteoir ar fhoirne ár Scoileanna Náisiúnta agus Gaeilge mar chroí-ábhar an Churaclaim Bhunscoile.

4.2. Euskera i gceantar thiar theas na Fraince.

Trí chúige le 158 bardas in iardheisceart na Fraince atá i gceist anseo, Nafarroa, Lapurdi agus Zuberoa. Cé go n-aithnítear teanga na mBasque (*Euskera*) i gceithre cúigí eile na mBasque sa Spáinn, a bheith ar comhchéim le Spáinnis, níl a leithéid i gceist sa bhFrainc. Níl ról riarthach ag muintir Basque na Fraince agus mar sin tá siad gan chumhacht a bpolasaithe teanga a chur i bhfeidhm (Azurmendi et al., 2001). Níl stádas oifigiúil ag *Euskera* sa bhFrainc ná reachtaíocht acu mar atá againn in Éirinn ná mar atá ag lucht labhartha Valenciano i *gComunidad Valenciana* ná ag lucht labhartha *Cymraeg* sa Bhreatain Bheag. Tá gach rud ag brath ar an bpobal féin. Níl cead ag muintir Basque úsáid a bhaint as *Euskera* i gcúirteanna dlí na tíre. Deimhníonn Stuijt (2008 1.6) nach bhfuil stádas nó aitheantas ag *Euskera* sa bhFrainc. Ag an am céanna, luaitear i go n-aithníonn An Comhphobal Eorpach éagsúlacht teanga agus go bhfuil cosc ar leatrom ó thaobh teanga de (Airteagail 21 agus 22 *Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh 2000*). De réir Bhunreacht na Fraince (athbhreithnithe i 1994) ní aithnítear aon teanga eile ach an Fhraincis ná aon ghrúpa teangeolaíoch eile (Azurmendi et al., 2001). Dar le Romaine (1997) is fíordhaonfhilathas í an tír ina bhfuil meas ar chearta mionlach. I gcás na Fraince cinntíonn easpa polasaí teanga go bhfuil polasaí frith-mhionteangach i gceist.

Ó 1992, nuair a glacadh leis ag Comhairle na hEorpa (ina bhfuil 47 stát), tá tíortha ag síniú agus ag daingniú An Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, a aithníonn go

soiléir, gur cheart, ní hamháin aitheantas, ach tacaíocht a thabhairt do theangacha mionlaigh ina stáit féin. I measc tíortha nár dhaingnigh agus i gcásanna nár shínigh An Chairt (cé go bhfuil teangacha neamhfhorleathana acu) tá An Fhrainc, An Ghréig, An Bheilg, Macedonia agus An Rúis. Tháinig An Chairt i bhfeidhm i Mí an Mheithimh 2009 agus bhí an chéad chuntas stáit faoi ar an gcéad lá de Mheitheamh 2010. Tá An Chairt sínithe ag an bhFrainc, cé go ndeir An Fhrainc féin go bhfuil sé contrártha le Bunreacht na Fraince féin. Deir Stuijt (1998) gurb í An Fhrainc an t-aon teanga a aithnítear sa bhFrainc agus go nglaoitear teangacha réigiúnacha ar gach teanga eile. Tá na teangacha eile seo ag brath ar thacaíocht múinteoirí agus tuismitheoirí mar a léiríonn Stuijt: ‘the initiatives for introducing Basque have been encouraged by parents and teachers rather than by officials’ (Stuijt, 1998 1.8).

In France the Basque language, just like other regional languages has no specific status nor any official recognition. It is unlikely that this situation will change the negative French attitude towards signing the European Charter of Regional and Minority Languages of the Council of Europe (1992)’ (Stuijt, 1998 1.7).

Cháin Ard-Choimisiún na Náisiún Aontaithe an Fhrainc ina chuntas i Mí na Bealtaine 2008 (E/C.12/FRA/CO/3) toisc gur theip uirthi aitheantas agus tacaíocht oiriúnach, cearta cultúrtha agus cearta labhartha a thabhairt do mhionteangacha neamhfhorleathana. Deir an Chomhairle go bhfuil sé buartha faoin easpa aitheantais oifigiúla seo. Luaitear leis gur easpa aitheantais foirmeálta is cúis le laghdú lucht labhartha teangacha neamhfhorleathana. Mar sin, molann an Chomhairle gur ceart do Rialtas na Fraince athbhreithniú a dhéanamh ar a stádas féin faoin mBunreacht i leith teangacha neamhfhorleathana. Luaigh urlabhraí an Choimisiúin go raibh Rialtas na Fraince faillíoch i gcás teanga na mBasque leis na blianta (ECRML, 2008). Tá brú ar an Rialtas céanna ón Aontas Eorpach, córas oideachais a eagrú do theangacha neamhfhorleathana (Stuijt, 1998). Níl aon cháineadh éifeachtach ó lucht an fhreasúra sa bhFrainc ná ó thíortha eile na hEorpa, ón Aontas Eorpach féin nó ó na Náisiúin Aontaithe (Romaine, 1997). Ní aithnítear *Euskera* fiú, sa Tionól Náisiúnta i bPáras, cé go bhfuil sí á labhairt go laethúil in iardheisceart na tíre agus aitheanta go hoifigiúil san Aontas Eorpach mar theanga neamhfhorleathan.

Tá sé de bhuntáiste againn in Éirinn, go bhfuilimid saor ó cháineadh i leith cearta daoine maidir le labhairt teanga. Cé go labhraíonn móramh na ndaoine Béarla, tá aitheantas oifigiúil ag an nGaeilge, ní hamháin mar phríomhtheanga na tíre ach mar cheann de theangacha aitheanta

oifigiúla / polaitiúla ag An Aontas Eorpach (cé nach n-úsáideann ach 32.5% í gach lá (CSO, 2006).

Tá an daonra sna Cúigí Basque seo an-bheag i gcomparáid leis an daonra i *gComunidad Valenciana*, An Bhreatain Bheag agus Éire. I suirbhé a rinneadh ar 2,000 duine os cionn 16 bliana d’aois i 2006 in Iparralde fuarthas amach go raibh 31% den daonra seo dátheangach agus 8.% a léirigh go labhraíonn siad Fraincis ach go bhfuil *Euskera* acu. Níl an t-eolas atá againn faoi chainteoirí Gaeilge chomh cruinn. Luaitear go bhfuil ceithre mhilliún nach mór in Éirinn agus cumas cainte i nGaeilge ag milliún go leith acu san agus dhá mhilliún go leith nach mór gan Ghaeilge (CSO, 2006).

Tábla 4. Cainteoirí *Euskera*

Daonra (os cionn 16 bliana)	Daonra 2006 230,000
Cainteoirí <i>Euskera</i>	52,000 23%
Dátheangaigh Ghabhálacha A labhraíonn Fraincis ach go bhfuil <i>Euskera</i> acu	20,000 8%
Dátheangaigh	72,000 31%
Gan <i>Euskera</i>	158,000 69%

An Ceathrú Suirbhé Teangeolaíoch. An Rialtas Réigiúnach Basque 2008

Mar chomparáid leis seo feicimid go bhfuil Gaeilge anseo ag 40.8% den daonra agus nach bhfuil ach 31% ar fad den daonra i gceantar thiar theas na Fraince a bhfuil *Euskera* acu. Deir 24.9% anseo nach labhraíonn siad Gaeilge riamh.

Tábla 5. Cainteoirí Gaeilge

Le Gaeilge	Labhraíonn Gaeilge go laethúil	Nach labhraíonn Gaeilge riamh
1.7 m.(40.8%)	538,000 (29.3%)	413,000 (24.9%)

(CSO 2006)

Deir Bachoc, áfach, i Suirbhé Teangeolaíoch (2006) go bhfuil *Euskera* maith ag 52,000 (23%) de dhaonra iomlán Iparralde, go bhfuil 20,000 (9%) a bhfuil beagáinín *Euskera* acu agus 158,000 gan *Euskera* (Bachoc 2006).

4.2.1 Cúrsaí Oideachais sa bhFrainc

De réir dlí nua sa bhFrainc, Dlí Loi Fillon (2005), is féidir teanga a fhoghlaim go roghnach. Tá cead teanga agus cultúr na mBasque a mhúineadh ar feadh uaire an chloig ar aghaidh go dtí trí géilleadh tábhachtach é ag an Rialtas maidir le teangacha réigiúnacha.

Ó bhunú an chéid scoil phríobháideach ‘Ikastola’ i 1969 ag tuismitheoirí agus múinteoirí gur mhian leo go slánófaí *Euskera* trí thumoideachas, tá uimhreacha na scoileanna céanna ag méadú. Cé gur scoileanna príobháideacha iad sin go foirmiúil, oileann An Stát na múinteoirí, íocann An Stát a bpá agus leagann sé síos na coinníollacha agus ábhar múinteoireachta faoina n-oibríonn siad (Stuijt,1998). Tá sé seo cosúil lenár nGaelscoileanna ach amháin nach n-íocann na húdaráis réigiúnacha nó stáit 70% de na fiacha chuige seo agus gur scoileanna stáit iad ár nGaelscoileanna. I gcúrsaí slándála na teanga *Euskera* agus cur chun cinn na teanga céanna, braitear go hiomlán ar iarrachtaí deonacha na mBasque féin. Is iad na Basque féin a chuireann Bunoideachas chun cinn, atá freagrach as comharthaí bóithre, amhráin, leabhair, béaloideas agus araile. Bunaíodh *Culturel Basque/Euskal Kultur Erakundea* (Institiúid Chultúrtha *Euskera*) Institiúid leath-oifigiúil, i 1994, chun *Euskera* a chur chun cinn.

Tá *Euskera* in Iparralde ag dul i léig an t-am go léir mar atá cúrsaí in Éirinn. Níl na hacmhainní acu agus níl aitheantas ó Rialtas na Fraince acu. Tá an Ghaeilge mar chéad teanga againn ach tá an teanga ag dul i léig. Tá sé ag brath ar an bpobal féin i gcás *Euskera*, Gaeilge, *Valenciano* agus *Cymraeg* an teanga a chaomhnú agus a chosaint agus a choimeád beo.

4.2.2 Oiliúint Bunmhúinteoirí in iardheisceart na Fraince sa cheantar Basque

Más maith le mac léinn Céim Baitsiléara ar a nglaoitear ‘*Ceadúnas i Staidéar Basque*’ a bhaint amach i dteanga, litríocht agus i gcultúr na mBasque, caithfidh caighdeán ard a bheith aici / aige. Leanann an cúrsa se oar feadh trí bliana. Is é príomhchuspóir an Cheadúnais seo i staidéar na mBasque, oiliúint a thabhairt dóibh siúd a bhfuil sé ar intinn acu bheith ina mbunmhúinteoirí nó ina meánmhúinteoirí. Cabhraíonn an Ceadúnas seo le haghaidh iontrála sa choláiste oiliúna ollscoile le haghaidh bunmhúinteoirí agus meánmhúinteoirí Basque in Acadamh Bordeaux. Cúrsa dhá bhliain atá i gceist. Mar chomparáid idir cás na mBasque agus cás na hÉireann, tá an Ghaeilge mar ábhar sna coláistí oiliúna oideachais anseo ceart go leor ach ní féidir le haon bhunmhúinteoir Baitsiléireacht san Oideachas a bhaint amach trí Ghaeilge, fiú amháin na mic léinn sin ó Ghaeltachtaí nó daoine sa Ghalltacht a tógadh agus a oileadh go hiomlán trí Ghaeilge (Cláraitheoirí Coláistí Oiliúna Oideachais na hÉireann agus Cláraitheoir Coláiste Hibernia 2011).

Níl cás na mbunmhúinteoirí in Éirinn (lucht SCG) cosúil lena macasamhail sa bhFrainc. Níl deacracht ar bith ag múinteoir cáilithe Francach post a fháil sa Réigiún Basque. Tá scoileanna sa cheantar ina múintear daltaí trí mheán na Fraincise agus scoileanna ina múintear daltaí trí mheán *Euskera*. Níl an dualgas nó an brú céanna ar bhunmhúinteoir staidéar faoi leith a dhéanamh ar cheachtar den dá theanga chun post a fháil i mbunscoil toisc go bhfuil scoileanna den dá shaghas sa cheantar céanna. Táimid difriúil in Éirinn sa tslí is go bhfuil dualgas ar gach bunmhúinteoir Gaeilge a mhúineadh chuile lá scoile i scoileanna náisiúnta an stáit. Múintear trí Fhraincis sa chuid is mó de na bunscoileanna sa cheantar Basque. Sna bunscoileanna ag an am céanna, foghlaimíonn daltaí a gcuid Basque trí eiseamláracha éagsúla teangeolaíochta. Ag an am céanna is féidir oideachas dátheangach a fháil i scoileanna poiblí agus i scoileanna príobháideacha ag

brath ar an ábhar (cumarsáid phearsanta le Sabine Sauvan, Gilberte Lastrade agus Françoise Darriemerlow, triúr oideachasóirí ó Llargente i Bayonne na Fraince i 2008). Ach, cosúil le Gaeilgeoirí anseo, creidtear go príomha gur ceart agus gur cóir go mbeadh *Euskera* ag an aosóg sa cheantar Basque. Mar tá ráite i dtaobh na Gaeilge, muna múintear teanga téann sí i laige agus faigheann sí bás.

Tá na smaointe céanna acu in Iparralde maidir le réamhscolaíocht agus atá in Éirinn. Moltar ansin leis, gur ceart go mbeadh réamhscolaíocht trí *Euskera* ó dhá bhliain d'aois agus ansin réamhscolaíocht trí Bhéarla ó cheithre bliana (Azurmendi et al 2001). Tá cosúlachtaí eile ann leis go bhfuil athbhreithniú faoi chláracha oideachais ar siúl acu agus go bhfeiceann siad an gá atá leis. Tá faighte amach acu go bhfuil easpa cumais *Euskera* ag daltaí fiú i ndiaidh cúig bliana scolaíochta. Tá an mhí-shástacht chéanna léirithe anseo in Éirinn faoi scoláirí a chaitheann 1500 uaire oifigiúla ranga bunscoile agus meánscoile i rith a saoil ag foghlaim Gaeilge (Tuarascáil An Choimisinéara Teanga, 2004).

4.3. Cymru

Tá níos mó cainteoirí dúchasacha *Cymraeg* (teanga *Cymru*) ann ná mar atá de chainteoirí dúchasacha d'aon teanga fhorleathan Cheilteach eile (Cole 2004). Tá dearcadh na ngnáthhdhaoine fíorthábhachtach de réir May (2000). Fadó, b'iad Acht an Aontaithe 1536 agus Acht Oideachais 1870 a dhíbir *Cymraeg* go hoifigiúil ó scoileanna ar fad. De réir May (2004) tá an-dul chun cinn déanta ag an teanga taobh istigh de chaoga bliain. Chabhraigh *An tAcht um Theanga Cymraeg (1993) An tAcht Leasaithe (1998)* An go mór leis an teanga sa tslí chéanna inar chabhraigh agus ina gcabhraíonn Bille na dTeangacha Oifigiúla (Comhionannas) 2002, Ráiteas i leith na Gaeilge (2006) agus Straitéis 20 Bliain i leith na Gaeilge (2010) linn anseo in Éirinn agus dar ndóigh, tá Roinn Stáit againn chun déileáil le cúrsaí teanga.

De réir an Achta Leasaithe (1988) bhí ar dhaltaí scoile staidéar a dhéanamh ar *Cymraeg* mar mheán teagaisc nó mar ábhar scoile. Thug *An tAcht um Theanga Cymraeg* comhstádas do Bhéarla agus do *Cymraeg i gCymru* féin don chéad uair. Deir Roddick (1998) nach bhfuil *Cymraeg* ar chomhstádas le Béarla ach amháin i *gCymru* de réir Westminster agus go bhfuil Comhthionól *Cymru* faoin Ríocht Aontaithe de réir Acht an Aontaithe 1536. Tugann *An tAcht*

um *Theanga Cymraeg* údarás agus cumhacht don *Bhord Cymraeg* (*Byrdd yr Iaith Gymraeg*) a bunaíodh Nollaig 21, 1993, a bhfuil cúig cinn d'fheidhmeanna aige:

- 1) suim sa teanga a chothú
- 2) comhairliú agus dul i gcion ar a mbaineann leis an teanga
- 3) spreagadh a thabhairt agus maoirseacht a dhéanamh ar gach a mbaineann leis an teanga
- 4) deontais a scaipeadh

agus

5) súil a choimeád ar gach a mbaineann le hoideachas trí *Cymraeg*.

Níos tábhachtaí fós, faigheann An Bord £12 milliún ón Rialtas chun *Cymraeg* a chur chun cinn. Deir Williams (2000) gur láidriú Comhthionól Náisiúnta *Cymru* gluaiseacht na teanga go mór. Baintear úsáid as an dá theanga, Béarla agus *Cymraeg*, sa Chomhthionól Náisiúnta.

4.3.1 Cainteoirí Cymraeg

Thaispeáin Suirbhé Náisiúnta i *gCymru* (1995) go raibh 88% de mhuintir *Cymru* (le daonra 2,918,141) sásta a admháil gur cóir bheith bródúil as an teanga *Cymraeg*. Deir Bord Teanga *Cymru* (2008) go bhfuil *Cymraeg* ag 20.5% (588,000) de mhuintir *Cymraeg* os cionn 3 bliana d'aois. Deir 58% (317,000) go bhfuil *Cymraeg* acu agus go labhraíonn siad an teanga go líofa. Deir 63% díobh san a bhfuil *Cymraeg* acu go labhraíonn siad *Cymraeg* gach lá. Deir 542,000 go bhfuil scríbhneoireacht i *gCymraeg* acu, 34% go bhfuil siad an-mhaith ag scríobh *Cymraeg* agus 32% go bhfuil siad go maith ag scríobh *Cymraeg*. Tá sé spéisiúil leis go ndúirt 75% díobh san a bhfuil *Cymraeg* líofa acu gur fhoghlaim siad *Cymraeg* sa bhaile.

Deir Thomas (2010) ag scríobh faoi *Cymraeg* go bhfuil níos mó cainteoirí *Cymraeg* sna cathracha agus sna bailte ná mar atá amuigh faoin tuath.

4.3.2 Comparáid le hÉirinn

De réir na bhfigiúirí atá againn in Éirinn agus mar chomparáid le figiúirí *Cymru* níl ach 5.1% (85,000) den 1.5 milliún a deir go bhfuil An Ghaeilge á labhairt acu taobh amuigh den chóras oideachais agus deir 413.000 (24.9%)% nach labhraíonn siad in aon chor í (CSO, 2006).

Tábla 6. Cainteoirí Cymraeg

(Welsh Language Board 2008)

Daonra	Cainteoirí <i>Cymraeg</i> os cionn 3	Cainteoirí líofa	labhraíonn <i>Cymraeg</i> go laethúil	Scríobhann <i>Cymraeg</i>	Scríobhann <i>Cymraeg</i> go han-mhaith
2,865,000	588,000 (20.5%)	317,000 (58%)	63%	542,000	34%

Cé go bhfuil sé dlite ar scoileanna *Cymru* de réir údarás Acht 1933 go bhfuil *Cymraeg* le múineadh do dhaltáí go haois 16, deir Sutherland go bhfuil a lán tuismitheoirí, iad san ar imill *Cymru* / Sasana nach bhfuil sásta le *Cymru* éigeantach agus a luann gur cailliúint ama scoile é. Deir Heath, luaite i Sutherland (2000), nach labhraíonn 60% díobh san a d'fhreastail ar scoil 'LánCymraeg' an teanga ach go hannamh ina dhiaidh sin.

4.3.3. Bunscolaíocht trí *Cymraeg*

Bunaíodh an chéad bhunscoil inar múineadh gach ábhar trí *Cymraeg* i 1939 le seachtó páiste ach níor deineadh mórán dul chun cinn go dtí an tréimhse 1959-2009 i dtaobh bunscoileanna dá leithéid. Is ábhar éigeantach é *Cymraeg* ar an gCuraclam Náisiúnta. Deir Sutherland (2000) nach gá ó 1994 go mbeadh *Cymraeg* éigeantach mar bhunábhar scoile do pháiste ceithre bliana déag i

scoileanna ina bhfuil Béarla mar mheán múinteoireachta, cé go bhfuil sé de rogha ag scoileanna leanúint ar aghaidh le staidéar an ábhair in ardranganna meánscoileanna:

From 1994 onwards...for pupils past the age of 14 it was necessary to be a 'compulsory foundation' subject in English medium schools...it remains open to pupils or schools to choose to continue its study after the early secondary stage' (Sutherland, 2000 l. 20)

Tá sé seo spéisiúil nuair a chuimhnítear gur ábhar éigeantach í an Ghaeilge i mbunscoileanna agus meánscoileanna na hÉireann suas go dtí leibhéal Ardteistiméireachta.

Sa bhliain 2000 bhí 445 bhunscoil (27% den iomlán) inar múineadh gach ábhar trí *Cymraeg*. Bhí 82 (5%) a bhain méid áirithe úsáide as *Cymraeg* agus bhí an chuid eile (68%) inar múineadh *Cymraeg* mar an dara teanga. Tá Coláistí Oideachais faoi leith ann ina múintear múinteoirí trí *Cymraeg* mar atá ag muintir Basque in iardheisceart na Fraince - mar atá ráite cheana – gné den oiliúint mhúinteoireachta teanga ina bhfuil Éire easnamhach.

4.4 Achoimre

Tá mórán le foghlaim againn ó chainteoirí mionteangacha *Valenciano*, *Euskera* agus *Cymraeg*. B'ionmholta e go mbeadh *lineas* nó 'líne Ghaelach' againn inár mbunscoileanna i dtreo is go bhfreastalófaí ar thuismitheoirí gur mian leo go n-oilfí a bpáistí trí Ghaeilge ó thús. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh in aon bhunscoil ina bhfuil dhá nó trí rang den aois / ghrád céanna. Bheadh níos mó tuismitheoirí ag lorg a leithéid dá mbeadh sé ar fáil.

Ag an am céanna ní bheadh ar 'Ghaeilgeoirí' nó ar chlanna a bhfuil Gaeilge mar mheán cumarsáide sa bhaile acu, triall ar Ghaelscoileanna a fhéadfadh a bheith i bhfad uathu. Tá an rogha eile atá ag lucht *Valenciano* le moladh leis, scoileanna le Spáinnis mar mheán teagaisc agus *Valenciano* mar ábhar éigeantach, agus a mhalairt, agus scoileanna eile, fiú amháin le *Valenciano* mar an t-aon mheán teagaisc. Tá ár mbunmhúinteoirí cáilithe chun a leithéid a dhéanamh ach cur chuige. Dá mbeadh a leithéid de scoileanna againn anseo in Éirinn, d'ardódh sé caighdeán na teanga agus chothódh sé ionannas.

Tá gá le níos mó réamhscolaíochta / naíscolaíochta do dhaltaí 2 - 4 bliana d'aois mar atá sa cheantar Basque in Iparralde in iardheisceart na Fraince.

Tá Acadamh tríú leibhéal ag lucht Euskera chun iad féin a cháiliú trí *Euskera* agus coláistí tríú leibhéal ag lucht labhartha *Cymru* chun iad a oiliúint trí Cymraeg, áis atá de dhíth orainn in Éirinn go géar.

Tá trí leibhéal scrúdaithe ag lucht *Valenciano* le cáiliú céimseach. Ní mar sin atá an scéal anseo. Tá cúrsaí againne do thosaitheoirí agus foghlaimoírí idirmheánacha Gaeilge ach ní bhactar leo. Tugann bunmhúinteoirí a fhilleann ar Éirinn agus atá ar leibhéal éagsúla acmhainne Gaeilge, faoin Scrúdú SCG ina gcéad bhliain sa bhaile – scrúdú ar chéim ardleibhéil. Chabhródh sé dá mbeadh córas céimseach cinnte leagtha síos dóibh agus go mbeadh orthu cloí leis - go ngluaisfidís ón gcéad go dtí an tríú céim, le cabhair cúrsaí agus ranganna inseirbhíse.

Mar tá léirithe i gcás Gaeilge, *Euskera*, *Valenciano* agus *Cymraeg*, tá mórán fachtóirí a bhaineann le caomhnú, forbairt agus slánú teanga. Tá toscaí éagsúla a áisíonn obair mhúinteora ranga, tacaíocht rialtais, tacaíocht agus cúnaimh príomhoidí maraon le bá agus comhoibriú comhleacaithe ach go háirithe. Cé gur iontach an tacaíocht é tacaíocht rialtais, ní leor é. Tá tacaíocht ag *Valenciano* trí reachtaíocht an rialtais láir agus trí reachtaíocht Eorpach mar atá ag Rialtas na hÉireann. Aithníonn Rialtas na Breataine *Cymraeg* i *gCymru* ach cé go bhfuil reachtaíocht Eorpach a aithníonn *Euskera*, ní ghlactar mar theanga neamhfhorleathan ag Rialtas na Fraince í. Tá sainchúinsí éagsúla ag feidhmiú i ngach tír a imríonn tionchar (tionchar cultúrtha go minic) ar an oideachas; agus cé gur fiú an plé agus an anailís thraschomparáideach astu féin ní féidir comparáid shimplí maol a áiteamh i gcónaí.

Deir May (2000) gur féidir teanga a neartú trí dhlísteánú ach nach ionann é sin agus a rá go mbeidh tionchar ar labhairt na teanga dá bharr. Ní gá ach féachaint ar iarrachtaí in aisce Phoblacht na hÉireann, chun Gaeilge agus Béarla a chur chun cinn le chéile, chun é seo a thuiscint (May, 2000). Luann Sutherland an rud céanna – gur theip ar pholasaithe éagsúla rialtais, teanga a bhrú ar dhaoine, Rialtas na hÉireann ina measc, cé go raibh polasaí cinnte lárnach i gceist:

...various failures of central government to impose a language...the failure of Irish to become a dominant language in the Republic of Ireland despite a clear central policy for its use (Sutherland, 2000 l. 208).

Ní fhéadfaí gluaiseacht ar aghaidh ó thaobh teanga de, ní fhéadfaí bheith muiníneach agus dóchasach i leith teanga gan bhá, tuiscint agus comhoibriú tuismitheoirí agus obair an mhúinteora féin sa rangsheomra. Is iad san na fachtóirí agus na spreagthóirí is tábhachtaí. Aontaíonn Sutherland (2000) leis seo nuair a deir sé gurb é an rud is tábhachtaí ná an rogha a dhéanann daoine chun an teanga a chaomhnú agus a choimeád agus tá an pointe céanna léirithe ag Stuijt (1998) a aontaíonn gurb iad na tuismitheoirí agus na múinteoirí faoi ndear na dtionscnamh i dtaobh Basque.

Caibidil 5 Modheolaíocht

5.0 Réamhrá

Seo cur síos ar an modheolaíocht atá in úsáid sa tráchtas seo. Tráchtar sa chaibidil seo ar conas a chinnteofar aidhm an tráchtais agus conas a bhainfear amach na cuspóirí atá léirithe cheana féin.

Tá cur síos ar thaighde cainníochtúil agus ar thaighde cáilíochtúil, ar thriantánacht, ar bhailíocht agus ar iontaofacht. Gluaiseann an chaibidil trí na fáthanna gur gá suirbhé píolótach a dhéanamh agus an tábhacht a bhaineann lena leithéid. Tá cur síos ar an gceistiúchán agus na ceithre ranna atá ann, conas ar dearadh an ceistiúchán agus conas ar cuireadh le chéile é. Mínítear cén fáth ar toghadh lucht SCG na bliana 2008 mar thuairisceoirí don cheistiúchán, seachas iarchéimithe aon bhliain eile

Sa tráchtas seo b'iad athbhreithniú litríochta, an suirbhé/ceistiúchán, agallaimh leathstruchtúrtha agus torthaí scrúduithe SCG le roinnt blianta anuas, 2006-2010, na foinsí a bhí i gceist. Deir saineolaithe (Arksey & Knight, 1999) go bhfaightear míniúcháin nua éagsúla trí mhodhanna éagsúla taighde a úsáid. Aontaíonn saineolaithe eile leis seo nuair a deir siad go gcinntíonn úsáid modhanna difriúla nó triantánachta, go bhfuil iarracht á dhéanamh teacht ar thuiscint iomlán na ceiste atá faoi chaibidil (Denzin & Lincoln, 2000). Luaitear triantánacht mar mhodh coitianta éifeachtach le haghaidh taighde. Deir Robson (2002) go bhféadfaí modhanna difriúla a úsáid chun tabhairt faoi fhadhbanna difriúla i staidéar cinnte amháin, in ionad díriú ar cheist amháin leis féin.

5.1 Slite Taighde Modheolaíochta

Tugadh faoin triantánacht ó thús le haghaidh comhlíonadh cuspóirí. Is é an rud é triantánacht ná slí chun teacht ar réiteach ar ábhar nó ar fhadhb trí eolas a bhailiú trí mhodhanna éagsúla.

5.1.1 Taighde Cainníochtúil

Trí thaighde cainníochtúil tagaimid, trí cheisteanna dúnta agus oscailte, ar chonclúid uimhriúil ar ár gceisteanna taighde. Is iad suirbhéanna an tslí is comónta i gcúrsaí taighde cainníochtúla (Arksey & Knight, 1999). Toghadh an modh seo anseo chun measúnú agus breithniú a dhéanamh ar thaithí, ar shaothar agus ar stádas bunmhúinteoirí a oileadh thar lear.

5.1.2 Taighde Cáilíochtúil

Deir Robson (2002) go mbaineann taighde cáilíochtúil le teicníochtaí breathnaithe, ceistiúchán oscailte agus uaireanta le bealaí neamhstruchtúrtha maidir le bailiú sonraí. Tá gá le solúbthacht ar thóir freagraí a bhaineann leis an gcomhthéacs agus leis na daoine atá i gceist sa cheistiúchán. Tá cáilíochtaí ar leith riachtanach do thaighdeoir a bhaineann úsáid as an modh seo: sochorraitheacht atá teoiriciúil agus sóisialta, a bheith in ann anailís oibiachtúil a dhéanamh ach ag baint úsáide ag an am céanna as taithí agus eolas teoiriciúil, chun a bhfuil feicthe a mhíniú. Tá, leis, cumhacht ghéar breathnaithe ag teastáil mar aon le scileanna idirghníomhaíochta.

Ach níltear ar aon aigne conas tabhairt faoi anailís cháilíochtúil nó cén saghas anailíse atá inglactha (Sarantakos, 2005). Luann Kvale (1994) agóidí faoi agallaimh taighde cáilíochtúla. Deir sé go gcáintear taighde cáilíochtúil go minic de bhrí nach n-eagraítear tionscnamh taighde i gceart agus toisc a laghad eolais a bhailítear. Ach táthar ag iarraidh sa taighde seo, cloí leis an gcáilíocht is suntasaí a bhaineann le taighde cáilíochtúil, de réir saineolaithe mar Sarantakos (2005), a deir go mbaineann anailís cháilíochtúil le sonraí atá ar fáil, nach bhfuil mórán tomhais cainníochtúil, caighdeánú nó teicníc statisticiúil i gceist agus go bhfuil mar aidhm aige sonraí cáilíochtúla a chlaohlú agus a mhíniú i slí ghéar scolártha.

Tá na cáilíochtaí a bhaineann le taighde cáilíochtúil spéisiúil agus tarraingteach sa tslí go bhféadfaí bheith lánoscailteach leis an duine atá á cheistiú. Sa taighde atá ar siúl anseo is féidir idirmhíniú a dhéanamh ar dhearcadh agus ar léargas duine nó daoine: díriú ar ghnéithe faoi leith a bhaineann leis an ábhar taighde agus glacadh le caidreamh pearsanta deimhneach pé duine nó

daoine atá á gceistiú. Is féidir glacadh le smaointe difriúla agus iniúchadh a dhéanamh ar fhéidearthachtaí. Mar sin, tá i bhfad níos mó i gceist le fírcí agus figiúirí ná mar atá sa taighde cainníochtúil. Mar atá ráite, tá an léargas, an dearcadh agus an tuiscint a luaitear, níos doimhne agus dírithe ar an bhfócas lárnach atá i gceist, lucht scrúduithe le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge, agus cás na Gaeilge. Táthar ag iarraidh sa tráchtas seo, teacht ar shoiléiriú, ar chinnteacht agus ar dheimhniú ceisteanna taighde. Táthar ag baint úsáide as agallaimh chun hipitéisí a thriail agus a fhorbairt agus socraíodh go mbeadh na hagallaimh leathstruchtúrtha. Beidh níos mó solúbthachta agus saoirse ag baint leo, toisc go mbeidh rogha ag an duine atá á cheistiú bheith srianta nó scaoilte agus go mbeidh seans ag an duine nó ag na daoine seo, gnéithe den fhiosrúchán a nochtadh gan dua.

5.2 Bailíocht agus Iontaofacht sa Phróiseas Taighde

Chun a chur ina luí ar an taighdeoir féin agus orthu siúd a léifidh an tráchtas, gurbh fhiú an taighde a deineadh ar an ábhar, tá trí choincheap i gceist – bailíocht, teoriciú ginearálta agus iontaofacht. Deir Robson (2002) gur coincheapa tábhachtacha iad seo. Baineann bailíocht le fírinne an eolais mar atá sé, an léiríonn an t-eolas a bhailítear an stádas mar atá? Léiríonn teoriciú ginearálta fairsinge na dtorthaí taighde a bhailítear, an bhféadfadh an t-eolas céanna bheith bainteach le haon ghrúpa eile seachas lucht SCG bliain amháin nó blianta eile? Baineann iontaofacht le buanseasmhacht, sé sin, dá gcuirfí na ceisteanna céanna am eile an bhfaighfí na torthaí céanna?

5.3 Athbhreithniú na Litríochta

Nuair a bhíodas ag tosú ar thaighde a dhéanamh ar ábhar an tráchtais seo, tuigeadh gur staidéar eisceachtúil a bheadh ann. Cé go bhfuil na céadta iarchéimithe ag triall go bliantúil chun na Breataine le haghaidh a gcáilithe mar bhunmhúinteoirí, tá eolas fúthu easnamhach. Níl aon rud foilsithe ag An Roinn Oideachais agus Scileanna, ag na coláistí oiliúna oideachais nó acusan a

cheadaigh an córas cáilithe seo. Níl aon rud scríofa fúthu san nach nglacfaí isteach sna coláistí oiliúna oideachais anseo de bharr laige faoi leith ina riachtanais iontrála.

Níl aon taighde ábharthach scríofa go dtí seo, faoi ábhar an tráchtais seo, oiliúnt bunmhúinteoirí thar lear agus an Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge.

Toisc go bhfuil an litríocht faoi oiliúint na mbunmhúinteoirí seo a oiltear thar lear easnamhach, iniúchfar an cúlra ina bhfostaítear anseo iad. Tráchtfar anseo faoin Ghaeilge i gcóras oideachais bunscoile na tíre seo, ar stádas na teanga i gcomparáid le stádas mionteangacha Eorpacha eile agus ar chórais cáilithe bunmhúinteoirí i dtíortha eile mar atá léirithe san athbhreithniú litríochta. Is ábhar tábhachtach an t-iniúchadh seo de bhrí go bhfuil uimhir shonrach d'iarchéimithe i gceist. Tá srian ar an méid iarrthóirí a ghlactar isteach sna coláistí oiliúna oideachais in Éirinn gach bliain. Imíonn na céadta iarchéimithe chun na Breataine gach bliain chun freastal ar chúrsaí iarchéime bliana ansin. Filleann .c. 600 acu ar ais ón mBreatain gach bliain ag lorg oibre. Tá ceisteanna le freagairt, mar sin, faoina gcáiliú, faoi na fáthanna nach féidir leo iad féin a cháiliú anseo ag fágáil na meánscoile dóibh agus faoin gcóras cáilithe i dtaobh na Gaeilge anseo.

Cinneadh ina dhiaidh sin, iniúchadh a dhéanamh ar stádas oifigiúil agus stádas réalaíoch na Gaeilge i gcomparáid le stádas oifigiúil, stádas réalaíoch, bunscolaíocht agus bunmhúinteoirí i dtíortha eile. Píocadh *Valenciano*, *Cymraeg* agus *Eusquera*, mar atá ráite cheana toisc gur teangacha neamhfhorleathana iad atá faoi bhrú ag trí cinn de theangacha móra na hEorpa agus de theangacha móra labhartha an domhain, Spáinnis, Béarla agus Fraincis faoi seach. Ní hamháin san ach tá an Ghaeilge faoi bhrú ón mBéarla dar ndóigh mar atá ceann amháin acu san (*Cymraeg*).

Chabhraigh an taighde anseo chun deacrachtaí mionteangacha Eorpacha eile a thuiscint, go mór mór nuair a thuigtear go bhfuil aitheantas Eorpach faoi leith i dtaobh na teanga ag Éirinn de bhrí go nglactar mar phríomhtheanga na tíre seo í, i gcomparáid le tíortha eile na hEorpa, a bhfuil a mionteangacha neamhfhorleathana aitheanta ach faoi bhrú ag príomhtheanga na tíre.

5.4 Suirbhé Píolótach

Séard atá sa suirbhé píolótach de réir Robson (2002) ná mionleagan den suirbhé mór atá le déanamh ina dhiaidh. Deir Cohen et al (2007) go n-úsáidtear suirbhé píolótach chun iontaofacht, bailíocht agus indéantacht an cheistiúcháin a thriail. Trí an suirbhé píolótach cinntítear soiléireacht, teoracha, leagan amach, deacrachtaí míniúcháin, faid, am chun freagra a thabhairt, agus ceisteanna deoranta. Úsáidtear suirbhéanna píolótacha go príomha chun aischothú a fháil ar na saghsanna ceisteanna ba cheart a chur ar fhreagróirí, mar aon le heolas faoi cheisteanna oscailte agus dúnta. Tá gá le haischothú leis, faoi phríomhcheisteanna, faoi mhíreanna ba chóir a fhágáil ar lár, faoi cheisteanna iomarcacha, ceisteanna nach mbaineann le freagróirí agus faoi cheisteanna nach dtuigtear de ghnáth.

Deineadh an suirbhé píolótach trí chabhair agus comhoibriú trí bhunmhúinteoir déag a oileadh thar lear agus a bhí ag freastal ar chúrsa le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge i 2007-2008. Bhí an cúrsa seo mar réamhullmhúchán acu mar bhí siad ag tabhairt faoin Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge don chéad uair an Cháisc dar gcionn i 2008. Tugadh amach na ceistiúcháin agus d'fhreagair an trí dhuine dhéag an ceistiúchán i rith an ranga. Míníodh ansin gach a bhain le freagairt an cheistiúcháin agus gealladh rúndacht. Dúradh nár ghá an ceistiúchán a fhreagairt munar mhian leo é. Níor ghá ainmneacha a chur leis. Ní luafaí ainmneacha, ceantair, scoileanna nó aon rud in aon chor a chabhródh le duine ar bith, ainm, ceantar nó scoil a aimsiú tríd an gceistiúchán nuair a bheadh eagrú na gceistiúchán ar siúl. Bhí na mic léinn lánsásta leis seo agus fonn orthu an ceistiúchán a líonadh isteach gan treorú. Níor athraíodh na buncheisteanna nó cruth ginearálta na gceisteanna de bharr an tsuirbhé phíolótaigh seo. Cuireadh malairt frásaí ar chuid de na ceisteanna i ndiaidh an tsuirbhé ceart go leor agus cinntíodh sa tslí seo go rabhthas ar an mbóthar ceart ó thaobh leagan amach an cheistiúcháin de.

5.4.1 An Ceistiúchán

Is slí fiosraithe é an ceistiúchán sa chás seo chun eolas ábharthach riachtanach a bhailiú ó ghrúpa samplach faoi leith, faoina stair oideachais, faoina dtaithí thar lear mar mhic léinn agus faoina ndearcadh ar an gcóras oiliúna atá faoi chaibidil sa tráchtas seo. Deir Robson (2002) gur féidir brath ar thorthaí taighde mar seo má chuirtear na ceisteanna comónta céanna ar na freagróirí go léir i ndiaidh suirbhé phíolótaigh.

Is minic a fhreagraíonn daoine ceistiúchán gan mórán suime nó eolais ar an ábhar i gceist. Toisc gur bhain an ceistiúchán seo le hábhar a raibh baint lárnach ag freagróirí leis, ceapadh gurbh fhiú go mór é mar fhoinsé eolais. Deir Robson (2002) go mbraitheann a lán ar inniúlacht theicniúil na ndaoine i bhfeighil an tsuirbhé. Deir sé leis go gcaithfí a chinntiú go bhfuil soiléireacht ag baint leis na ceisteanna a chuirtear agus go gcaithfí athbhrí a sheachaint. Is deacair leis, a deir sé, a chinntiú go nglacfaidh a lán daoine páirt sa tsuirbhé, go háirithe má dhéantar tríd an bpost é. Deir Robson (2002) go bhfuil sé deacair go leor suirbhé a threorú, nuair nach bhfuil aithne ag na freagróirí ar an taighdeoir.

Mhínigh teagascóirí ina ranganna SCG ar fud na tíre dóibh san a bhí ag tabhairt faoi SCG na bliana 2008 cad a bhí i gceist maidir leis an gceistiúchán. D'fhéadfaí é a fháil agus a líonadh isteach dá mba mhian leo é. Dúradh go soiléir sa chás seo nár ghá d'aon duine an ceistiúchán a ghlacadh nó a líonadh isteach munar mhaith leo é. Ní raibh brú ar bith ar aon duine an ceistiúchán a ghlacadh. Bailíodh na ceistiúcháin a líonadh isteach agus seoladh chuig an taighdeoir tríd an bpost iad.

5.4.2 Dearadh an Cheistiúcháin

Deineadh soiléiriú trí thaighde cáilíochtúil ar stair oideachais iarchéimithe a oileadh thar lear mar chomhlíonadh aidhme, trí cheapadh agus dearadh ceistiúcháin chun na cuspóirí céanna taighde a bhaint amach.

Tá níos mó i gceist ná imeacht iarchéimithe thar lear d'fhonn a gcáilithe mar bhunmhúinteoirí. Tá fáthanna agus impleachtaí a n-imeachta i gceist mar aon le heasnaimh inár gcóras oideachais (má fhaightear amach an bhfuil a leithéid i gceist), ceist na Gaeilge féin agus córas cáilithe na nua-bhunmhúinteoirí fillte ar Éirinn, a bheadh ag múineadh na teanga inár mbunscoileanna.

Ghluais an cheistiúchán trí cheithre phríomh roinn:

Roinn A	Oideachas Bunscoile agus Meánscoile	Ceisteanna 1 - 5
Roinn B	Oideachas Tríú Leibhéal	Ceisteanna 6 - 8
Roinn C	Taithí thar lear	Ceisteanna 9 - 12
Roinn D	Stádas i láthair na huaire	Ceisteanna 13 – 19

Ba cheistiúchán dátheangach é le naoi gceisteanna déag ar fad, le ceisteanna ilroghnacha tríd síos d'iarrthóirí a bhí le tabhairt faoin SCG ar an 25ú, ar an 26ú agus ar an 27ú lá de Mhárta 2008 i gceithre ionad ar fud na tíre: Coláiste Oideachais Marino (MIE), Áth Luain, Sligeach agus Corcaigh. B'iad príomhchuspóirí an cheistiúcháin ná:

- a) stair oideachais bunscoile agus meánscoile na mbunmhúinteoirí seo a ríomh (ó thaobh na Gaeilge de ach go háirithe),
- b) na fáthanna nár theastaigh uathu nó nár éirigh leo iad féin a cháiliú in Éirinn mar bhunmhúinteoirí,
- c) a stádas i leith na Gaeilge,
- d) an chabhair atá uathu i dtaobh na Gaeilge agus
- e) i dtaobh múineadh na Gaeilge,
- f) a dtuairimí faoin Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge agus
- g) na himpleachtaí (ó thaobh na Gaeilge de ach go háirithe) a bhaineann le glacadh na mbunmhúinteoirí seo isteach i gcóras oideachais bunscoile na hÉireann.

5.4.3 Deacrachtaí maidir le dáileadh an cheistiúcháin

Díríodh ar dtús ar ghrúpa amháin, lucht SCG na bliana 2007. Seoladh sonraí a bhain leis an gceistiúchán chuig Oifig an SCG. Bhí deacrachtaí eitice agus rúndachta ag baint leis seo ó thús de réir na hoifige SCG i MIE toisc go rabhthas ag lorg seoltaí pearsanta lucht SCG na bliana 2007 a raibh an SCG déanta acu an bhliain roimhe sin mar fhreagróirí. Ullmhaíodh agus seoladh plean leasaithe chun na hoifige sin ag glacadh go hiomlán le moltaí agus coinníollacha a bhí á lorg ag Oifig an SCG. Tuigeadh go raibh gá le coinníollacha faoi leith, ós rud é go mbeadh cúrsaí eitice ag teacht chun cinn le dream go mbeadh an scrúdú críochnaithe acu. Ach le himeacht aimsire, bhíodhas ag éirí níos inníthí faoin bplean agus faoin scéim a ceapadh i dtaobh grúpaí ó bhlianta éagsúla agus agallaimh indibhidiúla ó mhic léinn a thug faoin SCG i mblianta éagsúla. Ceapadh faoi dheireadh go raibh an iomad constaicí leis an scéim a bhí idir lámha agus go raibh an plean ró-chasta. Bheadh ar an taighdeoir bheith ag déileáil le cúrsaí eitice faoi ainmneacha agus seoltaí daoine a lorg agus a fháil ó Oifig an SCG, le drogall agus moill daoine ag freagairt agus ag seoladh ar ais ceistiúchán, ag déanamh glaonna teileafóin b'fhéidir, orthu san a bhí mall ag seoladh ceistiúchán ar ais agus araile.

Chun éalú as deacrachtaí, casadh i dtreo lucht SCG na bliana 2008 nár thug faoin scrúdú fós. Cinntíodh go bhféadfaí an ceistiúchán a scaipeadh ag cúrsaí SCG in ionaid éagsúla ar fud na tíre. Bhí Oifig an SCG lánásta leis an athrú. Iarradh agus fuarthas sonraí ó Oifig an SCG faoi ionaid oideachais ina raibh cúrsaí SCG ar siúl – sonraí faoi stiúrthóirí na n-ionad agus faoi theagascóirí SCG. Beartaíodh go mbeadh an taighdeoir ag déileáil le haon chúrsa dhéag. Lorgaíodh cead ó gach stiúrthóir ionaid dul ar aghaidh leis an bhfiosrúchán. Fuarthas uimhir na mac léinn a fhéadfadh a bheith i láthair i ngach ionad, seoladh na ceistiúcháin, bailíodh pé ceistiúcháin a líonadh isteach agus seoladh ar ais chuig an taighdeoir iad. Fuarthas freagraí an cheistiúcháin ó naoi n-ionad.

5.4.4 Cúrsaí Eitice

Baineann cúrsaí eitice le hiompar (Robson, 2002). Tháinig sé seo chun cinn go tapaidh sa suirbhé seo mar bhí sé i gceist go rabhthas ag lorg ainmneacha agus seoltaí daoine a thug faoin SCG i mblianta éagsúla. Seo pointe a luann Robson leis (2002). Deir sé go bhféadfadh go ndéanfaí dochar trí thaighde a dhéanamh i limistéir éagsúla nár ghá nó a bheadh dainséarach. Thiocfadh ionad an tsuirbhé isteach sa scéal fiú amháin. Tá ceist ann faoi rúndacht, cearta an duine i dtaobh ceistanna a fhreagairt nó gan a fhreagairt, an t-eolas a bheadh acu faoin ábhar i gceist agus conas a úsáidfí an t-eolas a bhailítear. An mbeidh a fhios ag daoine eile gur fhreagair nó nár fhreagair duine áirithe an ceistiúchán nó an bhfuil impleachtaí ann do dhaoine nár fhreagair an ceistiúchán? Deir Robson leis (2002) go bhfuil cleachtais faoi leith ag baint le taighde mar seo. Deir sé nár cheart bheith ag déileáil le daoine gan a gcead a fháil ná brú a chur ar dhaoine páirt a ghlacadh i dtaighde. Ba chóir eolas iomlán a thabhairt do fhreagróirí faoin gceistiúchán. Níor cheart, a deir sé, freagróirí a chur i mbaol fisiciúil nó intinne nó cur isteach ar a bpríobháideachtas. Deir Robson gur chóir i gcónaí a bheith ag déileáil le daoine le meas agus le tuiscint.

Nuair a bhíodas ag déileáil le stiúrthóirí na n-ionad oideachais agus le teagascóirí SCG agus dar ndóigh, leis na bunmhúinteoirí féin a bhí ag glacadh páirte sa taighde, gealladh agus cinntíodh nach luafaí ceantair, scoileanna, ainmneacha daoine, nó aon rud óna bhféadfaí ceantair, scoileanna, ainmneacha daoine a ainmniú nó a aithint trí thorthaí an taighde. Ba chuma le hollaimh an choláiste oideachais, leis na mic léinn agus leis an meantóir scoile ar cuireadh agallaimh orthu, an luafaí nó nach luafaí a n-ainmneacha i dtaobh aon rud a bhí le rá acu. Nuair a thuig Comhordaitheoir an SCG in Institiúid Oideachais Marino nach raibh i gceist sa taighde seo anois ach slí déileála leo san a bheadh ag tabhairt faoin SCG i mí na Márta 2008, níor ghá cúrsaí eitice a bheith chomh mór san chun tosaigh ná chomh srianta. Bheadh an fhreagarthacht ar na freagróirí féin an ceistiúchán a fhreagairt nó gan a fhreagairt gan bhrú d'aon saghas air/uirthi ó Oifig an SCG ná brú ar bith ar Oifig an SCG féin. Nuair a beartaíodh ar an gceistiúchán a fhreagairt sna hionaid oideachais i rith nó i ndiaidh cúrsaí SCG bhí teagascóirí SCG toilteanach cabhrú trí na ceistiúcháin a dháileadh ar aon duine a bhí sásta iad a fhreagairt.

5.4.5 Anailís Torthaí

Socraíodh ar mhodh *Excel* le haghaidh eagraithe, anailíse agus meastóireachta na bhfíricí a líonadh isteach ar na ceistiúcháin. Ceapadh, i ndiaidh comhairle staitisticeora, gurbh é seo an tslí ba oiriúnaí chun déileáil leis an eolas a tugadh. I gcás na n-agallamh, níor deineadh taifeadadh orthu. Scríobhadh nótaí lánmhara faoi gach agallamh agus tá na nótaí lánmhara sin sna hagusíní. Cuireadh idéithe agus tuairimí agus argóintí na bhfreagróirí le chéile in aon léirmheas amháin. Deineadh é seo de réir réimsí tábhachtacha iomchuí a bhaineann le hoiliúint bunmhúinteoirí anseo agus thar lear agus an chabhair atá ar fáil do nua-bhunmhúinteoirí sa chóras oideachais bunscoile.

5.5 Sé Agallamh

Cinneadh go gcuirfí agallaimh ar shaineolaithe bunoidreachais, ar mhic léinn iarchéime choláiste oideachais anseo, ar mhic léinn iarchéime a oileadh thar lear agus a thug faoin gcúrsa SCG ar fhilleadh go hÉirinn agus ar mheantóir(í) scoile. An chúis a bhí leis na hagallaimh seo ná chun saibhreas agus castacht iompair dhaonna a mhíniú trí staidéar a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla de (Cohen, Manion & Morrison, 2007). Chabhraigh na hagallaimh le mic léinn iarchéime buncheisteanna ón gceistiúchán féin a shoiléiriú. Triaileadh hipitéisí agus tugadh léargas ar dhearcadh saineolaithe ar thurraing an SCG ar mhic léinn, ar na scoileanna ina bhfuil na hiarchéimithe seo ag teagasc agus ar oiliúint múinteoirí go ginearálta. An buntáiste atá leis an bpróiseas agallaimh ná go gceadaíonn sé spontáineacht agus go bhfaightear freagraí níos iomláine ar cheisteanna casta (Cohen, Manion & Morrison, 2007). Ach tá míbhuntáiste ag baint leis an agallamh, suibíochtúlacht agus claonbhá an agallóra (ibid.)

Tá dhá roinn agallamh ag Robson (2002), agallaimh struchtúrtha agus agallaimh leathstruchtúrtha. Séard atá san agallamh struchtúrtha ná agallamh le ceisteanna agus ord ceisteanna atá socraithe roimhré. Léiríonn sé stádas seasta, dúnta, amhail an ceistiúchán. Séard is brí le hagallaimh leathstruchtúrtha ná ceisteanna socraithe roimhré. Ach ag an am céanna is féidir leis an agallóir ceisteanna a athrú, a athfhrásáil, ceisteanna a fhágáil ar lár nach mbaineann

leis an duine atá á cheistiú nó ceisteanna nua a cheapadh. Is stádas scaoilte é an t-agallamh leathstruchtúrtha a cheadaíonn solúbthacht agus is féidir leis bheith neamhfhoirmiúil ar fad.

Ceapadh gurbh é an t-agallamh leathstruchtúrtha an ceann ba oiriúnaí anseo. Bíonn struchtúr ag an agallamh leathstruchtúrtha agus ag an am céanna tugann sé saoirse don agallóir iniúchadh doimhin a dhéanamh ar cheisteanna faoi leith (Robson, 2002).

Gealladh rúndacht do na freagróirí ach, mar atá ráite cheana, ba chuma leo go léir dá luafaí nó muna luafaí a n-ainmneacha nó aon rud a bhí le rá acu. Iarradh cead orthu nótaí a bheith a dtógáil i rith na n-agallamh agus bhí siad sásta, i ngach cás, an cead sin a thabhairt.

Bhí agallamh agam ar dtús le príomhléachtóir Roinn na Gaeilge in Institiúid Oideachais Marino toisc go bhfuil baint lárnach aige mar aon le Comhordaitheoir an SCG/OCG le gach a mbaineann leis an SCG/OCG. Glacann sé páirt lárnach i gcrúinthe in MIE le teagascóirí, feitheoirí scrúduithe, cuairteoirí oifigiúla scoile, scrúduithe béil, eagrú na scrúduithe féin, eagrú agus ceartú páipéar scrúduithe SCG chuile bhliain. Níl duine sa tír níos eolasaí ná an duine seo faoin SCG/OCG.

Ina dhiaidh sin bhí agallamh agam le hiarléachtóir agus iar-stiúrthóir Institiúid Oideachais Marino atá ina léachtóir ar Stair an Oideachais i Roinn an Oideachais (ar a bhfreastalaíonn mic léinn MIE) i gColáiste na Tríonóide. Is foinse eolais é ar stair an oideachais agus ar gach a bhaineann le hoiliúint bunmhúinteoirí, le riachtanais iontrála do na coláistí oiliúna oideachais, do chúrsa trí bliana don Bhaitisiléireacht Oideachais agus don chúrsa iarchéime ocht mí dhéag agus mar chuairoteoir bunscoile do mhic léinn an choláiste le fada. Cuireadh agallamh fada leathstruchtúrtha, mar a dúradh cheana, ar an bpríomhléachtóir in MIE agus ar an iarstiúrthóir de chuid MIE, toisc dlúthbhaint a bheith acu le hoiliúint bunmhúinteoirí agus go háirithe leis an gcúrsa ocht mí dhéag anseo, chun a ndearcadh, a n-idéithe agus a dtuairimí a fháil:

- a) i leith próisis roghnaithe na n-iarchéimithe oideachais céanna ag na hagallaimh iontrála anseo.
- b) i leith na n-impleachtaí don chóras oideachais anseo trí .c. 600 bunmhúinteoir a oiltear thar lear a ghlacadh isteach sa chóras oideachais anseo go bliantúil.

- c) arbh éalú é seo ag an Roinn Oideachais agus Scileanna na tíre seo óna ndualgais, ag ligean do Rialtas na Breataine ár mbunmhúinteoirí a cháiliú.
- d) i leith an dara rogha a bheith ag iarchéimithe seachas ligean do na mic léinn seo triall thar lear d'fhonn a gcáilithe.
- e) i leith an chórais cháilithe sa Ghaeilge (An Scrudú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge) do na bunmhúinteoirí a fhilleann ón mBreatain.
- f) a bhfuil le rá acu faoi dhearcadh roinnt príomhoidí, bunmhúinteoirí agus boird bainistíochta i dtaobh na múinteoirí nuacháilithe seo.

Bhí na ceisteanna scríofa os a gcomhair agus am go leor acu iad a fhreagairt ina n-iomlán. Tógadh nótaí lánmhara atá anois sna haguísíní.

Bhí agallaimh leis, le mac léinn a d'fhreastail ar agallamh iontrála don chúrsa iarchéime in MIE agus a bhí ina mhac léinn, dá bharr, ar an gcúrsa céanna. Bhí an duine seo mar mhac léinn ag an taighdeoir agus d'fhéadfaí brath uirthi mar thuairisceoir. Bhí agallamh eile le mac léinn eile a thug faoin gcúrsa iarchéime ag Coláiste príobháideach Hibernia. Bhí agallamh leis an mac léinn seo toisc iarchéim Hibernia a bheith difriúil, sa tslí is go bhféadfaí freastal air agus post lánaimsearach bheith ag an mac léinn, ag an am céanna. Mar aon leis sin, bhí agallamh le meantóir bunscoile a bhfuil sé de dhualgas oifigiúil uirthi cabhrú le bunmhúinteoirí nuacháilithe ina scoil féin agus i scoileanna máguaird, chun a dualgais mar mheantóir a chinntiú agus toisc an chabhair a bhíonn de dhíth ag nua-bhunmhúinteoirí. Mar chríoch, bhí agallamh le mac léinn a d'fhreastail ar chúrsa iarchéime thar lear agus a thug faoin SCG ar fhilleadh go hÉirinn di. Bhí eolas á lorg faoi riachtanais iontrála thar lear, conas a chuirtear agallaimh iontrála ar iarrthóirí do na coláistí oiliúna oideachais sa Bhreatain agus aon phointe eile a thiocfadh as.

5.6 Fíricí á lorg

Chun soiléiriú a fháil ar chóras oiliúna coláistí oideachais anseo in Éirinn agus i dtaobh na tréimhse iarchéime, cinneadh coinníollacha iontrála d'iarchéimithe a phlé agus a iniúchadh le cabhair leaschláraitheoir Institiúid Oideachais Marino (MIE). Socraíodh ar na buncheisteanna céanna a chur ar na mic léinn a bheadh faoi agallamh agam, maidir lena n-eispéireas, i dtaobh iontrála ar na cúrsaí iarchéime ach go háirithe, na hagallaimh iontrála a bhí acu i nGaeilge agus i mBéarla agus an cúrsa iarchéime féin. Bhí páirt lárnach an-tábhachtach ag na hagallaimh iontrála seo i stair oideachais roinnt mhaith de mhic léinn SCG na bliana 2008. Bhí agallamh acu san in Éirinn ach ar chúis amháin nó ar chúis eile, níor éirigh leo áit a bhaint amach in aon cheann de na coláistí oiliúna oideachais anseo, cé gur chomhlíon roinnt mhaith acu na coinníollacha riachtanacha iontrála. Leathnú agus iomlánú eolais a bhí á lorg anseo faoi na fíricí loma eolais a lorgaíodh i gceist 8 (a) i Roinn B den cheistiúchán a bhain leis an tráchtas seo: Ar chomhlíon tú coinníollacha iontrála do choláiste oiliúna oideachais in Éirinn.

Lorgaíodh an t-eolas breise seo ó dhaoine ar éirigh leo sna hagallaimh iontrála éagsúla a bhí acu féin mar iarrthóirí, ag na coláistí difriúla anseo in Éirinn agus thar lear. Bhí gá le measúnú nó iniúchadh a dhéanamh ar an bpróiseas iontrála don iarchéim oideachais anseo, chun é a chur i gcomparáid le córais iontrála iarchéimithe sa Bhreatain. Bhíothas amhrasach faoi na hagallaimh iontrála do na coláistí oideachais, faoi éilimh agus faoi éifeacht na bhfoirne agallamh. Soiléireacht a bhí á lorg chun a chinntiú arbh í an Ghaeilge nó a heaspa nó cúis éigin eile an chonstaic ba mhó gur theip ar mhic léinn sna hagallaimh. Bhí hipitéis ann nárbh í an Ghaeilge ná a heaspa a bhí i gceist. Ba é an fachtóir uimhriúil a bhí i gceist, fachtóir nár bhain le hoideachas ach leis an uimhir a fhéadfaí a ghlacadh ar an gcúrsa iarchéime oideachais. Sin an fáth go bhfuiltear ag iniúchadh an chórais trína nglactar mic léinn ar an gcúrsa iarchéime oideachais agus á chur i gcomparáid leis na hagallaimh iontrála don iarchéim oideachais sa Bhreatain. Mar thús, agus chun soiléiriú a fháil ar chóras oiliúna coláistí oideachais anseo in Éirinn agus i dtaobh na tréimhse iarchéime, deineadh coinníollacha iontrála d'iarchéimithe a phlé agus a iniúchadh le cabhair leaschláraitheoir Institiúid Oideachais Marino (MIE).

5.7 Torthaí Oifigiúla Scrúduithe: An Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge 2006-2010

Chun torthaí iarrthóirí a mheas i gceart, cinneadh ar thorthaí oifigiúla na Cásca agus torthaí mhí Lúnasa (na hAtrialacha) a lorg ó Oifig an SCG in Institiúid Oideachais Marino (MIE) atá i bhfeighil na scrúduithe. Fuarthas torthaí SCG 2006-2010. Deineadh iad a iniúchadh i dtaobh uimhreacha (líon na mbunmhúinteoirí a thug faoi na scrúduithe), rátaí pas agus teip agus impleachtaí na bhfigiúirí agus na gcéatadán i gcoitinne.

5.8 Achoimre

Léirigh an chaibidil na saghsanna éagsúla modheolaíochta a bhí ar fáil agus na cúiseanna ar roghnaíodh iad. Bhí an triantánacht riachtanach chun léargas iomlán a thabhairt ar an ábhar i gceist. Bailíodh eolas agus idéithe agus tuairimí faoi iarchéimithe a thug faoin SCG ó fhoinsí éagsúla, an suirbhé píolótach, an suirbhé mór, na hagallaimh le mic léinn, le hollúna oideachais, cláraitheoir MIE, an meantóir scoile agus ó thorthaí scrúduithe SCG 2006-2010 ina raibh 2,935 mac léinn páirteach, a chabhhródh chun léargas iomlán a fháil ar stádas bunmhúinteoirí a oileadh thar lear, a thug faoin scrúdú SCG agus na mílte eile cosúil leo, a chinn ar bhóthar timpeallánach cáilíochta a thabhairt orthu féin.

Caibidil 6 Torthaí Taighde

6.0 Réamhrá

Tá cur síos anseo ar thorthaí taighde a bhain leis an suirbhé píolótach a deineadh in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge le rang SCG (2008). Mar aon leis seo tá léiriú ar an suirbhé a deineadh ar 157 bunmhúinteoirí a d'fhreastail ar ionaid oideachais ar fud na tíre ar ranganna SCG. Bhi siad le tabhairt faoin Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge ag Seachtain na Cásca 2008 i gceithre ionad: MIE, Áth Luain, Sligeach agus Corcaigh.

6.1 Suirbhéanna

6.1.1 Suirbhé Píolótach

Rinneadh suirbhé píolótach ar 13 bunmhúinteoirí a bhí ag freastal ar rang in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge mar ullmhúchán don Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge. Bhí siad le tabhairt faoin scrúdú don chéad uair an Cháisc dár gcionn i 2008.

Níor athraíodh mórán de na ceisteanna nó cruth na gceisteanna i ndiaidh na bhfiosruithe seo. Athraíodh leathanach ar a raibh teoraithe faoi fhreagraíocht, athfrásaíodh ceist 4 faoi chúrsaí Gaeltachta agus socraíodh ar ráta 0 go dtí 10 i dtaobh inniúlacht na mbunmhúinteoirí seo sa Ghaeilge ina n-óige de bharr freasatal ar chúrsaí Gaeltachta. Ar mholadh an staitisticeora cuireadh isteach ceist 18 a chuir an cheist faoi ghnéas agus aois orthu san a ghlac páirt sa suirbhé. Cé nár deineadh mórán athruithe, cinntíodh go rabhthas ar an mbóthar ceart ó thaobh leagan amach an cheistiúcháin.

6.1.2 Suirbhé ar 157 bunmhúinteoirí

Tá naoi gceisteanna déag sa cheistiúchán seo ar thuairisceoirí ó ionaid éagsúla ar fud na tíre. Síneann siad ó cheisteanna 1 agus 2 faoin Teastas Sóisearach agus an Ardeistiméireacht sa

Ghaeilge faoi seach, ar aghaidh tríd an trú leibhéal agus aon cháilíochtaí breise eile a bheadh acu seachas bunchéim. Tá an ceistiúchán dírithe ar riachtanais iontrála do choláistí oiliúna oideachais in Éirinn, na cúiseanna nár fhreastail na hiarchéimithe seo ar choláiste iontrála oideachais in Éirinn, mar aon le hinniúlacht agus taithí na dtuairisceoirí seo i leith na Gaeilge. Cuirtear críoch leis an gceistiúchán le ceist 19 (atá oscailte) a fhiafraíonn de na tuairisceoirí an bhfuil aon rud eile le rá acu i dtaobh múineadh na Gaeilge nó i dtaobh na Gaeilge i gcoitinne. As an 157 d'iarchéimithe a cáilíodh lasmuigh den Phoblacht mar bhunmhúinteoirí agus a ghlac páirt san tsuirbhé agus iad á gcáiliú féin tríd an SCG, fuarthas amach gurbh as Tuaisceart Éireann do 22 acu nó gur daoine iad nár thug faoin Teastas Sóisearach ar chúiseanna eile. I gcás na hArdteistiméireachta sa Ghaeilge, bhí 19 i gceist nár thug faoin Ardteistiméireacht ar na cúiseanna díreacha céanna. B'as Tuaisceart Éireann agus tíortha eile dóibh. Dá gcloífi leis an 157, ní thabharfaí léargas cothrom do stádas staire oideachais na mbunmhúinteoirí seo. Cinntíodh mar sin sa taighde seo, gur 135 a bheadh i gceist maidir leis an Teastas Sóisearach (Ceist 1) agus 138 don Ardteistiméireacht (Ceist 2) Ansin casadh ar ais go dtí 157 do na ceisteanna eile ó cheist 3 go dtí ceist 19.

Ceist 1: Cuir síos do thorthaí Gaeilge don Teastas Sóisearach.

Thug 135 (Fig.6.1) faoin Teastas Sóisearach sa Ghaeilge. Níor bhain an Teastas Sóisearach leis na daoine eile (22). D'éirigh leis an 135 an Teastas Sóisearach sa Ghaeilge a bhaint amach. Thug 115 faoin Ardleibhéal. Is gá grádanna A, B nó C chun Ardleibhéal a bhaint amach. D'éirigh le 105 (78%) Ardleibhéal a bhaint amach. Fuair 10 (7%) Grád D.

Thug 20 faoin nGnáthleibhéal. Is gá A, B, C nó D sa Ghnáthleibhéal chun Gnáthleibhéal a bhaint amach. D'éirigh leis an 20. Shroich 2 (1.5%) Grád A; Fuair 7 (5.25%) Grád B; d'éirigh le 2 (1.5%) Grád C a bhaint amach. Fuair 3 (2.2%) Grád D agus bhí 6 (4.4%) nár chuimhin leo cén grád ar bhain siad amach ach amháin gur éirigh leo Gnáthleibhéal a bhaint amach. Mar sin, ag comhaireamh 10 a thug faoin Ardleibhéal ach nach bhfuair é agus 20 a thug faoin nGnáthleibhéal agus ar éirigh leo ann bhí 30 (22%) a ghnóthaigh Gnáthleibhéal sa Ghaeilge. Tabharfar faoi ndeara gur iad na daoine seo na daoine a bhfuil cead acu bheith ag múineadh

Gaeilge chuile lá i mbunscoileanna na tíre. Ní raibh sé in aigne ag móramh suntasach díobh agus iad ag gabháil don Teastas Sóisearach go mbeidís gafa ar ball le bunmhúinteoireacht ach sin mar a tharla.




Fig.6.1

Ceist 2. Torthaí Gaeilge na hArdteistiméireachta.

Cuir síos do thorthaí Gaeilge san Ardteistiméireacht

Díríonn an tráchtas seo ar iarchéimithe a bheadh ag tabhairt faoin mbunmhúinteoireacht. Dá mba mhaith leo freastal ar an gcúrsa iarchéime oideachais anseo in Éirinn, bheadh orthu Ardleibhéal Ghaeilge Ardteistiméireachta a bheith acu chun cur isteach mar iarratasóirí ar an gcúrsa trí bliana don Bhaitisiléireacht Oideachais i gcoláiste oideachais anseo nó, i ndiaidh céime, tabhairt faoin gcúrsa iarchéime oideachais.

Thug 138 faoin Ardteistiméireacht. Níor bhain an Ardteistiméireacht leis na daoine eile (19).

Thug 103 faoin Ardleibhéal.

Is gá grádanna A, B nó C chun Ardleibhéal a bhaint amach chun tabhairt faoin iarchéim oideachais anseo in Éirinn nó an PGCE thar lear. Fuair 3 (5%) A; fuair 20 (17%) B; fuair 42

(43%) C; fuair 25 (23%) Ardleibhéal cé nár chuimhin leo cén grád; fuair 13 (12%) D. Ní bhfuair siad Ardleibhéal.




Fig.6.2

Thug 35 faoin nGnáthleibhéal.

Is gá A, B, C nó D chun Gnáthleibhéal a bhaint amach. D'éirigh leis an 35. Tá sé seo léirithe i Fig.6.3. Fuair 1 (3%) A; fuair 15 (47%) B; fuair 7 (25%) C; fuair 4 (13%) D. Fuair 8 eile (12%) Gnáthleibhéal cé nár chuimhin leo an grád. Ciallaíonn sé sin go raibh 48 gan Ardleibhéal sa Ghaeilge. Ní fhéadfá smaoineamh ar bheith i do bhunmhúinteoir sa tír seo, in aon choláiste oiliúna sa tír, gan Ardleibhéal Gaeilge Ardeistiméireachta a bheith agat. Feicfear níos déanaí go bhfuil an 48 seo anois ina mbunmhúinteoirí sa Phoblacht gan Ardleibhéal Gaeilge Ardeistiméireachta a bheith acu.

Torthaí Gaeilge na hArdteistiméireachta - Gnáthleibhéal

■ Grád A ■ Grád B ■ Grád C ■ Grád D ■ Ní fios




Fig.6.3

Ceist 3: Cathain a smaoinigh tú gur mhaith leat a bheith i do bhunmhúinteoir?

Bhí ceithre rogha acu anseo; nuair a bhí siad sa bhunscoil; nuair a bhí siad ar an dara leibhéal; i ndiaidh a gcéimeanna ollscoile nó aon am eile. Bhí 157 i gceist anseo.

Dúirt 27 (17%) gur smaoinigh siad ar bhunmhúinteoireacht agus iad sa bhunscoil. Luaigh 38 (24%) go raibh sé ina n-aigine sa mheánscoil.

Ach ba shuntasach ar fad an céatadán ard 70 (45%) nár smaoinigh ar a leithéid go dtí ‘i ndiaidh ollscoile’. Bhí am éigin eile i gceist ag 22 (14%) acu.

Ceist 4: Ar chaith tu tréimhse ar chúrsa samhraidh Gaeltachta aitheanta nuair a bhí tú sa bhunscoil nó ar an dara leibhéal?

Mar a fheicimid i Fig.6.4 bhí 14 (9%) as an 157 a chaith tréimhsí ar chúrsa aitheanta Gaeltachta agus iad sa bhunscoil.

Chaith 56 (36%) tréimhsí ar chúrsa aitheanta Gaeltachta agus iad sa mheánscoil. Níor fhreastail 87 (55%) ar aon chúrsa aitheanta Gaeltachta riamh.

An figiúir is suntasaí sa chomhthéacs seo ná an 87 (55%) nár fhreastail ar aon chúrsa Gaeltachta riamh agus iad sa bhunscoil agus sa mheánscoil. Níor luadh easpa deise nó cúrsaí airgid.




Fig.6.4

Ceist 5: Ar tháinig feabhas ar do chuid Gaeilge dá bharr (dá mbarr)?

Luaigh an feabhas a tháinig ar do chuid Gaeilge de bharr tréimhse a chaitheamh sa Ghaeltacht, ar scála 0 go dtí 10?

Bhí 70 (45%) i gceist anseo i Fig.6.5 Níor fhreastail 87 (55%) de na daoine i gceist (lucht SCG na bliana 2008) ar aon chúrsa Gaeltachta aitheanta riamh agus iad sa bhunscoil nó sa mheánscoil. Ghluais an ráta ó áit éigin idir 0 agus 10 ag. Ciallaíonn Líne 1 sa bhfigiúr uimhir na dtréimhsí sa Ghaeltacht ó thréimhse amháin go dtí 10 dtréimhse. Ciallaíonn Líne 2 sa bhfigiúr uimhir na ndaoine a chaith tréimhsí éagsúla sa Ghaeltacht. Léirigh siad go léir gur tháinig feabhas ar a gcuid Gaeilge. Seo mar ar léiríodh an feabhas:




Fig.6.5

Roinn B Oideachas Tríú Leibhéal

Ceist 6: Sular imigh tú thar lear, ar bhain tú céim ollscoile amach ó Choláiste in Éirinn?

Feicimid i Fig.6.6 go raibh 120 (76%) as an 157 a dúirt ‘sea’, sé sin gur bhain siad céim amach anseo in Éirinn. Bhí 37 (24%) a luaigh ‘ní hea’, sé sin, nár bhain siad céim amach anseo in Éirinn.




Fig.6.6

6 (a) Nuair a cuireadh ceist orthu, ‘cén chéim a bhain tú amach?’ seo mar a d’fhreagair siad:

Fig.6.7

Bhí 19 (16%) le céim san Eolaíocht, 79 (66%) le Baitsiléireacht Ealaíona, 21 (17%) le céim i nGnó, 1 (1%) le céim sa Cheol.

6 (b) An bhfuil Gaeilge Céad Ealaíona Ollscoile agat?

6 (c) An bhfuil Baitsiléireacht sa Ghaeilge agat?




Fig.6.7

Ceist 6 (b) An bhfuil Céad Ealaíona sa Ghaeilge agat?

Bhí 10 as 157 a dúirt go raibh Céad Ealaíona sa Ghaeilge acu. Tá sé seo suimiúil nuair a chuirimid go sásaíonn Céad Ealaíona sa Ghaeilge ceann de na riachtanais thábhachtacha bunúsacha le haghaidh iontrála i gcoláiste oiliúna oideachais anseo. De réir dealraimh, níor glacadh leis an 10 ar chúrsa iarchéime anseo nó níor chuir siad iarratais chuig coláiste oiliúna anseo chun go bhféadfaidís freastal ar chúrsa iarchéime oideachais anseo.

Ceist 6 (c) An bhfuil Céim Baitsiléireachta sa Ghaeilge agat?

Ní raibh aon duine a raibh Céim Baitsiléireachta sa Ghaeilge aige/aici.

Ceist 7: An bhfuil cáilíochtaí eile agat seachas Céim, ó Ollscoil in Éirinn?

As an 157 dúirt 26 (17%) 'Tá' - go raibh cáilíochtaí eile acu seachas céim ó Ollscoil in Éirinn.
Dúirt 131 (83%) 'Níl' - nach raibh.




Fig.6.8

Ceist 8 (a): Ar chomhlíon tú na coinníollacha iontrála don Bhaisiléireacht Oideachais in Éirinn?

Tá an t-eolas a tugadh léirithe i Fig.6.9. As an 157 Ceist 8 (a) dúirt 33 (21%) gur shásaigh siad na coinníollacha iontrála don Bhaisiléireacht Oideachais trí bliana ar chríochnú oideachas dara leibhéal dóibh. Dúirt 113 (72%) nár chomhlíon siad na coinníollacha iontrála. Bhí 11 (7%) nár fhreagair.




Fig.6.9

Ceist 8 (b): Cén fáth nár chomhlíon tú coinníollacha iontrála don Bhaitisiléireacht Oideachais trí bliana in Éirinn?

Mar a thaispeánann Fig.6.10 bhí 64 (52%) a luaigh nach raibh go leor pointí acu, bhí 36 (29%) gan Ardleibhéal Gaeilge Ardteistiméireachta acu. Dúirt 13 (10%) nár chomhlíon siad ceachtar den dá choinníoll iontrála - ní raibh go leor pointí acu agus ní raibh Ardleibhéal i nGaeilge na hArdteistiméireachta acu. Bhí 11 (9%) a dúirt nár bhain siad leis an gcóras.




Fig.6.10

Roimn C

Taithí thar lear

Ceist 9: Cén tír (thar lear) inar oileadh mar bhunmhúinteoir tú?

Feictear ó Fig.6.11 gur oileadh 92 (59%) mar bhunmhúinteoirí i Sasana; san Ríocht Aontaithe, 11 (7%); 35 (22%) i gCymru (sa Bhreatain Bheag); 13 (8%) in Albain; 4 (2%) i dTuaisceart Éireann; 1 (1%) san Afraic Theas agus 1 (1%) sa Spáinn.




Fig.6.11

Ceist 10: Cé mhéid bliain a chaith tú i gcoláiste oiliúna thar lear?

Ghlac 157 páirt sa bhfreagairt. Chaith 128 bliain amháin i gcoláiste oiliúna sa Bhreatain. Chaith 12 trí bliana i gcoláiste oiliúna. Luaigh 16 gur chaith siad 4 bliana i gcoláiste oiliúna agus dúirt 1 go raibh sé/sí i gcoláiste oiliúna ar feadh 5 bliana.

Ceist 11: Cé mhéid bliain a chaith tú ag múineadh thar lear?

Bhí freagraí ó 157 agus bhí na freagraí seo fíorshuimiúil. De réir dealraimh, ní dhearna 113 iarchéimithe aon mhúineadh thar lear. Chaith 44 idir 6 mhí agus 23 bliana ag múineadh thar lear:

1(%)	6 mhí
17 (%)	bliain amháin
10 (%)	dhá bhliain
5 %)	trí bliana
2 (%)	ceithre bliana
1 (%)	cúig bliana
2 (%)	sé bliana
1 (%)	ocht mbliana
2 (%)	naoi mbliana
1 (%)	dhá bhliain déag
1 (%)	trí bliana déag
1 (%)	trí bliana ar fhichid.

Ceist 12: Má bhí céim ollscoile agat ó ollscoil in Éirinn agus Ardleibhéal Gaeilge ina teannta, cén fáth nár chuir tú isteach ar / nach ndeachaigh tú go coláiste oiliúna múinteoirí anseo don bhliain iarchéime?

Bhí 86 a d'fhreagair Ceist 12 agus 71 nár fhreagair. As an 86 a scríobh go lánmhar anseo cuireadh síos na cúiseanna gur thogh siad cúrsa iarchéime PGCE thar lear in ionad fanacht anseo don iarchéim oideachais.

Bhí daoine, dar ndóigh, a raibh cúiseanna fánacha éagsúla acu go ndeachaigh siad chun na Ríochta Aontaithe le haghaidh an chúrsa iarchéime oideachais PGCE. Ceann de na cúiseanna ba mhó nó ba thábhachtaí ag 18 ná faid an chúrsa iarchéime anseo, ocht mí dhéag, i gcomparáid le bliain sa Bhreatain. Ach luaigh 20 acu nár éirigh leo nó nár glacadh leo ag an agallamh nuair a loirg siad áit amháin ar chúrsa iarchéime i gcoláiste oiliúna oideachais anseo. Táillí, fiacha agus costais maireachtála a bhí chun tosaigh ag 17 eile. Luaigh 8 cúrsaí pearsanta gur thaisteal siad thar lear le haghaidh a gcáilithe. Luaigh 7 go raibh sé níos fusa áit a fháil ar chúrsa iarchéime sa Bhreatain. Bhí 6 a bhí buartha faoina gcaighdeán sa Ghaeilge agus nár thug faoin agallamh iontrála d'iarchéim anseo. Bhí 4 a raibh pleananna acu cur fúthu sa Bhreatain pé scéal é. Luaigh 2 go raibh siad déanach ag cur iarratais isteach don iarchéim anseo. Cheap 2 go raibh cúrsaí oideachais níos mó chun tosaigh sa Bhreatain ná mar a bhí siad anseo. Bhí am i gceist ag 2 eile. Chríochnaigh siad a gcéimeanna anseo i lár na bliana agus níor theastaigh uathu fanacht go dtí am tosaithe na hiarchéime oideachais anseo i mí Feabhra nuair a fhéadfaidís imeacht chun na Breataine le haghaidh cúrsa iarchéime PGCE ansin ag tosú sa bhFómhar.

Ghearáin 22 eile nach raibh go leor áiteanna ar fáil ar an gcúrsa iarchéime oideachais i gcoláistí oiliúna anseo do na céadta iarratasóirí.

Thogh iarchéimithe eile cúrsa iarchéime sa Ríocht Aontaithe toisc go raibh sé níos giorra, 12 mí ansin i gcomparáid le 18 mí in Éirinn. Mar fhreagra eile ar cheist 12 sa cheistiúchán, luaigh 23 gur theip orthu san agallamh iontrála cé go raibh Ardleibhéal Gaeilge Ardteistiméireachta acu. Bhí 8 a chuir iarratais iarchéime chun na Ríochta Aontaithe toisc nach raibh siad sásta fanacht (i

ndiaidh céim mhí an Mheithimh in Éirinn) ag feitheamh go dtí mí Feabhra na bliana ina dhiaidh nuair a thosódh an cúrsa iarchéime ocht mí dhéag anseo in Éirinn.

Cheap 18 nach n-éireodh leo san agallamh anseo toisc nach raibh a gcuid Gaeilge maith go leor, cé go raibh Ardleibhéal Gaeilge na hArdteistiméireachta acu. Ina measc, dár ndóigh, bhí 12 a luaigh nach raibh Ardleibhéal Gaeilge Ardteistiméireachta acu pé scéal é agus go raibh orthu triall chun na Ríochta Aontaithe.

Ceist 13: An bhféadfá a rá cén caighdeán Gaeilge atá agat i láthair na huaire?

Bhí trí bhosca le líonadh isteach:

Sár-mhaith

Sásúil

Lag

Luaigh 3 (2%) Sár-mhaith, 111 (70%) sásúil, 31 (20%) lag, 9 (6%) idir lag agus sásúil agus níor fhreagair 3 (2%).




Fig.6.12

Ceist 14: Cé na ranganna, postanna a bhí agat ó d'fhill tú ar Éirinn?

Léiríonn Fig 6.13 go raibh 3 (2%) nár fhreagair an cheist. Bhí 14 (9%) nár thuig an cheist a cuireadh. D'fhreagair siad faoina n-ullmhúchán féin don Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge, ag tabhairt sonraí faoi na ranganna agus cúrsaí Ghaeilge ar ar fhreastail siad.

Luaigh 26 (16%) gur mhúinteoirí tacaíochta teanga nó múinteoirí tacaíochta nó múinteoirí acmhainne iad. Luaigh 2 (1%) go raibh siad ag obair i scoileanna speisialta. Bhí 1 (1%) ag obair i naíonra agus 1 eile (1%) gan obair. Thaispeáin na figiúirí eile seo gné thábhachtach de chroílár ábhair an tráchtais. Bhí 107 (68%) a bhí mar mhúinteoirí ranganna agus 3 (2%) le post buan agus cead na Roinne Oideachais agus Scileanna acu bheith mar mhúinteoirí ranga.




Fig.6.13

Ceist 15: Cad a chabhródh leat i láthair na huaire maidir le múineadh na Gaeilge? Cuir tic i mbosca nó dhó.

Bhí rogha acu - trí bhosca a bhí ann.

- (a) níos mó cúrsaí inseirbhíse?
- (b) níos mó cuairteanna ó Chuiditheoir?
- (c) aon rud eile?

Freagraí :

(a) As an 157 a ghlac páirt sa cheistiúchán agus mar a thaispeánann Fig.6.14, bhí 73 (70%) a luaigh gur mhaith leo a leithéid, sé sin, cúrsa inseirbhíse. De réir dealraimh, b'fhearr leo cúrsa inseirbhíse ná cuairt ó chuiditheoir.

Ag cúrsa inseirbhíse, bhaileofaí dream múinteoirí le chéile le saineolaí ar a nglaoitear éascóir. Bhaileofaí múinteoirí le chéile in ionad oideachais nó ina scoil féin.

(b) As an 157 bhí 8 (22%) gur mhaith leo cabhair a fháil ó Chuiditheoir, ón múinteoir a bhfuil sé dlite air/uirthi (de réir socraithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna) taisteal timpeall na tíre chun cabhrú le múinteoirí.

Ní fios ar thuig nó nár thuig na freagróirí cad ba bhrí leis an bhfocal 'Cuiditheoir'. Téarma oifigiúil faoi leith é a bhaineann le cúrsaí bunscoile. Toisc gur focal nó téarma é i ngnáthúsáid i mbunscoileanna is deacair céatadán chomh híseal a thuiscint.

(c) Other – Bhí 23 (8%) a raibh cabhair de shórt eile uathu.

Luadh cnuasaigh éagsúla:

Luaigh 26 (a) agus (b).

Luaigh 10 (a) agus (b) agus (c).

Luaigh 10 (a) agus (c) agus ceann eile.

Luaigh 1 (b) agus (c) agus ceann eile.

Bhí 6 nár ghlac páirt anseo.




Fig.6.14

**Ceist 16: Anois, ag féachaint siar, cén taithí a bhí agat i dtaobh na Gaeilge i do bhunscoil?
Cuir tic i mbosca amháin.**

Níor fhreagair 13 (8%) an cheist mar a fheicimid i Fig.6.15. Níor bhain an cheist leo ar shlí amháin nó ar shlí eile.

Luaigh 58 (37%) go raibh cúrsaí Ghaeilge bunscoile ‘taitneamhach’, a ‘happy experience’, acu.

Dúirt 64 (41%) nach raibh difríocht ar bith idir cúrsaí Ghaeilge ina mbunscoileanna agus ábhar ar bith eile, ‘cosúil le hábhar ar bith eile’ na focail a bhí ar an gceistiúchán.

Luaigh 22 (14%) nár thaitin an t-ábhar leo, agus iad sa bhunscoil. Chloígh siad leis an bhfocal ‘míthaitneamhach’, a luadh sa Cheistiúchán.




Fig.6.15

Ceist 17 (a): Ar cheap tu go raibh eolas maith agat ar an nGaeilge agus tú ag tabhairt faoin Dara Leibhéal?

Bhí dhá rogha anseo acu:

Compordach/nó Míshuaimhneach, míchompordach. Baineann an dá rogha le Fig.6.16

Bhí 15 (10%) i gceist nár bhain an cheist leo nó nár theastaigh uathu í a fhreagairt d'aon ghnó. Luaigh 101 (64%) go raibh siad compordach i dtaobh na Gaeilge ag dul isteach sa mheánscoil dóibh. Luaigh 41 (26%) go raibh siad míshuaimhneach, míchompordach agus iad ag tabhairt faoin mheánscoil .




Fig.6.16

Ceist 17 (b): Cén taithí a bhí agat ó thaobh na Gaeilge de, ar an Dara Leibhéal? Cuir tic i mbosca amháin.

Bhí trí bhosca ar taispeáint chuige seo. Léirítear i Fig.6.17 conas mar d’fhreagair siad.

Cinntidil

- 1) Taitneamhach, éasca, sásúil
- 2) Cosúil le haon ábhar eile
- 3) Míshuaimhneach, míchompordach

Bhí 15 mac léinn (9%) nár thug aon fhreagra ar cheist 17 (b). Bhí 46 (29%) a dúirt gur eispéireas taitneamhach, éasca, sásúil a bhí acu ar an Dara leibhéal. Cheap 59 (38%) gur eispéireas é ar aon dul le haon ábhar eile ar an gcuraclam (‘cosúil le haon ábhar eile’), ach ba eispéireas ‘míshuaimhneach, míchompordach’ an tréimhse Dara Leibhéal do 37 (24%)




Fig.6.17

Ceist 18 (a) agus 18 (B)

Ghlac 157 páirt anseo. Moladh ceist mar seo a bheith sa Cheistiúchán cé nár bhain sé go dlúth le príomhchuspóirí an tráchtais. Feictear i Fig.6.18 cé mhéid Mná/Fir agus aois an 157 a d'fhreagair an cheist.

Bhí 122 (78%) mná faoi 35; 6 (4%) mná os cionn 35; 28 (18%) fir faoi 35 agus 1 fear amháin os cionn 35.




Fig.6.18

Ceist 19: Má tá aon rud ba mhaith leat a lua i dtaobh na Gaeilge, ba bhreá liom é a léamh.

Cuireadh deireadh leis an gCeistiúchán leis an ráiteas seo:

D'fhreagair 84 as an 157 an cheist seo. Níor thug 73 aon fhreagra ar an gceist. Seo iad na freagraí nó na pointí éagsúla ba choitianta a luadh. Dúirt 21 go raibh an cúrsa don SCG ró-acadúil agus mí-oiriúnach don rangsheomra. Dúirt siad go raibh an caighdeán ró-ard agus gan a bheith dírithe ar obair na bunscoile. Luaigh 17 nach raibh go leor cabhrach ar fáil agus iad á n-

ullmhú féin don SCG. De réir 9 eile ba cheart go mbeadh béim níos mó ar labhairt na Gaeilge don SCG agus níos mó marcanna don chuid sin den scrúdú.

Dúirt 8 gur cheart go mbeadh béim faoi leith ar mhúineadh na Gaeilge san SCG agus dáileadh marcanna dá réir. Luaigh 7 go raibh dearcadh an mhúinteora meánscoile i leith na Gaeilge antábhachtach, chun grá don teanga agus suim daltaí a spreagadh. Ba cheart go mbeadh modúil gramadaí mar chuid de gach rang bunscoile agus meánscoile de réir 4 eile. Bhí easpa áiseanna don bhord idirghníomhaíochta agus don rangsheomra i gceist ag 3. An rud a bhí ag cur isteach ar roinnt mhaith acu ná easpa cabhrach sa rangsheomra agus iad ag déanamh a ndícheall grá agus suim daltaí sa Ghaeilge a mhúscailt.

6.2. Achoimre

Tugann an chaibidil seo léargas an-chuimsitheach ar stair oideachais bunmhúinteoirí ar an gcéad, ar an dara agus ar an tríú leibhéal, a oileadh thar lear agus a thug faoin Scrúdú le hAghaidh Cailíochta sa Ghaeilge in Aibreán 2008, na cúiseanna go ndeachaigh siad chun na Breataine le haghaidh a gcáilithe, a dtaithí thar lear, a stádas anois i mbunscoileanna na Poblachta, a dtuairimí i leith na Gaeilge agus an chabhair atá á lorg acu anois i dtaobh múineadh na teanga. Pléifear torthaí an taighde seo sa chéad chaibidil eile.

Caibidil 7 Díospóireacht faoi Thorthaí an Taighde

7.0 Réamhrá

Ba í aidhm an tráchtais seo ná iniúchadh a dhéanamh ar bhunmhúinteoirí a oileadh thar lear, a stair oideachais, a n-oiliúint agus a dtaithí mar bhunmhúinteoirí i gcomhthéacs stádais oifigiúil agus stádais réalaíoch na Gaeilge. Tá díospóireacht sa chaibidil seo faoina bhfuil faighte amach sa cheistiúchán (Caibidil 6), faoi thorthaí SCG 2006-2010, faoi stádas oifigiúil bunmhúinteoirí a oiltear thar lear sa chóras oideachais. Tá cur síos faoin gcúnamh ba cheart a bheith ar fáil ag na nuabunmhúinteoirí seo agus a bhfuil á lorg acu i dtaobh na Gaeilge agus i dtaobh an SCG ach go háirithe. Tráchtar faoi pholasaithe rialtais i leith na Gaeilge agus bhfuil le foghlaim againn trí athbhreithniú litríochta ar mhionteangacha Eorpacha eile.

7.1 Caighdeán Gaeilge Iarchéimithe a théann thar lear

Ag trácht ar stair oideachais lucht SCG na bliana 2008 mar atá léirithe sa cheistiúchán, feictear nach bhfuil grádanna teistiméireachta roinnt acu ró-shásúil sa Teastas Sóisearach nó san Ardteistiméireacht. Tá grádanna ísle ag roinnt den 135 mac léinn a d'fhreagair an ceistiúchán agus a thug faoin Teastas Sóisearach. Bhí 20 nár thug faoi Ardleibhéal Gaeilge sa Teastas Sóisearach agus 10 nár éirigh leo Ardleibhéal Gaeilge sa Teastas Sóisearach a bhaint amach. Is figiúirí suntasacha iad seo nuair a chuimhnítear ar cad a bhí rompu. Bheadh Ardleibhéal Gaeilge san Ardteistiméireacht riachtanach dóibh mar cheann de riachtanais iontrála do na coláistí oiliúna oideachais anseo in Éirinn. De réir an cheistiúcháin, bhain 90 (78%) Ardleibhéal Gaeilge Ardteistiméireachta amach. Bhí 13 (12%) a thug faoin Ardleibhéal Gaeilge Ardteistiméireachta gur theip orthu an grád sin a bhaint amach. Bhí 35 a ghnóthaigh Gnáthleibhéal Gaeilge san Ardteistiméireacht ó Ghrád A go Grád D.

Bhí 55% de lucht SCG 2008 a d'fhreagair an ceistiúchán nach raibh ar aon chúrsa Gaeltachta riamh nuair a bhí siad sa bhunscoil nó sa mheánscoil. Chuir 15.3% díobh san a d'fhreagair an ceistiúchán iarratais isteach le haghaidh an chúrsa iarchéime oideachais anseo in Éirinn. Theip orthu san agallamh cé go raibh Ardleibhéal Gaeilge Ardteistiméireachta acu. Bhí 3.2% nár chuir iarratais isteach le haghaidh an chúrsa iarchéime oideachais toisc nach raibh siad muiníneach as a gcuid Gaeilge.

Cé gur mhol Ní Fhoghlú (in agallamh leis an taighdeoir) na hagallóirí i gColáiste Phádraig, Droim Conrach as a ngairmiúlacht (2008), ba shoiléir go raibh srian orthu faoin líon iarchéimithe a fhéadfaí a ghlacadh ar an gcúrsa iarchéime oideachais, orthu san fiú amháin a chomhlíon riachtanais iontrála na gcoláistí oideachais.

Tá na fáthanna le himeacht iarchéimithe thar lear le haghaidh cáilíochta mar bhunmhúinteoirí soiléir go leor ó na ceistiúcháin agus ón agallamh a cuireadh ar iarchéimí a oileadh thar lear, 1) an cúrsa iarchéime a bheith níos giorra thall, 2) na costaisí maireachtála a bheith níos ísle sa Bhreatain ná mar atá siad anseo 3) agus an claonadh ag bunmhúinteoirí filleadh abhaile ach níl fáthanna a bhfillte chomh soiléir san. Ag bronnadh ardmholadh ina hagallamh féin, ar an gcóras agallamh do iarchéimithe i gcoláistí oiliúna oideachais sa Bhreatain, luann Foskin - in agallamh leis an taighdeoir (2009) - a raibh dhá agallamh aici i gcoláistí éagsúla ann, roinnt de na fáthanna nach lorgaíonn formhór na mbunmhúinteoirí Éireannacha nuacháilithe poist sa Bhreatain, i ndiaidh a gcáilithe. Luaigh sí an fonn atá orthu bheith sa bhaile, atá intuigthe; pá níos airde, laethanta saoire níos faide in Éirinn agus breis airgid ar fáil ar ball anseo ar phost freagrach bunscoile mar chúiseanna lena bhfillleadh go hÉirinn. Láidríonn sé seo dearcadh lucht SCG 2008 faoi mhúinteoireacht in Éirinn. Bhí sé spéisiúil leis gur luaigh beirt (duine amháin a d'imigh go hAlban le haghaidh a cáilithe agus duine eile a d'imigh go Sasana) go raibh an córas oideachais sa dá thír sin i bhfad níos fearr ná in Éirinn, cé gur fhill siad beirt ar Éirinn díreach i ndiaidh a gcáilithe. Bhí iarchéimithe a shásaigh na riachtanais iontrála don iarchéim anseo ach gur luaigh cúiseanna airgeadais lena n-imeachta thar lear le haghaidh a gcáilithe. Tá pointe spéisiúil eile gur chóir é a lua anseo. Cé go bhfuil srian leis an uimhir a roghnaítear don chúrsa iarchéime anseo (mar a bhí i dtaobh lucht SCG 2008) bíonn poist bhuana agus shealadacha ar fáil ag bunmhúinteoirí a oileadh thar lear ar fhilleadh go hÉirinn dóibh bliain i ndiaidh bliana.

D'fhéadfaí a rá anseo go raibh caighdeán na Gaeilge ag roinnt de na daoine seo lag agus easnamhach ó thús ó laethanta a meánoideachais. Bhí 100 díobh seo (lucht SCG 2008) de réir an cheistiúcháin (Ceist 14) a dúirt go raibh siad ag obair mar bhunmhúinteoirí ranga sa Phoblacht an bhliain chéanna ar thug siad faoin scrúdú SCG féin. Bhí poist bhuana ag triúr, fiú amháin. Mar atá ráite cheana agus is fiú agus is tábhachtach é a rá arís, go bhfuil cead ag bunmhúinteoirí a cáilíodh sa Bhreatain post sealadach nó post buan bunscoile a bheith acu de réir na Roinne Oideachais agus Scileanna nuair a fhilleann siad ar Éirinn. Tá a stádas mar seo sula dtugann siad faoi chúrsa Gaeilge ar bith nó faoi aon ullmhúchán don Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge. Tá aimhrialtacht shuntasach anseo áfach. Conas a fhéadfadh duine dualgais mar mhúinteoir ranga a chomhlíonadh gan buncháilíocht aitheanta sa Ghaeilge a bheith acu?

Molann An Chomhairle Múinteoireachta athrú a dhéanamh, a bhaineann le hiarrthóirí a lorgaíonn áiteanna sna coláistí oiliúna oideachais i ndiaidh na meánscoile. Luann An Chomhairle gur cheart go mbeadh scrúdú ar leith ann ar chaighdeán Gaeilge na n-iarrthóirí a bheidh ag iarraidh tabhairt faoin mbunmhúinteoireacht (*Foinse*. 3.08.2011). Aontaíonn An Chomhairle Mhúinteoireachta leis an bPróifíl Bheartas Oideachais Teanga (PBOT)/ *Language Education Policy Profile* (2007) a luann go mbraitheann údaráis coláistí oiliúna oideachais an iomad ar thorthaí scrúduithe Ardteistiméireachta sa Ghaeilge. Deir an tuarascáil chéanna nach dtaispeánann grád C3 (55%-59%) in Ardleibhéal Gaeilge na hArdteistiméireachta, an grád inghlactha iontrála is ísle ag coláistí oiliúna anseo, leibhéal ard inniúlachta teanga. Má shroicheann mac léinn an caighdeán seo ní hionann é sin agus a rá go bhfuil inniúlacht shásúil teanga aige/aici chun dul chun cinn a dhéanamh ar chúrsa teanga tríú leibhéal. Éiríonn níos fearr le mic léinn a bhfuil grádanna níos airde acu. (PBOT 2007, 2.8.4 pp.30-31). Má tá a leithéid á rá i dtaobh na mac léinn seo, cad faoi bunmhúinteoirí a oiltear thar lear atá scartha ón nGaeilge ar feadh bliana nó trí nó ceithre cinn de bhlianta?

7.2 An SCG féin: Athruithe á lorg

Mar a luadh cheana, ba é tuairim láidir 21 (13.4%) acu (Ceist 19) go raibh an SCG ró-acadúil, gur ardleibhéal Gaeilge a bhí i gceist, go raibh sé ró-dheacair ar fad, go raibh an caighdeán ró-ard

agus nach gcabhródh ábhar an chúrsa SCG leo ina ngnáthmhúinteoireachta scoile. Deir siad nach n-oireann filíocht agus próis casta an SCG d'aon obair a bheadh ar siúl sna rangsheomraí. Ní fheiceann na bunmhúinteoirí seo aon ghá go gcaithfidís staidéar a dhéanamh ar litríocht nach bhfuil bainteach le cúrsaí scoile.

Luaigh 17 (10.8%) ina bhfreagraí ar Cheist 19 gur cheart go mbeadh dhá phointe mar chroí- lár an SCG. Bhí gearáin acu faoin easpa béime sa SCG 1) ar mhúineadh agus 2) ar labhairt na Gaeilge. B'fhearr leo go mbeadh an cúrsa SCG dírithe ar na gnéithe seo agus dáileadh na marcanna dá réir. Oileadh thar lear mar bhunmhúinteoirí iad. Tá folús ina n-oiliúint i múineadh na Gaeilge toisc gur cáilíodh thar lear iad, gan taithí acu ar rang Gaeilge a stiúradh nó a mhúineadh agus gan eiseamláirí acu agus tuigeann siad é seo go maith. Ba bhreá leo go mór go bhfeicfidís múinteoirí le taithí agus le caighdeán ard sa mhúinteoireacht agus sa Ghaeilge, ag obair i rangsheomra. Deir siad gur cheart go mbeadh sé seo mar chuid den chúrsa SCG. Ba cheart béim níos mó a bheith leis ar an mbéaltríail agus ar an gcluastuiscint san SCG. Mothaíonn an 17 (10.8%) seo agus daoine eile as an 157 (a luaigh é go hindíreach) easnamhach ina leith. Cé go ndúradh é seo go minic sna freagraí (ar Cheist 19) bhí duine amháin a nocht a mothúcháin go lom díreach mar seo: "I do not feel I am a competent teacher of Irish. I have no training about how to teach it." Leiríonn sé seo gurb inmholta go mbeadh an modúl múinteoireachta SCG mar mhodúl lárnach den SCG.

7.3 Treoir

Beireann na bunmhúinteoirí seo a oiltear thar lear aibíocht agus saibhreas faoi leith leo ó réimsí éagsúla, ach, cé go bhfuil siad ardcháilithe cheana féin, tuigeann siad go bhfuil folús ina gcuid oiliúna ó thaobh na Gaeilge de.

Is léir go bhfuil treoir agus cabhair uathu. Luaigh 17 (10.8%) easpa cabhrach, easpa comhairle, easpa treorach faoi cháiliú bunmhúinteoirí i gcoitinne, dóibh san, ach go háirithe, atá ar bheagán Gaeilge. Luaigh na daoine céanna, 17 acu (10.8%), easpa cúrsaí inseirbhíse agus cúrsaí leanúnacha inseirbhíse a chabhródh leo a gcaighdeán múinteoireachta a ardú agus suim sa teanga

a mhúscailt agus a chothú sna daltaí. Molann An Tuarascáil Cigireachta (2007) gur ceart díriú go leanúnach ar úsáid na Gaeilge mar theanga bheo lasmuigh den cheacht Gaeilge. Molann na cigirí go mbeadh an Ghaeilge in úsáid go forleathan sa scoil mar theanga chumarsáide i measc na múinteoirí agus idir na múinteoirí agus na daltaí. Conas gur féidir leis na nua-bhunmhúinteoirí seo, atá scartha chomh fada san ón nGaeilge, bheith páirteach ina leithéid?

Bhí sé soiléir don dream céanna (10.8% acu) a d'fhreagair an ceistiúchán, nach raibh a fhios acu go raibh cúrsa bunúsach ann (do dhaoine ar bheagán Gaeilge agus dóibh sin atá scartha ón nGaeilge le tamall) agus cúrsa idirmheánach leis, ar fáil ó Institiúid Oideachais Marino agus go bhfuil téacsleabhair oiriúnacha ar fáil ullmhaithe ag foireann MIE (Ó Madáin, 2004, *Beatha Teanga*) do thosaitheoirí agus Whelton & Mac Suibhne, 2008, *Í a Labhairt* do mhic léinn idirmheánacha). Bheadh na cúrsaí seo an-oiriúnach dóibh dá mbeadh an t-eolas seo acu. Nuair a luann daoine (Ceist 19) nach bhfuil cabhair ar fáil dóibh san atá ar bheagán Gaeilge agus go gceapann siad go bhfuil orthu tabhairt faoin SCG díreach ar fhilleadh go hÉirinn dóibh agus pas a fháil ann taobh istigh de thrí bliana, is léir go bhfuil treoir uathu.

Thaispeáin roinnt de na daoine seo go bhfuil siad báúil don teanga cé go raibh siad scartha ón nGaeilge le tamall. Cuireadh béim arís agus arís eile anseo (Ceist 19) ar an ngreann, ar an díograis, ar an bhfuinneamh a bhaineann le múineadh na Gaeilge sna bunscoileanna ar ar fhreastail siad féin mar dhaltaí. Luaigh 58 (37%) mar fhreagra ar Cheist 16 agus iad ag cur síos ar a dtaithí sa bhunscoil i dtaobh na Gaeilge, go raibh sé taitneamhach agus dúirt 64 (41%) go raibh sí cosúil le haon ábhar eile, figiúirí suntasacha. Nuair a bhí an dream céanna ag tabhairt faoin dara leibhéal bhí 101 (64%) compordach i dtaobh na Gaeilge (Ceist 17). Bhí taithí mhaith acu i dtaobh na Gaeilge ar an dara leibhéal (Ceist 17b). Bhí 105 (67%) a dúirt go raibh siad compordach leis an nGaeilge (Ceist 17b). Luaigh 46 (29%) dóibh go raibh an eispéireas taitneamhach agus sásúil (Ceist 17b). Ciallaíonn sé seo go raibh dearcadh deimhneach acu i leith na teanga cheana féin.

Ach, mar atá ráite, tá treoir de dhíth ar na bunmhúinteoirí óga seo agus treoir á lorg acu. Neartaíonn sé seo a bhfuil le rá ag Ó Nualláin (Aguisín B) agus a bhfuil léirithe i gCaibidil 8 (Impleachtaí agus Moltaí). Mhol Ó Nualláin (Aguisín B) agus molann an taighdeoir (Caibidil 8) gur chóir go bhfógrófaí go mbeadh cruinnithe agus laethanta eolais (eagraithe ag MIE) ag

bunmhúinteoirí a oileadh thar lear ar fhilleadh go hÉirinn dóibh. Tá Teagascóirí SCG sna hIonaid Oideachais ar fud na tíre ag reachtáil cúrsaí SCG ach ní leor san. Ba cheart go ndéanfaí cumas Gaeilge na mbunmhúinteoirí seo a mheas agus iad a chomhairliú de réir a gcumais sula dtosaíonn siad ag lorg oibre. Ba cheart go mbeadh eagrú na treorach seo láraithe i MIE toisc go bhfuil gach a bhaineann leis an SCG, Oifig an SCG, Comhordaitheoir an SCG agus reachtáil na scrúduithe féin ag MIE cheana.

7.4 Cabhair d'Iarchéimithe agus do Bhunmhúinteoirí a oiltear thar lear

Molann Mac Suibhne (2009) in agallamh leis an taighdeoir, díograis chun cáilithe lucht SCG, a ndáiríreach agus a n-aibíocht. Taispeántar é seo sa cheistiúchán (sna freagraí a tugadh ar Cheist 7). Tá an moladh tuillte acu de bhrí gur daoine an-cháilithe iad. Bhí 19 de lucht SCG 2008 a raibh cáilíochtaí breise acu seachas céimeanna ollscoile difriúla. Luadh na cáilíochtaí breise sin i gCaibidil 6 (Torthaí Taighde). Dá mbeadh cúrsaí Gaeilge ar fáil anseo d'iarchéimithe, a dteastaíonn uathu bheith ina mbunmhúinteoirí, ach nach bhfuil caighdeán riachtanach sa Ghaeilge sroichte acu, chabhródh sé go mór. Níor ghá dóibh ansin triall thar lear le haghaidh a gcáilithe mar bhunmhúinteoirí, ag foghlaim faoi churaclam agus faoi chultúr tíre eile (Mac Suibhne). Aontaíonn Ó Nualláin (2009), iarstiúrthóir MIE (in agallamh) le Mac Suibhne agus an bheirt ag lua bealaí eile faoi roghnú mac léinn do chúrsaí iarchéime anseo sna coláistí oiliúna oideachais. Luadh i 15 (c) sa cheistiúchán gur mhaith leo, chomh maith, cúrsaí ar líne, níos mó tacaíochta i dtaobh labhairt na Gaeilge ón Rialtas agus seans a bheith acu triail chun na Gaeltachta le haghaidh cúrsaí a chuirfeadh feabhas ar a gcuid Gaeilge. Ba bhreá leo níos mó tacaíochta ón Rialtas chun freastal ar a leithéid. Tá Coláiste na Rinne i Rinn Ó gCuanach i gContae Phort Láirge ag iarraidh cúrsa (í) mar seo a reachtáil i láthair na huaire (2011) do lucht SCG a bhí ar chúrsaí oifigiúla SCG (trí seachtaine) na Roinne Oideachais agus Scileanna le cúig bliana anuas sa Rinn. Cúrsaí aon lae a bheidh i gceist leis an mbéim ar labhairt na teanga, rud a luaigh grúpa SCG 2008 sa cheistiúchán nuair a iarradh orthu a rá cad ba mhaith leo i dtaobh na Gaeilge. Luaigh 73 acu gur mhaith leo níos mó cúrsaí inseirbhíse a bheith acu sa Ghaeilge;

luaigh 8 gur mhaith leo níos mó cuairteanna ó Chuiditheoir agus luaigh 23 cabhair de shaghsanna éagsúla eile. Cé go raibh 6 nár fhreagair an cheist (15) bhí 47 eile ag lorg cabhrach a bhain le (a) nó/agus (b) nó/agus (c). Sin 151 ar fad as an 157 a bhí ag lorg cabhrach breise i leith na Gaeilge. Luann Mac Suibhne (2009) an chabhair a fhéadfadh príomhoidí agus meantóirí scoile a thabhairt do bhunmhúinteoirí nuacháilithe a fhillleann ón mBreatain. Lorgaíonn lucht SCG an chabhair seo sa cheistiúchán agus láidríonn sé sin moladh Mhic Shuibhne. Sna pointí éagsúla a bhaineann leis an scoil fein, luadh mar (c) i gCeist 15 go bhfuil níos mó áiseanna ag teastáil le haghaidh múineadh na Gaeilge agus níos mó slite chun an Ghaeilge a chur ar aghaidh sna scoileanna. Mar aon leo siúd, lorgaíonn siad níos mó Gaeilge i measc foirne bunscoile. Luann siad dhá mhórphointe; níos mó deiseanna a bheith acu féachaint ar bhunmhúinteoirí eile i bhfeighil ranganna agus deiseanna measúnaithe i dtaobh a gcuid múinteoireachta féin.

De réir Ní Chathasaigh (Meantóirí Scoile) in agallamh (2009) ag caint faoin ábhar céanna agus ag trácht ar a post féin mar mheantóir scoile, go bhfuil córas oifigiúil i bhfeidhm le déanaí (2009) a chinntíonn go bhfaigheann nua-bhunmhúinteoirí gach cabhair ghairmiúil ach amháin í a iarraidh.

7.5 Aimhrialtacht i dtaobh na teanga ag na húdaráis

Cé go bhfuil cur síos cheana féin ar stádas oifigiúil agus stádas réalaíoch na teanga caithfear snáitheanna aimhrialtachta rialtais a leanúint anseo. Ní haon chabhair í aimhrialtacht Bhunreacht na hÉireann 1937 ó thús, i dtaobh stádais oifigiúil agus réalaíoch na teanga. Luaitear ‘teanga náisiúnta’ agus ‘príomhtheanga oifigiúil’ go húdarásach in aon abairt amháin cé go bhfuiltear sásta glacadh leis an mBéarla sa chéad abairt eile. Bhí fíis nó aidhm tnúthánach uailmhianach ag údair an Bhunreacht go mbainfí amach an méid a bhí léirithe i 1937, sé sin, go mbeadh an Ghaeilge á labhairt go forleathan. Trí Ghaeilge a reachtáladh imeachtaí na Chéad Dála ach b’shin deireadh leis an nGaeilge labhartha rialta sa Dáil. Ní raibh mórathrú ó shin. Sa bhliain 2003-2004 bhí níos lú ná 1% de na díospóireachtaí sa Dáil trí Ghaeilge (Ó Cuirreáin, 2010a). Taispeánann sé seo an bhearna idir an polasaí oifigiúil agus an réaltacht. Taispeánann sé leis go gcaithfear brath ar bhealaí eile seachas ar pholasaí oifigiúil chun Gaeilge labhartha a chur chun cinn.

Ó 1922 go 1960 ba í aidhm an Rialtais an Ghaeilge a bheith mar mheán teagaisc. Bhíothas ag iarraidh an Ghaeilge a athshealbhú mar theanga náisiúnta trí bhrú ó 1922 go 1960. Cé gur luadh an Ghaeilge mar phríomhtheanga na tíre bhí tarraingt siar tríd na blianta. Dúirt Ó Laoire (2007) nach raibh polasaí soiléir comhtháite ó thaobh na Gaeilge de, sa Phoblacht. *'We don't do policy well,'* a deir Coolahan (2011). Bhí athruithe suntasacha agus céimeanna cúlaithe ag teacht i ndiaidh a chéile. Is soiléir nár cloíodh le saineolaithe a mhol 'the policy of quiet coercion...' (May, 2000 l. 131). I 1960 tógadh isteach Béaltríail Ghaeilge na hArdteistiméireachta ach sa bhliain chéanna léiríodh go raibh sé de chead ag múinteoirí, múineadh trí mheán na Gaeilge nó an Ghaeilge a mhúineadh mar ábhar. I bPáipéar Bán (1965) luadh go ndéanfadh an Rialtas a ndícheall an Ghaeilge a chur ar aghaidh ach go raibh orthu a admháil go n-úsáidí an Béarla taobh amuigh den Ghaeltacht go ceann i bhfad le haghaidh gnáthghnóthaí éagsúla. (Páipéar Bán 1965: 10) Tríd na blianta, bunaíodh eagrais, boird agus coimisiún chun an teanga a chaomhnú, a chosaint, a láidriú agus a chur chun cinn. Rinne siad a gcuid oibre ach ba iad na rialtais dhifriúla ina dhiaidh sin, a tharraing siar ó shocruithe cinnte i leith na Gaeilge.

Chearfá go raibh polasaí i leith na teanga ó 1970 soiléir go leor. Coimeádadh Gaeilge éigeantach sna scoileanna. D'ullmhaigh Comhairle na Gaeilge páipéar ar dhátheangachas (1970). Díríodh aire an Rialtais ar dhátheangachas trí athbhreithniú *Comhairle na Gaeilge* (1970) agus trí *Urlabhra agus Pobal: Language and Community* (1970) le Máirtín Ó Murchú. Mhol an Tuarascáil *'Implementing a Language Policy'* (1972) go mbunófaí Bord na Gaeilge agus Údarás na Gaeilge faoi Roinn nua na Gaeilge (1978).

Ach ní mar a shíltear a bhítear. Tá sé spéisiúil agus ait mar atá ráite cheana 1) gur cuireadh in iúl ag an am céanna, nár ghá pas sa Ghaeilge, as seo amach, chun Teastas Meánteistiméireachta nó Ardteistiméireachta a bhaint amach (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1973) agus 2) gur socraíodh sa bhliain 1975 nár ghá Gaeilge le haghaidh iontrála sa Státseirbhís (1999) agus 3) gur cuireadh deireadh le Ceardteastas na Gaeilge nuair a eisíodh ciorclán ón Roinn Oideachais nár ghá Gaeilge a bheith ag aon mhúinteoir ar an dara nó ar an tríú leibhéal, ach amháin iad san a bhí gafa leis an nGaeilge mar ábhar (Ciorclán 22/00)! Is deacair a thuiscint cé chomh dáiríre agus a bhí údaráis maidir le cur chun cinn na teanga.

Tá ár stádas i láthair na huairne neamhghnách agus an-difriúil i measc tíortha na hEorpa, de bhrí is go n-aithnítear an Ghaeilge mar chéad teanga oifigiúil an stáit agus go labhraíonn móramh na ndaoine Béarla (Williams, 2000). Ag an am céanna, tá casadh oifigiúil tagtha. Tá athrú antábhachtach tagtha le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (2003), Ráiteas i Leith na Gaeilge (2006) agus an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge (2011). Má chuirtear i ngníomh a bhfuil molta ag oideachasóirí agus saineolaithe teangacha sna doiciméid sin, beidh réabhlóid theangeolaíochta ann. Cuirfidh sé sin brú ar an rialtas féin, i dtaobh a bpolasaithe i leith múinteoirí Gaeilge a oiliúint agus múineadh na Gaeilge. Cuirfidh sé brú leis, orthu san a théann le bunmhúinteoireacht agus orthu siúd, ach go háirithe, a théann thar lear d'fhonn a gcáilithe agus maidir le gnóthú a a gcáilíochtaí i leith na Gaeilge ar fhilleadh dóibh.

7.6 Mionteangacha Neamhfhorleathana agus a bhfuil le foghlaim againn uathu

Tá ceachtanna le foghlaim againn agus pointí spéisiúla le tabhairt faoi deara maidir le mionteangacha neamhfhorleathana. Tá polasaí dátheangach i *gComunidad Valenciana* na Spáinne aitheanta ag an rialtas láir, mar atá againn in Éirinn, cé go bhfuil gnéithe difriúla ag baint leis. Deir Linguistic Policy Act 1 (1998) go bhfuil ar dhaltaí bunscoile i *gComunidad Valenciana*, an teanga *Valenciano* a fhoghlaim agus a bheith acu. I gceantair éagsúla sa *Comunidad* is é *Valenciano* an phríomh-theanga trína mhúintear ábhair sna scoileanna agus Spáinnis mar theanga éigeantach. I gceantair eile is í an Spáinnis an meán trína múintear ábhair sna scoileanna agus *Valenciano* mar ábhar éigeantach. Ach, cé go bhfuil polasaithe agus eiseamláirí oideachais difriúla i gceantair éagsúla, tá sruthanna (*lineas*) éagsúla sna scoileanna i dtreo gur féidir le páiste staidéar a dhéanamh ar gach ábhar trí *Valenciano* más mian le tuismitheoir go ndéanfaí é seo. Tá sé dlite ar gach scoil é seo a chur ar fáil dá n-iarrfaí é. Níl brú ar bith ar údarais scoileanna anseo a leithéid a chur ar fáil. Má tá bunscolaíocht trí Ghaeilge uainn anseo caithfidh triall ar bhunscoil lán-Ghaelach má tá a leithéid insroichte againn. Bheadh sé inmholta a leithéid de pholasaí a bheith againn mar atá i *gComunidad Valenciana*, fiú amháin sna bunscoileanna móra. D'oirfeadh sé go mór do thuismitheoirí agus chabhródh sé le

dul chun cinn na teanga dá gcuirfí línte (sruthanna) ar bun i ngach bunscoil ina raibh níos mó ná 500 dalta, mar shampla. Sruthanna lán-Ghaelacha a bheadh i gceist dar ndóigh.

Is buntáiste é ag múinteoir i *gComunidad Valenciana* an teanga *Valenciano* a bheith aige/aici agus tá sé níos fusa dó/di post a fháil. Cé go gcaithfidh gach bunmhúinteoir anseo in Éirinn bheith cáilithe ó thaobh na Gaeilge de, ní haon bhuntáiste é le haghaidh fostaíochta.

Ach an pointe is sonraí maidir le *Valenciano* ná an córas cáilithe i dtaobh na teanga sin. Caithfidh gach nua-mhúinteoir cloí leis an scrúdú cáilithe bliantúil, atá ar thrí leibhéal éagsúla. D'oirfeadh córas mar seo dúinn in Éirinn. Tuigtear go maith ó bheith ag iniúchadh torthaí scrúduithe an Teastais Shóisearaigh agus torthaí scrúduithe na hArdteistiméireachta go bhfuil caighdeán an-difriúil ar fad ag na bunmhúinteoirí a oileadh thar lear. Caithfear na scrúduithe cáilíochta sa Ghaeilge (SCG agus araile) a eagrú níos fearr agus a chur in oiriúint dóibh. Tá na cúrsaí agus na háiseanna ann, do leibhéal éagsúla, ag MIE, mar tá ráite cheana. Tá cabhair de dhíth chun bunmhúinteoirí a oiltear thar lear, atá ar leibhéal éagsúla ó thaobh na Gaeilge, a threorú chun cáilithe i leith na Gaeilge, go céimseach. Ní féidir an córas mar atá sé a atheagrú gan moltaí agus treoir ón gComhairle Múinteoireachta.

Ag trácht ar an mhuintir Basque, in oirdheisceart na Fraince, tá gach rud maidir le *Euskera*, ag brath ar iarrachtaí deonacha na mBasque féin, de bhrí nach n-aithnítear aon teanga eile ach Francís sa bhFrainc. Is féidir a rá, dar ndóigh, go bhfuil gach rud ag brath ar iarrachtaí an phobail féin in Éirinn, i *gComunidad Valenciana* agus i *gCymru*. Ach tá níos mó i gceist ag muintir Basque na Fraince de bhrí gurb iad na tuismitheoirí a chuireann bunoidreachas chun cinn agus atá freagrach as gach rud a bhaineann leis an teanga. I dtaobh cáiliú múinteoirí sa cheantar Basque tá Céim ar leith riachtanach (mar atá ag Ardleibhéal Gaeilge Ardteistiméireachta anseo) le haghaidh iontrála in Acadamh Bordeaux do lucht Basque ar mian leo bheith ina mbunmhúinteoirí nó ina meánmhúinteoirí sa cheantar Basque.

Tá Gaeilge agus Béarla ar comhstádas oifigiúil anseo sa Phoblacht. Is ábhar éigeantach í an Ghaeilge sa Churaclam scoile. Tá an scéal mar an gcéanna le *Cymraeg* i *gCymru* cé nach n-aithnítear *Cymraeg* go hoifigiúil ach amháin i *gCymru* féin. Tá buntáiste ag muintir *Cymru* nach bhfuil againn. Ní hamháin go bhfuil *Cymraeg* ina ábhar éigeantach sna scoileanna (mar atá

againn dar ndóigh) ach tá coláistí oideachais ann i *gCymru* d'iarrthóirí ar mian leo go gcáileofaí trí *Cymraeg* iad. Thar aon rud eile tá sé sonrach nach gá do mhuintir *Valenciana* (lucht labhartha *Valenciano*) ná do mhuintir Basque na Fraince (lucht labhartha *Euskera*) ná do mhuintir *Cymru* (lucht labhartha *Cymraeg*) imeacht óna dtíortha féin le haghaidh a gcáilithe mar bhunmhúinteoirí a bhfuil ar intinn acu a saoil mhúinteoireachta a chaitheamh ina dtíortha féin.

7.7 Achoimre

Léiríonn an ceistiúchán go bhfuil roinnt bunmhúinteoirí a oileadh thar lear i mbun ranganna, a bhfuil easpa inniúlachta nó/agus suime sa Ghaeilge acu, de réir a staire oideachais. Níl sé ceart, tá sé éagórach, go mbeadh ranganna Gaeilge ag bunmhúinteoir a oileadh thar lear gan cáilíocht chinnte sa Ghaeilge aige/aici. Tráchtar ar thorthaí SCG 2006-2010. Tá cabhair agus treoir ó na bunmhúinteoirí nua seo agus tá díospóireacht anseo faoin gcabhair atá ar fáil agus an chabhair a fhéadfadh bunmhúinteoirí a fháil. Léirítear aimhrialtacht rialtais i leith polasaithe na teanga tríd na blianta. Ina dhiaidh sin tá alt gairid fúthu san a dteipeann orthu san SCG agus léirítear anseo, leis, a bhfuil le foghlaim againn ó mhionteangacha neamhfhorleathana Eorpacha eile. Sa chéad chaibidil eile tráchtar ar impleachtaí agus moltaí i leith iarchéimithe a oiltear thar lear agus i leith a bhfuil le déanamh acu chun iad féin a cháiliú ó thaobh na Gaeilge de.

Caibidil 8 Léirmheas ar na hAgallaimh

8.0 Réamhrá

Tugadh faoi agallaimh a chur ar sheisear a bhfuil/a raibh baint acu le hoiliúnt bunmhúinteoirí (an iarchéim oideachais ach go háirithe) agus le hábhar an tráchtais seo i gcoitinne. Deineadh é seo chun dearcadh oideachasóirí (A,B) d'fháil faoi na hiarchéimithe féin, faoi chóras roghnaithe iarrthóirí don chúrsa iarchéime in Éirinn, imeacht iarchéimithe thar lear le haghaidh a gcáilithe, faoin gcabhair atá ar fáil acu ó thaobh na Gaeilge de nuair a fhilleann siad agus na himpleachtaí a ghabhann leis seo a chíoradh.

Deineadh iomlánú ar an gceistiúchán leis, trí agallaimh a chur ar iarchéimí (D) ar éirigh léi áit a fháil i MIE tríd an agallamh iontrála céanna, le hiarchéimí a thug faoi agallamh do choláiste príobháideach Hibernia (E) agus ar éirigh léi ann, le hiarchéimí (F) a thug faoi agallamh thar lear le haghaidh cúrsa iarchéime agus ar éirigh léi agus le meantóir scoile(C) a bhfuil sé mar phost oifigiúil aici cabhrú le nua-bhunmhúinteoirí sna bunscoileanna anseo in Éirinn.

Tá léirmheas anseo ar na sé agallamh, tá na hagallaimh léirithe mar A-F agus tá nótaí lánmhara fúthu sna hagusíní. Bhain cuid mhaith den cheistiúchán a d'fhreagair 157 as an 630 bunmhúinteoirí, a oileadh thar lear agus a thug faoin SCG i gCáisc na bliana 2008, le cáilíochtaí, le riachtanais iontrála bunmhúinteoireachta (an iarchéim oideachais ach go háirithe) agus na hagallaimh iontrála don iarchéim oideachais 18 mí sna coláistí oiliúna oideachais anseo in Éirinn. Níor shásaigh siad na riachtanais iontrála seo ó thús in Éirinn, nó níor éirigh leo áit a fháil ar an gcúrsa iarchéime anseo i ndiaidh agallaimh iontrála, ar chúis amháin nó ar chúis eile cé gur shásaigh siad na bunriachtanais iontrála. Bhain 23 leis an dream deireanach seo. Bhí 18 eile a shásaigh na riachtanais iontrála dar leo féin, ach nár thug faoin agallamh iontrála i gColáiste Phádraig toisc gur cheap siad nach n-éireodh leo ó thaobh na Gaeilge de. D'imigh na hiarchéimithe seo thar lear le haghaidh a gcáilithe ansin mar bhunmhúinteoirí.

8.1 Na daoine ar cuireadh agallaimh orthu

Cuireadh agallamh A ar Aodán mac Suibhne, príomhléachtóir na Gaeilge i MIE, coláiste a ghlacann páirt ghníomhach i roghnú mac léinn don chúrsa iarchéime trí na hagallaimh iontrála do na coláistí oideachais a eagraítear i gColáiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath roimh Nollaig go bliantúil. Is saineolaí é Aodán Mac Suibhne leis, ar an SCG (a bhfuil an SCG faoina chúram). Tá na téacsleabhair *Í a Labhairt* (Whelton & Mac Suibhne, 2008) agus *Cóir Ghaoithe* (Whelton & Mac Suibhne, 2006) scríofa aige faoin gcúrsa SCG, i gcomhpháirtíocht le léachtóir eile sa Ghaeilge i MIE. Theastaigh uaim a thuairimí a fháil i leith an chórais roghnaithe mac léinn don iarchéim oideachais anseo, gluaiseacht mac léinn thar lear le haghaidh a gcáilithe mar bhunmhúinteoirí agus faoi na hiarchéimithe SCG a mbíonn sé ag déileáil leo i rith na bliana agus ag am scrúduithe SCG.

Baineann agallamh B le S.P. Ó Nualláin, iarléachtóir agus iarstiúrthóir MIE, a raibh cúram iarchéimithe air le fada in MIE, faoin ábhar céanna agus faoi stádas na Gaeilge sna scoileanna. Duine ar leith é sa réimse seo ós rud é gur chaith sé na blianta mar fheitheoir scoile do MIE agus go bhfuil sé fós ar fhoireann Choláiste na Tríonóide mar léachtóir ar stair an oideachais.

Mar atá ráite cheana baineann agallamh D le Anita Ní Fhoghlú, mac léinn iarchéime oideachais i MIE faoina taithí mar iarrthóir ar an gcúrsa iarchéime oideachais. Theastaigh uaim a tuairimí faoin agallamh iontrála a fháil. Baineann agallamh E le Joanne Ní Fhaoláin. Bhain a hagallamh leis an iarchéim oideachais i gcoláiste príobháideach Hibernia.

Baineann agallamh F le Niamh Foskin, a thug faoin iarchéim oideachais i gcoláiste *Aberystwyth* i *gCymru*. Bhí taithí aici ar dhá shaghas agallaimh. Ceistíodh í faoina gluaiseacht le haghaidh cáilithe thar lear. Bhí tuairimí aici faoi sin agus faoin SCG agus faoi iarchéimithe i gcoitinne. Baineann agallamh C le Francesca Ní Chathasaigh, meantóir scoile, i dtaobh a ról mar mheantóir scoile agus ról meantóirí scoile i gcoitinne. Tá páirt lárnach ag meantóirí scoile le nua-bhunmhúinteoirí (iadsan a oileadh thar lear, a thug faoin SCG agus atá ag múineadh anois sna scoileanna, ina measc).

8.2 Léirmheas ar na hagallaimh

Seo a raibh le rá acusan a cuireadh faoi agallamh. Ag tagairt dó faoin tslí trína roghnaítear mic léinn don iarchéim oideachais do Choláiste Oideachais Marino, dúirt Aodán mac Suibhne, Comhordaitheoir agus Príomhléachtóir na Gaeilge MIE, go bhfuil sé ‘sásta i gcoitinne’ leis an gcóras agallaimh. Mhol sé an t-agallamh a chuirtear ar na mic léinn de bhrí ‘go ndeimhníonn sé a dtuiscint ar an nGaeilge, a n-inniúlacht, a scileanna cumarsáide, a dteacht i láthair agus na fáthanna gur mhaith leo bheith ina múinteoirí bunscoile’ (Mac Suibhne). Ag an am céanna bhí sé réidh le haigne oscailte do chórais eile nuair a mhol sé agallamh trialach eile. Luaigh sé an triail Astrálach *HPAT (Health Professions Admission Test* – atá go mór faoi chaibidil ins na meáin le gairid) a cuireadh ar iarmhícléinn Ardteistiméireachta 2009 ar mhian leo freastal ar chúrsaí tríú leibhéal leighis. ‘Nílím á mholadh,’ a dúirt sé, ‘ach b’fhiú machnamh a dhéanamh ar thriail mar an *HPAT* don Bhaitisiléireacht Oideachais trí bliana agus don iarchéim oideachais ocht mí dhéag’ (Mac Suibhne). Bíonn na hagallaimh i gColáiste Phádraig mar an gcéanna chuile bhliain – agallamh i nGaeilge le beirt agallóir agus agallamh eile - i mBéarla le beirt agallóir eile.

Tuigeann Mac Suibhne go maith frustrachas iarchéimithe nach nglactar ar an gcúrsa iarchéime anseo. ‘Tá costais go mór chun tosaigh, deir sé, maidir leis an uimhir a roghnaítear don chúrsa seo’, ‘Faighteann gach Coláiste Oideachais anseo deontas. Trí shrian a chur le líon na mic léinn ar an gcúrsa iarchéime seo cuirtear srian leis an méid airgid a chaithfidh an Rialtas a thabhairt do na Coláistí Oideachais céanna’ (Mac Suibhne). I dtaobh an Bhoird *SNIP* agus Tuarascáil Mhic Cárthaigh agus a bhfuil le rá ag Mac Cárthaigh faoi na Coláistí Oideachais, dúirt sé: ‘Cé go bhfuil an daonra ag méadú mar aon le méadú mic léinn scoile agus ollscoile, is cosúil go bhfuil an Bord *SNIP* agus an Rialtas ag smaoinemh ar an méid airgid a dháiltear ar choláistí oideachais a laghdú’ (Mac Suibhne). Is cosúil gur costais amháin atá ina n-aighe agus an solas á dhíriú acu ar na Coláistí Oideachais a fhaighteann tacaíocht airgeadais uathu.

8.2.1 A raibh le rá ag iarchéimithe faoina dtaithe ag agallaimh

Mhol Céimí Ollscoile na hagallaimh a tionóladh i gColáiste Phádraig Droim Conrach do na coláistí i mBaile Átha Cliath agus dúradh gur cuireadh ar a suaimhneas í ag a hagallamh (Ní Fhoghlú). Bhí beirt scrúdaitheoirí aici (bean agus fear) don dá agallamh, agallamh i mBéarla agus agallamh i nGaeilge. Bhí rogha aici tosú le ceachtar den dá agallamh. Bhí sé soiléir ón liosta a luaigh sí de na hábhair chomhrá go raibh struchtúr cinnte ag baint leis na hagallaimh. Cuireadh ceisteanna uirthi faoi inimirceigh inár mbunscoileanna agus ceistíodh í faoin bhfáth ar thogh sí múinteoireacht agus an cúrsa iarchéime ach go háirithe. Bhí ceisteanna leis faoi scoileanna agus cáilíochtaí múinteoireachta, a hábhair ollscoile, conas a chabhródh an t-ábhar sin léi sa bhunscoil, an taithe oibre a bhí aici, faoi chaithimh aimsire agus a lán eile. Toisc gur duine ildánach í, agus eolas agus taithe faoi leith aici ar theangacha, ar fhaisean agus Céim Ealaíne aici, cheap sí go raibh comhrá spéisiúil taitneamhach aici leis na hagallóirí (Ní Fhoghlú). Chinntigh sí na pointí molta a luaigh Mac Suibhne faoi na hagallaimh.

Luaigh iarchéimí a glacadh ar chúrsa iarchéime oideachais i gcoláiste príobháideach Hibernia go raibh sí lánsásta leis an agallamh a cuireadh uirthi (Ní Fhaoláin). Is cúrsa oiriúnach dóibh san a bhfuil post lae acu cúrsa iarchéime Hibernia. Tá taithe ríomhaireachta an-riachtanach chun freastal ar an gcúrsa, toisc an-chuid de na ranganna teagascóra bheith ar líne trí *Skype* (idirghníomhaíocht ann idir léachtóirí agus mic léinn) agus toisc léachtaí bheith in áiteanna éagsúla (Ní Fhaoláin). D'éirigh le 4,000 mac léinn iad féin a cháiliú trí Choláiste Hibernia go dtí seo (*Irish Times* 17.6.2011). Deir Seán Flynn, eagarthóir oideachais an *Irish Times* céanna, nach nglacann Coláiste Hibernia ach le 25% de na hiarrthóirí a chuireann isteach ar an gcúrsa iarchéime oideachais seo

Bíonn na hagallaimh iontrála do na coláistí oideachais sa Bhreatain éagsúil, áfach, de réir mar bhí le rá ag Niamh Foskin, a d'imigh thar lear le haghaidh a cáilithe mar bhunmhúinteoir. Insíodh don taighdeoir cheana, faoi agallaimh sa Bhreatain ina raibh ar an iarratasóir rang a mhúineadh os comhair agallóirí, tamall a chaitheamh i seisiúin le hiarratasóirí eile agus agallaimh le duine aonair. Nuair a glaodh Niamh Foskin chuig Coláiste Aberystwyth i gCymru le haghaidh agallaimh i bhFeabhra 2002 bhí agallamh aici le hagallóir aonair a lean ar feadh tríocha

nóiméad. Níor tugadh aon eolas di roimh ré faoin saghas agallaimh a bheadh aici. Labhair siad faoin gcéim Staire agus Béarla a bhí aici, an taithí scoile a bhí aici agus an fáth gur mhaith léi bheith ina bunmhúinteoir. Nuair a cuireadh ceist uirthi faoin bpost scoile a bhí aici roimhe sin agus í ag obair i mbunscoil i gCymru labhair sí faoin taithí a bhí aici ar an nGaeilge. Níor cuireadh aon cheist faoi mhúinteoireacht uirthi nó ní raibh seans aici a scileanna múinteoireachta a thaispeáint. Bhí agallamh eile aici in Ollscoil Londain, Bedford Way. Lean sé sin ar feadh uaire an chloig go leith. Tháinig 15 iarratasóirí le chéile, d'fhéach siad ar fhíseán oideachais le chéile ar feadh deich nóiméad agus dúradh leo nótaí a thógáil. Roinneadh i ngrúpaí iad – cúigear i ngach grúpa faoi cheannas agallóra amháin. Ceistíodh le chéile agus go hindibhidiúil iad faoin bhfíseán ar feadh 20 nóiméad. Socraíodh go raibh seans ag gach duine a dtuairimí a nochtadh. I ndiaidh briseadh, bhí seisiún ag gach duine le hagallóir amháin. Bhí comhrá ag Niamh inar tráchtadh ar na hábhair ollscoile a bhí aici agus conas a d'fhéadfaí iad a úsáid sa rangsheomra. Labhraíodh faoin taithí mhúinteoireachta a bhí aici i mBaile Átha Cliath agus iarradh uirthi ceacht Matamaitice a mhúineadh ar an spota mar a bheadh á dhéanamh aici le rang bunscoile.

8.3 Seifteanna chun iarchéimithe a choimeád sa bhaile agus a cháiliú anseo mar bhunmhúinteoirí.

An fhadhb is mó ná go bhfuil ar roinnt mhaith iarchéimithe imeacht thar lear le haghaidh a gcáilithe mar bhunmhúinteoirí seachas iad a cháiliú anseo. Ag caint arís faoin 500-600 bunmhúinteoirí a thugann faoin SCG go bliantúil (nuair a fhilleann siad ón mBreatain) bhí sé soiléir go mb'fhearr le Mac Suibhne, mar a luaigh sé cheana féin, nach mbeadh orthu imeacht chun na Breataine le haghaidh a gcáilithe: 'B'fhearr liom go gcáileofaí mar bhunmhúinteoirí bunscoile i bPoblacht na hÉireann iad seachas triall chun na Breataine' (Mac Suibhne). Tá sé cinnte, dar leis an taighdeoir, óna thaithí lena ranganna SCG trí na blianta, gur féidir le lucht SCG postanna d'fháil i mbunscoileanna ar fhilleadh go hÉirinn dóibh mar bhunmhúinteoirí cáilithe. Bhí sé le rá, mar shampla ag 97 (62%) as an 157 a thug faoi SCG na bliana 2008 a d'fhreagair an ceistiúchán, go raibh postanna acu agus iad ag freastal ar ranganna SCG agus ag tabhairt faoi n SCG sa bhliain 2008. Taispeánann sé sin go bhfuil folúntais ann dóibh ó thús. Tá gá go nglacfaí níos mó iarchéimithe ar an gcúrsa iarchéime oideachais.

Tá sé spéisiúil nach raibh an scéal amhlaidh nuair a cuireadh tús leis an iarchéim ins na seascaidí (Ó Nualláin) Cé go raibh costais i gceist deir Ó Nualláin go raibh gné nó tuairim na héagsúlachta chun tosaigh an t-am san. Glacadh le gné Eorpach agus fáiltíodh roimh cháilíochtaí éagsúla oideachais. ‘Ach ó 1993-1994 bhí údaráis ag smaoineamh ar fhigiúirí, mar a tharla i 1978-1979 nuair a íslíodh ar an iontógáil ins na coláistí nuair a ceapadh go raibh an iomad múinteoirí ann’ (Ó Nualláin). Sin mar a bhí agus má tharlaíonn mar a léiríonn tuairim nó tairngreacht Mhic Suibhne, laghdófar arís ar an uimhir a ghlacfar ar an iarchéim oideachais anseo agus beidh níos mó céimithe (nach bhfuil réidh chun íoc as táillí Choláiste príobháideach Hibernia) ag triall thar lear le haghaidh cáilithe mar bhunmhúinteoirí. ‘B’fhearr liom dá bhfanadh céimithe anseo chun cáilíocht bhunmhúinteoireachta a bheadh oiriúnach don tír seo a fháil. Mura mbeadh cumas sa Ghaeilge acu, go dtabharfaí tacaíocht dóibh an cumas sin a bhaint amach anseo. Bheadh sé go maith dá bhféadfaidís freastal ar chúrsa comhtháite (le hábhair oideachais agus Gaeilge). Bheadh buntáiste breise acu leis: bheidís ag foghlaim faoi churaclam na tíre seo agus ní faoi churaclam tíre eile’ (Mac Suibhne). Is míbhuntáiste agus cailliúint suntasach é go bhfuil na daoine seo scartha ónár gcultúr féin ar feadh bliana nó ar feadh trí bliana, sa cheol, sa damhsa, sa teanga agus sa chultúr go ginearálta. Is cuid den SCG é, áfach, go bhfuil ar na bunmhúinteoirí a thugann faoin SCG, comhad faoi chultúr a ullmhú agus a chur os comhair an chuartheora scoile a thagann chucu.

Ba bhreá le hiar-Stiúrthóir MIE leis (Ó Nualláin), nach mbeadh ar iarchéimithe triall thar sáile le haghaidh a gcáilithe mar bhunmhúinteoirí. Nach bhféadfaí atriail i nGaeilge na hArdteistiméireachta a bheith ann sa bhFómhar, dóibh san a thug faoin Ardleibhéal i mí an Mheithimh ach nár éirigh leo Grád C a fháil? An bhféadfaí, mar shampla, scrúdú faoi leith a bheith ann, scrúdú mar an SCG, d’iarratasóirí don chúrsa iarchéime oideachais anseo seachas Gaeilge na hArdteistiméireachta?

8.4 An chabhair atá ar fáil ag bunmhúinteoirí a oileadh thar lear ó thaobh múineadh na Gaeilge

Is soiléir ón méid atá ar eolas cheana agus ó na freagraí ar cheist 15 sa cheistiúchán: (Cad a chabhródh leat i láthair na huaire maidir le múineadh na Gaeilge?) go bhfuil cúnaimh agus tacaíocht á lorg ag bunmhúinteoirí a oiltar thar lear (lucht SCG) maidir leis an nGaeilge. Luadh cúrsaí inseirbhíse nó/agus níos mó cuairteanna ó chuiditheoir mar a ainmníodh ar dtús iad. Chun ról meantóirí scoile a chinntiú cuireadh agallamh ar mheantóir scoile, Ní Chathasaigh, (C) a thaispeáin go bhfuil cabhair chinnte ar fáil ag nua-bhunmhúinteoirí ina scoil féin nó muna mbeadh meantóir ina scoil féin – ó mheantóir sa cheantar. Is minic múinteoirí nua scáfar agus imníoch faoi chabhair a lorg agus ní gnáthdhuine a lorgaíonn siad ach múinteoir taitheoch, foighneach, tuisceanach agus sin cáilíocht chinnte a chaithfidh a bheith ag gach meantóir scoile a cheaptar, de réir na Roinne. Idirghníomhaíocht agus idirdhéileáil idir an múinteoir nua agus an meantóir a bhíonn i gceist (Ní Chathasaigh). Tá deis ag meantóirí leis, breathnú ar nua-bhunmhúinteoirí agus iad ag múineadh, cabhrú leo pleanáil a dhéanamh agus an deis chéanna acusan breathnú ar mhúinteoirí eile nó ar an meantóir féin ag múineadh (Ní Chathasaigh). Sin rud atá in easnamh ar an mbunmhúinteoir óg – múinteoirí eile a fheiceáil ag obair ina ranganna féin - ag múineadh Gaeilge ach go háirithe.

Bíonn idirdhéileáil de shaghas eile ann leis, idir an nua-bhunmhúinteoir, an múinteoir tacaíochta agus an múinteoir teagmhála baile. Ach mar a deir Ní Chathasaigh, tá a lán ag brath ar phearsantacht an mhúinteora óig. Má tá sí/sé sásta cabhair a lorg, tá an chabhair ann. Cabhróidh an meantóir scoile léi/leis chun ‘tosú’ maith a dhéanamh go dtí go mbeidh sé/sí lanmhuiníeach as/aisti fein. Luaigh Ní Chathasaigh gur comhartha nirt é cabhair a lorg.

8.5 An easpa béime ar an nGaeilge agus na nua-bhunmhúinteoirí seo.

‘Tá tábhacht faoi leith ag baint leis an *milieu*, an comhshaol, an t-atmósféar teanga atá ann do na daoine óga seo, lucht SCG, i dtaobh na Gaeilge nach féidir éalú uaidh’, a deir Ó Nualláin. Baineann sé leis an easpa béime ar an nGaeilge atá prámhaithe sa stair. Tá lucht SCG faoi thionchar na béime sin ón am go bhfillleann siad chun na tíre seo. Deir sé go bhfuil deacracht ar leith acu toisc go bhfuil siad ag lorg cabhrach ó thús maidir le múineadh na Gaeilge ina ranganna féin. Is léachtóir é Ó Nualláin le stair an oideachais; é i gColáiste na Tríonóide agus theastaigh uaidh cúlra staire na Gaeilge a thógáil isteach anseo chun deacrachtaí na mbunmhúinteoirí a léiriú ó thaobh na Gaeilge de. Dúirt sé go raibh béim ar an nGaeilge ó thús trí na Coláistí Ullmhúcháin i mBaile Átha Cliath, i gCiarraí agus in Iarthar Chorcaí. Bhí stádas faoi leith ag mic léinn ón nGaeltacht. Bhí Gaeilge riachtanach do na Gardaí, do Státseirbhísigh agus bhí ar chuire mhúinteoir tabhairt faoin gCeardeastas Gaeilge. De réir suirbhé i 1931 bhí an Teastas Gaeilge, an Teastas Dátheangach nó an Ceardeastas Ghaeilge bainte amach ag gach múinteoir. Ceapadh go raibh an scéal sásúil go leor ach ní mar a shíltear a bhítear. Thug Cumann na Múinteoirí Náisiúnta faoi shuirbhé a dhéanamh i 1937 agus bhí na torthaí acu faoi 1941. Chuir an Cumann toscaireacht chuig an Aire Oideachais Tomás Derrig, á rá go raibh an curaclam ródhian orthu agus go mb’fhéidir gur chóir béim níos mó a leagan ar an teanga labhartha, ach ní bhfuarthas aon fhreagra ón Roinn (Ó Nualláin).

Leanann Ó Nualláin, Léachtóir le Stair an Oideachais i gColáiste na Tríonóide, ar aghaidh, á rá go bhféadfaí frithchlaonadh i leith na Gaeilge a mhothú ó 1950, frithchlaonadh a bhí ag fás. Lean an scéal mar sin go dtí na seascaidí. ‘D’imigh polaiteoirí leis an sruth’ (Ó Nualláin). Cuireadh deireadh leis an riail faoi Ghaeilge sa Státseirbhís. Níor ghá go mbeadh Gaeilge ag na Gardaí. Cuireadh deireadh leis an gCeardeastas Gaeilge. I rith an ama seo tugadh faoi deara go raibh sé furasta go leor do dhaltaí scoile ‘éalú’ ón riail go gcaithfidís Gaeilge a bheith acu mar ábhar scoile. Má bhí easpa éirime nó oideachais feabhais i gceist loirg siad díolúine agus bhí díolúine ar fáil (Ó Nualláin). Níor chabhraigh sé le leas na teanga go mbeadh ar iarchéimithe, ar theastaigh uathu iad féin a chailiú mar bhunmhúinteoirí, imeacht go tír eile chun iad féin a

cháiliú. Ansin, tar éis bheith scartha ón dtír agus ón dteanga ar feadh bliana ar a laghad, filleadh ar ais chun tabhairt faoi scrúdú eile (Ó Nualláin).

Ag caint faoi dhearcadh oideachasóirí go ginearálta luann ó Nualláin nach nglacann múinteoirí go ginearálta go bhfuil tábhacht faoi leith ag baint leis an nGaeilge (Ó Nualláin). De ghnáth ní thaispeánann foirne scoile suim i mic léinn ó na Colaistí Oiliúna ar chleachtadh, ó thaobh na Gaeilge de: ‘Ní bhacann siad leis an nGaeilge’ (Ó Nualláin). ‘*They have made a foreign language of Irish*’ (Ó Nualláin). Luaigh sé fáth: ‘Fadó ba chomhartha breise náisiúnachais labhairt na Gaeilge féin. Le himeacht aimsire agus gluaiseacht na saoirse agus Éire anois ina náisiún neamhspleách ní fheictear an gá céanna leis a thuilleadh mar theanga faoi leith. Tá sé seo préamhaithe sa tsíce’ (Ó Nualláin).

8.6 Caithfear na bunmhúinteoirí seo a mholadh

Seo an comhshaol, de réir Ó Nualláin, iar-Stiúrthóir MIE, ina bhfuil lucht SCG ag iarraidh iad féin a cháiliú ó thaobh na Gaeilge de, le blianta. Ach ina ainneoin sin tá na hiarchéimithe a oiltear thar lear le moladh, a deir Aodán mac Suibhne. Tá siad níos aibí, níos spreagtha, an-dáiríre, an-sásta íobairtí a dhéanamh chun iad féin a cháiliú. I gcomparáid lenár n-iarchéimithe anseo caithfidh siad dul thar lear le haghaidh agallaimh agus tabhairt faoi chúrsa le hiarchéimithe atá á n-ullmhú féin le haghaidh bunscoileanna Shasana. Caithfidh siad déileáil le cultúr difriúil, go háirithe nuair atá siad ar thaithí múinteoireachta. Tá rogha acu filleadh ar ais nó fanacht sa Bhreatain. Filleann an chuid is mó díobh i ndiaidh a gcáilithe agus ansin bíonn orthu tabhairt faoin SCG agus pas d’fháil ann laistigh de thrí bliana (Oifig an SCG, 2010). Ní fhéadfaí ach bheith dearfach faoi na mic léinn seo a oiltear thar lear.

Tá taithí, afach, ag roinnt de hógmhúinteoirí seo ar fhrithghníomhú diúltach Príomhoidí agus Boird Bainistíochta orthu toisc gur oileadh thar lear iad ach de ghnáth caitear go béasach, cúirtéiseach leo (Foskin). Nuair a ceistíodh Aodán mac Suibhne faoin bhfianaise atá ann (Foskin) go raibh drochmheas ag roinnt príomhoidí agus ar lucht bainisteoireachta ar bhunmhúinteoirí a

oileadh thar lear agus gur taispeánadh é seo go hoscailte ba thapaidh uaidh a rá go raibh a leithéid de dhrochiompar an-mhíghairmiúil (Mac Suibhne).

8.7 Achoimre

Sa léirmheas seo ar na hagallaimh a cuireadh ar sheisear a bhfuil/a raibh baint lárnach acu le hoiliúint bunmhúinteoirí, tráchtar ar mhórphointí a bhaineann leis an oiliúint sin: ar na hagallaimh iontrála do choláistí oiliúna oideachais in Éirinn, ar pholasaithe, ar sheifteanna chun iarchéimithe a choimeád agus a cháiliú anseo in Éirinn i dtreo nach mbeadh orthu taisteal thar lear d'fhonn a gcáilithe mar bhunmhúinteoirí, ar an chabhair atá ar fáil agus atá de dhíth orthu ar a bhfilleadh go hÉirinn ó thaobh múineadh na Gaeilge de agus comhshaol na Gaeilge 2011 agus deacrachtaí nua-bhunmhúinteoirí. Sa chéad chaibidil eile beidh cur síos ar conas a éiríonn le nua-bhunmhúinteoirí cáilithe mar seo ag an Scrúdú le hAghaidh Cáilithe sa Ghaeilge atá rompu nuair a fhilleann siad.

Caibidil 9 Torthaí Scrúduithe SCG 2006-2010

9.0 Réamhrá

Sa chaibidil seo tá meánmharcanna torthaí scrúduithe de mhodúil an SCG - sa pháipéar teanga, sa pháipéar litríochta, sa bhéaltrial agus sa chluastuiscint mar léiriú ar chaighdeán na Gaeilge san SCG. Déantar é seo mar chruthú go gcaithfear athchóiriú a dhéanamh ar chóras oiliúna bunmhúinteoirí agus ar conas is féidir teacht ar réiteach na faidhbe i dtaobh iarchéimithe a oiltear thar lear mar bhunmhúinteoirí agus a bhfuil orthu tabhairt faoin SCG. Tá méid a dtionchair léirithe trí na huimhreacha a thug faoin SCG ó 2006 go 2010. Tá torthaí iomlána oifigiúla SCG do na blianta 2006 go 2010 ó Oifig an SCG in Institiúid Oideachais Marino (MIE) le feiceáil sna hagusíní.

9.1 Torthaí Scrúduithe SCG 2006 – 2010 Meánmharcanna Scrúduithe

Seo léiriú cruinn beacht ar mheánmharcanna ceithre cinn de mhodúil scrúduithe SCG ó 2006 go 2010. Tá torthaí iomlána na scrúduithe sna hagusíní le caoinhead Oifig an SCG i MIE. Tá siad anseo chun ceann de mhórphointí an tráchtais seo a thaispeáint.

Tábla 7. Torthaí Scrúdaithe Meánmharc Páipéar 1. Teanga

Páipéar 1.	Teanga
Cáisc 2006-2010	
Meánmharc os cionn 40% Pas	91%
Meánmharc os cionn 70%	26%
Meánmharc Teip	9.2%
Ag Atrial Lúnasa 2010	
Meánmharc os cionn 40%	62%
Meánmharc os cionn 70%	9%
Meánmharc Teip	38%

Tá pasmharc sroichte ag 91% ach tá an 26% (daoine a fuair níos lú ná 70% sa scrúdú) íseal go leor dóibh san atá ag múineadh na Gaeilge bunscoile. Nuair a thug an 9.2% faoin atriail, theip ar uimhir shuntasach ard díobh arís - 38%. Tá sé seo míshásúil. Bheadh orthu tabhairt faoin mhodúl seo arís an bhliain dár gcionn.

Tábla 8. Torthaí Scrúdaithe Meánmharc Páipéar 1. Litríocht

Páipéar 2. Litríocht	
Cáisc 2006-2010	
Meánmharc os cionn 40% Pas	86%
Meánmharc os cionn 70%	20%
Meánmharc Teip	14%
Ag Atrial Lúnasa	
Meánmharc os cionn 40% Pas	60%
Meánmharc os cionn 70%	3%
Meánmharc Teip	40%

Cé gur éirigh le 86% de na hiarrthóirí pas a fháil i bPáipéar 2, ní bhfuair ach 20% de na hiarrthóirí os cionn 70%, marc íseal go leor do dhaoine atá i mbun ranga. Tá uimhir na ndaoine gur theip orthu ard – 14%. Nuair a thug an 14% sin faoin atriail sa bhFómhar d'éirigh leis an gcuid is mó acu pas a fháil ach tá 40% mar mheánmharc teip, ró-ard ar fad, do dhaoine a bhí ag tabhairt faoin scrúdú don dara huair i ndiaidh a chéile agus i mbun ranga ag an am san.

Tábla 9. Béaltriall 2006-2010 Meánmharc

Béaltriall na Cásca 2006-2010	
Meánmharc os cionn 40% Pas	78.2%
Meánmharc os cionn 70%	10.8%
Meánmharc Teip	21.8%
Atriall Lúnasa	
Meánmharc os cionn 20% Pas	70.2%
Meánmharc os cionn 70%	3.2%
Meánmharc Teip	29.8%

Bheifeá ag súil le caighdeán ard Gaeilge labhartha sna rangsheomraí de réir mholtaí na Cigireachta (An Chigireacht, 2007). Tá na marcanna seo íseal. D'éirigh leis an móramh an pasmharc 40% a shroichint. Tá an meánmharc 21.8% mar ráta teip ard agus nuair a smaoinítear ar an 21.8% seo a thug faoin atriail sa bhFómhar agus nár éirigh leo an pasmharc a bhaint amach (29.8%), feictear go bhfuil an caighdeán Gaeilge íseal. Is deacair a shamhlú conas a fhéadfadh an Ghaeilge a bheith mar ghnáththeanga chumarsáide ranga mar atá molta ag an gCigireacht (2007) faoi na toscaí seo. Bheadh easpa féinmhuiníne i gceist de bhrí gurbh é seo an dara huair dóibh tabhairt faoin mBéaltriall. Ní chothódh sé seo meas ar teanga.

Tábla 10. Cluastuiscint 2006-2010 Meánmharc

Cluastuiscint na Cásca 2006-2010	
Meánmharc os cionn 40% Pas	89.2%
Meánmharc os cionn 70%	37.8%
Meánmharc Teip	10.8%
Atrial mí Lúnasa	
Meánmharc 40% Pas	60%
Meánmharc os cionn 70%	7%
Meánmharc Teip	39%

Fuair 89% pas. Níor éirigh go ró-mhaith leis an 10.8% go raibh orthu tabhairt faoin gcluastuiscint an dara huair. Níor éirigh ach le 60% acu pas a fháil an t-am seo. Ach theip ar 39% pas a bhaint amach. Ní chabhródh a leithéid leis an bhféin-mhuinín.

Tá léiriú na dtorthaí seo riachtanach chun ceann de mhórpoinní an tráchtais seo a thaispeáint

Tá na céadta a bhfuil taithí, dearcadh, inniúlacht éagsúil acu i dtaobh na teanga ag iarraidh tabhairt faoi mhodúil scrúduithe in aon bhliain amháin agus tá na hiarmhairtí le feiceáil sna torthaí SCG seo. Cén mhaitheas tabhairt faoi scrúdú dhá uair in aon bhliain amháin agus teip a fháil? Ní chabhraíonn sé ó thaobh siceolaíochta de, ná ó thaobh féinmhuiníne de ná ó thaobh oideachais de. Ní thugtar cead, dar ndóigh, ach do dhaoine go dteipeann orthu i modúil ag scrúdú na Cásca tabhairt faoin atriail i mí Lúnasa. Tá moltaí faoi seo sa chéad chaibidil eile ach tá critíc anseo faoi thorthaí SCG 2006-2010.

9.2 Torthaí Scrúduithe SCG agus na mic léinn a dteipeann orthu sna scrúduithe sin

Tá ceist le freagairt agus taighde le déanamh chun a fhiosrú faoi uimhir na mbunmhúinteoirí a fostaíodh trí na blianta mar mhúinteoirí ranga. Má bhí poist bhuana nó sealadacha acu (mar a bhí

ag lucht SCG 2008) tá measúnú a dtionchar, i dtaobh na Gaeilge, ar dhaltaí sna ranganna seo agus ar na scoileanna ina raibh siad, le déanamh fós. Ní fios ach an oiread an turraing ar na bunmhúinteoirí féin, ar a síce, nuair nach n-éiríonn leo cáilíocht SCG a bhaint amach i ndiaidh dhá iarracht in aon bhliain amháin.

I ngach cás, mar a léiríonn Táblaí 12-15 (1.163-164), tugtar an uimhir ar theip orthu ag an gCáisc, an uimhir a d'fhill chun na hatrialach i mí Lúnasa agus an uimhir gur theip orthu arís. Níl an céatadán den iomlán a thug faoin scrúdú agus ar theip orthu, ró-ard. Ach caithfear smaoineamh ar phointe an-tábhachtach: ní léiríonn na figiúirí ísle seo fírinne an scéil in aon cheann de na ceithre scrúdú mar:

- a) Bhí laghdú ar an méid iarrthóirí (ar theip orthu ag an gCáisc) agus a d'fhill nó nár fhill chun na hatrialach i mí Lúnasa.
- b) mar nach bhfuil fhios againn cén fáth nár fhill méid suntasach (ar theip orthu ag an gCáisc i 2008) chun tabhairt faoin atriail i mí Lúnasa 2008! Ní heol dúinn an raibh socruithe eile acu do Shamhradh 2008 a chuir cosc orthu tabhairt faoin atriail. Níl a fhios againn an raibh siad réidh nó gan a bheith réidh don atriail. Níl a fhios againn ar éirigh roinnt acu as an mbunmhúinteoireacht de bhrí gur theip orthu ag an gCáisc sna scrúduithe SCG.

9.3 Achoimre

Thug 3,200 faoin SCG idir 2006 agus 2010. Sin 640 in aghaidh na bliana ar an meán agus 20% d'iomlán bunmhúinteoirí i gcóras oideachais bunscoile Éireann na mblianta 2006-2010. Taispeánann na figiúirí seo gur mhór de réir a n-uimhreacha, cumhacht agus tionchar na mac léinn SCG ar an gcóras oideachais bunscoile Éireann i gcoitinne. Seo ceann eile de na pointí is tábhachtaí atá á léiriú sa tráchtas seo.

Léiríonn meánmharcanna torthaí SCG sa chaibidil seo lomchlár na fírinne i dtaobh chaighdeán na Gaeilge. Taispeánann na figiúirí sin go bhfuil roinnt de na bunmhúinteoirí seo a oiltar thar lear easnamhach i leith na Gaeilge. Cé nach bhfuil amhras faoi chumas lucht SCG agus a ndíograis ina ngluaiseacht chun cáilithe, cothaíonn torthaí scrúduithe SCG amhras faoina gcumas

ó thaobh na Gaeilge. Muna ndéantar athchóiriú ar an gcóras oideachais bunscoile i leith oiliúna bunmhúinteoirí, faoi na daoine a cháilítear thar lear go háirithe, is baol don teanga. Anois nuair atá tacaíocht i gceist nach raibh ann cheana, Ráiteas an Taoisigh (2006), Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003) agus an Straitéis 20 Bliain i leith na Gaeilge (2010), tá an t-athchóiriú níos riachtanaí ná riamh. Tráchtfar ar impleachtaí a ghabhann leis an athchóiriú seo sa chaibidil dheireanach.

Caibidil 10

Impleachtaí agus Moltaí

10.0 Réamhrá

Léirítear sa chaibidil seo impleachtaí agus moltaí i leith ábhair an tráchtais. B'í aidhm an tráchtais ná iniúchadh a dhéanamh ar bhunmhúinteoirí a oileadh thar lear. Cinneadh go ndéanfaí a stair oideachais, a n-oiliúint, agus a dtaithe mar mhúinteoirí a ríomh i gcomhthéacs stádas oifigiúil agus stádas réalaíoch na teanga. Sa mhodheolaíocht baineadh úsáid as triantánacht ó thús trí thaighde cainníochtúil agus trí thaighde cáilíochtúil chun bailíocht agus iontaofacht a bhaint amach sa phróiseas.

Luaitear srianta an taighde, an fhadhb (ó thús) ag iarchéimithe a oiltear thar lear - caighdeán íseal na Gaeilge, conas a fhéadfaí an fhadhb seo a réiteach agus cearta daltaí scoile i leith na teanga. Tráchtar ansin faoin SCG, an gá atá lena athchóiriú, moltaí faoi agus tagairt don OCG, córas cáilithe scrúduithe eile atá mar rogha ag bunmhúinteoirí a oiltear thar lear, a bhfuil eilimintí inti atá difriúil leo san atá san SCG, ach nach réitíonn na fadhbanna atá léirithe sa tráchtas seo. Tráchtar ar impleachtaí an taighde, na conclúidí atá leo agus ar mholtaí faoi thaighde sa todhchaí.

10.1 Srianta an Taighde

Bhí srianta taighde ann ó thús mar nár scríobhadh faoi ábhar an tráchtais cheana – bunmhúinteoirí a oiltear thar lear agus an Ghaeilge. Ba chonstaic, mar sin, easpa litríochta faoin ábhar. Chabhraigh idirchumarsáid le hOifig an SCG i MIE, dearadh agus seoladh agus torthaí an cheistiúcháin, na hagallaimh a cuireadh ar oideachasóirí agus ar iarchéimithe agus mo thaithí féin trí na blianta chun an folús seo a líonadh.

10.2 An Fhadhb

Admhaíonn an bheirt oideachasóir ar cuireadh agallaimh orthu faoi ábhar an tráchtais gur séideán úr gaoithe é go bhfuil bunmhúinteoirí a cáilíodh thar lear agus a bhfuil cáilíochtaí agus taimhí phroifisiúnta éagsúil acu, ag feidhmiú inár gcóras bunscoile. Ag an am céanna, ag smaoineamh ar bhealach timpeallánach iarchéimithe oideachais d’fhonn a gcáilithe thar lear, admhaítear go bhfuil gá le hathsmaoineamh ar a bhfuil ar siúl. Is ait agus is neamhghnách é go mbeadh ar na céadta iarchéimithe imeacht óna dtír féin d’fhonn a gcáilithe mar bhunmhúinteoirí agus filleadh ar ais go bunscoileanna na hÉireann. Ní dhéantar a leithéid in aon tír eile san Eoraip. B’fhearr go mór, dar leo, nach mbeadh orthu a leithéid a dhéanamh (Mac Suibhne & Ó Nualláin). Ach is gá athsmaoineamh a dhéanamh, go príomha de bharr na Gaeilge.

10.3 A bhfuil faighte amach - Caighdeán íseal na Gaeilge i measc iarchéimithe

Cé go dtráchtar sa tráchtas ar an gcóras trína roghnaítear iarchéimithe don iarchéim oideachais sna coláistí oiliúna anseo in Éirinn (Mac Suibhne) síneann fréamhacha na faidhbe atá i gceist anseo chomh fada siar leis na bunscoileanna. Tá i bhfad níos mó iarchéimithe i gceist ná iadsan a shásaíonn riachtanais iontrála le haghaidh na gcoláistí oiliúna anseo ach nach n-éiríonn leo sna hagallaimh iontrála sin go bliantúil ar chúis amháin nó ar chúis eile. Léiríonn stair oideachais iarchéimithe a d’fhreagair an ceistiúchán (Caibidil 6) caighdeán íseal na Gaeilge óna mbunscoileanna i leith. Bhí roinnt díobh sin a d’fhreagair an ceistiúchán nár thaitin an t-ábhar leo sa bhunscoil fiú amháin. Léirítear ó fhreagraí 1 agus 2 sa cheistiúchán, caighdeán íseal na n-iarchéimithe céanna ón Teastas Sóisearach ar aghaidh go dtí an Ardteistiméireacht. Níor shroich siar mhaith an caighdeán ba ísle a lorgaíodh san Ardteistiméireacht Ardleibhéal ó iarrthóirí don iarchéim oideachais, caighdeán a cheap an Próifíl Bheartas Oideachais Teanga a bheith ró-íseal le haghaidh iontrála sna coláistí oiliúna oideachais (PBOT, 2007). Bhí iarchéimithe a shroich an caighdeán íseal seo nár thug faoin agallamh iontrála don iarchéim oideachais anseo toisc gur cheap siad nach n-éireodh leo de bharr laige a gcuid Gaeilge.

10.3.1 An fhadhb a réiteach anseo

D'fhéadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar chritéir iontrála na gcoláistí oideachais anseo, áiteanna breise a chur ar fáil dóibh sin a shásaíonn riachtanais Ghaeilge coláistí oideachais na hÉireann don iarchéim oideachais, seachas ligean dóibh iad féin a thumadh i gcóras oideachais agus i gcultúr tíre eile nuair nár ghá a leithéid. Ach caithfear córas a cheapadh dóibh sin a dteastaíonn uathu bheith ina mbunmhúinteoirí ach nach sásaíonn riachtanais iontrála na hiarchéime oideachais, anseo i dtreo is nach mbeidh orthu triall thar lear. Is fearr an fhadhb a réiteach anseo toisc go mbeidh an fhadhb teanga chéanna acu ar a fhilleadh dóibh. Tá Mac Suibhne go láidir i bhfábhair a leithéid, Tráchtadh ar bhealaí éagsúla réitithe sna hagallaimh (Mac Suibhne & ó Nualláin) agus moltar breis taighde chun an fhadhb seo a réiteach.

10.4. Cearta leanáí bun scoile i leith na Gaeilge

Idir an dá linn, caithfear smaoineamh ar chúrsaí faoi láthair. Mar atá scríofa cheana, glactar uimhir shuntasach de na bunmhúinteoirí seo a oiltear thar lear isteach sa chóras oideachais bun scoile anseo in Éirinn go bliantúil; 3,734 idir 2006-2011 (Oifig an SCG, 2011) agus tionchar mór acu ar an gcóras bun scoile dá bharr. Toisc go bhfuil aitheantas faoi leith ag an nGaeilge sa Bhunreacht ní gnáthábhar scoile í an Ghaeilge mar sin, ach teanga atá snaidhmthe lenár gcultúr i gcoitinne. Tá cead ag na bunmhúinteoirí a oiltear thar lear poist bhuana nó shealadacha bun scoile a ghlacadh, mar atá ráite cheana, mar mhúinteoir ranga nuair a fhilleann siad chun na tíre seo, ar choinníoll go bhfaighidh siad pas i ngach modúl den SCG taobh istigh de thrí bliana. Tá an chuid is mó acu scartha ón nGaeilge le trí nó ceithre bliana, ó laethanta a n-Ardteistiméireachta. Níl sé ceart poist shealadacha ranga nó poist bhuana ranga nó poist mar ionadaithe ranga a thabhairt do bhunmhúinteoirí a oiltear thar lear, ar fhilleadh go hÉirinn dóibh, sula sroicheadh siad caighdeán sásúil sa Ghaeilge. . Níl aon chúis go bhféadfaí glacadh le múinteoir le Gaeilge easnamhach, mar mhúinteoir ranga. Ní ceart go mbeadh an bunmhúinteoir nuacháilithe ag múineadh Gaeilge go dtí go mbíonn pas faighte aige/aici san SCG. Bheadh sé dlite ar phríomhoidí socruithe cuí a

dhéanamh dá réir má fhostaíonn siad múinteoir a oiltear thar lear. Caithfear smaoineamh anseo go príomha ar na daltaí. Níl sé ceart de réir ceartais nádúrtha, go gcaillfeadh páiste tréimhse bunscoile, dá laghad í, as a (h)ocht mbliana bunscoile toisc í/é bheith faoi threoir múinteora ranga atá easnamhach i leith na Gaeilge. Tá dualgas ar an Stát féachaint chuige go dtugtar a gcearta agus na deiseanna céanna do gach saoránach i leith na Gaeilge chomh maith le haon ábhar eile.(An tAcht um Theangacha Oifigiúla, 2003)

10.5 An Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta féin

Taispeánann torthaí scrúduithe meánscoile agus torthaí scrúduithe SCG a bhfuil trácht orthu cheana agus a atá léirithe sna hagusíní, gur cóir tabhairt faoi scrúduithe cáilithe sa Ghaeilge go céimseach. Tá na bunmhúinteoirí a fhilleann, ar chaighdeán éagsúla Gaeilge agus tá cabhair agus comhairle uathu. Ba cheart Lá Oscailte in Institiúid Oideachais Marino (a bhfuil cúram an SCG acu) a fhógairt sna meáin do na nua-bhunmhúinteoirí seo. Bheadh teagascóirí SCG i láthair chun treoir a thabhairt do na bunmhúinteoirí óga seo, chun cabhrú leo a gcaighdeán Gaeilge a mheas trí agallamh béaltrialach agus/nó cluastuisceana agus an próiseas cáilithe a shoiléiriú dóibh. D'fhéadfadh teagascóirí SCG cúrsa a mholadh a bheadh in oiriúint dá gcaighdeán sa Ghaeilge - cúrsaí atá eagraithe ag saineolaithe teanga MIE - *Beatha Teanga* (Ó Madáin, 2004), cúrsa do thosaitheoirí; *Í a Labhairt* (Whelton & Mac Suibhne, 2008), cúrsa inmheánach; nó tabhairt faoin SCG féin tríd an gcúrsa *Cóir Ghaoithe* (Whelton & Mac Suibhne, 2006), má bhíonn siad ar ardchaighdeán sa Ghaeilge. Mholfaí dóibh gan bheith mar mhúinteoir ranga bunscoile go dtí go mbeadh caighdeán ar leith sa Ghaeilge sroichte acu. Bheadh ar MIE a chinntiú cathain a bheidís in ann tosú ar an bpróiseas cáilithe tríd an SCG. Ní bheidís ansin ag tabhairt faoin SCG agus iad ar chaighdeán éagsúla Gaeilge. Bheadh seans ansin nach bhféachfaidís ar na scrúduithe mar dhualgas, mar phíonós fiú. Chothódh sé féin-mhuinín astu féin agus iad i mbun ranga Gaeilge sa todhchaí. B'inmholta moltaí agus tacaíocht ón gComhairle Múinteoireachta sa phróiseas seo.

10.6 An SCG agus an nua-scrúdú OCG

Tá scrúdú nua mar rogha ag bunmhúinteoirí a oileadh thar lear, le haghaidh a gcáilithe ar a nglaoitear Oiriúniú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge/OCG. Tá modúl an chúrsa seo léirithe i *Sruth na Maoile* (Whelton & Mac Suibhne, 2009). Oireann sé do bhunmhúinteoirí a oileadh thar lear atá in ann post 120 lá seirbhíse a bheith acu i mbunscoil sa bhliain a dtugann siad faoin OCG. Is deacair do gach nua-bhunmhúinteoir an dualgas seo a chomhlíonadh muna bhfuil tréimhse fhada go leor acu sna bunscoileanna. Níl an riail seo i gceist ag lucht SCG. Cé go bhfuil eilimintí san OCG atá níos réalaí agus níos praiticiúla ná an SCG, tá easnaimh ann (prós agus filíocht) i gcomparáid leis an SCG. Tá athchóiriú de dhíth ar an dá chóras cáilithe. Toisc nach bhfuil baint lárnach ag an gcúrsa SCG leis an gcuiraclam bunscoile agus toisc easnaimh i dtaobh próis agus filíochta ag an OCG, ba cheart an dá chóras a nascadh in aon scrúdú amháin agus an próiseas a chur in oiriúint do riachtanais an nua-bhunmhúinteora.

Tá ar gach iarrthóir SCG freastal ar chúrsa Gaeltachta aitheanta ar feadh trí seachtainí mar a dhéanann gach mac léinn sna coláistí oiliúna oideachais anseo. Seo ullmhúchán do na scrúduithe, don bhéaltrial a bheidh acu ar ball agus dá saol bunscoile sa todhchaí.

Moltar ag an am seo go dtógfaí isteach bunmhúinteoirí ardchumasacha sciliúla chun ranganna breathnóireachta a reachtáil do na nua-bhunmhúinteoirí seo ina nglacann siad páirt ghníomhach mar dhaltaí i ranganna bunscoile. Tá géarghá leis seo ó dhaoine nach raibh taithí acu ar a leithéid riamh. Tá gné phraiticiúil eile ag an SCG a bhaineann le teanga agus cultúr. Seo iarracht chun déileáil lenár ndúchas atá le moladh. Tá easnamh i gceist áfach, sa chaoi nach bhfuil béim curtha ar cheol nó ar amhránaíocht san SCG. Sna coláistí oideachais anseo agus sa Bhreatain, taispeántar – mar chuid den chúrsa iarchéime, conas rang ceoil a ionramháil. I gcás ár n-iarchéimithe cáilithe níl trácht ar bith sa chúrsa SCG faoi amhránaíocht Ghaeilge; conas rang dá leithéid a láimhseáil; faoi rainn agus amhráin do na hisealranganna, do na meánranganna nó do na hardranganna. Tá Coláiste na Rinne i Rinn Ó gCuanach, Co. Phort Láirge ag freastal ar na gnéithe seo de shaol an bhunmhúinteora mar aon le seisiúin ceoil, drámaíochta agus cluichí scoile a chur ar siúl ar chúrsaí Gaeltachta SCG i rith na bliana. Níl a leithéid ar siúl in aon chúrsa Gaeltachta SCG eile.

10.7 Achoimre

Reachtaíodh an tAcht um Theangacha Oifigiúla (2003) chun comhionannas teanga a chur chun cinn ó chomhaltaí thithe an Oireachtais go dtí an saoránach is óige sa stát i rith a scolaíochta agus ina diaidh. Ceapadh Coimisinéir Teanga chun a chinntiú go gcuirfí a bhfuil leagtha síos san Acht i bhfeidhm agus tá ar an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán cuntas bliantúil a thabhairt ar oibriú an Achta. Thacaigh an Rialtas leis an Acht trí an Ráiteas i leith na Gaeilge (2006), á rá go n-ullmhófaí polasaithe agus gníomhaíochtaí bunaithe ar thrí bunphrionsabail. Cuireadh an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge os comhair an phobail i 2010 – straitéis chuimsitheach ullmhaithe ag cúigear saineolaithe idirnáisiúnta. Dhírigh an Straitéis ar a bhfuil léirithe sa tráchtas seo faoi oiliúint bunmhúinteoirí. Molann an Straitéis (1.18) i measc tionscnamh eile go gcaithfí a chinntiú go sroichfeadh bunmhúinteoirí agus meánmhúinteoirí ardchaighdeán sa Ghaeilge trí oideachas inseirbhíse. Tá dualgas ar an stát de réir an Achta é seo a chinntiú. Moltar anseo leis i dtaobh na gcoláistí oiliúna oideachais go dtairgfí Cúrsaí Baitsiléireachta Oideachais, Cúrsaí Iarchéime Oideachais trí Ghaeilge agus cúrsaí rialta inseirbhíse faoi mhúineadh na Gaeilge i rith na bliana do bhunmhúinteoirí i gcoitinne. .

Tá an reachtaíocht againn. Tá dearbhú an Rialtais i leith na teanga againn ón Rialtas. Tá straitéisí cinnte molta againn chun an Ghaeilge a chothú, a chaomhnú agus a chur chun cinn. Tá sé ag brath ar na húdaráis agus ar an bpobal féin - ar gach saoránach - a chinntiú go gcuirfear a bhfuil molta i gcrích. D'fhéadfadh roinnt de na daoine a bhfuiltear ag scríobh fúthu anseo a rá nár comhlíonadh a bhfuil leagtha síos san Acht ina leith. Má chuirtear ár n-oidhreachta agus ár gcultúr i leataobh agus má bhímid faillíoch faoi cháiliú bunmhúinteoirí ach go háirithe, is baol don teanga agus beimid thíos leis go mór.

Leabhareolaíocht

Academia Valenciana de la Lengua (2004) *Enquesta sobre la situació del Valencia*. Nasc: <http://www.avl.gva.es/img/estudis/5/Enquesta.pdf> (aimsithe: 9/2/2011).

An Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha agus Mionlaigh (1992) Strasbourg: Council of Europe. Nasc: http://www.coe.int/t/dg4/education/minlang/Default_en.asp (aimsithe 13/9/2011).

An Chomhairle Mhúinteoireachta (2008) Bileog Eolais. Má Nuad, Co. Chill Dara.

An Chomhairle Mhúinteoireachta (2010) *Draft Policy on the Continuum of Teacher Education*. Má Nuad, Co. Chill Dara.

An Roinn Gnóthaí, Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (2003) *Acht na dTeangacha Oifigiúla Baile Átha Cliath*: Rialtas na hÉireann.

An Roinn Gnó Pobail, Comhionannais, Tuaithe agus Gaeltachta (2010) *Tuarascáil ar Shuirbhé na bhFoghlaimoirí Gaeilge*. Dún na nGall: Oifig Réigiúnda na Roinne.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1930) Imlitir 25/30, *Cáilíochtaí le hAghaidh Múinteoireachta i Scoileanna Náisiúnta a Aithint*, Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1960) Imlitir 11/60, *An Tumoideachas in Éirinn*. Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1973) *Irish Requirement in the Certificate Examinations*. Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1975) Imlitir 43/75. *Irish Requirements in the Civil Service*. Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1999) *Imlitir 22/00: Irish Requirement for Appointment in Second Level Schools*. Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1999) *Curaclam na Bunscoile*. Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2004) *Tuarascáil an Choiste Athbhreithnithe* Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2004) *Lámhleabhar an SCG*. Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2004) *Siollabas Teanga*. Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta: An Roinn Staitisticí (2008). ‘Bileog Eolais’. Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann.

An tAontas Eorpach (2010) *Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpach*. Nasc: europa.eu/pol/pdf/qc3209190gac_002.pdf (aimsithe 12/9/2011).

An Chigireacht (2007). *An Ghaeilge sa Bhunscoil*. Baile Átha Cliath: An tAonad Tacaíochta um Meastóireacht agus Taighde, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Arksey, H. & Knight, P. (1999) *Interviewing for social scientist: an introductory course with examples*. London: Sage Publications.

Azurmedi, M, Bachoc, E, & Zabaleta, F. (2001) ‘Catalan a decade later’, in Fishman, J. (ed.) *Can threatened languages be saved?* Clevedon: Multilingual Matters pp. 260-283.

Bachoc, E. ‘Sociolinguistic Survey’ (2005)

Nasc: http://www.eke.org/en/euskara/soziolinguistika/2006ko_inkesta (aimsithe 16/9/2011)

Basque Culture online – Sociolinguistic Survey (2006)

Nasc: http://www.eke.org/en/euskara/soziolinguistika/2006ko_inkesta (aimsithe 9/2/2011)

Bord na Gaeilge (1986) *The Irish Language in a Changing Society: Shaping the Future* Baile Átha Cliath: Bord na Gaeilge.

Bord na Gaeilge (1983) *An Action Plan for Irish/Plean Straitéise Deich mBliana*: Baile Átha Cliath.

Bradshaw, O. (2010) ‘An Freasúra: Is gá fáil réidh le Gaeilge éigeantach anois’. *Foinse*, 12ú Bealtaine, l. 5.

Bretón, N. O. & Ruiz, P. S (2008) ‘Bilingual education in Navarre: achievements and challenges’, *Language, Culture and Curriculum*, Vol. 21 (1) pp. 21-38.

Brown, K. & Ogilvie, S. (2009) *Encyclopedia of Languages and Linguistics*. Oxford: Elsevier.

Burke, M. (2008) ‘National Pilot Project on Teacher Induction/Primary Strand: A Guide to Induction and Mentoring in the Primary School’ *National Development Plan 2007-2013*.

Burke, R. (6.04.1973) *Ráiteas Dála*: Baile Átha Cliath: Rialtas Éireann: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Burstall, E. (1995) ‘Language Barriers’. London: *The Times Educational Supplement*, 29 Sept, 1995, p. 6.

Cenoz, J. (2008) 'Learning through the minority: an introduction to the use of Basque in education in the Basque Country', *Language, Culture and Curriculum*, Vol. 21, no.1, pp.1-4.

Cenoz, J. (2008) 'Achievements and challenges in bilingual and multilingual education in the Basque country'. *Aila Review*, Vol. 21 pp. 13-30. Amsterdam: Benjamins

Central Statistics Office, Daonáireamh (1936/26) 'Cainteoirí Gaeilge'

Nasc: www.cso.ie/census/census_1936_volume_8.htm (aimsithe 16/9/2011)

Central Statistics Office, Daonáireamh (2002) 'Cainteoirí Gaeilge'

Nasc: http://www.cso.ie/census/documents/vol11_tl_17.pdf (aimsithe 16/9/2011)

Central Statistics Office, Daonáireamh (2006) Cainteoirí Gaeilge

http://www.cso.ie/census/census2006_volume9.htm (aimsithe 16/9/2011)

Coady, M. & Ó Laoire, M. (2002) 'Mismatches in language policy and practice in education: the case of Gaelscoileanna in the Republic of Ireland'. *Language Policy*, Vol. 1, no. 2, pp. 143-158.

Cohen, L. Manion, L. & Morrison, K. (2007) *Research Methods in Education*. London: Routledge.

Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, 'Nuacht na hEarnála/Gaelport.com', *Foinse*, Lúnasa 3, l. 6.

Cole, A. & Williams, C. (2004) 'Institutions, identities and lesser-used languages in Wales and Brittany'. *Regional and Federal Studies*, Vol.14, no.4, pp. 554-579.

Coolahan, J. (2011, 2ú Iúil) *Open Forum*. Conference on Re-Imagining Initial Teacher Education, St., Patrick's Training College, Dublin.

Coláiste Mhuire Marino, MIE (2008) *Handbook 2008 – Lámhleabhar na gCéimithe 2008*. Baile Átha Cliath: MIE.

Council of Europe (1992) *European Charter for Regional or Minority Language*, Strasbourg. Nasc: <http://conventions.coe.int/Treaty/en/Treaties/html/148.htm> (aimsithe 13/09/2011).

Council of Europe, Language Policy Division agus An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2007) *Language Education Policy Profile 2005-2007*. Strasbourg: Council of Europe / Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Crystal, D. (2008) *Encyclopaedia of Wales*. Cardiff: University of Wales.

Davies, J., Jenkins, N., Baines, M., & Lynch, P. (eds). (2008) *The Welsh Academy Encyclopaedia of Wales*, Cardiff: University of Wales Press.

Denzin, N. K & Lincoln, Y.S. (2000) *Handbook of Qualitative Research*. London: Sage Publications.

European Parliament (2000) Charter of Fundamental Rights of European Union, Strasbourg: European Parliament. Nasc: http://www.europarl.europa.eu/charter/default_en.htm (aimsithe 13/9/2011)

Fiontar, (2009) *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge*, Baile Átha Cliath: Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Nasc: www.pobail.ie/ie/AnGhaeilge/Straiteis/Tuarascail%20FIONTAR.pdf (aimsithe 14/9/2011).

Flynn, S. (2011) ‘Coláiste Hibernia’. *Irish Times*. June 17.

Furlong, Á. McMahon, B. & Ní Ghuidhir, S. (2011) 'Re-Imagining Initial Teacher Education: perspectives on Transformation Páipéar' le seoladh ag Comhchomhairle Oideachais, Coláiste na hOllscoile, Gaillimh.

Gardener, N. (2002) 'Language Policy for Basque in Education'. (presented to the Education and Lifelong Learning Committee of the Welsh Assembly) Education and Lifelong Learning Committee: ELL O9, p. 3

Gaelscoileanna Teo. Nasc: <http://www.gaelscoileanna.ie/?lang=en> (aimsithe 16/9/2011)

Generalitat Valenciana / Servei d'Investigació i Estudis Sociolingüístics 2005. Nasc: <http://www.gva.es/> (aimsithe 13/09/2011).

Gilbert, J. E. & Blyth, W. A. L. (1983). 'Origins and expansion of PGCE Primary Courses in England and Wales before 1970', *Journal of Education for Teaching*, Vol. 1, no. 3, pp. 279-290.

Harris, J., Forde, P., Archer, P., ní Fhearaile, S. & Ó Gormáin, M. (2006). 'Long Term National Trends in Achievement'. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Nasc: www.linguae-celticae.org/dateien/Irish_in_Primary_Schools.pdf (aimsithe: 13/09/2011).

Harris, J. (1984) *Spoken Irish in Primary Schools – an Analysis of Achievement*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.

Harris, J. (1996) *Cúrsaí Nua Gaeilge Bunscoile*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Harris J. (1996) *Cúrsaí nua Gaeilge na Bunscoile: Moltaí agus Ábhar Samplach Naíonáin-Rang 2*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.

Harris J. (1996) *Cúrsaí nua Gaeilge na Bunscoile: Moltaí agus Ábhar Samplach Rang 3-6, Tuarascáil Taighde 19-20*, Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.

Harris, J. (2008) 'The declining role of primary school in the revitalisation of Irish', *Aila Review*, vol. 21, pp. 49-68. Amsterdam: Benjamins

Harris, J. (2005) 'The role of ordinary Primary Schools in the maintenance and revival of Irish', Cohen, J., McAlister, T., Rolstad, K., and MacSwain, J., (eds.) *Proceedings of the 4th. International Symposium on Bilingualism*, Somerville, Mass., pp. 964-977, Nasc: <http://www.lingref.com/isb/4/074ISB4.PDF> (aimsithe: 13/09/2011).

Hattie, J. (1999). '*Influences on student learning*', Inaugural Lecture. University of Auckland. Nasc: <http://citeseerx.ist.psu.edu/viewdoc/download?doi=10.1.1.114.8465&rep=rep1&type=pdf> (aimsithe: 9/2/2011).

Hattie, J.A C. (2002) 'What are the attributes of excellent teachers?', *Teachers make a difference: What is the research evidence?* Wellington: New Zealand Council for Educational Research. pp. 3-26.

Hélot, C. & Young, A. (2005) 'The notion of diversity in language education: policy and practice at primary level in France', *Language, Culture and Curriculum*, vol.18, no. 3 pp. 242-257.

Her Majesty's Inspectors of Schools (1994) *Provision for Gaelic Education in Scotland*. Edinburgh: The Scottish Office Education Department.

Hibernia College, Dublin: 'The Online Higher Diploma in Arts in Primary Education'. Nasc: www.hiberniacollege.net (aimsithe 16/9/2011)

Hickey, T. (2001) 'Mixed beginners and native speakers in minority language immersion: who is immersing whom?' *The Canadian Modern Language Review*, 57, 3, pp. 443-474.

Hindley, R. (1990) *The Death of the Irish Language*, London: Routledge.

Huguet, Á. (2007) 'Minority languages and curriculum: the case of Spain', *Language, Culture and Curriculum*, Vol. 20, no. 1, pp.70-86.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1972) *Implementing a language policy*. Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann.

Irish National Teachers' Organisation, (2009) 'Irish language requirement – adaptation period', *In Touch*, Dublin: I.N.T.O.

Keegan, A. (2002) 'Compulsory Irish – Language and Education in Ireland 1870-1970'. *Dublin: Irish Academic Press*

Kvale, S. (1994) 'Ten standard objections to qualitative research interviews', *Journal of Phenomenological Psychology*, Vol. 25, no. 2, pp. 147-173.

Lasagabaster, D. (2001) 'Bilingualism, immersion programmes and language learning in the Basque country', *Journal of Multilingual and Multicultural Development*, Vol. 22, no. 5, pp. 401-425.

Ley Orgánica 5/1982/de Julio, Estatuto de Autonomía de la Comunidad Valenciana Artículo 6 (Law and Use of *Valenciano* 1982 Article 6)

Little, D. Devitt, S. & Singleton, D. (1988) *Authentic Texts in Foreign Language Teaching Theory and Practice*. Dublin: Authentik.

Little, D., Ó Meadhra, B., & Singleton, D. (1986) 'New Approaches in the Language Classroom – Coping with Change', in Little, D. (ed.), *Proceedings of the Second Modern Languages Convention*, ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Eanáir 31 agus Feabhra 1, National Modern Languages Convention (2nd: 1982, Dublin: Trinity College.

Mac Aogáin, E. (1990) 'Teaching Irish in the Schools: Towards a Language Policy for 1992', occasional paper No.7 Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.

McDowell, H. (2010) 'Gaelscoil Ráth Tó na Mí' *Irish Times*, Iúil 19

Marino Institute of Education. (gan dáta) *An Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (SCG)*, Bileoga Eolais. Baile Átha Cliath: MIE.

May, S. (2000) 'Accommodating and resisting minority language policy: the case of Wales', *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, Vol. 3, no. 2, pp. 108-128.

Nic Aoidh, E. Garland, J. Nig Uidhir, G. & Sweeney, J. (2011) 'A PGCE Irish-Medium Model of Initial Teacher Education', páipéar curtha faoi bhráid ag comhdháil faoi *Re-Imagining Initial Teacher Education – Perspectives on Transformation* 30ú Meitheamh – 2ú Iúil, Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath.

Nic Pháidín, C. & Ó Cearnaigh, S. (2008) *A New View of the Irish Language*. Baile Átha Cliath: Cois Life.

Ní Chochláin, M. T.D. (2010) Education – Reform and Innovation Required. MacGill Summer School, Co. Dún na nGall. Nasc: <http://www.fiannafail.ie/news/entry/4945> (aimsithe 16/9/2011).

Ó Cuirreáin, S. (2004) 'Inaugural Report', Baile Átha Cliath: Oifig an Choimisinéara.

Ó Cuirreáin, S. (2010a) *Tuarascáil Bhliantúil, an Coimisinéir Teanga*, An Spidéal, Co., na Gaillimhe 31.12.2010. www.coimisineir.ie/downloads/TuarascailBhliantuil2010.pdf (aimsithe 16/9/2011).

Ó Cuirreáin, S. (2010b) Páipéar curtha faoi bhráid ag seimineár *Acht na dTeangacha 2003: Próiseas, Dúshlán agus Deiseanna*, Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí, Samhain 26, 2010. www.ittralee.ie/en/InformationAbout/...Fulltext,31182,en.html

Ó Duibhir, P. (2009) ‘The spoken Irish of sixth class pupils in Irish immersion schools’, Tráchtas neamhfhoilsithe le haghaidh Dochtúireachta sa bhFealsúnacht i Teangeolaíocht Fheidhmeach, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Ó Duibhir, P. (2011) ‘The Role of Language Integrated learning in Initial Teacher Education’, páipéar curtha faoi bhráid ag comhdháil faoi *Re-Imagining Initial Teacher Education – Perspectives on Transformation* 30ú Meitheamh – 2ú Iúil, Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath.

Ó hÉallaithe, D. (23.12.2010) ‘An Irish Solution to the Irish Language Problem’, *Irish Times*: 23.12.2010.

Oifig an SCG (2010) ‘Torthaí SCG 2006-2010’. Baile Átha Cliath: MIE.

Ó Laoire, M. (2005) ‘The Language Planning Situation in Ireland’. *Current Issues in Language Planning*, vol. 6, no. 3, pp. 251-314.

Ó Laoire, M. (2007) ‘Language Use and Language Attitudes in Ireland’, Kaplan, R. & Baldauf, R., *Language Planning and Policy in Europe: The Baltic States, Ireland and Italy*. Clevedon: Multilingual Matters 135, pp. 163-184

Ó Madáin, D. (2005) *Beatha Teanga: An Irish Language Course for Beginners; Primary School Teachers. Lessons 1-10 Téacsleabhar agus Dlúthdhiosca*, Baile Átha Cliath: Coláiste Mhuire Marino.

Ó Muirí, P. (2011) ‘Ábhair Dóchais agus Éadóchais ag an Choimisinéir Teanga’. *Irish Times*, 16/3/2011.

Ó Muirí, P. (2010) ‘Seolann an Rialtas Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge’. *Irish Times*, 22/12/2010.

Organisation in favour of the rights of Basque speakers (2007) ‘Attitude of the French State: Discrimination in the name of equality’ Address to the Committee on Economic and Social and Cultural Rights, United Nations Economic and Social Council.

Nasc: http://www2.ohchr.org/english/bodies/cescr/docs/cescrwg38/basque_en.pdf (aimsithe 16/9/2011)

Ó Murchú, M. (1970) *Urlabhra agus Pobal: Language and Community*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair/Government Publications Office.

Ó Riagáin, P. & Ó Gliasáin, M. (1983) *The Irish Language in the Republic of Ireland*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.

Ó Riagáin, P. (1997) *Language Policy and Social Reproduction in Ireland 1893-1993*, Oxford: Oxford University Press.

Ó Riain, S. (1994) *Pleanáil Teanga in Éirinn 1919-85*. Baile Átha Cliath: Bord na Gaeilge.

Petherbridge-Hernandez, P. (1990) ‘Teacher preparation in a bilingual setting: in-service training for teachers in Catalonia’, *Journal of Multilingual and Multicultural Development*, Vol.11, no. 2, pp. 215-226.

Primary Curriculum Support Programme.PCSP, Nasc: www.ppds.ie/pcsparchive/ (aimsithe 16/9/2011)

Primary Professional Development Service. (PPDS) Nasc: www.sess.ie (aimsithe 16/9/2011)

Primary Development Service for Teachers. (PDST),

Nasc: <http://sites.google.com/a/pdst.ie/pdst/> (aimsithe 16/9/2011)

Rialtas na hÉireann (1937) *Bunreacht na hÉireann*, Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann.

Nasc: www.taoiseach.gov.ie/upload/publications/297.pdf (aimsithe: 12/09/2011).

Rialtas na hÉireann (1965) Páipéar Bán ‘Athbheochan na Gaeilge: the Restoration of the Irish Language’. Baile Átha Cliath: Oifig Foilseacháin an Rialtais.

Rialtas na hÉireann: Roinn an Taoisigh (2006). *Ráiteas i Leith na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Roinn an Taoisigh

Robson, C. (2002) *Real World Research*. Oxford: Blackwell.

Roddick, W. (1998) ‘One nation - Two Voices? The Welsh Language in the Governance of Wales’, Williams, C. (ed.), *Language and Governance*, Cardiff: University of Wales Press. .

Romaine, S. (2007) ‘The impact of language policy on endangered languages’, *Democracy and Human Rights in Multicultural Societies*, chap. 10, pp. 217-236.

Sarantakos, S. (2005) *Social Research*. Basingstoke: Macmillan.

Singleton, D. & Little, D. (1984) *Language Teaching in Formal and Informal Contexts*. Dublin: Irish Association for Applied Linguistics.

Strubell, M. (1999) *Language, Democracy and Devolution in Catalonia*, in Wright, S. (ed.), *Language, Democracy and Devolution in Catalonia*. Clevedon: Multilingual Matters, pp. 4-38.

Stuijt, M. & Sanchez, D. (1998) *The Basque language in education in France*. Leeuwarden: Mercator-Education.

Sutherland, M. B. (2000) 'Problems of diversity in policy and practice: Celtic languages in the United Kingdom', *Journal of Comparative Education*, Vol. 36, no. 2, pp.199-209.

Vila I Moreno, F. X. (2008) 'Language-in-education policies in the Catalan language area', *Aila Review*, Vol.21, pp. 31-48, Amsterdam: Benjamins

Welsh Language Board (2008) *The Welsh Language Use Surveys of 2004-2006*, Cardiff, Wales.: The Welsh Language Board. Nasc: <http://www.byig-wlb.org.uk/english/publications/publications/welsh%20language%20use%20surveys%202004-06.pdf> (aimsithe 26/9/2011)

Whelton, M. & Mac Suibhne, A. (2006) *Cóir Ghaoithe: Cúrsa Ullmhúcháin don Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge: Téacsleabhar agus dhá dlúthdhiosca*. Baile Átha Cliath: Coláiste Mhuire Marino.

Whelton, M. & Mac Suibhne, A. (2008) *Í a Labhairt: Cúrsa Gaeilge Idirmheánach do Mhúinteoirí Bunscoile. Téacsleabhar agus dlúthdhiosca*. Baile Átha Cliath: Coláiste Mhuire Marino.

Whelton, M. & Mac Suibhne, A. (2009) *Sruth na Maoile; Ábhar Tacaíochta d'Oiriúnú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge: Téacsleabhar agus trí dlúthdhiosca*. Baile Átha Cliath: Coláiste Mhuire Marino.

Williams, C. H. (2000) *Language Revitalisation: Policy and Planning in Wales*. Cardiff: University of Wales Press.

Williams, C. H. (2007) *Language and Governance*, Cardiff: University of Wales Press.

Williams, C.H. (2008) *Linguistic Minorities in Democratic Context*. London: Palgrave Macmillan.

Wilson, C. M. (1999) *Benidorm, the Truth*. Valencia: Comunidad Valenciana.

Aguisíní

Aguisín A An Ceistiúchán

Suirbhé ar Iarchéimithe a bhfuil baint acu leis an SCG

A Survey of Postgraduates involved in the SCG

Ba bhreá liom dá bhfreagrófa na ceisteanna seo. Beidh na freagraí cabhraitheach do chách – do mhúinteoirí bunscoile ach go háirithe.

I would appreciate very much if you could answer this Questionnaire. The information gathered will be helpful to all – particularly to Primary School Teachers.

Ní luafar ceantair, scoileanna, ainmneacha daoine nó aon rud óna bhféadfaí ceantair, scoileanna, daoine a ainmniú / a aithint nuair atá torthaí na taighde seo á gcur le chéile.

No areas, schools, individuals will be named or any material mentioned by which areas, schools or individuals can be identified in the collation of this research.

Tá seans nach mbaineann cuid de na ceisteanna leat.

Some Questions may not apply to you. Please tick whatever applies.

SECTION A Your First and Second Level Education

1. Torthaí Teastais Shóisearaigh i nGaeilge

Your Junior Cert. Gaeilge results. Enter your grade.

Ardleibhéal Gnáthleibhéal Bonnleibhéal

Higher

Ordinary

Foundation

2. Torthaí Ardeistiméireachta i nGaeilge

Leaving Cert. results in Gaeilge. Enter your grade.

Ardleibhéal Gnáthleibhéal Bonnleibhéal

Higher

Ordinary

Foundation

3. Cathain ar smaoinigh tú gur bhreá leat bheith i do mhúinteoir bunscoile?

When did you decide to be a Primary School Teacher?

Nuair a bhí tú sa bhunscoil?

When at first level?

Nuair a bhí tú ar an dara leibhéal?

When at second level?

I ndiaidh do Chéime Ollscoile?

Following your University Degree?

Other?

4. Ar chaith tú tréimhse ar Chúrsa Samhraidh Gaeltachta aitheanta nuair a bhí tú sa bhunscoil nó ar an dara leibhéal?

Did you attend a Summer Gaeltacht Course when in Primary or at Second Level?

Tick one or more boxes.

sa bhunscoil?

in Primary school?

ar an dara leibhéal?

at second level?

number of such courses attended?

5. Ar tháinig feabhas ar do chuid Ghaeilge dá bharr (dá mbarr)?

How would you rate your competence in Gaeilge – following this (these) courses
on a scale of 0 to 10 ?

0 = not at all competent. 10 = extremely competent.

SECTION B

Your Third Level Education

6. Sular imigh tú thar lear ar bhain tú Céim Ollscoile amach ó Choláiste Ollscoile in Éirinn?

Before going abroad did you graduate from a University in Ireland?

‘sea

ní hea

yes

no

Má chuireann tú síos ‘sea,

If ‘yes’

6 (a) Cén chéim ar bhain tú amach?

With what degree were you conferred?

6 (b) An bhfuil Céad Ealaín sa Ghaeilge agat?

Have you First Arts Irish?

6 (c) An bhfuil Céim sa Ghaeilge agat?

Have you a Degree in Irish?

7. An bhfuil cáilíochtaí eile agat seachas Céim, ó Ollscoil in Éirinn?

Have you qualifications, other than a Degree, from an Irish University?

tá

yes

níl

no

Má chuireann tú síos ‘**tá**’, abair cad iad.

If ‘**yes**’, indicate what these are.

8 (a) Ar chomhlíon tú coinníollacha iontrála do Choláiste Oiliúna do bhunmhúinteoirí in Éirinn?

Did you satisfy entry requirements for (B.Ed.) Primary Teacher Training in Ireland?

‘**sea**

yes

ní hea

no

(b) Cén fath nár chomhlíon?

If ‘**no**’, why not?

Tick the relevant box.

Ní raibh go leor pointí agam

Insufficient points

Ní raibh Ardleibhéal Gaeilge agam san Ardeist.,

I did not satisfy the Gaeilge requirement.

SECTION C Your Experience Abroad

9. Cén tír thar lear inar oileadh mar bhunmhúinteoir tú?

In which country did you train and qualify as a Primary School Teacher

10. Cé mhéid bliana a chaith tú i gColáiste Oiliúna thar lear?

How many years did you spend in a Training College abroad?

11. Cé mhéid bliana a chaith tú ag múineadh thar lear?

How many years did you spend teaching abroad as a qualified Primary School Teacher?

12. Má bhí Céim Ollscoile agat ó Ollscoil in Éirinn agus Ardleibhéal Gaeilge Ardteistiméireachta agat, cén fath nár chuir tú isteach / nach ndeachaigh tú go Coláiste Oiliúna Múinteoirí anseo don Bhliain Iarchéime?

If you had a Primary University Degree here in Ireland and Higher Level Gaeilge from Leaving Cert., why did you not apply / attend a Training College in Ireland for the Graduate Teacher Training Course, instead of going to Britain for the PGCE?

SECTION D Your Current Status and Opinions

13. An bhféadfá a rá cén caighdeán Gaeilge atá agat i láthair na huaire?

How would you rate your competence in Gaeilge at present?

Sármhaith

Sásúil

Lag

Excellent

Satisfactory

Weak

14. Cé na ranganna, postanna a bhí agat ó d'fhill tú?

What positions or classes etc., have you had since your return?

.....

.....

.....

15. Cad a chabhródh leat i láthair na huaire maidir le múineadh na Gaeilge?

What, in your opinion would help towards improving your Irish Language Teaching?

Tick one or more boxes.

(a) More inservice courses

(b) More visits from a Cuiditheoir

(c) Other

16. Anois, ag féachaint siar, cén taithí a bhí agat i dtaobh na Gaeilge i do bhunscoil?

Now, in retrospect, what was your experience of Gaeilge in Primary school? Tick one box.

Taitneamhach
A happy experience

Cosúil le haon ábhar eile
It was just another subject

Míthaitneamhach
An unhappy experience

17(a) Ar cheap tú go raibh eolas maith agat ar an nGaeilge agus tú ag tabhairt faoin Dara Leibhéal?

How competent did you feel regarding Gaeilge as you began Second Level? Tick one box.

Compordach
Comfortable

Míshuaimhneach, míchompordach i leith an ábhair.
Uneasy, uncomfortable regarding the subject

(b) Cén taithí a bhí agat ó thaobh na Gaeilge de ar an Dara Leibhéal?

What was your overall experience of Gaeilge at Second Level? Tick one box.

Taitneamhach, éasca, sásúil
Happy, easy, satisfactory experience

Cosúil le haon ábhar eile
Just another subject

Míshuaimhneach, míchompordach
Uneasy, uncomfortable

18. (a) Gnéas Male Female
Gender

(b) Aois 35 or under Over 35
Age

19. Má tá aon rud eile ba mhaith leat a lua i dtaobh na Gaeilge ba bhreá liom é a léamh.

Have you any other comments to make concerning the teaching of Gaeilge ?

I would be delighted to read them.

Táim fíorbhuíoch díot.

John Johnston – Kehoe 051 – 853424

087 – 2111271

jjohnstonkehoe@eircom.net

Aguisín B Na hAgallaimh

Agallamh A: Aodán mac Suibhne Comhordaitheoir / Príomhléachtóir na Roinne Gaeilge in Institiúid Oideachais Marino ar 27.08.2009. 2.00 i.n.

Chuir mé tús leis an agallamh trí mé féin a chur in iúl dó:

‘Mar is eol duit is mise Seán Mac Sheáin – Mac Eochaidh. Mar is eol duit freisin tá tráchtas á scríobh agam faoi iarchéimithe nach n-éiríonn leo tabhairt faoin iarchéim oideachais anseo nó nach dteastaíonn uathu tabhairt faoin iarchéim oideachais anseo, a théann thar lear chun iad féin a cháiliú mar bhunmhúinteoirí, a fhilleann chun na tíre seo arís agus a thugann ansin faoin SCG.’

Na ceisteanna agus nótaí lánmhara faoin agallamh leathstruchtúrtha le hAodán Mac Suibhne.

1. Cé mhéid bliain atá caite agat anseo sa Choláiste Oiliúna seo?

Tá deich mbliana caite agam go dtí seo in Institiúid Oideachais Marino.

2. Cén post atá agat anseo?

Is Comhordaitheoir agus Príomhléachtóir na Roinne Gaeilge mé.

3. An bhfuil tú sásta leis an tslí ina roghnaítear mic léinn don iarchéim oideachais anseo sa Choláiste?

4. Ar mhaith leat an córas céanna – ina roghnaítear mic léinn don iarchéim oideachais sna coláistí oiliúna anseo a athrú/a fheabhsú?

Ceisteanna 3-4:

Ag tagairt don faoin dá cheist a bhain leis an tslí ina roghnaítear mic léinn don iarchéim oideachais sa Choláiste Oideachais seo, dúirt sé go bhfuil sé ‘sásta i gcoitinne.’ Mhol sé an t-agallamh a chuirtear ar na mic léinn de bhrí ‘go ndeimhníonn sé a dtuiscint ar an nGaeilge, a n-inniúlacht, a scileanna cumarsáide, a dteacht i láthair agus na fáthanna gur mhaith leo bheith ina múinteoirí bunscoile.’

Luaigh sé an triail Astrálach HPAT (Health Professions Admission Test – atá go mór faoi chaibidil sna meáin le gairid) a cuireadh ar iarmhíic léinn Ardteistiméireachta 2009 ar mhian leo freastal ar chúrsaí tríú leibhéal leighis.

‘Nílím á mholadh ach b’fhiú machnamh a dhéanamh ar thriail mar an HPAT don Bhaitisiléireacht Oideachais trí bliana agus don Iarchéim Oideachais ocht mí dhéag.’

Ag an am céanna mhol sé oibiachtúlacht agus trédhearcacht chóras na bpointí a roghnaíonn mic léinn Tríú Leibhéal don Bhaitisiléireacht Oideachais i láthair na huair.

I dtaobh an Bhoird SNIP agus Tuarascáil Mhic Cárthaigh agus a bhfuil le rá ag Mac Cárthaigh faoi na coláistí oideachais dúirt Aodán: ‘Cé go bhfuil an daonra ag méadú maraon le méadú mac léinn scoile agus ollscoile, is cosúil go bhfuil an Bord SNIP agus an Rialtas ag smaoineamh ar an méid airgid a dháiltear ar choláistí oideachais a laghdú.’ Is cosúil gur chostais amháin atá ina n-aighe agus an solas á dhíriú acu ar na Coláistí Oideachais a fhaigheann tacaíocht airgeadais uathu.

5. Tugann c. 500 – 600 bunmhúinteoir a cáilíodh thar lear faoin SCG gach bliain, ar fhilleadh go hÉirinn dóibh ón mBreatain. Faigheann an chuid is mó (go dtí seo) post scoile ar fhilleadh go hÉirinn dóibh. Nach mbeadh sé níos fearr breis mac léinn a ghlacadh ar an gcúrsa iarchéime anseo i dtreo nach mbeadh orthu (daoine le hArdleibhéal Ardteistiméireachta Gaeilge) imeacht thar lear le haghaidh a gcáilithe?

Ag freagairt na ceiste faoin 500-600 a thugann go bliantúil faoin SCG, b’fhearr leis go gcaileofaí mar bhunmhúinteoirí bunscoile i bPoblacht na hÉireann iad ná dul chun na Breataine. Luadh leis gur féidir leo siúd poist a fháil i mbunscoileanna ar fhilleadh go hÉirinn dóibh mar bhunmhúinteoirí cáilithe. Taispeánann sé seo go raibh gá/folúntais ann

dóibh ó thús. Dá nglacfaí leo siúd ó thús – don Bhaitisiléireacht Oideachais agus don Iarchéim Oideachais ocht mí dhéag – trí na huimhreacha a thoghann na coláistí oideachais a ardú – ní bheadh líon na n-iarchéimithe a théann thar lear ag méadú.

‘Faighteann gach Coláiste Oideachais deontas caipitíochta de réir líon na mac léinn a bhíonn acu, a deir sé. Trí shrian a chur le líon na mac léinn seo sna Coláistí Oideachais cuirtear srian leis an méid airgid a chaithfidh an Rialtas a thabhairt do na Coláistí Oideachais céanna.’

‘Nár bh fhearr’, arsa mise, ‘go bhfanfadh mic léinn le Ardeistiméireachta Ardleibhéil Gaeilge anseo le haghaidh cáilithe mar bhunmhúinteoirí?’

‘B’fhearr liom,’ arsa Aodán, ‘dá bhféadfaidís fanacht in Éirinn chun cáilíocht bhunmhúinteoireachta a bheadh oiriúnach don tír seo a fháil. Mura mbeadh cumas sa Ghaeilge acu, go dtabharfaí tacaíocht dóibh an cumas sin a bhaint amach anseo. Bheadh sé go maith dá bhféadfaidís freastal ar chúrsa comhtháite (le hábhair Oideachais agus Ghaeilge). Bheadh buntáiste breise acu leis. Bheidís ag foghlaim faoi churaclam na tíre seo agus ní faoi churaclam tíre eile’.

6. Ar chóir daoine mar seo - lucht SCG, nár glacadh ar an gcúrsa Baitsiléireachta Oideachais ná ar an gcúrsa iarchéime oideachais anseo, roinnt acu nár smaoinigh ar mhúinteoireacht bunscoile go dtí go raibh céim ollscoile á dhéanamh acu a ghlacadh isteach sa chóras oideachais anseo ar fhilleadh go hÉirinn dóibh? Tá easpa an-mhór in oiliúint cuid mhór de lucht SCG ó thaobh na Gaeilge de - nach bhfaca siad daoine eile (comhghleacaithe ná aon duine eile) ag múineadh Gaeilge cé go bhfeiceann feitheoirí na bunmhúinteoirí seo ag múineadh Gaeilge don ghné phraiticiúil SCG de mhúineadh na Gaeilge. Maraon leis sin, bíonn orthu an Ghaeilge a mhúineadh chuile lá.

Luaigh Aodán an triail nuamholta – An OCG (Oiriúnú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge). Níl sonraí faoi seo ar fáil fós (31.08.2009) do mhic léinn ná do theagascóirí. Nuair a fhógrófar/craobhscoilfead na sonraí go foirmiúil feicfead go mb’fhéidir go

mbeidh impleachtaí iontu do phríomhoidí agus Boird Bhainistíochta bunscoileanna. B'fhéidir go mbeidh orthu a chinntiú go bhfaighidh an t-iarrthóir OCG meantóireacht i.e. moltaí, treoir, comhairle. Ciallaíonn meantóireacht sa chás seo, b'fhéidir, duine éigin sa scoil (an Príomhoide b'fhéidir) ag treorú, ag cur comhairle, ag tabhairt moltaí don iarrthóir SCG. D'admhaigh Aodán gur ualach/dualgas/freagracht bhreise do phríomhoidí é seo. D'fhéadfadh príomhoide bheith an-bháúil agus tuisceanach agus lánsásta a leithéid a dhéanamh. Ag an am céanna - dá mbeadh a fhios aige faoi na himpleachtaí ag am a bhfostaithe, d'fhéadfadh sé an dualgas / ualach oibre breise a sheachaint. Tá an-impleachtaí eile ann sa chás seo do scoileanna ina bhfuil ranganna le múineadh ag an bpríomhoide – scoileanna nach bhfuil iontu ach beirt nó tríúr múinteoirí ranga ach go háirithe.

7. An bhfuil impleachtaí anseo don Roinn Oideachais agus Scileanna i leith Gaeilge Bunscoile?

Luadh go bhféadfadh sé bheith i gceist amach anseo do gach múinteoir ar promhadh go nglacfadh príomhoide bunscoile ról an chigire áitiúil ina scoil féin nuair a bheadh múinteoir ar an bhfoireann teagaisc ag déileáil leis an Diplóma Oideachais i ndiaidh an SCG nó an OCG.

8. Cad a cheapann tú faoin ngearán ó lucht SCG faoi dhearcadh príomhoidí, foirne scoile agus boird bhainistíochta orthu agus iad ar thóir poist inár mbunscoileanna – go gceaptar lucht SCG a bheith ar chéim níos isle ná iad siúd a oiltear inár gColáistí Oiliúna anseo in Éirinn? Seo samplaí (a bhfuil cruthú ag an taighdeoir leo go pearsanta) de dhearcadh náireach roinnt príomhoidí, foirne scoile, ball ar leith de Bhord Bainistíochta faoi lucht SCG:

a. príomhoide ina sheasamh os comhair beirte - duine de lucht SCG agus duine a cáilíodh i gColáiste Oideachais anseo – ag rá:

‘Is dócha go gcaithfidh mé an jab a thabhairt duitse (an múinteoir a cáilíodh i gcoláiste oideachais anseo) mar tá tú níos cáilithe ná - ‘tú féin’ (duine de lucht SCG)

b. Cuireadh CV ar ais chuig duine de lucht SCG le ciorcal dearg mórthimpeall na háite inar luadh oiliúint i gColáiste Oideachais i Sasana.

c. Dúirt ball de Bhord Bainistíochta bunscoile leis an taighdeoir seo - ag caint faoi fholúntais bunscoile:

‘Caithfidimid aire a thabhairt d’ár ndaoine féin.’

Luaigh Aodán go raibh a leithéid d’iompar míghairmiúil.

Ceist 9.

Cad a cheapann tú féin faoi na bunmhúinteoirí óga seo– lucht SCG – a oiltear thar lear

‘Tá siad an-aibí, spreagtha, an-dáiríre, an-sásta íobairtí a dhéanamh chun iad féin a cháiliú mar mhúinteoirí’ a dúirt Aodán. I gcomparáid lenár n-iarchéimithe anseo caithfidh siad dul thar lear le haghaidh agallaimh agus tabhairt faoi chúrsa le hiarchéimithe atá á n-ullmhú féin le haghaidh bunscoileanna Shasana. Caithfidh siad déileáil le cultúr difriúil, go háirithe nuair atá siad ar thaithí múinteoireachta. Nuair a fhilleann siad tá orthu tabhairt faoin SCG agus pas a fháil ann laistigh de thrí bliana.

Agallamh B S.P. Ó Nualláin (21.07.2009 – 10.45 a.m - 1.30 p.m.)

Seo iad na nótaí lánmhara ar an agallamh leathstruchtúrtha a bhí agam le S.P. Ó Nualláin.

Na Ceisteanna a cuireadh ar S.P. Ó Nualláin in Agallamh leathstruchtúrtha faoi iarrthóirí iontrála na hiarchéime oideachais in Éirinn, faoi pholasaí an Rialtais i leith na Gaeilge agus faoi lucht SCG agus na freagraí a bhaineann leis.

Thosaigh mé trí mé féin a chur in iúl dó:

Mar is eol duit is mise Seán Mac Sheáin–Mac Eochaidh. Táim ag scríobh tráchtas faoi bhunmhúinteoirí a oileadh thar lear. Táim ag iarraidh a fháil amach cén fáth go dtéann na hiarchéimithe thar lear le haghaidh a gcáilithe nó go mbíonn ar iarchéimithe imeacht thar lear le haghaidh a gcáilithe mar bhunmhúinteoirí. Ba mhaith liom roinnt ceisteanna a chur ort mar iarléachtóir agus iarStiúrthóir (ar feadh i bhfad) ar MIE faoi stair oideachais na Gaeilge, faoi pholasaí an Rialtais i leith na Gaeilge, ar an agallamh d’iarrthóirí iontrála na hiarchéime oideachais agus do mhic léinn a théann thar lear d’fhonn a gcáilithe mar bhunmhúinteoirí

1.Cé mhéid bliain a chaith tú ar fhoireann Institiúid Oideachais Marino (MIE)?

Chaith mé 36 de bhlianta ar fhoireann teagaisc Choláiste Oiliúna Mhuire Marino (MIE anois) mar léachtóir.

2. Cé mhéid bliain a chaith tú mar Stiúrthóir an Choláiste ?

Chaith mé 26 de bhlianta mar Stiúrthóir an Choláiste Oideachais i Marino. D’éirigh mé as sa bhliain 2000 ach táim fós mar léachtóir ar Stair an Oideachais i gColáiste na Tríonóide.

3. An bhféadfá cuntas a thabhairt faoi imeachtaí an agallaimh a chuirtear ar iarchéimithe ar theastaigh uathu tabhairt faoi mhúinteoireacht bunscoile tríd an iarchéim oideachais a dhéanamh.

Ba é a thuairim gurbh é an rud ba thábhachtaí a bhain leis an agallamh de ghnáth ná ‘an t-imprisean ginearálta’ a thugtar ag an agallamh. Ag caint faoin gcóras agallamh a bhí ann suas go dtí 1992 do chúrsa trí bliana na Baitsiléireachta Oideachais, luaigh sé:

- a. gur chigire ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus duine ó fhoireann an choláiste a bhí mar scrúdaitheoirí ag an Agallamh i mBéarla.
- b. go raibh cigire aonair ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta i mbun an Agallaimh i nGaeilge.

Bhí amhránaíocht i gceist leis. Thug an cigire grád don iarrthóir. Lean an córas ar aghaidh mar seo go dtí gur ghlac an CAO smacht ar na hiontrálacha. Bhí an córas céanna i gceist do chúrsa iarchéime ach amháin nach raibh aon iarchéim ann 1979-1996 toisc go raibh an iomad múinteoirí ar fáil. Idir 1992-1994 bhí córas agallaimh dá gcuid féin ag na coláistí oiliúna éagsúla. Rinne siad iarracht leanúint ar aghaidh sa tslí chéanna le beirt ón gcoláiste don Agallamh Béarla agus duine amháin ón gcoláiste don Agallamh trí Ghaeilge.

Ceist 4. Conas a eagraítear na hAgallaimh ?

Tháinig na hiarrthóirí go léir le chéile i gColáiste Phádraig, Droim Conrach. Chuir agallóirí ó MIE, Froebel agus Coláiste Phádraig agallaimh ar na mic léinn a roghnaigh coláiste, as na coláistí ainmnithe anseo, mar a gcéad rogha. D’eagraigh Coláiste Mhuire gan Smál (Luimneach) agus Coláiste Eaglais na hÉireann a gcuid agallamh féin. Mar sin bhí an seanchóras agus an córas nua CAO mar an gcéanna. Ní raibh píosa léitheoireachta mar chuid den scrúdú mar atá anois.

Ceist 5. An bhfuil an córas céanna ag Coláiste Mhuire gan Smál i Luimneach.

Tá, ach eagraíonn Coláiste Mhuire gan Smál a agallaimh féin.

Ceist 6.

Cathain a cuireadh deireadh leis na hagallaimh don Bhaitisiléireacht Oideachais?

I 1994. Ach lean Coláiste Eaglais na hÉireann leis an agallamh mar ní raibh líon na n-iarrthóirí ró-mhór. Tá an t-agallamh acu go fóill.

Seo mar a eagraíodh imeachtaí lá na n-agallamh. Rinne na hagallóirí gach iarracht go mbeadh an t-Agallamh Béarla ag an deireadh. Conas? Trí na mic léinn a choimeád ‘gnóthach’. Bhí agallamh Gaeilge, ceol agus ansin agallamh Béarla i gceist. Chinntigh na hagallóirí (trí chleas) go ndéanfaidís féin caighdeán Gaeilge na n-iarrthóirí a mheas. Conas? Nuair a shínigh an t-agallóir/scrúdaitheoir ag an agallamh Gaeilge a (h)ainm faoin líne poncanna. Ba chomhartha é sin go raibh amhras ar an gcéad agallóir i gceist agus gur cheart don agallóir/scrúdaitheoir ag an agallamh Béarla ! cúpla ceist eile i nGaeilge a chur ar an iarrthóir. Ba cheisteanna iad seo a chinnteodh caighdeán Gaeilge an iarrthóra.

Ceist 7.

Ar mhaith leat aon rud a rá faoi pholasaí an Rialtais i Leith na Gaeilge agus na pointí seo – luadh ocht gcinn leis – iad san san áireamh:

1. Stádas na Gaeilge de réir an Bhunreachta
2. Stádas na Gaeilge san Aontas Eorpach
3. Gaeilge sa Státseirbhís
4. An Ceardteastas Gaeilge
5. Acht na Gaeilge – Coimisinéir na Gaeilge 7rl.,
6. Plean 20 bliain le haghaidh na Gaeilge.
7. Deireadh le Deontais – ag cur deireadh le 32 de dheontais Stáit a bhain leis an nGaeilge i 2009. Luadh easpa airgid Rialtais mar chúis.
8. Deireadh le Roinn na Gaeltachta (molta ag an mBord Snip 2009)

Bhí béim ar an nGaeilge ó thús trí na Coláistí Ullmhúcháin i mBaile Átha Cliath, i gCiarraí agus in Iarthar Chorcaí. Bhí stádas faoi leith ag mic léinn ón nGaeltacht. Bhí Gaeilge riachtanach do na Gardaí, do Státseirbhísigh agus bhí ar chuile mhúinteoir tabhairt faoin gCeardeastas Gaeilge. De réir suirbhé i 1931 bhí An Teastas Gaeilge, An Teastas Dá Theangach nó An Ceardeastas Gaeilge ag múinteoirí. Ceapadh go raibh an scéal sásúil go leor ach ní mar a shíltear a bítear.

Thosaigh Cumann na Múinteoirí Náisiúnta ar Shuirbhé i 1937 agus bhí na torthaí acu faoi 1941. Chuir siad toscaireacht chuig An Aire Oideachais, Tomás Derrig, á rá go raibh an curaclam ródhian orthu agus go mb'fhéidir gur chóir béim níos mó a leagan ar an teanga labhartha. Ní raibh aon fhreagra ón Roinn.

Faoi 1950 d'fhéadfá frithchlaonadh i leith na Gaeilge a mhothú – frithchlaonadh a bhí ag fás. Lean an scéal mar sin go lár na seascaidí - 1960. D'imigh polaiteoirí leis an sruth ansin. Cuireadh deireadh leis an riail faoi Ghaeilge sa Státseirbhís. Níor ghá go mbeadh Gaeilge ag na Gardaí a thuilleadh. Cuireadh deireadh leis an gCeardeastas Gaeilge.

I rith an ama seo tugadh faoi deara go raibh sé furasta go leor do dhaltaí 'éalú' ón riail go gcaithfidís Gaeilge a bheith mar ábhar scoile acu. Má bhí easpa éirime nó oideachas feabhais i gceist lorg siad díolúine agus d'éirigh leo díolúine a fháil.

I rith an ama seo bhí cáinteoirí agus lochtóirí ag rá go raibh deireadh leis an nGaeilge - tairngreacht go raibh sí ag fáil báis. Cheapfá gur theastaigh ó na 'dílseoirí', ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, ón Aire féin, a thaispeáint nach raibh a leithéid fíor, mar díreach ag an am san ritheadh Acht na dTeangacha Oifigiúla agus ceapadh Coimisinéir Teanga.

Ceist 8. An bhféadfá bealaí eile a lua a choimeádfadh ár n-iarchéimithe anseo le haghaidh a gcáilithe seachas taisteal agus a bheith á n-oiliúint mar bhunmhúinteoirí i gcultúr eile?

Ní chabhraíonn sé le leas na teanga go mbeadh ar bhunmhúinteoirí imeacht thar lear chun iad féin a cháiliú go dtí tír agus cultúr eile ach ag an am céanna is beag rud is féidir a dhéanamh faoi.

Ó mo thaithí féin tá orthu rud a dhéanamh nach dtaitníonn leo a dhéanamh – tabhairt faoin SCG -scrúdú eile.

Ceist 9.

Ar chuala tú / Cad tá cloiste agat / An bhfuil aon rud le rá agat faoi na mic léinn a théann thar lear chun iad féin a cháiliú mar bhunmhúinteoirí?

Cad faoi mhic léinn a oileadh thar lear agus atá ag obair sna bunscoileanna anseo?

Mic léinn iarchéime Éireann! Tá aineolas go forleathan i measc tuismitheoirí, múinteoirí agus príomhoidí fiú amháin, faoin gcóras oideachais, faoi choláistí oiliúna, faoi cháilíochtaí múinteoirí agus araile. Mar shampla: ní heol do mhórán nach bhfuil difríocht ar bith ó 1975 idir mic léinn Froebel agus mic léinn Choláiste Phádraig, MIE, Coláiste Mhuire gan Smál i Luimneach. Creideann roinnt príomhoidí go fóill nach n-oiltear mic léinn Froebel ach le haghaidh oiliúna páistí óga.

Nóta

Luadh ansin gur thug mé féin faoi deara, roinnt blianta ó shin, go raibh roinnt príomhoidí ann nach raibh a fhios acu go bhféadfaidís post sealadach nó post buan a bhronnadh ar bhunmhúinteoirí a cáilíodh thar lear.

Ceist 10. Céard é an difríocht idir an iarchéim nuair a cuireadh tús leis ar dtús agus anois ?

Nuair a cuireadh tús leis an iarchéim sna seascaidí, bhí gné nó tuairim na héagsúlachta chun tosaigh. Ba ghné Eorpach é a bhí faoi réim agus ghlac an Roinn Oideachais agus Eolaíochta leis. Fáiltíodh roimh choláistí éagsúla oideachais seachas coláiste oiliúna amháin ar a son féin. Glacadh le mic léinn indibhidiúla lánfhásta sna coláistí oiliúna a bhí ag filleadh ar an oideachas agus fáiltíodh roimh dhaoine indibhidiúla le cáilíochtaí ollscoile éagsúla. Ach ó 1993-1994 bhí údaráis ag smaoineamh ar fhigiúirí, mar ar tharla i 1978-1979 nuair a íslíodh an iontráil ins na coláistí oiliúna toisc gur ceapadh go raibh an iomad múinteoirí ann.

Ceist 11. Cad ba cheart a dhéanamh faoin SCG ?

D'aontaigh Ó Nualláin, gur cheart Lá Oscailte a fhógairt agus a reachtáil i MIE nuair a fhilleann na múinteoirí nuacháilithe seo ón mBreatain, chun an próiseas cáilíochta i leith na Gaeilge a mhíniú agus chun a chur ina luí orthu gur próiseas céimseach ba cheart a bheith ann seachas próiseas tobann, pianmhar, brúchóirithe, a chothódh frustrachas agus déistin i leith na teanga. Ba cheart gur próiseas céimseach cáilithe trí choda a bheith sa SCG mar atá léirithe in áit eile (agus mar atá i gComunidad Valenciana ag *Valenciano*).

Ba cheart go mbeadh cúrsaí inseirbhíse faoi leith ann do lucht SCG, 'sna hIonaid Oideachais b'fhéidir' 'Bhíodh cúrsa mar sin san Ionad Oideachais i gColáiste Phádraig, Droim Conrach uair. 'Ba cheart do Chuiditheoirí cuairteanna agus cabhair faoi leith a thabhairt do na múinteoirí óga seo. Ba cheart go mbeadh dhá chuairt chucu san ó chigirí MIE.

B'inmholta níos mó iarrthóirí a ghlacadh ar an gcúrsa trí bliana B.Ed. agus ar an gcúrsa bliain go leith iarchéime. Bhí sé le rá ag Ó Nualláin faoi chéimithe 2007-2008 – láncháilithe mar bhunmhúinteoirí sa Bhreatain – gur éirigh leo poist a fháil i mbunscoileanna, nuair a d'fhill siad, rud a thaispeáin go raibh agus go mbíonn poist bunscoile ar fáil.

Ceist 12. An bhfuil aon rud gur féidir a dhéanamh chun ár n-iarchéimithe, a dteastaíonn uathu bheith ina mbunmhúinteoirí, a choimeád sa bhaile?

Ba cheart don Roinn smaoineamh ar atriail Ardleibhéal Ardeistiméireachta san Fhómhar dóibh san a thug faoi Ghaeilge Ardleibhéil san Ardeistiméireacht agus go dteastaíonn uathu freastal ar choláiste oiliúna ach nár éirigh leo Grád C sa Ghaeilge a fháil. Tá spéis acu siúd sa mhúinteoireacht, cinnte. Dá dtabharfaí caoi eile dóibh san, Grád C nó níos airde a shroichint le haghaidh iontrála, chinnteodh sé:

a. go laghdófaí go mór ar uimhir na gcéimithe ag triall ar an mBreatain d'fhonn a gcáilithe mar bhunmhúinteoirí.

b. go méadófaí go mór ar an líon bunmhúinteoirí le caighdeán cinnte Gaeilge, a thogh Gaeilge Ardleibhéil agus iad sa mheánscoil agus a raibh uailmhian acu le fada bheith ina mbunmhúinteoirí.

Ceist 13. Cén dearcadh atá agat faoi bhunmhúinteoirí an lae inniu i dtaobh na Gaeilge de?

Ag caint faoi dhearcadh oideachasóirí go ginearálta luann S.P.Ó Nualláin nach nglacann múinteoirí go ginearálta go bhfuil tábhacht faoi leith ag baint leis an nGaeilge. De ghnáth ní thaispeánann foirne scoile suim i mic léinn ó na Coláistí Oiliúna ar chleachtadh múinteoireachta ó thaobh na Gaeilge de. ‘Ní bhacann siad leis an nGaeilge’. Ag casadh ar an mBéarla deir sé go lom (faoi mhúinteoirí) : ‘They have made a foreign language of Irish.’ Luaigh sé fáth: ‘Fadó, ba chomhartha breise náisiúnachais, labhairt na Gaeilge féin, díreach mar a bhí an stádas i dTuaisceart Éireann go dtí Conradh Aoine an Chéasta agus ar aghaidh. Le himeacht aimsire agus gluaiseacht na saoirse agus Éire anois ina náisiún neamhspleách ní fheictear an gá céanna leis a thuilleadh mar theanga faoi leith. Tá sé seo préamhaithe anois sa tsíce’.

Agallamh C

Agallamh leathstruchtúrtha le Proinsiasa ní Chathasaigh – Meantóir Scoile 8.09.2009

Ceist 1. A Phroinsiasa, céard is Meantóir Scoile ann?

Mhínigh Proinsiasa gur bhall scoile í le taithí atá i gceist. Tugann meantóir scoile tacaíocht do na múinteoirí nuathagtha ar an bhfoireann scoile - cabhair phearsanta, cabhair phroifisiúnta agus cabhair ó thaobh na múinteoireachta dhe. Chun na fírinne d’insint, níl dualgas ar an scoil Meantóir a bheith ann ach tugann an Roinn Oideachais cuireadh do gach scoil bheith páirteach sa scéim. Ní post freagrachta é cinnte ó bhunús ach i roinnt scoileanna tarlaíonn sé gur post freagrachta é.

Ceist 2. Cén fath go bhfuil gá lena leithéid de phost?

‘Is é seo an chabhair’ a deir Proinsiasa, ag caint faoin scoil, ‘atá ar fáil ag múinteoir nuacháilithe seachas an chabhair a fhaightear ó chuiditheoir. Tá cuiditheoirí gann agus mar sin bíonn ar údaráis scoileanna iarratas a chur isteach ag tús na bliana le haghaidh cuairte ó chuiditheoir a théann ó scoil go scoil. Ach tá meantóir ar fáil leis i scoil an mhúinteora óig – an *Newly Qualified Teacher (NQT)* – nó i scoil sa chomharsanacht.’

Ceist 3. Conas a fuair tú féin an post seo?

Mhínigh sí go bhfuil a leithéid aici ó 2006. Múinteoir tuisceanach foighneach le taithí cúig bliana a bhí ag teastáil. Chuir Príomhoide na scoile ceist uirthi faoi, cuireadh a hainm chun na Roinne, agus glacadh léi. D’fhreastail sí ar chúrsa seachtaine in Ionad Oideachais Chill Chainnigh, faoi stiúradh an Comhordaitheora Náisiúnta faoi Ionduchtú Múinteoirí Bunscoile (*National Co-Ordinator on Teacher Induction – Primary Strand*).

Ceist 4. Cé chomh tábhachtach is atá an post seo?

Mhíniú Proinsiasa dom go bhfuil ról fíorthábhachtach lárnach ag an meantóir maidir le hionduchtú an NQT i ngnáthshaoil proifisiúnta na scoile ach go bhfuil ról lárnach fíorthábhachtach ag ceannaireacht agus comhoibriú na foirne scoile maidir le tacú an nuamhúinteora óig.

Ceist 5.: Cén sórt ullmhúcháin a bhí le déanamh agat le haghaidh an phoist seo agus an dtabharfa breis eolais faoin gcúrsa ar ar fhreastail tú?

Thug sí breis eolais dom faoin gcúrsa le haghaidh meantóirí. Cúrsa an-chuimsitheach a bhí ann. Míníodh an coincheap a bhí i gceist, cén fáth go raibh gá le meantóirí, go raibh taighde déanta ar an gceist seo anseo agus thar lear. Tugadh staitisticí a léirigh go n-éiríonn uimhir shuntasach de na múinteoirí seo as i ndiaidh an chéad nó an dara bliain múinteoireachta de bharr toiscaí éagsúla.

Dúirt sí go raibh caint faoi straitéisí, faoi phroifisiúntacht, agus faoi ‘chleachtaí cearta’. Idirdhéileáil agus idirghníomhaíocht idir meantóirí agus an NQT a bhíonn i gceist. Níl ról ag príomhoide sa scéal ach amháin má bhíonn cúrsaí sábháilteachta i gceist.

Ceist 6: Nach bhfuil a lán ag brath ar an múinteoir óg féin?

D’admhaigh sí go raibh a lán ag brath ar phearsantacht agus ar dhearcadh an mhúinteora óig féin. Má tá sé/sí sásta cabhair a lorg agus a ghlacadh, a admháil nach bhfuil na freagraí go léir aici/aige go bhfuil meantóir ann chun cabhrú léi ‘tosú maith’ a dhéanamh ina shaol mar nuamhúinteoir go mbeidh gach rud i gceart. Luaigh sí gur comhartha nirt é cabhair a lorg.

Ceist 7. Cad tá le déanamh agat?

I rith 2008-2009 bhí dhá lá ag an NQT - saor óna rang féin agus cead ag an scoil ionadaí a fhostú ina háit (áit). Bhí na laethanta seo le haghaidh forbartha proifisiúnta. Bhí sé lá eile ann le haghaidh imeachtaí ionduchtaithe scoile. Bhí seans aici/aige breathnú ar mhúinteoirí eile ag obair ina rang féin; breathnú ar mhúinteoir eile nó ar an meantóir scoile ag múineadh ranga an NQT; breathnú agus aiseolas a fháil ar chumas an NQT ina rang féin; bualadh leis an múinteoir teagmhála baile agus leis an múinteoir tacaíochta teanga. Bhí seans leis ag an NQT breathnú ar an múinteoir acmhainne nó ar an múinteoir taca teanga ag déileáil le daltaí indibhidiúla nó grúpaí an NQT lasmuigh dá rang féin. Bhí am aici/aige pleanaíl a dhéanamh leis an meantóir scoile le haghaidh múineadh, le haghaidh foghlama agus le haghaidh mionteagaisc ar pholasaithe scoile.

Ag an am céanna, tá seans ag an meantóir bualadh leis an bhfoireann ionduchtaithe ag amanta socraithe roimhré agus déileáil leis an bhfoireann ionduchtaithe ar an bhfón/trí ríomhphost.

Agallamh D

Agallamh le Anita Ní Fhoghlú, Dé Céadaoin 14.01.2009 faoina hAgallamh mar Iarrthóir Iontrála ar an gcúrsa iarchéime do bhunmhúinteoirí 2009-2010 i gColáiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath, Nollaig 2008.

Bhí agallamh leathstruchtúrtha agam le hAnita Ní Fhoghlú nuair a chuir mé mé féin in aithne di agus nuair a mhínigh mé ar dtús gur bhreá liom a smaointe agus a tuairimí a fháil i dtaobh an agallaimh iontrála a bhí aici i gColáiste Phádraig, Droim Conrach.

Mar is eol duit, Anita, is mise Seán Mac Sheáin–Mac Eochaidh agus ba bhreá liom roinnt ceisteanna a chur ort faoin agallamh a bhí agat mar iarrthóir don chúrsa iarchéime. Ba bhreá liom do thuairimí agus do smaointe a fháil faoi seo.

Luaigh sí gur céimí Ealaíon ollscoile í, gan Ghaeilge Ardleibhéal Ardteistiméireachta ar dtús, nár theastaigh uaithe taisteal thar lear chun í féin a cháiliú mar mhúinteoir bunscoile. D'fhreastail sí ar chúrsa SCG in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge chun a cuid Gaeilge a fheabshú (cé nach raibh sí in ann tabhairt faoin SCG) agus le diansaothar d'éirigh léi Gaeilge Ardleibhéal Ardteistiméireachta a bhaint amach. Glaodh chun agallamh í go dtí Coláiste Phádraig, Droim Conrach roimh Nollaig 2008. Bhí Coláiste Oiliúna Mhuire, Marino (MIE) aici mar chéad rogha cé gur glaodh chuig Coláiste Phádraig Droim Conrach í le haghaidh an agallamh.

Ceist 1: Cé chuir faoi agallamh tú?

Fear is bean a bhí mar agallóirí sa dá chás – agallamh trí Bhéarla agus agallamh trí Ghaeilge.

Ceist 2: Cén t-agallamh a bhí agat ar dtús?

Bhí rogha aici tosú le ceachtar den dá agallamh. Thogh sí an t-agallamh trí Bhéarla. Cuireadh ar a suaimhneas í agus cuireadh gnáthcheisteanna uirthi, faoina: Céim Ealaíon, a taithí le teangacha ós rud é gur de bhunadh Iodálach í le Francís is Gearmáinis, a scileanna eagraíochta, a cáilíochtaí, a scileanna éagsúla eile, obair foirne, cumarsáid.

Ceist 3: Cén sort ceisteanna a cuireadh ort ag an agallamh trí Bhéarla? An raibh seans agat do thaithí mar mhúinteoir agus mar ealaíontóir a lua?

Cuireadh ceist uirthi cad ba bhreá léi a chloisteáil fúithi féin ag cruinniú/teacht le chéile múinteoirí i gceann 20 bliain?

Fiafraíodh di an raibh ceisteanna aici, conas a chaith sí a cuid saorama. Luaigh sí gur bhreá léi taisteal. Cuireadh ceist uirthi ar cheap sí go raibh eolas faoi theangacha tábhachtach. Ceistíodh í faoi mhic léinn ó thíortha eile inár scoileanna.

Insíodh di go raibh cúrsa dian roimpi, gur cheart di bheith lándáiríre faoin obair a bhí le déanamh agus cuireadh ceist uirthi ar dhuine tráthúil í.

Ceist 4: Cad faoin agallamh trí Ghaeilge? An raibh na ceisteanna mar an gcéanna arís?

Bhí fear is bean arís ag an agallamh trí Ghaeilge, a lean - cosúil leis an gceann trí Bhéarla – timpeall 20-25 nóiméad. Toisc deartháir duine de na hagallóirí a bheith pósta le cailín ón bPortingéil bhí suim faoi leith aici i dteangacha. Ceistíodh Anita faoina háit dhúchais, faoin áit inar oibrigh sí, faoi theangacha dar ndóigh, faoin Ardteistiméireacht faoi chultúr na hIodáile (teanga, bia, daoine), faoin Spáinn agus faoin Fhrainc, faoin nGaeilge, ealaín, múineadh ealaíne, taispeántais ealaíne, péintéireacht agus líníocht agus faisean. Bhí ceisteanna leis faoin nGaeltacht agus an SCG.

Ceist 5: Ar cuireadh ceist ort faoin bpost atá agat i láthair na huaire?

Dheimhnigh Anita gur duine cruthaitheach, ciallmhar, samhlaíoch í, gur bainisteoir bialainne i láthair na huaire í.

Ceist 6: Cén fhaid a lean na hagallaimh?
timpeall 20-25 nóiméad.

Ceist 7: Seachas comhrá trí cheisteanna, an raibh aon rud eile le déanamh agat?

Léigh sí alt próis ach níor cuireadh aon cheisteanna uirthi faoin ábhar.

Ceist 8: Cad a cheap tú i gcoitinne faoi na hagallaimh?

Cheap sí gur éirigh go geal léi, gur caitheadh go maith léi agus go raibh na hAgallóirí deas, séimh, cúirtéiseach.

Agallamh E.

Agallamh le Joanne Whelan faoin agallamh a bhí aici féin mar iarrthóir ar Choláiste Hibernia i mí Feabhra 2008.

Thosaigh mé trí mé féin a chur in aithne di:

Mar is eol duit, is mise Seán Mac Sheáin–Mac Eochaidh agus ba bhreá liom labhairt leat faoin agallamh a bhí agat sular thug tú faoi chúrsa iarchéime oideachais le Coláiste Hibernia agus na smaointe agus tuairimí atá/ a bhí agat faoin gcúrsa céanna.

Ceisteanna agus nótaí lánmhara faoin agallamh leathstruchtúrtha léi faoin agallamh a bhí aici mar iarrthóir ar chúrsa iarchéime oideachais le Hibernia agus a raibh le rá aici faoin gcúrsa céanna.

Ceist 1: Inis dom faoin agallamh a bhí agat?

Cuireadh gnáthcheisteanna uirthi i mBéarla faoina caithimh aimsire, faoi conas a chaitheann sí an deireadh seachtaine. Cuireadh ceisteanna cinnte uirthi maidir le conas a thabharfadh sí faoi dhaltaí dána a láimhseáil: cad a tharlódh ina rang le dalta nó daltaí le hiompar dúshlánach nó le daltaí a bheadh réabach.

Bhí ceisteanna bunúsacha i nGaeilge, faoina laethanta saoire.

Ceist 2: Cad a cheap tú i gcoitinne faoin agallamh? Cad faoi do thaithí mar mhúinteoir mar shampla?

Níor cuireadh aon cheisteanna uirthi faoina taithí scoile – Bhí sé seo spéisiúil mar ba shaineolaí cruthanta í le daltaí ó thíortha eile.

Ceist 3: Inis dom faoin gcúrsa féin.

Luaigh sí go raibh sé riachtanach go mbeadh taithí ríomhaireachta ag aon duine a thabharfadh faoin gcúrsa toisc an-chuid de a bheith ar líne. Bhí idir 270 agus 280 mac léinn ar a cúrsa. Bhí ranganna/cúrsaí deireadh seachtaine aici in ionaid éagsúla nach raibh ró-fhada uaithi, cé go raibh uirthi dul go Dúrlas Éile le haghaidh léachta amháin agus dul go Coláiste Phádraig, Má Nuad le haghaidh léachta ar reiligiún. Bhí léachtóirí éagsúla aici sna hionaid éagsúla.

Ceist 4: Cad faoi na seisiúin ar líne?

Bhí na ranganna teagascóra ar líne. Bhí seisiúin éisteachta ann ina bhféadfá nótaí a thógáil. Bhí na teagascóirí in ann na mic léinn a fheiceáil ar Skype agus bhí na mic léinn in ann ceistanna a chur ar na teagascóirí. Bhí seisiúin i gceist a bhain le Gaeilge, Siceolaíocht, Oideachas Forbartha, Socheolaíocht, Fealsúnacht an Oideachais agus Stair an Oideachais.

Ceist 5: An raibh aon seisiún lae agaibh a bhain le hábhair éagsúla?

Bhí cúig lá a bhain le Corpoideachas, cúpla lá a bhain le Gaeilge agus leathlá le haghaidh ceoil.

Ceist 6: Cad faoi thaithí scoile?

Chaith siad na gnáthsheachtainí ar scoil (ar thaithí oibre) mar a chaitheann mic léinn iarchéime sna Coláistí Oiliúna Stáit.

Ceist 7: Conas a bhí a fhios ag na húdaráis cé chomh dáiríre agus a bhí tú maidir leis an gcúrsa?

Bhí a fhios acu an raibh mac léinn ar líne nó nach raibh ag na seisiúin Skype, dar ndóigh. Scrúdaíodh pleananna ranganna gach duine go han-mhion ar fad agus bhí siad scrupallach faoin tinreamh.

Ceist 8: Conas a cuireadh deireadh leis an gcúrsa?

Bhí an grúpa iarchéime sa Ghaeltacht i Mí an Mheithimh 2009 agus bhí an scrúdú oifigiúil béaltrialach ag deireadh an chúrsa san (á reachtáil ag cigirí na Roinne Oideachais) Bhí na scrúduithe Iarchéime ann Lúnasa 10-12 i bPáirc an Chrócaigh – 1. Modheolaíocht; 2. Gaeilge; 3. Stair, Fealsúnacht, Socheolaíocht, Siceolaíocht – trí huaire an chloig do gach páipéar.

Ceist 9: Cad a cheap tú faoin gcúrsa iarchéime Hibernia i gcoitinne?

Bhí an cúrsa an-dian. Bhí siad faoi bhrú mór an t-am go léir. Bhí eolas faoi ríomhairí agus gach a bhain leo an-riachtanach.

Agallamh F.

Agallamh le Niamh Foskin faoin PGCE in Aberyswyth (16.8 2008, 12.00-2.00 i.n. agus 22.9. 2009 ó 5.30-7.00 i.n.)

Bhí 2 agallamh leathstruchtúrtha agam le Niamh Foskin, a thug faoin iarchéim oideachais in Ollscoil *Aberystwyth* i gCymru agus an SCG ina dhiaidh san. Seo iad na ceisteanna agus na nótaí lánmhara a tógadh na laethanta sin.

Chuir mé mé féin in iúl di ar dtús: Mar is eol duit, is mise Seán Mac Sheáin–Mac Eochaidh. Ba bhreá liom cloisteáil uait faoi na hagallaimh a bhí agat sa Bhreatain le haghaidh na hiarchéime agus conas a d’éirigh leat iontu san agus sa Bhreatain.

Ceist 1: Bhain tú Céim Baitsiléara amach i mí an Mheithimh. Cén fáth nár fhan tú go dtí gur thosaigh an cúrsa iarchéime i gColáiste Oiliúna anseo?

Ba chéimí í Niamh a raibh Gaeilge Ardteistiméireachta Ardleibhéal aici.. Cheap sí go mbeadh sé níos fearr di triall thar lear le haghaidh na hiarchéime. Bhí deireadh lena scrúduithe anseo i mí an Mheithimh. Ní raibh an Cúrsa Iarchéime ag tosú anseo i gColáiste Phádraig nó in Institiúid Oideachais Marino (MIE) nó i gColáiste Mhuire gan Smál i Luimneach go dtí mí Feabhra na bliana ina dhiaidh sin. Leanfadh sé ocht mí dhéag. Bhí an cúrsa iarchéime in *Aberystwyth* ag tosú i mí Meán Fómhair. Bheadh sé críochnaithe in aon bhliain amháin. Ach, ag an am céanna luaigh sí nach gcuirfeadh ocht mí dhéag anseo nó bliain amháin ansin isteach uirthi. Níor tháinig faid an chúrsa isteach sa scéal. Ba bhreá léi taisteal go tír eile agus thuig sí go mbeadh an-taithí aici ag filleadh go hÉirinn.

Ceist 2: Inis dom faoin agallamh a bhí agat i *gCymru*?

Chuir sí iarratas chuig Coláiste *Aberystwyth* agus bhí agallamh aici i mí Feabhra 2002 le hagallóir aonair (Dylan Jones) ar feadh tríocha nóiméad, agallamh an-neamhfhoirmeálta. Ní raibh aon rud ar an bhfoirm iarratais faoin saghas agallaimh a bheadh aici. B'shin an méid. Scrúdaigh sé a foirm iarratais agus labhair siad faoin gcéim Staire agus Béarla a bhí aici, an taithí a bhí aici go dtí sin le daltaí scoile (bhí sí ag múineadh i rith 2001 go 2002 i mBaile Átha Cliath, gan bheith cáilithe) agus an fáth gur mhaith léi bheith ina bunmhúinteoir. Cuireadh ceist uirthi faoina taithí ar obair i mbunscoil i *gCymru*. Labhair sí leis faoin taithí a bhí aici ar an nGaeilge. Níor cuireadh ceist uirthi faoi mhúinteoireacht nó ní raibh seans aici a scileanna a thaispeáint.

Ceist 3: Ar ghlac tú le háit ar an gcúrsa in *Aberystwyth*?

Cuireadh in iúl di dhá sheachtain ina dhiaidh sin go rabhtas chun glacadh léi ar an gcúrsa 2002 go 2003 ach chuir sí ar athló é go dtí an bhliain dár gcionn.

Theastaigh uaithi triall ar London agus chuir sí iarratas chuig *University of London – Bedford Way*, le haghaidh an chúrsa iarchéime 2002 go 2003 agus bhí agallamh aici i mí Bealtaine 2002. Dúradh léi roimhré cén sórt agallaimh a bheadh aici agus gur chóir di

eolas a bheith aici ar an ‘*National Numeracy Strategy*’ agus ar an ‘*National Literacy Strategy*’.

Ceist 4: Inis dom faoin dara agallamh a bhí agat? An raibh mórán difríochta idir an ceann i *gCymru* agus an ceann i Sasana?

Lean an t-agallamh ar feadh uaire go leith.

a. Tháinig 15 iarratasóirí le chéile. D’fhéach siad ar fhíseán oideachais ar feadh 10 nóiméad. Dúradh leo nótaí a thógáil.

b. Díreach ina dhiaidh sin roinneadh an cúig dhuine dhéag i ngrúpaí - cúigear i ngach grúpa faoi cheannas agallóra amháin agus ceistíodh le chéile agus go hindibhidiúil iad faoin bhfíseán. Lean sé seo ar feadh 20 nóiméad. Socraíodh go raibh seans ag gach duine a tuairimí/a thuairimí a nochtadh.

c. I ndiaidh briseadh bhí gach duine le hagallóir amháin eile ar feadh 20 nóiméad. Bhí comhrá ag Niamh inar tráchtadh ar na hábhair ollscoile a bhí aici agus conas a fhéadfaí iad a úsáid sa rangsheomra. Labhraíodh faoina taithí múinteoireachta i mBaile Átha Cliath agus iarradh uirthi ceacht Matamaitice a mhúineadh ar an spota mar a bheadh á dhéanamh aici ar scoil.

Ceist 5: Cad a tharla de bharr do iarratais ansin i Londain?

Cuireadh in iúl di go mbeadh áit aici ar an gcúrsa iarchéime 2002 go 2003 dá dtarraingeodh aon mhac léinn as, de bhrí go raibh sí féin déanach go leor ag seoladh iarratais isteach. Bheadh teastais fhóna á lorg ag an gcoláiste – ceann amháin ón gcoláiste inar oileadh í agus ceann eile ó dhuine a raibh eolas pearsanta aige/aici ar Niamh féin. Nuair nach raibh áit ar fáil di in Ollscoil Londan-Slí Bedford (*University of London – Bedford Way*) chaith sí bliain ag obair.

Ceist 6: Cén fáth gur shocraigh tú ar *Aberystwyth* faoi dheireadh?

Nuair a bhí sí ag déileáil le hOllscoil *Aberystwyth* arís dúradh nár ghá di agallamh a bheith aici arís. Glacadh léi go foirmeálta ar chúrsa iarchéime PGCE 2003 go 2004 le haghaidh daltaí 7-11 mar a bhí socraithe aici (bhí cúrsa eile ann le haghaidh daltaí 3-7 nach mbeadh oiriúnach di).

Bhí 100 mac léinn ar an gcúrsa – 80% díobh ina mic léinn ó Éirinn.

Ceist 7: An bhféadfá insint dom, led thoil, faoin gcleachtadh múinteoireachta a bhí agat agus tú ar an gcúrsa iarchéime in *Aberystwyth*?

Cleachtadh múinteoireachta 15 seachtaine i rith na bliana iarchéime in *Aberystwyth*. An Chéad Tréimhse: 2 sheachtain roimh Nollaig ag breathnú ar mhúinteoir ag obair agus 5 seachtaine i ndiaidh na Nollag ag múineadh i mbunscoil bheag faoin tuath (Rang 4+5 in aon seomra). Tháinig cigire ón gcoláiste chuici agus d’fhan sé léi ar feadh leathlae.

An Dara Tréimhse: 8 seachtaine ag múineadh (Rang 4) i scoil mhór mhíbhuntáisteach i Sasana. Bhí cúrsaí scoile an-eagraithe. Bhíodh múinteoirí ón gcoláiste ag teacht chuici go rialta.

Tugadh comhad fíricí do na múinteoirí óga ón gcoláiste le polasaí na scoile, clárana, cód gléasta, an t-am gur cóir bheith ann ar maidin agus an t-am gur ceart imeacht abhaile: á chinntiú go mbeadh cúram clóis agus cúram lóin ar na múinteoirí óga. Gach Céadaoin bhí cruinniú ag Niamh agus an múinteoir ranga leis an triúr eile a raibh Rang 4 acu, tar éis scoile, ar feadh dhá uaire an chloig chun plean seachtaine a chur le chéile do Bhéarla, Matamaitic agus Eolaíocht. Bhi cruinniú eile acu ar an Déardaoin ag am lóin, chun plean seachtaine a chur le chéile do na hábhair eile. Tháinig cigire ón gcoláiste chuici agus d’fhan sé léi ar feadh lae amháin. Luadh tamall roimhré na hábhair a bheadh faoi iniúchadh ag cigire an choláiste. Faoi chóras measúnaithe scríobh an múinteoir ranga agus an cigire fúithi ag bronnadh marcanna 1-5 uirthi. Ba iad na pointí i gceist anseo ná: a. teacht i láthair; b. Pleanáil; c. Eagrú agus bainistíocht ranga; d. Eolas faoin ábhar.

Ceist 8: Ar smaoinigh tú ar phost a ghlacadh sa Bhreatain i ndiaidh an chúrsa iarchéime?

Tairgeadh post scoile di i ndiaidh na bliana iarchéime in *Aberystwyth* sa dara scoil ina raibh sí ar thaithí oibre. Post ranga a bheadh ann maraon le bheith mar chomhordaitheoir ábhair (Stair nó Béarla ina cás féin). Bhí sé ag brath ar pé ábhar a bheadh i gceist. Ní raibh aon airgead breise á fháil aici don phost ach dá bhfanfadh sí ann ar feadh bliana gheobhadh sí £4000 (*Monetary Bonus*) sa dara bliain. Níor ghlac sí leis.

Ceist 9: Cén fáth nár fhan tú ann nuair tairgeadh post duit?

Dá bhfanfadh sí sa Bhreatain ar feadh bliana eile mar NQT – múinteoir nuacháilithe – don bhliain promhaidh - agus filleadh go hÉirinn bliain ar bith ina dhiaidh sin bheadh uirthi an SCG a dhéanamh ceart go leor ach ní bheadh uirthi tabhairt faoin dioplóma iomlán in Éirinn. Níor ghá di ach a thaispeáint do chigire na Roinne Oideachais ag an ócáid sin go raibh ar a cumas rang Gaeilge a láimhseáil chun go nglacfaí in Éirinn mar bhunmhúinteoir láncháilithe í. Ní bheadh na hábhair eile i gceist de bhrí go raibh an NQT déanta sa Bhreatain aici.

Ní theastaíonn ó mhóramh múinteoirí fanacht sa Bhreatain i ndiaidh iarchéime, áfach. Luaigh Niamh go raibh impleachtaí airgeadais ann leis. Bhí costais níos saoire thall maidir leis an Iarchéim, cé go bhfuil an córas deontas ag athrú chuile bhliain. Bheadh pá níos ísle sa Bhreatain dá bhfanfadh sí ann. Ina theannta san ba bhreá le múinteoirí filleadh chun a dtíre féin go luath.

Níl an brú céanna anseo in Éirinn agus atá ar bhunmhúinteoirí sa Bhreatain a deir sí. Tá saoire scoile níos faide anseo. Bhí sé spéisiúil gur luaigh sí nach raibh aon airgead breise do mhúinteoirí sa Bhreatain a raibh post freagrachta acu i gcomparáid leis an scéal anseo. Glacadh leis go raibh suim chomh mór san ag múinteoirí sa Bhreatain nach mbeidís ag lorg breis airgid nuair a bheadh post freagrachta acu!

Ceist 10: Céard iad na smaointe atá agat féin faoin bpróiseas cáilithe seo agus an SCG?

Luaigh sí pointí a bhfuil cur síos déanta agam orthu in áit eile:

1. Gur chóir go gcinnteofaí go dtógfadh sé dhá bhliain chun go gcáileofaí duine (ó thaobh na Gaeilge de) tríd an SCG – go dtabharfaí faoin scrúdú béil agus an scrúdú cluastuisceana bliain amháin agus codanna eile (an litríocht) an bhliain ina dhiaidh sin, mar shampla.
2. Gur cheart níos lú próis agus filíochta bheith ar shiollabas an SCG.
3. Luaigh sí pointí a bhí ar eolas agam:
 - a. Go mbíonn dearcadh diúltach príomhoidí agus múinteoirí eile i leith lucht SCG le sonrú.
 - b. Go mbíonn príomhoidí agus boird bhainistíochta go deas cúirtéiseach leo de ghnáth.
 - c. Go bhfuil príomhoidí fós ann nach dtuigeann gur féidir post páirtaimseartha nó post buan a thabhairt do mhúinteoirí nua-cháilithe ón mBreatain (lucht SCG), ar choinníoll go bhfaigheann siad pas san SCG taobh istigh de thrí bliana.
 - d. go mbíonn roinnt príomhoidí agus múinteoirí diúltach i leith lucht SCG 31- gur cuireadh Curaclam Vitae ar ais chuig cara léi, leis na litreacha PGCE timpeallaithe, mar chomhartha nach bhfostófaí an duine sin sa scoil toisc gur cáilíodh mar bhunmhúinteoir sa Bhreatain í.

Bhí a raibh le rá aici faoin am a chaith sí sa Bhreatain agus i gColáiste *Aberystwyth* ach go háirithe, deimhneach.





Aguisín C Torthaí Scrúduithe

Coláiste Mhuire Marino



An Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge Torthaí – Results Aibreán 2006

Total Number of Applications.	782			
	Paper 1	Paper 2	Aural	Oral
Total Applications per Module.	650	581	567	580
Number who did not attend Exam.	24 (4%)	23 (3%)	17 (3%)	27 (5%)
Number who presented for Exam	626	558	550	553
Number who achieved 40% or above (Pass Rate)	545 (87%)	492 (88%)	483 (88%)	457 (83%)
Number who achieved 30% or below.	81 (13%)	66 (12%)	67 (12%)	96 (17%)
Number who achieved 70% or above,	149 (24%)	185 (33%)	121 (22%)	104 (19%)



**Coláiste Mhuire,
Institiúid Oideachais Marino.**




**An Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (S.C.G.)
Torthaí na nAtrialacha – Repeat Results - 25 & 26 Lúnasa 2006**


Total Number of Eligible Applicants.	210
Total Number of Applications Received.	200 (95%)
Total Number who presented for Examination	177 (84%)

	Paper 1	Paper 2	Aural	Oral
Total Applications per Module.	72	73	71	100
Number who did not attend Exam.	11 (15%)	11 (15%)	09 (12%)	15 (15%)
Number who presented for Exam	61	62	62	85
Number who achieved 40% or above (Pass Rate)	36 (59%)	37 (60%)	54 (87%)	67 (79%)
Number who achieved 39% or below.	25 (41%)	25 (40%)	08 (13%)	18 (21%)
Number who achieved 70% or above,	02 (03%)	04 (06%)	07 (11%)	03 (03%)


SCG Páipéar 1 - Lúnasa 2006




SCG Páipéar 2 - Lúnasa 2006



SCG Triail Chluastuisceana- Lúnasa 2006



Scrúdú i Labhairt na Gaeilge-Lúnasa 2006







Oifig an S.C.G., Coláiste Mhuire, Institiúid Oideachais Marino.



An Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge
Torthaí – Results Aibreán 2007

Total Number of Applications.	728			
	Paper 1	Paper 2	Aural	Oral
Total Applications per Module.	596	601	529	574
Withdrawn prior to Exam.	51 (9%)	54 (9%)	28 (5%)	31 (5%)
Number who did not attend Exam.	25 (4%)	25 (4%)	40 (7%)	58 (10%)
Number who presented for Exam.	520	522	461	485
Number who achieved 40% or above (Pass Rate).	463(89%)	487 (93%)	427 (93%)	388 (80%)
Number who achieved 30% or below.	57 (11%)	35 (7%)	34 (7%)	97 (20%)
Number who achieved 70% or above.	125 (24%)	145 (28%)	304 (65%)	69 (14%)
Number of candidates exempt from parts of SCG	50 (10%)	50 (10%)		



www.mie.ie www.scgweb.ie


Oifig an S.C.G., Coláiste Mhuire, Institiúid Oideachais Marino.




An Scrúdú le hAghaidh Cáiliúchá sa Ghaeilge
Torthaí – Results Lúnasa 2007

Total Number of Applications.	146			
	Paper 1	Paper 2	Aural	Oral
Total Applications per Module.	44	31	36	95
Withdrew prior to Exam.	00 (00%)	00 (00%)	01 (03%)	02 (02%)
Number who did not attend Exam.	07 (16%)	08 (25%)	06 (17%)	10 (10%)
Number who presented for Exam.	37	23	29	83
Number who achieved 40% or above (Pass Rate).	18(49%)	19 (83%)	20 (69%)	68 (82%)
Number who achieved 39% or below.	19 (51%)	04 (17%)	09 (31%)	15 (18%)
Number who achieved 70% or above.	02 (05%)	05 (21%)	04 (13%)	08 (10%)
Number of candidates exempt from parts of SCG	02 (05%)	00 (00%)		


SCG Páipéar 1 - Lúnasa 2007




SCG Páipéar 2 - Lúnasa 2007



SCG Triail Chluastuisceana-Lúnasa 2007



Scrúdú i Labhairt na Gaeilge-Lúnasa 2007




Oifig an S.C.G., Coláiste Mhuire, Institiúid Oideachais Marino.




An Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge
Torthaí – Results Márta 2008

Total Number of Applications.	630			
	Paper 1	Paper 2	Aural	Oral
Total Applications per Module.	526	528	479	509
Withdrew prior to Examination.	33 (06%)	37 (07%)	23 (05%)	25 (05%)
Number who did not attend Examination.	15 (03%)	15 (03%)	32 (07%)	43 (08%)
Number who presented for Examination.	478	476	424	441
Number who achieved 40% or above (Pass Rate).	400(84%)	429 (90%)	384 (91%)	344 (78%)
Number who achieved 39% or below.	76 (16%)	39 (08%)	40 (09%)	97 (22%)
Fail/Incomplete (Elements missing from Practical file)	2 (<01%)	8 (02%)		
Number who achieved 70% or above.	109 (23%)	110 (23%)	213 (50%)	42 (10%)
Number of candidates exempt from parts of SCG	37 (08%)	37 (08%)		


SCG Páipéar 1 - Márta 2008




SCG Páipéar 2 - Márta 2008



SCG Triail Chluastuisceana-Márta 2008



Scrúdú i Labhairt na Gaeilge-Márta 2008







www.mie.ie www.scgweb.ie

Oifig an S.C.G., Coláiste Mhuire, Institiúid Oideachais Marino.



An Scrúdú le hAghaidh Cáiliúcháin sa Ghaeilge. Torthaí – Results. Lúnasa – Meán Fómhair 2008.

Total Number of Applications.	157			
	Paper 1	Paper 2	Aural	Oral
Total Applications per Module.	61	31	42	98
Withdrew prior to Examination.	02 (03%)	01 (03%)	01 (02%)	02 (02%)
Number who did not attend Examination.	07 (11%)	04 (13%)	09 (21%)	14 (14%)
Number who presented for Examination.	52	26	32	82
Number who achieved 40% or above (Pass Rate).	42(81%)	13 (50%)	21 (66%)	60 (73%)
Number who achieved 39% or below.	10 (19%)	13 (50%)	11 (34%)	22 (27%)
Number who achieved 70% or above.	03 (06%)	02 (08%)	02 (06%)	00 (00%)
Number of candidates exempt from parts of SCG	01 (02%)	00 (00%)		




Oifig an S.C.G., Coláiste Mhuire, Institiúid Oideachais Marino.




An Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge Torthaí – Results - Aibreán 2009

Total Number of Applications.	589			
	Paper 1	Paper 2	Aural	Oral
Total Applications per Module.	491	481	452	479
Withdrawn prior to Exam.	18 (4%)	22 (5%)	11 (2%)	10 (2%)
Number who did not attend Exam.	15 (3%)	16 (3%)	24 (5%)	34 (7%)
Number who presented for Exam.	465	443	417	435
Number who achieved 40% or above (Pass Rate).	385 (83%)	397 (90%)	384 (92%)	325 (75%)
Number who achieved 30% or below.	80 (17%)	46 (10%)	33 (8%)	110 (25%)
Number who achieved 70% or above.	78 (17%)	206 (47%)	215 (52%)	50 (11%)
Number of candidates exempt from parts of SCG	43 (9%)	43 (10%)		


SCG Páipéar 1 - Aibreán 2009




SCG Páipéar 2 - Aibreán 2009



SCG Triail Chluastuisceana-Aibreán 2009



Scrúdú i Labhairt na Gaeilge-Aibreán 2009







Oifig an S.C.G., Coláiste Mhuire, Institiúid Oideachais Marino.



An Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge Torthaí – Results Lúnasa 2009

Total Number of Applications.	151			
	Paper 1	Paper 2	Aural	Oral
Total Applications per Module.	59	42	23	108
Withdrawn prior to Exam.	02 (03%)	03 (07%)	02 (07%)	02 (02%)
Number who did not attend Exam.	03 (05%)	03 (07%)	00 (00%)	10 (09%)
Number who presented for Exam.	54	36	21	96
Number who achieved 40% or above (Pass Rate).	23 (43%)	25 (69%)	07 (33%)	62 (65%)
Number who achieved 39% or below.	31 (57%)	11 (31%)	14 (67%)	34 (35%)
Number who achieved 70% or above.	00 (00%)	02 (05%)	01 (05%)	03 (03%)
Number of candidates exempt from parts of SCG	00 (00%)	00 (00%)		







Oifig na gCáilíochtaí Gaeilge, Coláiste Mhuire, Institiúid Oideachais Marino.



An Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge
Torthaí – Results Aibreán 2010

Total Number of Applications.	470			
	Paper 1	Paper 2	Aural	Oral
Total Applications per Module.	388	381	340	371
Withdrew prior to Exam.	18 (05%)	20 (05%)	16 (05%)	16 (04%)
Number who did not attend Exam.	08 (02%)	11 (03%)	15 (04%)	20 (05%)
Number who presented for Exam.	362	350	309	335
Number who achieved 40% or above (Pass Rate).	311 (86%)	317 (91%)	253 (82%)	251 (75%)
Number who achieved 39% or below.	50 (14%)	27 (09%)	56 (18%)	84 (25%)
Number of candidates exempt from parts of SCG	26 (07%)	26 (07%)	26 (08%)	26 (08%)
Fail/Incomplete (incomplete practical file)	01 (<01%)	06 (02%)		







Oifig na gCáilíochtaí Gaeilge, Coláiste Mhuire Marino., Institiúid Oideachais Marino, Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9.
Teil: 01 8535134/8535143 Faics: 01 8535173
ocginfo@mie.ie
www.mie.ie www.ilrweb.ie

Oifig na gCáilíochtaí Gaeilge, Coláiste Mhuire, Institiúid Oideachais Marino.



An Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge – S.C.G.
Torthaí – Results - Fómhar 2010

Total Number of Applications.	128			
	Paper 1	Paper 2	Aural	Oral
Total Applications per Module.	52	26	53	78
Withdrawn prior to Exam.	00 (00%)	00 (00%)	00 (00%)	00 (00%)
Number who did not attend Exam.	07 (13%)	03 (11%)	07(13%)	18 (7%)
Number who presented for Exam.	45	23	46	64
Number who achieved 40% or above (Pass Rate).	31 (69%)	11 (48%)	21(46%)	33 (52%)
Number who achieved 39% or below.	14 (31%)	12 (52%)	25 (54%)	31 (48%)
Number who achieved 70% or above.	00 (00%)	01 (04%)	00 (00%)	00 (00%)
Number of candidates exempt from parts of SCG	00 (00%)	00 (00%)		



Oifig na gCáilíochtaí Gaeilge, Coláiste Mhuire Marino,, Institiúid Oideachais Marino, Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9.
Teil: 01 8535134/8535143 Faics: 01 8535173
ocginfo@mie.ie
www.mie.ie www.ilrweb.ie

Aguisín D Léiriú ar ghnéithe de scrúduithe SCG 2006-2010

Tábla 11. Torthaí Scrúduithe 2006-2010: Páipéar 1.

Bliain	Aibreán Iarrthóirí	Aibreán Teipeanna	Lúnasa. an uimhir a d'fhill don Atrial	Lúnasa Teipeanna fós % den iomlán
2006	550	67 (12%)	62	8 (1.5%)
2007	461	34 (7%)	29	9 (2%)
2008	424	40 (9%)	32	11 (2.6%)
2009	417	33 (8%)	21	14 (3.4%)
2010	309	56 (18%)	46	25 (8.1%)

Tábla 12. Torthaí Scrúduithe 2006-2010: Páipéar 2.

Bliain	Aibreán Iarrthóirí	Aibreán Teipeanna	Lúnasa. an uimhir a d'fhill don Atrial	Lúnasa Teipeanna % den iomlán
2006	626	81 (13%)	61	25 (4.0%)
2007	520	57 (11%)	37	19 (3.6%)
2008	478	76 (16%)	52	10 (2.1%)
2009	465	80 (17%)	54	31 (6.7%)
2010	362	50 (14%)	45	14 (3.9%)

Tabla 13.**Torthaí Scrúduithe 2006-2010: Béaltriall**

Bliain	Aibreán Iarrthóirí	Aibreán Teipeanna	Lúnasa. an uimhir a d'fhill don Atriall	Lúnasa Teipeanna fós % den iomlán
2006	553	96 (17%)	85	18 (3.3%)
2007	485	97 (20%)	83	15 (3.1%)
2008	441	97 (22%)	82	22 (5%)
2009	435	110(25%)	96	34 (7.8%)
2010	335	84 (25%)	64	31 (9.2%)

Tábla 14 Torthaí Scrúduithe 2006-2010: Cluastuisctint

Bliain	Aibreán Iarrthóirí	Aibreán Teipeanna	Lúnasa. an uimhir a d'fhill don Atrial	Lúnasa Teipeanna fós % den iomlán
2006	558	66 (12%)	62	25 (4.5%)
2007	522	35 (7%)	23	4 (0.8%)
2008	476	389 (8%)	26	13 (2.7%)
2009	443	46 (10%)	36	11 (2.5%)
2010	350	27 (9%)	23	12 (3.4%)

Aguisín E Cóip de litir chuig Teagascóirí SCG ag obair in Ionaid Oideachais

A _____ a chara,

Is Teagascóir don SCG i bPort Láirge mé. Táim ag déanamh Suirbhé ar mhic léinn SCG 2008. Deir Peadar Mac Giolla Bhríghde i Marino go bhfuil sé lansásta leis an obair a bheidh ar siúl agam ach amháin do chead a fháil agus scríobh chuig Stiúrthóir do Ionaid.

Mhol Peadar dom a chinntiú leat ó thús nach luaitear daoine, ainmneacha, áiteanna, ceantair sa Suirbhé in aon chor agus nach luafar ainmneacha, áiteanna, ceantair agus torthaí taighde á gcur le chéile.

Cuirfidh mé cóipeanna indibhidiúla den Cheistiúchán chugat do gach mac léinn. Ar mhiste leat iad a dháileadh amach is iad a bhailiú sa chéad rang eile a bheidh agat. Ní thógfaidh sé rófhada iad a líonadh isteach sa rang, iad a chur i gclúdach litreach (a sheolfaidh mé chugat) agus é a chur sa phost.

An gcuirfeá scéala chugam chomh luath agus is féidir (sa chlúdach litreach iniata) á rá go bhfuil tú sásta leis seo agus uimhir na scoláirí a lua.

Cabhróidh torthaí an taighde – tá súil agam - le hoidí bunscoile i gcoitinne.

Le buíochas is le dea-ghuí,

Seán Mac Sheáin – Mac Eochaidh

Gearr anseo

.....

Ainm agus seoladh iomlán an Ionaid

.....

Cuircóipeanna den Cheistiúchán chugam

Ainm an Teagascóra

Aguisín F Cóp de litir chuig Stiúirthóirí Ionad Oideachais faoin gceistiúchán

Ríomhphost : jjohnstonkehoe@eircom.net

A Chara,

Is Teagascóir don SCG mé ag obair i bPort Láirge. Táim ag déanamh Suirbhé ar mhic léinn SCG 2008. Deir Peadar Mac Giolla Bhríghde i Marino liom dom go bhfuil sé lánsásta leis an obair atá ar siúl agam ach amháin cead a iarraidh ort féin is ar Mhicheál.

Mhol sé dom a chinntiú leat nach luaitear agus nach luafar ainm, áit, scoil, ceantair agus torthaí an taighde seo agus torthaí á gcur le chéile.

Tá iarrtha agam ar an Teagascóir i do Ionad bileog a sheoladh ar ais chugam ag insint cé mhéid cóipeanna indibhidiúla den Cheistiúchan a bheidh ag teastáil. Ba bhreá liom go ndáilfí amach an Ceistiúchán ag an gcéad rang eile, go líonfaí amach iad ag an rang sin agus na freagraí a chur chugam i gclúdach litreach a chuirfidh mé chugaibh.

Cabhróidh an taighde seo le hoidí bunscoile i gcoitinne.

Le buíochas is le dea-ghuí,

Seán Mac Sheáin – Mac Eochaidh.

Aguisín G Cóp de litir chuig Teagascóirí SCG faoin gceistiúchán a freagraíodh sna hionaid Oideachais

jjohnstonkehoe@eircom.net

A Chara,

Iniata tá cóipeanna den Cheistiúchán agus clúdach litreach. An seolfá ar ais chugam iad chomh luath agus is féidir leat. Táim fíorbhuíoch díot as ucht cabhrú liom. Go n-éirí go geal leat agus go n-éirí go geal le do mhic léinn san Scrúdú SCG.

Le gach dea-ghuí,

Seán Mac Sheáin – Mac Eochaidh.

Aguisín H Le Caoinead Freagróirí

Comhlíonann an tráchtas seo gach gné d'athbhreithniú na Roinne:

Tugadh an-aire do roghnú na bhfreagróirí (lucht SCG 2008) a ghlac páirt sa taighde. Níor cuireadh brú ar aon duine acu. Chun na fírinne a insint bhí áthas an domhain ar lucht SCG 2008 bheith páirteach. Insíodh do gach freagróir, bunmhúinteoir agus oideachasóir, cuspóirí an taighde, sé sin, gur teagascóir SCG a bhí ag scríobh tráchtas Máistreacht faoin SCG a bhí ag lorg a gcomhoibrithe.

Thug siad uile a gcaoinead an t-eolas a bailíodh a úsáid pé slí a cheap an taighdeoir chuige. Míníodh dóibh ag a rang SCG na himpleachtaí a bhain le líonadh isteach na gceistiúchán agus lena rannpháirtíocht.

D'inis teagascóirí SCG, do na mic léinn SCG, sna ranganna SCG a bhí acu, nach luafaí ceantair, scoileanna, ainmneacha daoine nó aon rud óna bhféadfaí ceantair, scoileanna nó daoine a ainmniú /a aithint nuair atá torthaí an taighde á gcur le chéile. Thuig na freagróirí é seo. Bhí sé seo scríofa leis, i mBéarla agus i nGaeilge, ar chéad leathanach an cheistiúcháin. Bhí lán-rogha ag mic léinn SCG, bheith páirteach nó gan a bheith páirteach. Bhí na daoine a cuireadh faoi agallamh (saineolaithe SCG, mac léinn MIE, mac léinn de chuid Coláiste Hibernia, mac léinn a oileadh thar lear agus Meantóir Scoile) lánsásta go luafaí a n-ainmneacha.